*Le comhairle agus leideanna a fháil maidir le dul i ngleic le ceisteanna réasúnaíochta briathartha – féach an chaibidil roimhe seo.*

*Le freagraí na tástála seo a fháil – féach deireadh na gceisteanna.*

# 5. Tástáil Réasúnaíochta Briathartha

## *150 CEIST – tagann na FREAGRAÍ i ndiaidh na gceisteanna*

*I ngach ceist thíos, ní mór duit a chinneadh cé acu de na 4 ráiteas, A, B, C nó D, atá ceart bunaithe ar an sliocht roimhe sin.*

***Níl ach aon fhreagra amháin ceart ann ar gach ceist**, atá "Fíor" i gcomhthéacs na faisnéise a chuirtear ar fáil sa téacs: Beidh na ráitis eile "Bréagach" nó "Ní féidir a rá" bunaithe ar an bhfaisnéis a thugtar sa téacs. Ní mór smaoineamh ar gach ceist gan aon eolas a d'fhéadfadh a bheith agat ar an ábhar a úsáid – **ní féidir ach faisnéis atá sa sliocht a úsáid** le teacht ar do fhreagra.*

*Ar mhaithe le cleachtadh, ba chóir duit iarracht a dhéanamh 20 ceist a dhéanamh taobh istigh de 35 nóiméad.*

1. **Sna 1960idí, cuireadh tús sna Stáit Aontaithe le leanaí a vacsaíniú in aghaidh na bruitíní. Mar a bhíothas ag súil leis, cuireadh deireadh leis an mbruitíneach i measc leanaí. Tharla rud éigin eile freisin, áfach. Tháinig laghdú mór ar líon na leanaí a bhásaigh mar gheall ar gach galar tógálach. Thug eolaithe faoi deara go raibh an rud céanna ag tarlú i dtíortha eile ar fud an domhain nuair a tosaíodh ar vacsaíniú. Tá freagra follasach ar an mistéir: is mó seans go bhfaighidh leanaí a fhaigheann an vacsaín in aghaidh na bruitíní cúram sláinte níos fearr i gcoitinne. Fuair Michael Mina agus a chomhghleacaithe amach go raibh níos mó i gceist leis ná an freagra simplí sin amháin. "Fuaireamar amach go mbíonn togracht chun gach galar tógálach eile ar feadh cúpla bliain ag leanaí a raibh an bhruitíneach orthu," a dúirt Mina. Dála go leor víreas eile, tuigtear go sochtann an bhruitíneach an córas imdhíonachta ar feadh cúpla seachtain tar éis ionfhabhtaithe. Tugadh le fios i staidéir a rinneadh ar mhoncaithe roimhe seo, áfach, go dtógann an bhruitíneach an sochtadh seo go dtí leibhéal iomlán nua: scriosann sí cosaint imdhíonachta ar ghalair eile. (*National Public Radio*)**

A. Tolgfaidh leanaí a tholgann an bhruitíneach galair eile freisin.

B. Faigheann leanaí a fuair an vacsaín in aghaidh na bruitíní cúram sláinte níos fearr tríd is tríd.

C. Tháinig eolaithe ar fhianaise go bhféadfadh an bhruitíneach imdhíonacht ar ghalair eile a laghdú.

D. Cé go bhfuarthas amach i staidéir an méid a rinne an bhruitíneach do mhoncaithe, ní féidir an rud céanna a rá i dtaca le daoine.

**2. Cén chaoi ar féidir cáis a aosú chomh fada sin, ach go dtagann caonach uirthi nuair a bhíonn sí sa chuisneoir ar feadh achar níos faide ná cúpla seachtain? Bíonn rud éigin ar a dtugtar "craiceann" ar rothaí cáise aosaithe. Is ar cháis amhail brie is feiceálaí a bhíonn craicne. Bíonn céir ar an taobh amuigh de cháiseanna eile (smaoinigh ar gouda). Is sliogán díhiodráitithe lasmuigh í an chéir sin go bunúsach dá ndéanann na déantóirí cáise cúram, agus ceadaítear caonach inite amháin fás uirthi (amhail brie,) nó cuimlítear sailíne go rialta uirthi le nach bhfásfaidh caonach uirthi (céadar). Nuair a théann tú tríd an gcraiceann (an cháis a ghearradh ina mbloic) agus nuair nach ndéanann tú cúram de, bíonn an cháis neamh-dhíhiodráitithe "laistigh" so-ghabhálach i leith caonaigh a fhaigheann sí ón timpeallacht. (*Reddit*)**

A. Nuair a nochtar cáis neamhchóireáilte don timpeallacht, éireoidh sí lofa sa deireadh.

B. Ní dhéanann sé aon difear don mhéid ama a mhaireann cáis má tá sraith an chaonaigh lasmuigh inite nó do-ite.

C. Is é an craiceann faoi chaonach liath a fhaightear ar chéadar an craiceann is éifeachtaí leis an gcáis sin a leasú.

D. Ní théann cáis in éag sa chuisneoir ach amháin nuair a bhristear an craiceann.

**3. Tarlaíonn géarghortú duánach (AKI) nuair a stopann do dhuáin ag feidhmiú i gceart go tobann. D'fhéadfadh caillteanas beag maidir le feidhm na nduán a bheith i gceist nó d'fhéadfadh na duáin cliseadh. Tarlaíonn AKI de ghnáth mar gheall ar aimhréidh de chuid tinneas tromchúiseach eile. Ní tharlaíonn sé mar gheall ar bhuille fisiciúil do na duáin, cé go bhféadfadh an t-ainm an méid sin a thabhairt le fios. Feictear an cineál seo damáiste do na duáin i measc daoine aosta a bhfuil tinnis eile orthu de ghnáth agus cuireann na tinnis seo isteach ar na duáin freisin. Tá sé ríthábhachtach go mbraitear AKI go luath agus go gcuirtear cóir leighis ar an duine go pras. Mura gcuirtear cóir leighis ar an duine go sciobtha, is féidir le leibhéil neamhghnácha salann agus ceimiceán forbairt sa chorp, rud a chuireann isteach ar chumas na n-orgán eile feidhmiú i gceart. Má stopann na duáin ag feidhmiú go hiomlán, d'fhéadfadh sé go dteastódh tacaíocht shealadach ó mheaisín scagdhealaithe uathu, nó d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis leis an mbás. (*An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte*)**

A. Creidtear go forleathan gur buille fisiciúil do na duáin is cúis le géarghortú duánach.

B. Tá géarghortú duánach teoranta do dhaoine aosta a bhfuil tinnis eile orthu.

C. Gan scagdhealú, d'fhéadfadh géarghortú duánach a bheith ina chúis leis an mbás.

D. Ní féidir a rá go gciallaíonn géarghortú duánach go stopann do dhuáin ag feidhmiú.

**4. Ní cosúil go bhfuil cumas lagaithe ag daoine aonair ag a bhfuil leibhéil arda síceapaite, naircisíochta agus Machiavellachas – ar a dtugtar "triad dorcha" na dtréithe pearsantachta – le hionbhá a léiriú, de réir taighde nua. Níl claonadh ag na daoine seo úsáid a bhaint as an gcumas seo, áfach. "Tuigtear uaireanta gur daoine fuarchroíocha iad síceapataigh (daoine a bhfuil tréithe dorcha acu), nach bhfuil in ann ionbhá a léiriú le daoine eile, agus uaireanta eile tuigtear go bhfeidhmíonn siad i gceart ina leith sin, ach gur cuma leo," a dúirt Petri Kajonius. "Theastaigh uainn a fháil amach a mbeadh le rá ag sampla i bpobal acmhainní daonna, a bhfuil mar aidhm acu tuiscint a bheith acu ar phearsanra?" Fuarthas amach sa staidéar ina raibh 278 rannpháirtí go raibh baint dhiúltach ag tréithe pearsantachta dorcha leis an gclaonadh ionbhá a léiriú, ach nach raibh aon cheangal idir na tréithe sin agus an cumas ionbhá a léiriú. "Taispeántar go láidir sna torthaí nach bhfuil easpa cumais le hionbhá a léiriú ag daoine sna hacmhainní daonna a bhfuil tréithe dorcha acu, ach go n-aimsíonn siad scór íseal maidir lena gclaonadh le hionbhá a léiriú," a dúirt Kajonius le PsyPost. (*psypost.org*)**

A. Baineadh úsáid as daoine in acmhainní daonna mar gheall ar na rátaí níos airde den triad dorcha a fuarthas ina measc.

B. Is féidir le gairmithe acmhainní daonna atá in ann ionbhá a léiriú a bheith ina síceapataigh.

C. Ní bhíonn daoine nach mbíonn aon aird acu ar mhothúcháin daoine eile in ann ionbhá a léiriú den chuid is mó.

D. Fuair taighdeoirí amach gur iompair go leor daoine lena mbaineann an triad dorcha iad féin ar bhealach báúil.

**5. Tháinig impireacht na hAisiria i dtreis tráth a raibh tréimhsí báistí troime ann, agus fómhair fhairsinge. Ach is follas dúinn anois, i bhfianaise a bhfuil tagtha chun solais ó na taifid aeráide, gur tháinig an tsibhialtacht trí shraith tréimhsí diantriomaigh agus an-seans ann gurb iad is cúis le cliseadh na himpireachta i ngeall ar lagú na talmhaíochta agus méadú na coimhlinte. Bhí tionchar triomaigh sa réigiún seo ag brath ar an áit a raibh na hAisiriaigh lonnaithe i dtuaisceart na hIaráice. Tá abhainn na Tígrise gearrtha amach chomh domhain sin sa tírdhreach máguaird is nach bhfuiltear in ann uisce a bhaint aisti ar mhórscála chun críche**

**talamhaíochta. Sin an fáth a raibh báisteach chomh tábhachtach dóibh. Bhí na hAisiriaigh i bhfad níos leochailí d'impleachtaí diantriomaigh a mhair i bhfad ná na daoine a bhí ag cur fúthu níos faide i dtreo bhéal na habhann. (*colorado.edu*)**

A. Ní raibh na scileanna uisciúcháin ag na hAisiriaigh a bhí ag na hÉigiptigh cois na Níle.
B. Ní féidir a rá go ndéantar tionchar athruithe aeráide a ghéarú nó a laghdú de bharr gnéithe geolaíocha.
C. D'fhéadfadh sé gur tháinig Impireacht na hAisiria i dtreis le linn aimhrialtacht sa chlíomeolaíocht.
D. Dá mba rud é gur fhorbair na hAisiriaigh a n-impireacht níos faide síos i dtreo bhéal na habhann, ní bheadh cliste uirthi ag an am a chlis sí.

**6. Scrúdaigh Patricia Goodhines agus comhghleacaithe in Ollscoil Syracuse conas a cuireadh isteach ar chodladh 83 mac léinn ollscoile ar laethanta nuair a thóg siad agus nuair nár thóg siad cannabas thar thréimhse coicíse. Gach lá, líon na mic léinn ceistneoirí inar cuireadh ceisteanna orthu faoina mhinice a d'úsáid siad cannabas nó alcól an lá roimhe sin, agus na cúiseanna ar thóg siad an druga. Rátáil na rannpháirtithe caighdeán agus fad an chodlata an oíche sin freisin, agus an tuirse a bhí orthu i rith an lae. Fuair an fhoireann amach gur bhain 29 mac léinn úsáid as cannabas le cuidiú leo codladh oíche amháin ar a laghad sa tréimhse staidéir 14 lá. Chodail daoine ar feadh tréimhse ní b'fhaide agus ba lú ama a chaith siad ina ndúiseacht i rith na hoíche tar éis an druga a thógáil, agus tugann sé seo le fios go bhfuil roinnt gnéithe den chodladh ann a d'fhéadfadh cannabas a fheabhsú. Níor chabhraigh an druga le rannpháirtithe titim ina gcodladh pioc ní ba thapúla ná a gcaighdeán codlata a fheabhsú, áfach – agus níos measa ná sin, chuir sé leis an tuirse a bhí orthu an lá dár gcionn. (*Cumann Síceolaithe na Breataine*)**

A. Fuarthas amach sa staidéar gur chabhraigh cannabas go mór le daoine titim ina gcodladh.
B. Fuarthas amach go raibh cannabas éifeachtach le duine a choinneáil ina chodladh.
C. Níor bhraith ach mionlach de na rannpháirtithe ní ba thuirsí an lá tar éis cannabas a chaitheamh.
D. Fuarthas amach go raibh cannabas ní b'éifeachtaí ná alcól le cuidiú le daoine codladh.

**7. D'fhéadfadh sé a bheith níos fearr do do mhicribhithóm fíon dearg a ól seachas cineálacha eile alcóil a ól, de réir staidéir a rinneadh ar 3,000 duine. Fuair Caroline Le Roy agus comhghleacaithe i gColáiste an Rí, Londain, amach go raibh éagsúlacht baictéar ní b'fhearr sna putóga ag daoine a d'ól fíon dearg, i gcomparáid le daoine a d'ól beoir, ceirtlis, fíon bán nó biotáille. Fuair an fhoireann amach go raibh sé sin amhlaidh fiú nuair a cuireadh aois, rachmas, aiste bhia agus stádas socheacnamaíoch na rannpháirtithe san áireamh. Ceapann an fhoireann go bhféadfadh meascán níos mó miocrób a bheith ag daoine a ólann fíon dearg, i gcomparáid le daoine a ólann deochanna eile, mar gheall ar pholaifeanóil, ceimiceáin chosanta i bhfíon dearg a ghníomhaíonn mar fhrithocsaídeoirí. D'fhéadfadh na torthaí a mhíniú go pointe áirithe an fáth a bhfuil baint ag fíon dearg le sláinte chroí, a deir Le Roy. Ba chosúil gur leor fíon dearg a ól go hannamh, uair amháin sa choicís mar shampla, le tionchar a fheiceáil ar fhlóra na putóige, a deir sí. (*New Scientist*)**

A. Beidh tionchar dearfach ag alcól a ól ar bhaictéir phutóige an duine.
B. Ach fíon a ól níos minice ná uair sa choicís, cuirfear feabhas leis na héifeachtaí a bhaineann leis.
C. Ní fhacthas go raibh ól fíona ann féin róthairbheach maidir le baictéir phutóige.
D. Tiocfaidh feabhas ar do shláinte ach fíon dearg a ól.

**8. Is beag atá ar eolas againn faoi na deacrachtaí a bhíonn ag daoine a bhfuil intleacht ard acu. Go sonrach, bíonn ró-infhloscthachtaí i réimsí éagsúla ag daoine a bhfuil cumas ard intleachta (hipir-inchinn) acu, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh tolgacht chun neamhoird shíceolaíocha áirithe acu, chomh maith le riochtaí fiseolaíocha lena mbaineann freagairtí ardaithe céadfacha, agus freagairtí athraithe imdhíonacha agus athlastacha (hipearchorp). Rinneadh suirbhé ar bhaill de American Mensa le próisis shíceanéaraimdhíoneolaíocha (PNI) a iniúchadh i measc daoine sa 98ú peircintíl éirime nó os a cionn. Iarradh ar rannpháirtithe leitheadúlacht na neamhord diagnóisithe agus/nó amhrasta seo a leanas a fhéintuairisciú: neamhoird ghiúmair agus imní, neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde (NHEA), neamhord de chuid speictream an uathachais (NSU), agus galair fhiseolaíocha, lena n-áirítear ailléirgí timpeallachta agus bia, asma, agus galar uath-imdhíonachta. Deimhníodh tábhacht ard staitistiúil agus cóimheas riosca coibhneasta an-ard maidir le diagnóis riochtaí a scrúdaíodh i measc ghrúpa Mensa nuair a cuireadh i gcomparáid leis an meán náisiúnta é. (*Science Direct*)**

A. Fuarthas amach i staidéar Mensa go mbíonn neamhoird shíceolaíocha ar dhaoine a bhfuil intleacht os cionn an mheáin acu.
B. Tá an chuma ar an scéal go mbíonn claonadh i ndaoine an-éirimiúil fadhbanna meabhairshláinte áirithe a bheith acu.

C. Dealraíonn sé go mbíonn rátaí níos airde d'ailléirgí cnónna i measc daoine an-éirimiúil.

D. Fuarthas amach go raibh rátaí na riochtaí sláinte seo faoi bhun an mheáin i measc daoine a raibh gnáthintleacht acu.

**9. De réir staidéar nua, bhí seans 390 faoin gcéad ní ba mhó ann go ndéarfadh othair go raibh an phian faoi smacht nuair a bhí an duine a tharraing an fhuil cúirtéiseach. "Ní hionadh ar bith é gur féidir le soláthraí cúraim sláinte atá cúirtéiseach feabhas a chur ar thaithí an othair, ach bhí an-ionadh orainn faoina chumhachtaí a bhí an toisc sin," arsa an príomhúdar, Mario Moric. "Cheapamar dá mhéad snáthaidí a bheadh ann gurbh airde an phian a mhothófaí, ach fuaireamar amach gur beag an tionchar a bhí aige. Is cosúil go mbíonn tionchar níos mó ar an bpian a mhothaíonn tú ag dearcadh na ndaoine a chuireann cóir leighis ort," a dúirt Moric. Cuireadh ceisteanna ar othair faoin bpian a mhothaigh siad agus an fhuil á tarraingt agus faoi chúirtéis na ndaoine a ghlac na samplaí fola. Léirigh na torthaí gur lú pian a bhí ann nuair a bhí an t-oibrí cúraim sláinte a thóg an fhuil cúirtéiseach − mar shampla, ag cur ceisteanna faoi thaithí na n-othar le snáthaidí roimhe seo agus ag cur a roghanna san áireamh. (*UPI*)**

A. Ní bhaineann aon phian uaireanta le fuil a tharraingt.

B. D'fhéadfadh níos lú péine a bheith i gceist má fhaigheann duine priocadh ó shnáthaid faoi dhó seachas uair amháin.

C. Tháinig laghdú 390 faoin gcéad ar an bpian nuair a tharraing daoine cúirtéiseacha an fhuil.

D. Is é an bealach is fearr le leibhéil na péine a ísliú ná ceisteanna a chur ar an othar faoin taithí atá acu ar shnáthaidí.

**10. Fuarthas amach i dtaighde roimhe seo go raibh seans 13 faoin gcéad ní ba mhó ann go dtiocfadh scitsifréine ar dhaoine a rugadh i mí Eanáir agus bhí seans 17 faoin gcéad ní ba mhó ann go mbeadh neamhord dépholach orthu. Bhí mearbhall ar eolaithe mar gheall ar an toradh, agus cuid den tuairim go bhféadfadh easpa Vitimín D ó sholas na gréine an mhinicíocht níos airde a spreagadh. Fuair taighdeoirí in Ollscoil Cardiff amach go raibh 20 faoin gcéad níos mó cortasóil – hormóin an struis – i seile máithreacha a thug leanaí ar an saol san fhómhar nó sa gheimhreadh i gcomparáid le máithreacha a thug leanaí ar an saol san earrach nó sa samhradh. Dúirt an tOllamh Ros John: "Ós rud é go raibh baint roimhe seo idir leibhéil ní b'airde cortasóil i mná torracha agus riosca ní b'airde go bhforbródh leanaí neamhoird mheabhairshláinte, d'fhéadfadh na torthaí nua an fáth a bhfuil na neamhoird sin níos coitianta i ndaoine a rugadh le linn mhíonna an gheimhridh a mhíniú. (*The Telegraph*)**

A. Léiríodh nach cúis dúlagair i leanaí geimhridh é easpa Vitimín D ó sholas na gréine.

B. Bíonn níos mó struis ar mhná sa gheimhreadh mar go mbíonn níos lú de sholas na gréine ann.

C. D'fhéadfadh leibhéil struis mná go deireanach sa toircheas tionchar a bheith acu ar rioscaí síceolaíocha dá leanaí.

D. Is mó seans go dtiocfaidh neamhoird mheabhairshláinte ar leanaí a bheirtear i mí Eanáir.

**11. Léiríonn staidéar a rinne Cancer Research UK gur thit líon iomlán na dtoitíní a chaitear 24 faoin gcéad, cé gur thit líon na ndaoine a chaitheann tobac 15 faoin gcéad ó 2011. Léirítear i bhfigiúirí oifigiúla go gcaitheann thart ar 14.7 faoin gcéad de dhaoine fásta sa Ríocht Aontaithe tobac, laghdú ó 20.2 faoin gcéad in 2011. Agus léiríonn an taighde nua go gcaitheann lucht caite tobac 10.6 toitín in aghaidh an lae ar an meán – laghdú ó 12.4 in aghaidh an lae in 2011. Tagann sé seo sna sála ar an gcosc ar chaitheamh tobac faoi dhíon sa bhliain 2007, agus an cosc ar chláir fógraí agus ar fhógraí clóite ceithre bliana roimhe sin. Idir an dá linn, tháinig méadú 70 faoin gcéad laistigh de dhá bhliain ar líon na ndaoine fásta a bhíonn ag vápáil, agus baineann leanbh as gach ceathrar tástáil as toitíní leictreonacha. Dar le Public Health England gurb í an vápáil anois an bealach is mó a bhfuil tóir air agus an bealach is éifeachtaí le héirí as an tobac. (*The Telegraph*)**

A. Vápáil an chúis is mó leis an laghdú ar an méid daoine a chaitheann tobac.

B. Tá cúis ann lena chreidiúint go raibh éifeacht iarmhartach ag an gcosc ar chaitheamh tobac faoi dhíon.

C. Ní féidir a rá go gcaitheann lucht caite tobac an lae inniu níos lú toitíní ná iad siúd a bhí ann san am atá caite.

D. Ní fada go mbeidh níos mó daoine fásta ag vápáil ná a bheidh ag caitheamh tobac.

**12. Fuarthas amach i staidéar a rinneadh ar 352 lúthchleasaí Oilimpeach agus gairmiúil go raibh go leor fadhbanna acu lena bhfiacla, cé gur scuab siad faoi dhó sa lá ar an meán iad. Creideann taighdeoirí gurb í iontógáil na ndeochanna spóirt, na nglóthach agus na mbarraí fuinnimh gan stad is cúis leis sin, mar gheall ar an méid mór siúcra atá iontu. D'fhéadfadh aclaíocht dhian athruithe**

**ar sheile agus ar an gcóras imdhíonachta a spreagadh freisin agus cuireann na hathruithe sin leis an damáiste. Foilsíodh an staidéar sa British Dental Journal, agus fuarthas amach ann go raibh lobhadh fiacla nár cuireadh cóir leighis air ag 49.1 faoin gcéad de na lúthchleasaithe, agus léirigh tromlach na ndaoine comharthaí luatha d'athlasadh drandail. Dúirt an Dr Julie Gallagher: "Fuaireamar amach inár suirbhé go raibh nósanna maithe maidir le sláinte bhéil ag formhór na lúthchleasaithe cheana féin sa mhéid go scuabann siad a gcuid fiacla dhá uair sa lá, go dtugann siad cuairt ar an bhfiaclóir go rialta, nach gcaitheann siad tobac agus go bhfuil aiste bhia shláintiúil acu. Úsáideann siad deochanna spóirt, glóthacha agus barraí fuinnimh go minic le linn traenála agus comórtas, áfach." (*The Telegraph*)**

A. D'fhéadfadh sé nach leor é d'fhiacla a scuabadh faoi dhó sa lá ar an meán le lobhadh fiacla a chosc.

B. Is iad na hathruithe ar sheile ar spreag aclaíocht dhian iad is cúis go príomha le lobhadh fiacla.

C. Ní bhfuarthas ráta chomh hard d'fhadhbanna fiacla i measc lúthchleasaithe nárbh as an mBreatain dóibh.

D. Fuarthas amach go raibh baint ag deochanna spóirt agus glóthacha agus barraí fuinnimh le drochshláinte béil i measc lúthchleasaithe.

**13. Ach troscadh a dhéanamh gach re lá, d'fhéadfadh sé cuidiú le daoine meáchan a chailleadh agus fanacht sláintiúil mar gur aithris é ar aiste bhia na bhfear pluaise, a thugtar le fios i staidéar nua. Léiríodh i dtriail gur chaill daoine nár ith aon bhia ar feadh 36 uair an chloig agus a d'ith aon rud ba mhaith leo ar feadh 12 uair an chloig níos mó ná trí chileagram laistigh de mhí. Bhí córais imdhíonachta na ndaoine seasmhach, fiú tar éis sé mhí, i gcodarsnacht le go leor aistí bia a bhfuil sé mar aidhm acu srian a chur le líon na gcalraí a itear gach lá. Creideann eolaithe in Ollscoil Graz san Ostair go bhféadfadh baint a bheith ag neart an troscaidh gach re lá (ADF) leis an gcaoi a gcloíonn sé le patrúin itheacháin na bhfiagaithe cnuasaitheoirí na mílte bliain ó shin, nuair nach raibh bia ar fáil gach lá. Tugann siad rabhadh, áfach, go mb'fhéidir nach mbeadh sé oiriúnach do gach duine agus go bhfuil gá le tuilleadh staidéar a dhéanamh lena shábháilteacht san fhadtéarma a chruthú. (*The Telegraph*)**

A. Tá troscadh gach re lá éifeachtach le meáchan a chailleadh toisc go bhfuil sé mar an gcéanna le haiste bhia na bhfear pluaise.

B. Chaill rannpháirtithe a thug faoin aiste bhia ina ndearna siad troscadh gach re lá níos mó ná trí chileagram gan aclaíocht a dhéanamh.

C. Rinne eolaithe in Ollscoil Graz ceannródaíocht ar aiste bhia ar a dtugtar troscadh gach re lá.

D. Ós rud é go ndéanann sé aithris ar phatrúin itheacháin níos sine an duine dhaonna, d'fhéadfadh troscadh gach re lá a bheith ina rogha shláintiúil.

**14. Bhí sé ar intinn ag Ethan Bernstein agus Stephen Turban, beirt acadóirí de chuid Scoil Ghnó Harvard, tástáil a dhéanamh ar an tionchar atá ag oifigí plean oscailte. Sa chéad chuideachta, fuair na húdair amach go raibh caidrimh aghaidh ar aghaidh breis agus trí huaire ní b'airde sa tseanoifig a bhí lonnaithe i gcubhachailí ná i spás plean oscailte ina mbíonn línte soiléire radhairc ag fostaithe ar a chéile. I gcodarsnacht leis sin, tháinig méadú 56% ar líon na ríomhphost a seoladh chuig a chéile nuair a d'aistrigh siad chuig an bplean oscailte. Sa dara cuideachta, tháinig laghdú dhá thrian ar chaidrimh aghaidh ar aghaidh tar éis athrú chuig plean oscailte, agus tháinig méadú idir 22% agus 50% ar thrácht ríomhphoist. Cén fáth a raibh an t-athrú seo ann? Tugann na húdair le fios gur mór ag fostaithe a bpríobháideachas agus tagann siad ar bhealaí nua lena chaomhnú in oifig plean oscailte. Scarann siad iad féin ó dhaoine eile trí chluasáin mhóra a chaitheamh le nach gcuirfidh comhghleacaithe isteach orthu. Go deimhin, is cosúil go bhfuil dearmad déanta acu siúd a thacaíonn le hoifigí plean oscailte ar an tábhacht a bhaineann le bheith in ann díriú ar do chuid oibre. (*The Economist*)**

A. Tháinig laghdú ar ríomhphoist mar go raibh daoine in ann labhairt le chéile go tapa in oifigí plean oscailte.

B. Tá oibrithe in oifigí ina bhfuil cubhachailí níos táirgiúla ná oibrithe in oifigí plean oscailte.

C. Spreagann oifigí plean oscailte fostaithe le bealaí nua a aimsiú nach gcuirfear isteach orthu.

D. Chealaigh an tionchar diúltach ar an gcumarsáid an coigilteas costais a bhain le leagan amach plean oscailte.

**15. I staidéar nua a foilsíodh san American Sociological Review, léiríonn an tOllamh Cúnta Mathijs de Vaan agus an tOllamh Toby Stuart go méadaíonn an seans go n-úsáidfidh duine ópóidigh go mór nuair a bhíonn oideas ag duine eile den teaghlach. Fuair siad amach freisin go n-ardaíonn an seans faoi 19 faoin gcéad go breis agus 100 faoin gcéad go bhfaighidh gaol oideas le haghaidh ópóideach laistigh de bhliain tar éis do ghaol a chónaíonn leis/léi oideas a fháil, ag brath ar chúinsí an teaghlaigh. Is dóchúla gurb iad daoine ó theaghlaigh ar ioncam íseal, mar shampla, a gheobhaidh a n-oideas féin tar éis do dhuine den teaghlach déanamh amhlaidh. Tugann De Vaan agus Stuart dhá chúis leis an tógálacht seo:**

**nuair a ghlacann ball teaghlaigh pianmhúcháin, feiceann gaolta eile sa teaghlach an tionchar a bhaineann leo. Faigheann othair níos mó piollairí de ghnáth ná mar a bhíonn de dhíth orthu. D'fhéadfadh sé go mbeidh cathú ar ghaolta an othair triail a bhaint as na piollairí atá fágtha sa chófra cógas. (*Ollscoil California, Berkeley*)**

A. Baineann formhór na ndaoine a bhfuil oidis nua le haghaidh ópóideach á bhfáil acu le teaghlaigh ina bhfuil ópóidigh á n-úsáid ag baill eile den teaghlach cheana féin.

B. Ní féidir a rá go bhfuil rochtain níos éasca ag daoine níos saibhre ar ópóidigh.

C. Bheadh sé mícheart a rá dá n-ordódh dochtúirí níos lú piollairí, bheadh seans níos lú ann go mbainfeadh baill eile den teaghlach triail astu.

D. Bheadh sé mícheart a rá nach féidir tionchar chúinsí an teaghlaigh ar ordú ópóideach a thomhas ar bhealach fiúntach.

**16. Tá sé faighte amach ag taighdeoirí ó Ollscoil California, Davis, agus Ollscoil Wisconsin-Madison gur féidir "imní mhéine" a athrú, an claonadh le go leor suíomhanna a áireamh mar bhagairtí, ach móilín amháin san inchinn a neartú i bpríomhaigh neamhdhaonna. Spreagann an móilín néarathróifin-3 néaróin le fás agus ceangail nua a chruthú. Tugann an toradh dóchas do straitéisí nua atá dírithe ar idirghabháil a dhéanamh go luath sa saol le cóir leighis a chur ar dhaoine atá i mbaol neamhoird imní, dúlagair agus mí-úsáid substaintí. Ní oibríonn cóireálacha leighis reatha ach le haghaidh fo-thacar daoine agus is minic nach maolaítear airíonna ach go páirteach. "Tá na milliúin duine ar fud an domhain ag fulaingt ó imní dhíblithe agus ó neamhoird dúlagair" a dúirt Andrew Fox. "Tá na neamhoird seo i measc roinnt príomhchúiseanna le míchumas agus le laethanta a chailltear mar gheall ar mhíchumas." Tagann neamhoird imní chun cinn go minic sna déaga agus is féidir leo cur isteach ar dhaoine ar feadh an chuid is mó dá saol. (*Ollscoil California, Davis*)**

A. Tháinig eolaithe ar bhealach le himní mhéine a mhaolú i ndaoine.

B. A luaithe agus a thagann imní ar dhaoine sna déaga, cuirfidh sé isteach orthu ar feadh a saoil.

C. D'fhéadfadh sé go léirítear bealach nua sa staidéar le cóir leighis a chur ar imní i ndaoine.

D. Tá cóireálacha leighis atá ar fáil faoi láthair le haghaidh imní neamhéifeachtach den chuid is mó.

**17. Is gléas seachadta nicitín sách nua iad toitíní leictreonacha agus tá fás tapa ag teacht ar an úsáid a bhaintear astu in go leor tíortha. Cuireadh toitíní leictreonacha chun cinn mar bhealach le spleáchas ar nicitín a laghdú agus tuairiscíodh nach mbíonn daoine chomh tugtha céanna dóibh is a bhíonn do thoitíní traidisiúnta. Bhí go leor tuairiscí ann, áfach, faoi dhaoine a raibh andúil i dtoitíní leictreonacha acu agus thuairiscigh na daoine seo gnáthairíonna na handúile i nicitín, lena n-áirítear éifeacht dáileoige is freagartha. Tugadh le fios fiú go mbíonn riosca andúile níos mó ag daoine mar gheall ar thoitíní leictreonacha a úsáid, go háirithe i measc daoine óga, agus bíonn nochtadh níos mó acu do dháileoga nicitín i gcomparáid le daoine a chaitheann toitíní traidisiúnta, mar go n-úsáidtear toitíní leictreonacha in amanna agus in áiteanna ina mbíonn cosc ar chaitheamh tobac. Cé go dtugann roinnt daoine le fios go gcabhróidh toitíní leictreonacha le daoine éirí as caitheamh tobac nó an andúil seo a laghdú, thuairiscigh daoine eile go mbíonn tionchar diúltach ag toitíní leictreonacha a úsáid ar éirí as. D'fhéadfadh sé gur beag an tionchar a bheadh ag toitíní leictreonacha a úsáid ar a mhinice a úsáidtear nicitín a laghdú. (*MDPI*)**

A. Tá cúis ann a gcreidfí nach bhfuil an méid a bhí beartaithe ag toitíní leictreonacha á bhaint amach acu, agus go bhféadfadh sé go bhfuil éifeacht chontrártha ann.

B. Tá úsáid toitíní leictreonacha ag fás go tapa ar fud an domhain.

C. Cabhraíonn toitíní leictreonacha le daoine éirí as toitíní traidisiúnta toisc gur rogha eile iad atá inghlactha go sóisialta.

D. Tá níos mó nicitín i dtoitíní leictreonacha ná toitíní traidisiúnta.

**18. Tarlaíonn neamhghníomh an tslua nuair a chuireann láithreacht daoine eile lagmhisneach ar dhuine aonair idirghabháil a dhéanamh i gcás éigeandála. Dá mhéad daoine eile atá ar an láthair, is lú seans go gcuirfidh aon duine acu cuidiú ar fáil do dhuine atá i gcruachás. Is mó seans go ngníomhóidh daoine le linn géarchéime nuair nach bhfuil ach líon beag finnéithe i láthair nó nuair nach bhfuil aon fhinné eile ann. Tharraing síceolaithe sóisialta Bibb Latané agus John Darley aird ar choincheap neamhghníomh an tslua tar éis dhúnmharú míchlúiteach Kitty Genovese i Nua-Eabhrac sa bhliain 1964. Maraíodh Genovese, a bhí 28 bliain d'aois, le scian taobh amuigh dá hárasán, agus níor ghníomhaigh na comharsana le cuidiú léi ná glaoch ar na póilíní. Dar le Latané agus Darley is é scaipeadh na freagrachta (ísliú seans go ndéanfaidh an lucht féachana idirghabháil má tá finnéithe eile ann a bhfuil an chuma orthu go ndéanfaidh siad idirghabháil) agus tionchar**

**sóisialta (déanann daoine aonair monatóireacht ar iompar na ndaoine timpeall orthu agus iompraíonn iad féin dá réir sin) is cúis le neamhghníomh an tslua. (*Psychology Today*)**

A. Is mó seans go ngníomhóidh duine mura bhfuil aon fhinné ann.

B. Ní fheictear neamhghníomh an tslua ach amháin i sochaithe nua-aimseartha ina mbíonn daoine scoite amach ó dhaoine eile.

C. Tá comhréir dhíreach ann idir an seans go ndéanfaidh duine idirghabháil agus líon na ndaoine atá i láthair.

D. Is mó seans nach dtabharfaidh daoine aon chúnamh má tá imní orthu go gcuirfear isteach orthu féin.

**19. In go leor cásanna, d'fhéadfadh ardchaighdeáin rath a spreagadh, ach do dhaoine eile, is féidir le foirfeachtachas eascairt as dúthracht agus spreagadh, agus is tréith phearsantachta é seo nach dtuigtear i gceart agus d'fhéadfadh iarmhairtí contúirteacha a bheith i gceist leis. Léiríodh in anailís a rinneadh le déanaí go raibh méadú mór tagtha ar an bhfoirfeachtachas le tríocha bliain anuas. Déanann daoine óga go háirithe éilimh níos airde orthu féin agus ar dhaoine eile. Sa domhan seo ina mbíonn gach duine ar a shon féin agus ina mbíonn a lán íomhánna gan locht den chuma ba chóir a bheith ar ár gcoirp, ár ngairmeacha agus ár mianta á gcur os ár gcomhair, tá méadú ag teacht ar líon na mílaoiseach a d'fhéadfadh a bheith i mbaol galar meabhrach agus fisiciúil agus saol foirfe á chuardach acu. D'fhéadfadh eipidéim an fhoirfeachtachais a bheith tromchúiseach, agus marfach fiú, de réir na ndaoine a bhfuil taighde á dhéanamh acu ar an treocht. (*New Scientist*)**

A. Ní raibh mórán tionchair ag an méadú ar an bhfoirfeachtachas le tríocha bliain anuas ar dhaoine aosta.

B. Spreagann foirfeachtachas mílaoisigh le hiad féin a iompar ar bhealaí meargánta agus guagacha.

C. Is féidir an locht a chur ar na meáin as an méadú ar an bhfoirfeachtachas le 30 bliain anuas.

D. Meastar gur cúis ríthábhachtach iad ionchais neamhréalaíocha leis an méadú atá tagtha ar an bhfoirfeachtachas.

**20. Ag féachaint ar shonraí ó dhá shuirbhé mhóra bhliantúla a rinneadh ar fhochéimithe idir na blianta 2007-2018, chonaic taighdeoirí go ndeachaigh táscairí meabhairshláinte in olcas ar bhonn forleathan, go háirithe sa dara leath de thréimhse an staidéir. "Tugtar le fios go bhfuil rud éigin an-mhícheart i saol daoine óga agus gur tharla cibé rud a chuaigh chun donais thart ar an mbliain 2012, nó 2013, " a dúirt comhúdar an staidéir Jean Twenge. Thug sí dá haire gur tharla sé seo thart ar an am a d'éirigh fóin chliste coitianta agus nach raibh na meáin shóisialta roghnach do dhaoine óga a thuilleadh ón am seo ar aghaidh; bhí siad éigeantach i measc na n-óg. "Tá sé deacair smaoineamh ar aon imeacht eile a thosaigh thart ar an am sin, agus chuaigh sé ó neart go neart go dtí an bhliain 2018," a dúirt Twenge. D'ardaigh ráta an dúlagair idir measartha agus dian ó 23.2% in 2007 go dtí 41.1% in 2018, agus d'ardaigh an ráta imní idir mheasartha agus dian ó 17.9% in 2013 go dtí 34.4% in 2018. (*Reuters*)**

A. Fuarthas amach sa staidéar gur mhéadaigh rátaí dúlagair agus imní ar ráta seasta idir 2007 agus 2018.

B. Fóin chliste agus na meáin shóisialta na cúiseanna a ndeachaigh meabhairshláinte daoine in olcas tar éis 2012-2013.

C. Ní féidir a rá go cinnte gur chuir na meáin shóisialta agus fóin chliste le deacrachtaí meabhairshláinte.

D. Bhí an méadú ar imní i measc fochéimithe coláiste níos mó ná i measc daoine eile ar comhaois leo.

**21. Roghnaigh taighdeoirí grúpa randamach ina raibh 1,769 duine a bhí ina gcónaí in Brno, i bPoblacht na Seice. Ní raibh tinneas cardashoithíoch sa mhianach ag aon duine acu, agus bhí peataí ag 42 faoin gcéad díobh. Scóráil siad na daoine ar na seacht slat tomhais den tsláinte chroí de chuid an American Heart Association agus chuir siad scóir 24 faoin gcéad de na daoine a raibh madraí acu agus scóir 18 faoin gcéad a raibh peataí eile acu i gcomparáid leis na daoine eile nach raibh aon pheata acu. Fuair daoine a raibh peata acu scóir ní b'airde ná daoine nach raibh aon pheata acu, ach fuair úinéirí madraí scóir ní b'airde ná an dá cheann acu sin. Ní thagann na húdair ar an gconclúid go gcinntítear cosaint in aghaidh galar cardashoithíoch má tá madra agat. Ina ionad sin, d'fhéadfadh sé gurb í an ghníomhaíocht choirp a bhíonn le déanamh agat nuair a bhíonn madra agat an chúis leis seo. D'fhéadfadh ról a bheith ag tosca eile chomh maith. "Ach madra a bheith agat, méadaítear braistint folláine i gcoitinne, agus laghdaítear uaigneas agus rátaí dúlagair," a dúirt an Dr Francisco Lopez-Jimenez. (*New York Times*)**

A. Is iad madraí an t-ainmhí is fearr le feabhas a chur ar shláinte chardashoithíoch i ndaoine.

B. Ní bhfuarthas amach gur mhéadaigh peataí eile seachas madraí braistint folláine.

C. Baineann buntáistí sláinte le peata a bheith agat nach mór aclaíocht a dhéanamh leis.

D. Seans gur leor peata a bheith agat chun tú a chosaint in aghaidh galar cardashoithíoch.

**22. Is cosúil uaireanta nach mbíonn teorainn le fonn an duine comhluadar a bheith acu, ach léirítear i dtaighde go bhfuil ár gcaipiteal sóisialta teoranta — ní féidir an oiread áirithe caidreamh a láimhseáil ag aon am ar leith. D'úsáid eolaithe sóisialta roinnt cur chuige cliste le méid na líonraí sóisialta atá ag daoine a thomhas; bhí na meastacháin idir 250 agus 5,500 duine. Agus muid ag féachaint go sonrach ar chairdeas, fuarthas amach i staidéar inar úsáideadh malartú cártaí Nollag mar athróg ionadach maidir le dlúthchumann go mbíonn thart ar 121 duine i ngrúpa cairde gach duine ar an meán. Cé go bhféadfadh na líonraí atá againn a bheith ollmhór, is minic a bhíonn líon ár ndlúthchairde i bhfad níos lú. Idir deichniúr agus scór is ea líon na ndaoine a bhfuil muinín ag an ngnáthdhuine Meiriceánach astu. Ar a bharr sin, d'fhéadfadh sé go bhfuil an líon sin ag dul i laghad: Ó 1985 go dtí 2004, tháinig laghdú ar mheánlíon na n-anamchairde atá ag daoine ó thriúr go beirt. Tá sé seo brónach agus tá éifeacht aige, mar gurb iondúil go maireann daoine a bhfuil caidrimh láidre shóisialta acu níos faide ná daoine nach bhfuil na caidrimh sin acu. (*The Atlantic*)**

A. Tá údar ann go gcreidfí go bhfuil níos lú muiníne ag Meiriceánaigh as daoine eile.

B. Tá idir 250 agus 5,500 cara ag an ngnáthdhuine ina líonraí sóisialta.

C. Is bealach iontach iad cártaí Nollag le líon na gcairde atá ag duine a dhéanamh amach.

D. Tháinig laghdú ar líon na n-anamchairde atá ag daoine, agus tháinig laghdú ar thréimhsí saoil dá bharr sin.

**23. Fuarthas amach i staidéar go mbeadh innéacs corpmhaise (ICM) 2.3 pointe ní b'airde ag duine, sa bhliain 2006, a d'ith an méid céanna calraí, agus na méideanna céanna macrachothaitheach amhail próitéin agus saill, agus a rinne an méid céanna aclaíochta i gcomparáid le duine ar comhaois sa bhliain 1988. "Tugtar le fios i dtorthaí an staidéir go mbeadh ort níos lú bia a ithe agus níos mó aclaíochta a dhéanamh ná daoine níos sine dá mbeifeá 25 bliain d'aois, le nach gcuirfeá suas meáchan," a dúirt Jennifer Kuk. "Léirítear freisin, áfach, go bhféadfadh athruithe sonracha eile a bheith ann a chuireann leis an ardú ar mhurtall, seachas aiste bhia agus aclaíocht amháin." Is ábhar hipitéise iad na hathruithe eile sin go fóill. Ar an gcéad dul síos, nochtar daoine do níos mó ceimiceán a d'fhéadfadh méadú meáchain a spreagadh. Ar an dara dul síos, tá méadú as cuimse tagtha ar úsáid drugaí ar oideas ó na 70idí agus na 80idí. Ar deireadh, ceapann Kuk agus údair eile ar an staidéar go bhfuil seans ann gur tháinig athrú éigin ar mhicribhithóim daoine idir na 1980idí agus an lá atá inniu ann ar bhealach éigin. (*The Atlantic*)**

A. Baineann tosca áirithe le meáchan a chur suas agus d'fhéadfaidís a bheith lasmuigh de smacht díreach an ghnáthdhuine.

B. Bhí sé i bhfad ní b'éasca meáchan a chailleadh 20-30 bliain ó shin ná mar atá sé sa lá atá inniu ann.

C. Bhí an meán-ICM 2.3 pointe ní b'airde sa bhliain 2006 ná mar a bhí sé sa bhliain 1988 i measc daoine ar comhaois.

D. Is féidir an locht a chur ar cheimiceáin agus ar dhrugaí ar oideas as meitibileachtaí níos moille an lae inniu.

**24. Caitheann leanaí an lae inniu níos mó ama ná riamh ag stánadh ar scáileáin, agus fóin chliste agus táibléid ag dul in iomaíocht leis an teilifís le haird na leanaí a choimeád. Cé go n-áitíonn daoine áirithe go bhféadfadh an teicneolaíocht tacú le forbairt leanaí, tugann saineolaithe tionscail le fios go bhféadfaí samhlaíocht a chailleadh ach an iomarca ama a chaitheamh ag féachaint ar scáileáin. Dar le suirbhé a rinne daynurseries.co.uk, creideann beagnach dhá thrian de ghairmithe cúraim leanaí nach bhfuil leanaí chomh cruthaitheach céanna mar gheall ar scáileáin. Fuarthas amach sa suirbhé go ndúirt níos lú ná leath (48 faoin gcéad) d'oibrithe naíolainne go raibh cairde samhailteacha ag leanaí sa naíolann. Ina theannta sin, d'aontaigh 72 faoin gcéad go raibh cairde samhailteacha ag níos lú leanaí anois ná cúig bliana ó shin, agus ceapann 63 faoin gcéad go bhfuil an locht ar scáileáin as an laghdú ar an tsamhlaíocht. D'aontaigh David Wright leis na torthaí, agus dúirt sé go bhfuil "saincheist ghinearálta ann maidir le cruthaitheacht leanaí agus forbairt na samhlaíochta". (*The Independent*)**

A. Thángthas ar chomhaontú maidir leis an gcaoi a ndéanann an teicneolaíocht dochar d'fhorbairt leanaí.

B. Is cosúil go mbíonn tionchar diúltach ag am scáileáin ar shamhlaíocht leanaí.

C. Ceapann breis agus dhá thrian de ghairmithe cúraim leanaí nach mbíonn leanaí chomh cruthaitheach céanna mar gheall ar scáileáin.

D. Tuairiscíodh go bhfuil cara samhailteach ag níos lú ná leath de leanaí sa lá atá inniu.

**25. Níorbh iad an cósta agus dromchla an aigéin amháin a bádh le hola tar éis dhoirteadh ola Deepwater Horizon in 2010. D'úsáid Craig McClain agus a chomhghleacaithe feithiclí faoi uisce a oibrítear go cianda le suirbhéireacht a dhéanamh ar Mhurascaill Mheicsiceo thart ar láthair na tubaiste. Rinne siad an tsuirbhéireacht i mí an Mheithimh 2017 agus chuir siad na torthaí i gcomparáid le suirbhéireachtaí a rinneadh sa dá mhí díreach tar éis an doirte ola. Cé gur tháinig méadú ar líon na n-ainmhithe san am sin, bhí an éagsúlacht ní b'ísle. Tháinig athrú ar na hainmhithe a mhaireann sa limistéar freisin. Tháinig laghdú 20 faoin gcéad ar na cosúlachtaí idir na pobail a chonacthas in 2010 agus 2017. Aisteach go leor, d'aimsigh siad flúirse artrapód, lena n-áirítear séacla dearg, séacla cairídeach bán, agus portán dearg domhainmhara Atlantach. Deir McClain go bhféadfadh sé go mealltar chuig an láthair iad mar gur féidir leis na hidreacarbóin a bhriseann síos i ndiaidh doirteadh ola aithris a dhéanamh ar na ceimiceáin i ngnéas-hormóin a úsáideann siad le céilí a aimsiú. (*The Independent*)**

A. Fuarthas amach i suirbhé ar Mhurascaill Mheicsiceo seacht mbliana tar éis doirteadh ola go raibh roinnt portán flúirseach.

B. Tá éagsúlacht ainmhithe níos ísle agus níl líon iomlán na n-ainmhithe ar ais ag na leibhéil a bhí ann roimh an doirteadh go fóill.

C. Is é an bealach ar athraigh an ola an ceantar go buan is cúis leis an éagsúlacht níos ísle i measc na n-ainmhithe.

D. Tháinig athrú buan ar na cineálacha ainmhithe a mhaireann sa limistéar.

**26. Cé go bhféadfadh dóiteáin foraoise an-damáiste a dhéanamh i bhforaoisí, tá gá leis an scrios a dhéanann siad le héiceachórais eile, ina bhforbraítear codanna den fhlóra agus den fhána mar gheall ar na dóiteáin amháin, a chaomhnú. Is minic a bhíonn cumas nádúrtha frithsheasmhachta ag ainmhithe agus ag plandaí ina leithéid d'éiceachórais a bhíonn ag brath ar dhóiteán. Ní hionann nádúr na dtinte, áfach. Níl sa dóiteán a réabann trí fhéarthailte, sabhánaí, foraoisí agus bogaigh áirithe ach dóiteán talún atá measartha dian, agus cinntítear, leis sin, go bhfuil struchtúr an tírdhreacha oscailte á choinneáil. Is saintréith de thírdhreacha toir nó d'fhoraoisí toir iad dóiteáin nach dtarlaíonn rómhinic ach a bhíonn an-dian. Loisceann siad seanchrainn agus crainn ghalracha, cruthaíonn siad gnáthóga nua agus cinntíonn siad go ndéantar athnuachan éiceolaíoch ar líon na gcrann. Má dhéantar idirghabháil sna héiceachórais sin, mar shampla trí thinte beaga a chosc leis na crainn a chosaint, d'fhéadfadh iarmhairtí marfacha a bheith leis. Le himeacht ama, déantar níos mó agus níos mó ábhar indóite a charnadh. Bíonn an cumas fiú ag dóiteáin neamhdhíobhálacha iompú isteach go tapa ina dtinte a dhéanann loscadh agus scrios. (*Deutsche Welle*)**

A. Is cuid nádúrtha de shaolré na bhforaoisí uile ar fud an domhain iad dóiteáin.

B. Is chun donais a chuaigh roinnt dóiteán mar gheall ar iarrachtaí an duine na dóiteáin sin a rialú.

C. D'fhéadadh buntáistí a bheith ag baint le tinte éadroma ach bíonn damáiste i gcónaí de bharr tinte diana.

D. Tá roinnt crann frithsheasmhach in aghaidh tinte mar gheall ar choirteacha tiubha.

**27. I sraith nua staidéar, fuair taighdeoirí amach gur léirigh daoine tiomantas agus feidhmíocht níos fearr i dtaca le spriocanna nuair a chuir siad duine, ar cheap siad go raibh stádas ní b'airde ná iad féin acu, ar an eolas faoin sprioc sin. Níor chabhraigh sé le daoine ar chor ar bith duine, ar cheap siad go raibh stádas ní b'ísle acu, a chur ar an eolas faoina gcuid spriocanna, nó na spriocanna sin a choinneáil chucu féin. "D'ainneoin a d'fhéadfadh a bheith cloiste agat, bainfidh tú níos mó tairbhe as do sprioc a roinnt i bhformhór na gcásanna – fad is go roinneann tú le duine a bhfuil meas agat ar a thuairim," a dúirt Howard Klein. Spreagadh daoine sprioc a roinnt le duine éigin a raibh stádas ní b'airde acu, de réir na dtorthaí, mar gur cás leo an chaoi a ndéanfadh an duine le stádas níos airde measúnacht orthu. "Níl tú ag iarraidh go mbeadh níos lú measa acu ort mar nár bhain tú do sprioc amach," a dúirt Klein. Sna staidéir seo, b'ionann na daoine a raibh stádas ní b'airde acu agus na daoine ar cheap na rannpháirtithe go raibh gradam agus meas níos mó ag baint leo ná iad féin. (*Ollscoil Ohio State*)**

A. Fuair daoine an chomhairle ab fhearr maidir lena spriocanna a bhaint amach uathu siúd a raibh stádas ní b'airde acu ná iad féin.

B. Ní bhaineann daoine nach roinneann a gcuid spriocanna le daoine eile amach iad.

C. Fuarthas amach gur thug an eagla a bhíonn ar dhaoine roimh dhrochmheas an-spreagadh dóibh.

D. Fuarthas amach sa staidéar gur chuma faoi thuairimí na ndaoine a bhfuil stádas níos ísle acu.

**28. Is ionann taom scaoill agus airíonna diana meabhracha agus fisiciúla ag teacht ort. Tarlaíonn siad go han-tapa uaireanta agus gan aon chúis fhollasach. Is féidir le taom scaoill an-eagla a chur ar dhaoine agus goilleadh go mór orthu. Maireann an chuid is mó de thaomanna scaoill idir 5 agus 20 nóiméad.**

**Tuairiscíodh gur mhair roinnt taomanna scaoill suas le huair an chloig. Braithfidh líon na dtaomanna a thiocfaidh ort ar dhéine do reachta sláinte. Buaileann taomanna roinnt daoine uair nó dhó sa mhí, ach i gcás daoine eile tarlaíonn siad roinnt uaireanta sa tseachtain. Cé go bhfuil taomanna scaoill scanrúil, níl siad contúirteach. Ní dhéanfaidh taom aon dochar fisiciúil duit, agus is beag seans go dtógfar isteach san ospidéal thú má bhuaileann taom thú. Bí ar d'airdeall gur féidir leis an gcuid is mó de na hairíonna seo a bheith ina n-airíonna de riochtaí nó d'fhadhbanna eile, agus d'fhéadfadh sé nach taom scaoill atá ag teacht ort i gcónaí.** ***(An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte)***

A. Tuigtear go maith na cúiseanna atá taobh thiar de thaomanna scaoill.
B. I ndroch-chásanna, d'fhéadfadh roinnt taomanna scaoill in aghaidh an lae teacht ar dhuine.
C. Cé go mbíonn an chuid is mó de thaomanna scaoill gairid, is féidir le roinnt taomanna maireachtáil níos mó ná uair an chloig.
D. D'fhéadfadh sé go gceapann duine go bhfuil taom scaoill orthu ach rud éigin eile a bheith mícheart i ndáiríre.

**29. Níl sé neamhchoitianta cógas atá éagtha a ionghabháil de thimpiste, ach ná bíodh faitíos ort: Go ginearálta, ní bhíonn an chuid is mó de chógais tocsaineach nuair a théann siad in éag, ach is féidir leo a n-éifeachtacht a chailleadh le himeacht ama. Nuair a dhéantar druga, cinntear an méid ama a thógann sé ar an druga áirithe sin briseadh síos (tugtar an tseilfré air seo). Deimhníonn déantóirí drugaí go mbainfidh a dtáirge barr a nirt agus a shábháilteachta amach má úsáidtear laistigh den tseilfré é. Ach ina dhiaidh sin féin, fiú nuair a ghabhann cógas thar a sheilfré, ní bhíonn sé gan éifeacht go hiomlán – ach bíonn sé deacair cén uair agus cá thapúla a laghdaíonn an neart a mheas. Tomhaiseadh i staidéar a rinne arm Mheiriceá a neamhéifeachtaí a bhí cógais tar éis don dáta éaga a bheith caite agus fuarthas amach go raibh níos mó ná 90 faoin gcéad de bhreis agus 100 druga a tástáladh fós sách éifeachtach roinnt blianta i ndiaidh an dáta éaga. Bun agus barr an scéil: Is beart coimeádach iad dátaí éaga lena chinntiú go bhfuil na cógais atá in úsáid agat chomh láidir agus is féidir. (*The Globe and Mail*)**

A. Cé go gcailleann siad éifeachtacht de réir a chéile, bíonn an chuid is mó de chógais atá imithe in éag fós maith go leor.
B. Is é an baol is mó a bhaineann le cógas a ghlacadh tar éis a sheilfré ná go bhfuil seans ann nach n-oibreoidh sé, ní go ndéanfaidh sé dochar duit.
C. Fuarthas amach i staidéir go mbíonn gach cógas sábháilte fiú tar éis dóibh dul in éag.
D. Bíonn nócha faoin gcéad de na cógais fós sách éifeachtach blianta tar éis dóibh dul in éag.

**30. Thóg eolaithe sonraí ó dhá staidéar mhóra, fhadtéarmacha agus chuir siad le chéile iad: staidéar amháin ina raibh 69,744 bean agus staidéar eile ina raibh 1,429 fear. Líon gach duine acu ceistneoir a d'fhéach le measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar mhothaigh siad faoin todhchaí. Tar éis riochtaí sláinte, iompraíochtaí amhail aiste bhia agus aclaíocht, agus faisnéis dhéimeagrafach eile a rialú, bhí na heolaithe in ann a léiriú gur mhair na mná ba dhearfaí (an 25% ab airde) 14.9% ní b'fhaide ná a gcuid piaraí níos diúltaí, ar an meán. Ní raibh na torthaí chomh suntasach céanna do na fir: Thuairiscigh an fhoireann gur mhair na fir ba dhearfaí 10.9% ní b'fhaide ná a gcuid piaraí, ar an meán. Bhí seans 1.5 ní ba mhó ann go mbainfeadh na mná ba dhearfaí 85 bliain d'aois amach i gcomparáid le mná nach raibh chomh dearfach céanna, agus bhí seans 1.7 ní ba mhó ann go mbainfeadh na fir ba dhearfaí an aois sin amach. (*Science Magazine*)**

A. Ba mhó seans go sroichfeadh fir dhearfacha 85 bliain d'aois i gcomparáid le mná dearfacha.
B. Tá an staidéar a rinneadh ar mhná níos cruinne mar gheall ar mhéid an tsampla a bheith níos mó.
C. Bíonn ionchas saoil níos airde ag daoine dearfacha toisc go mbíonn saol níos sláintiúla acu freisin.
D. Bhí tionchar ní ba mhó ag an dearfacht ar ionchas saoil i measc na mban ná i measc na bhfear.

**31. Is ionann siondróm an phasadóra agus patrún síceolaíoch ina mbíonn duine in amhras faoina chuid éachtaí agus ina mbíonn eagla inmheánaithe sheasmhach ar an duine go bhfeicfidh daoine eile gur "caimiléir" é. In ainneoin cumas na ndaoine sin a bheith soiléir do chách, bíonn siad siúd a bhfuil an siondróm seo orthu fós siúráilte gur caimiléirí iad, agus nach bhfuil an méid atá bainte amach acu tuillte acu. Ceapann daoine a bhfuil siondróm an phasadóra orthu gur éirigh leo díreach mar go raibh an t-ádh leo. Ceapann siad uaireanta freisin gur éirigh leo mar gur chuir siad i gcéill do dhaoine eile go bhfuil siad níos cliste ná mar a airíonn siad féin. Cé gur díríodh i dtaighde luath ar a choitianta is atá an feiniméan seo i measc mná rathúla, aithnítear go gcuireann siondróm an phasadóra isteach ar fhir agus ar mhná araon. (*Wikipedia*)**

A. Bunghné de shiondróm an phasadóra is ea beag is fiú a dhéanamh de do chuid éachtaí féin.

B. Ceapadh roimhe seo gur chuir siondróm an phasadóra isteach ar mhná amháin, agus nár chuir sé isteach ar fhir.

C. Is meabhairghalar é siondróm an phasadóra a fhágann nach n-aithníonn daoine a gcuid éachtaí féin.

D. Ní mhothóidh daoine ar éirigh leo mar go raibh an t-ádh leo gur pasadóirí iad.

**32. Tosaíonn síocóis de ghnáth nuair atá an duine amach sna déaga nó ag tús na bhfichidí. Ní galar í ach airí de thinneas inchinne agus ní fios céard is cúis léi. Bíonn an neamhord, atá casta ó thaobh na ngéinte de, sa mhianach ag daoine de ghnáth — tá nasc déanta idir breis agus 100 géin agus scitsifréine, mar shampla. Is minic gur strus dian nó strus dian ainsealach is cúis leis an neamhord seo ar dtús. Tá go leor comharthaí ann a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil baol ann go dtiocfadh briseadh síocóiseach ar dhuine, ach is minic a dhéantar beag is fiú díobh mar airíonna de ghnáthiompar ógánta, dar le saineolaithe. Is annamh a thagann síocóis ar dhuine go tobann. Ina áit sin, tagann athruithe de réir a chéile ar smaointe agus ar dhearcadh an duine rud a fhágann go mbíonn deacrachtaí ag an duine réaltacht an tsaoil a phróiseáil, dar leis an gComhghuaillíocht Náisiúnta um Meabhairshláinte. (*New York Times*)**

A. Tá sé faighte amach go mbíonn an tsíocóis i gcónaí sa mhianach ag daoine.

B. Tiocfaidh strus dian nó strus ainsealach dian roimh bhriseadh síocóiseach.

C. Is minic a cheaptar gur gnáthiompar atá ann nuair a léirítear comharthaí síocóise atá ar tí tarlú.

D. Is féidir briseadh síocóiseach a sheachaint má aithnítear na comharthaí in am.

**33. Léiríodh i staidéar nua go bhfuil a dhá oiread seans ann go mbeidh déagóirí hipirghníomhach má bhí imní ar a máithreacha le linn toirchis agus a luath-óige. Cé go mbíonn roinnt airíonna de Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (NHEA) ar thart ar chúig faoin gcéad d'ógánaigh faoi am a mbíonn siad 16 bliana d'aois, méadaíonn an uimhir sin go dtí 11 faoin gcéad i measc daoine a raibh imní ar a máithreacha. Cé go mbíonn imní éigin nádúrtha le linn toirchis agus i mblianta luatha an mháithreachais, thomhais na taighdeoirí airíonna diana amhail a bheith ar crith, easuan, meadhrán agus cur allais. Sa staidéar, léirigh thart ar an gceathrú cuid de na mná a tástáladh imní ag meánleibhéal nó ag leibhéal ard. Deir taighdeoirí nach féidir leo a bheith cinnte go bhfuil nasc cúisíoch ann, ach thuairimigh siad go bhféadfadh leibhéil arda hormón struis tionchar a imirt ar fhorbairt na hinchinne. (*The Telegraph*)**

A. I gcás fhormhór na n-ógánach ar a mbíonn airíonna NHEA, bhí imní ar a máithreacha le linn toirchis nó i rith a luath-óige.

B. Cuireann leibhéil arda hormón struis sa mháthair isteach ar an gcaoi a bhforbraíonn inchinn linbh.

C. Tá a dhá oiread seans ann, a bheag nó a mhór, go mbeidh NHEA ar leanbh má tá imní ar an máthair.

D. Bíonn rátaí níos airde Neamhord Easnaimh Airde i measc leanaí a mbíonn máithreacha imníocha acu.

**34. Deir an IWSR, i gcomhar le BDS Analytics, go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtomhaltóirí a bhfuil claonadh acu anois alcól agus cannabas araon a thomhailt. "Léiríonn ár dtaighde go nglacann suas le 40% de dhaoine fásta atá 21 bliain nó níos sine cannabas i stáit ina bhfuil sé dleathach," a dúirt Jessica Lukas. "Cuireann cannabas deiseanna móra ar fáil ar fud thionscail na dtomhaltóirí, lena n-áirítear ócáidí nua nach féidir páirt a bheith ag an alcól iontu. Beidh tomhaltóirí ag brath ar tháirgí cannabais seachas alcól má mhothaíonn siad cruthaitheach, má tá spreagadh uathu, nó má tá buntáistí sláinte, leighis nó folláine á lorg acu." Tá foláireamh á thabhairt ag IWSR nach mór do dhéantóirí deochanna do dhaoine fásta iarracht a dhéanamh anois teacht roimh éilimh na dtomhaltóirí amach anseo más mian leo teacht slán. D'ól Meiriceánaigh 3.345 billiún cás alcóil anuraidh, ar laghdú 0.8% é sin ó fhigiúr na bliana 2017. B'ionann sin agus thart ar 7.9 billiún galún alcóil, nó isteach is amach le 160 milliún folcadán lán alcóil. (*Fortune*)**

A. Tá laghdú tagtha ar ól alcóil ó 2017 mar go bhfuil daoine ag caitheamh níos mó cannabas dleathach.

B. Tá drogall ar chuideachtaí alcóil go dtí seo táirgí cannabais a chur ar an margadh.

C. Is fearr le tomhaltóirí cannabas ná alcól i gcásanna áirithe cé go bhfuil méadú tagtha ar thomhailt an dá cheann acu.

D. Ólann níos mó daoine fásta alcól ná mar a ghlacann siad cannabas, fiú i stáit ina bhfuil cannabas dleathach.

**35. Tháinig laghdú mór, 97%, ar líon na mbeorach a allmhairigh an Chóiré Theas ón tSeapáin i mí Lúnasa i gcomparáid le bliain roimhe sin mar gheall ar fhrithradadh an phobail in aghaidh**

**táirgí de chuid na Seapáine mar gur tháinig goimh idir an dá thír. D'allmhairigh an Chóiré Theas díreach $223,000 de bheoir Sheapánach sa mhí, síos ó $7.57 milliún an bhliain roimhe sin, dar le Maeil Business Newspaper agus é ag tagairt do réamhshonraí ó Sheirbhís Custam na Cóiré. Bhí an sciar ba mhó d'allmhairí beorach de chuid na Cóiré Theas ag an tSeapáin gach bliain ó bhí 2010 ann, agus tháinig méadú faoi shé ar luach na ndíolachán go dtí $78.3 milliún faoin mbliain 2018. Chuaigh an baghcat atá á dhéanamh ar earraí de chuid na Seapáine i dtreis ón uair a chuir Tóiceo srianta onnmhairithe ar phríomhábhair sliseanna i dtosach i mí Iúil. Seans go mbeidh buaiteoir ag an díospóid trádála seo, áfach, – tá ardú tagtha ar luach scaireanna sa chomhlacht grúdaireachta de chuid na Cóiré Theas, Hite Jinro Co., go dtí an leibhéal ab airde le breis agus bliain i ngeall ar dhíolachán a bheoir nua a bheith chomh maith sin. (*Bloomberg*)**

A. Níl an Chóiré Theas ar an tír is mó a allmhairíonn beoir na Seapáine a thuilleadh.

B. Tháinig laghdú ar allmhairí chun na Cóiré Theas mar gheall ar athruithe ar tharaifí ar bheoir na Seapáine.

C. Tá sé i gceist ag an mbaghcat atá á dhéanamh ar bheoracha na Seapáine borradh a chur faoi thomhailt beorach de chuid na Cóiré Theas.

D. Níl sé míréasúnta a chreidiúint nach mbeidh beoracha na Seapáine chun cinn ar allmhairí beorach ón gCóiré Theas a thuilleadh.

**36. Tarlaíonn an chuid is mó de chreathanna talún feadh éasc, ar scoilteanna doimhne i screamh na talún iad, nuair a sciorrann bloic talún i gcoinne a chéile, agus frithchuimilt a ghiniúint ar an gcaoi sin. Méadaítear an méid struis agus brú sa screamh sa phróiseas seo de réir a chéile go dtí go scaoiltear an teannas go tobann mar fhuinneamh seismeach, agus crith talún mar thoradh air. Cuireann an geolaí Wendy Bohon crith talún i gcomparáid le peann luaidhe a bhriseadh: Is féidir leat a fheiceáil go lúbann an peann luaidhe beagán de réir mar a chuireann tú níos mó brú air, ach ag pointe éigin beidh dóthain teannais ann le go mbrisfear an peann luaidhe ina dhá leath. Tarlaíonn beagnach 75 faoin gcéad de chreathanna talún feadh teorainneacha plátaí teicteonacha, a chuimsíonn na mílte míle de dhromchla an Domhain. Tá a fhios againn go mbíonn gliogarnach á baint ag creathanna talún as an bpláinéad i gcónaí, agus is féidir le geolaithe a rá go muiníneach mar gheall air sin go bhfuil seans 100 faoin gcéad ann go mbeidh crith talún in áit éigin ar domhan gach lá. I nDeisceart California amháin, léiríonn na sonraí go dtarlaíonn crith talún beagnach gach trí nóiméad, ar an meán. (*National Geographic*)**

A. Tarlaíonn formhór na gcreathanna talún feadh stráicí ar leith de dhromchla an Domhain.

B. Is féidir go dtarlóidh creathanna talún áit ar bith.

C. I roinnt áiteanna, cosúil le South Carolina, tarlaíonn creathanna talún go han-rialta.

D. Tá seans 100% ann go dtarlódh crith talún áit éigin feadh na bplátaí teicteonacha gach lá.

**37. Tharla ceann de na tréimhsí ba theo i stair an Domhain 56 milliún bliain ó shin, nuair a bhí an tUasmhéid Teirmeach Pailéicéineach-Eoicéineach, nó PETM, ann. Is é croí na ceiste ná go bhfuil an chuma ar fhithis an Domhain go bhfuil sí cosúil le ciorcal atá brúite beagáinín, nó éilips. Tugann réalteolaithe éalárnacht air seo, agus is féidir an chaoi a dtagann athrú uirthi le himeacht ama a thuar. Tagann méadú nó laghdú ar an mbrúiteacht seo i dtimthriall rialta. Ach bíonn tionchair shuntasacha, chaolchúiseacha ag an méid éalárnachta ar an aeráid, dar le Richard Zeebe, ar comhúdar staidéir ar an ábhar é: "Má fhéachaimid ar an 100 milliún bliain a chuaigh thart, feicimid caidrimh shoiléire idir athruithe ar an éalárnacht agus ar an aeráid". Bhí eolaithe in ann an t-ardú tobann teochta sa PETM 56 milliún bliain ó shin a aithint go sainiúil, díreach nuair a bhí fithis an Domhain ag an bpointe ab éalárnaí, nó ab éilipsí. Dá mbeadh fithis níos éalárnaí ann, bheadh níos mó grianradaíochta ag bualadh an Domhain. Luíonn sé le réasún go mbeadh sí ina cúis le téamh dá bharr sin. (*astronomy.com*)**

A. Tugtar le fios sa staidéar go bhfuil tionchar ag fithis éilipseach an Domhain ar an téamh domhanda faoi láthair.

B. Ní raibh gáis cheaptha teasa ina gcúis leis an ardú tobann a tháinig ar theocht an Domhain 56 milliún bliain ó shin.

C. Tá fithis an Domhain timpeall na gréine ag éirí níos éilipsí le himeacht ama.

D. Fuair eolaithe amach gur tharla an teocht ab airde riamh ar Domhan 56 milliún bliain ó shin.

**38. Tháinig méadú 21% bliain ar bhliain, agus méadú 8% ráithe ar ráithe, ar lastas fón cliste Samsung i Lár agus in Oirthear na hEorpa le linn Ráithe 2 de 2019, rud a d'fhág gur slánaíodh príomháit an Déantóra Buntrealaimh (OEM) sa mhargadh, de réir an taighde is déanaí ó sheirbhís Market Monitor de chuid Counterpoint. Tháinig méadú ar lastais Samsung fiú agus gan mórán athruithe tagtha ar mhargadh na bhfón cliste trí chéile i Lár agus in Oirthear na hEorpa. Bhain Samsung tairbhe as an laghdú ar dhíolacháin Huawei tar éis do na Stáit Aontaithe an cosc trádála a chur i bhfeidhm. Chabhraigh an tóir iontach a bhí ar an A-series athnuaite le feidhmíocht an**

**chomhlachta sa réigiún freisin. Bhí sciar 40% den mhargadh ag Samsung ag deireadh na ráithe, a dhá oiread níos mó ná an t-iomaitheoir is gaire dó, Huawei. Agus é ag trácht ar fheidhmíocht Samsung, dúirt Peter Richardson, "Is é Samsung a bhain an tairbhe is mó as an laghdú ar dhíolacháin Huawei (agus Honor), mar go raibh sé in ann réimse inchomparáide fón cliste a chur ar fáil agus na bearnaí punainne a líonadh leis na táirgí is déanaí a seoladh faoin A-series. Ba é an A-series athnuaite scoth-tháirge Samsung." (*counterpointresearch.com*)**

A. D'éirigh le Samsung a sciar den mhargadh i Lár agus in Oirthear na hEorpa a mhéadú faoi dhó.

B. Tá fóin chliste Samsung inchomparáide le fóin chliste Huawei ach beagáinín níos costasaí.

C. Is é Samsung an ceannaire margaidh sa chuid sin den domhan nach bhfuil díolachán fón cliste ag méadú inti.

D. Mura mbeadh athnuachan déanta ar an A-series, ní bheadh an fás céanna ar Samsung is a bhí.

**39. Tarlaíonn boladh nuair a aimsíonn na gabhdóirí i do shrón móilíní cumhra san aer. Úscann na móilíní seo as nithe agus as orgánaigh bheo sa timpeallacht thart timpeall ort. Bolaíonn tú níos mó móilíní cumhra i rith an tsamhraidh mar go gcoinníonn aer te, meirbh níos mó de na móilíní agus cuireann sé ar a gcumas bogadh tríd an atmaisféar níos tapúla. Tarlaíonn a mhalairt nuair a bhíonn an aimsir níos fionnuaire agus níos tirime san fhómhar: crapann móilíní aeir le chéile agus ní bhíonn an méid céanna spáis ann do mhóilíní bolaidh dá bharr sin. "Sa samhradh, bíonn díreach meascán leathan bolaithe ann... bolaímid níos mó de gach rud timpeall orainn," a dúirt an t-eolaí néarchórais Rachel Herz. "Nuair a éiríonn an aimsir níos fionnuaire agus níos tirime, is minic a sheasann bolaithe ar leith amach níos mó – bímid in ann boladh na nduilleog, boladh na coirte, boladh an fhéir a tharraingt amach ar bhealaí níos soiléire." (*CBC*)**

A. Bíonn sé níos deacra bolaithe ar leith a bholú i rith an tsamhraidh ós rud é go mbíonn an oiread sin bolaithe ann.

B. Bíonn sé níos éasca bolaithe a aithint san fhómhar ós rud é go mbíonn siad níos láidre sa séasúr sin.

C. Nuair a bhíonn an t-aer níos teo, is féidir le bolaithe bogadh tríd an atmaisféar níos tapúla.

D. Tá leibhéil na bogthaise níos tábhachtaí ná teocht le bolaithe a tharchur.

**40. Is ionann éifeacht an spotsolais agus claontacht chognaíoch a thugann ar dhaoine rómheastachán a dhéanamh ar a mhéad a thugann daoine eile faoi deara iad, agus a mhéad suime atá ag daoine eile sna rudaí a thugann siad faoi deara fúthu. Téann éifeacht an spotsolais i bhfeidhm orainn ar fad go minic sa ghnáthshaol. Téann éifeacht an spotsolais i bhfeidhm orainn mar go mbíonn claontacht fhéinlárnach againn nuair a smaoinímid ar thuairimí daoine eile fúinn. Is ionann an chlaontacht fhéinlárnach seo agus an claonadh le dearcthaí daoine eile a neadú inár ndearcthaí féin. Go bunúsach, ós rud é go bhfuil an oiread sin taithí againn ar rudaí a fheiceáil ónár ndearcadh féin, bímid ag streachailt le dearcthaí daoine eile a mheas. Ós rud é go mbímid dírithe ar an gcuma atá orainn agus ar ár ngníomhartha féin, is deacair dúinn cuimhneamh nach mbíonn daoine eile chomh dírithe céanna ar an gcuma atá orainn ná ar na rudaí a dhéanaimid, ós rud é go mbíonn siad sáite ina saol féin den chuid is mó. (*effectiviology.com*)**

A. Gabhfaidh éifeacht an spotsolais i bhfeidhm ar dhaoine a choinníonn chucu féin níos mó ná daoine eile.

B. Is é an claonadh a bhíonn againn gan dearcthaí daoine eile a chur san áireamh an bhunchúis atá le héifeacht an spotsolais.

C. Cuireann éifeacht an spotsolais isteach ar dhaoine féinchúiseacha den chuid is mó.

D. Cuireann éifeacht an spotsolais isteach orainn mar nach féidir linn dearcthaí eile a chur san áireamh.

**41. Is dócha go dtiteann go leor pláinéad ar fud na cruinne isteach ina gcuid réaltaí féin ar deireadh thiar, mar go dtéann siad róghar dóibh, nó mar go méadaíonn na réaltaí de réir mar a théann siad in aois. Tá roinnt fianaise den mhéid sin feicthe againn, amhail scamaill smionagair fuíll nó réaltaí atá lán de dhúile nach bhféadfaidís cúram a dhéanamh díobh ina n-aonar. Tá an chaoi a d'fhéadfadh pláinéid tionchar a imirt ar na réaltaí a itheann iad ríofa ag Alexander Stephan agus a chomhghleacaithe. Fuair siad amach gur féidir le pláinéad a thiteann isteach i réalta an réalta sin a ghealadh ar feadh na gcéadta bliain nó na mílte bliain. Agus is féidir leis an réalta casadh níos tapúla de réir mar a fhosaíonn an pláinéad a fhuinneamh. "Seans nach mbeidh na hidirghníomhaíochtaí idir an pláinéad agus an réalta in ann an réalta a mharú, ach is cinnte gur féidir leo í a chur as a riocht," a deir Stephan. Nuair a itheann réalta pláinéad, is minic gur féidir leis an réalta tosú ag casadh chomh tapa sin go dtosaíonn sí ag stróiceadh ó chéile, agus ag caitheamh a cisil sheachtracha uaithi amach sa spás. (*New Scientist*)**

A. Slogfar pláinéid atá gar do réalta nuair a mhéadaíonn an réalta agus í ag dul in aois.
B. Má chuireann pláinéad níos mó fuinnimh ar fáil do réalta, tá an réalta sin in ann éirí níos mó.
C. Nuair a itheann réalta pláinéad, casfaidh an réalta chomh tapa sin go stróicfidh sí ó chéile.
D. D'fhéadfadh sé gur gníomh féinscriosach atá ann nuair a shlogann réalta pláinéad.

**42. Tá cúl á thabhairt ag custaiméirí do shraitheanna bialann amhail Byron, Strada, Gourmet Burger Kitchen agus impireacht bialann Jamie Oliver, mar gheall ar an margadh don "itheacháin neamhfhoirmeálta a bheith craptha go mór". Tháinig méadú 25% ar líon na mbialann dócmhainneach, go dtí 1,412 bialann, sa bhliain go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2019, i gcomparáid le 2018, de réir taighde a rinne an gnólacht cuntasaíochta UHY Hacker Young. Is é seo an líon is airde dócmhainneachtaí ó 2014 ar a laghad agus deirtear go léiríonn sé go bhfuil gearrtha siar ag tomhaltóirí ar a gcaiteachas mar gheall ar imní faoin mBreatimeacht agus faoin méadú atá ag teacht ar chostais i ngeall ar an titim ghéar a tháinig ar luach an phuint. Dúirt UHY Hacker Young go raibh an iomarca bialann i sciar lár an mhargaidh mar gheall ar an mborradh tapa a tháinig ar earnáil an itheacháin neamhfhoirmeálta ó bhí géarchéim airgeadais 2008 ann, agus tá tanúchán mór fós á dhéanamh ar an meánmhargadh seo. Fuarthas amach gur chlis ar na céadta bialann bheag neamhspleách agus ar shraitheanna móra, amhail bialanna de chuid an chef mór le rá Oliver. (*The Guardian*)**

A. Thug custaiméirí a gcúl le sraitheanna bialann agus chuaigh siad go dtí bialanna neamhspleácha ina n-áit mar gheall ar ghéarchéim an itheacháin neamhfhoirmeálta.
B. An róleathnú i réimse an mheánmhargaidh is cúis leis an gcaoi a bhfuil bialanna dá leithéid ag dúnadh.
C. Ghearr tomhaltóirí siar ar a gcuid caiteachais mar gheall ar an laghdú ar luach an phuint de bharr na Breatimeachta.
D. Dúnadh níos mó bialanna beaga neamhspleácha ná bialanna ar cuid de shraith iad.

**43. Is dócha go dtiocfaidh fás mór ar an margadh d'aerchóiritheoirí san Eoraip in ainneoin na gcostas ollmhór a bhaineann le foirgnimh níos sine a aisfheistiú le córais nua fuaraithe, a dúirt Nicholas Heymann. Níl aerchóiriú ach ag thart ar 20% de theaghlaigh na hEorpa faoi láthair, i gcomparáid le 87% de theaghlaigh sna Stáit Aontaithe agus 90% de theaghlaigh sa tSeapáin, mar gheall ar an mbéim níos mó a chuirtear san Eoraip ar chineálacha fuaraithe nach bhfuil chomh dian sin ar fhuinneamh. Tiocfaidh méadú 4.3% in aghaidh na bliana ar an meán as seo go 2040 ar líon na dteaghlach Eorpach a cheannóidh agus a shuiteálfaidh córas nua aerchóirithe de réir mar a bhogann níos mó daoine go cathracha, de réir staidéir a foilsíodh in Environmental Science & Policy. Tríd is tríd, díolfar 700 milliún aonad aerchóiritheoirí níos mó ar fud an domhain faoin mbliain 2030 agus 1.6 billiún níos mó faoin mbliain 2050. Díolachán i dtíortha i mbéal a bhforbartha ar nós na hIndia is mó a spreagfaidh an méadú seo, de réir meastachán ó Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe. (*Reuters*)**

A. Baineann muintir na hEorpa níos lú úsáide as aerchóiriú ná Meiriceánaigh ós rud é go bhfuil Eorpaigh níos coinsiasaí ar chúrsaí comhshaoil.
B. Is sa tSeapáin atá an ráta is airde teaghlach ar domhan le haerchóiriú.
C. Níl aerchóiriú ag an gcuid is mó de theaghlaigh na hEorpa ach tiocfaidh an méadú is mó ar dhíolachán in áiteanna eile.
D. Ós rud é go bhfuil ardú ag teacht ar an teocht, ceannóidh muintir na hEorpa níos mó córas aerchóirithe.

**44. B'ionann ráta boilscithe bliantúil sa limistéar euro agus 1.0% i mí Lúnasa 2019, agus bhí sé seo cobhsaí i gcomparáid le mí Iúil. Bliain roimhe sin 2.1% a bhí ann. B'ionann an boilsciú bliantúil san Aontas Eorpach agus 1.4% i mí Lúnasa 2019, agus bhí sé seo cobhsaí i gcomparáid le mí Iúil. Bliain roimhe sin 2.2% a bhí ann. Cláraíodh na rátaí bliantúla is ísle sa Phortaingéil (-0.1%), sa Ghréig (0.1%) agus sa Spáinn (0.4%). Taifeadadh na rátaí bliantúla ab airde sa Rómáin (4.1%), san Ungáir (3.2%), agus san Ísiltír agus Laitvia (3.1% araon). I gcomparáid le mí Iúil, thit an boilsciú bliantúil i naoi mBallstát, d'fhan sé cobhsaí i sé Bhallstát agus tháinig ardú air in dhá Bhallstát déag. I mí Lúnasa, is í an earnáil seirbhísí is mó a chuir leis an ráta boilscithe bliantúil i limistéar an euro (+0.60 pointe céatadáin), agus ina dhiaidh sin bia, alcól agus tobac (+0.40 pointe céatadáin), earraí tionsclaíocha neamhfhuinnimh (+0.08 pointe céatadáin) agus fuinneamh (-0.06 pointe céatadáin). (*Eurostat*)**

A. Tháinig laghdú ar rátaí boilscithe ar fud an Aontais Eorpaigh.
B. I mí Lúnasa 2019, chuir an earnáil seirbhísí níos mó le ráta boilscithe bliantúil an AE ná earraí tionsclaíocha neamhfhuinnimh.
C. Cé gurbh é an boilsciú is mó a bhí le feiceáil, chonacthas díbhoilsciú freisin.
D. Bhí an boilsciú laistigh den limistéar euro os cionn aon faoin gcéad i mí Lúnasa 2019.

**45. I mí Iúil 2019, i gcomparáid le mí an Mheithimh 2019, tháinig laghdú 0.7% ar tháirgeadh atá coigeartaithe de réir séasúir**

**in earnáil na tógála sa limistéar euro (EA19) agus tháinig laghdú 0.1% air san AE28, de réir na chéad mheastacháin ó Eurostat, oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh. I mí an Mheithimh 2019, tháinig méadú 0.6% sa limistéar euro ar an táirgeacht in earnáil na tógála agus méadú 0.1% san AE28. Tháinig méadú 1.1% ar tháirgeacht in earnáil na tógála sa limistéar euro i mí Iúil 2019, i gcomparáid le mí Iúil 2018, agus méadú 1.7% san AE28. I measc na mBallstát a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, taifeadadh laghduithe ar tháirgeadh in earnáil na tógála sa Fhrainc (-4.2%), sa tSlóvaic (-2.0%) agus sa Pholainn (-0.6%). Tugadh na méaduithe ab airde faoi deara san Ungáir (+9.6%), sa Rómáin (+4.1%) agus sa Phortaingéil (+2.3%). (*Eurostat*)**

A. Tháinig méadú 1.1% ar tháirgeadh in earnáil na tógála mí ar mhí sa limistéar euro i mí Iúil 2019.

B. Tháinig méadú i mí an Mheithimh ar an táirgeadh in earnáil na tógála i measc na dtíortha a úsáideann an euro.

C. Maidir leis na stáit a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, bhí an Ungáir chun cinn san Aontas Eorpach ó thaobh na tógála de.

D. Ní fhacthas laghdú ar tháirgeacht ach i dtrí Bhallstát den Aontas Eorpach.

**46. Tá NASA agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa araon ag tuairisciú gur dócha gur ó réalta eile a tháinig cóiméad nua atá ag gluaiseacht faoi luas i dtreo na gréine. Dúirt réalteolaithe go bhfuil sé ag taisteal ar 150,000 km san uair, agus tá sé chomh tapa sin gur dócha gur tháinig sé ó áit éigin taobh amuigh dár ngrianchóras. Tá sé 420 milliún ciliméadar ón ngrian agus tá sé ag teacht níos gaire di. Tuarann eolaithe go rachaidh an cóiméad thar an ngrian ar luas lasrach i mí na Nollag agus go leanfaidh sé air go dtí go mbeidh sé ar ais sa spás idir-réaltach. Meastar go bhfuil a núicléas idir 2 chiliméadar agus 16 chiliméadar ar leithead. Agus cóiméad eile ó áit éigin lasmuigh dár ngrianchóras ag teacht chomh luath sin, d'fhéadfaidís a bheith níos coitianta ná a ceapadh roimhe sin. Dúirt Marco Micheli ó ESA "Ní mór dúinn fanacht cúpla lá le teacht ar bhunús an chóiméid trí bhreathnóireacht, rud a chruthóidh an téis reatha go bhfuil bunús idir-réaltach aige, nó a athróidh go mór an tuiscint atá againn air, seans." (*AP News*)**

A. Is é luas an chóiméid an rud a chruthaíonn gur tháinig sé ó áit éigin lasmuigh dár ngrianchóras.

B. Tá cóiméid a thagann ó áiteanna lasmuigh den ghrianchóras níos coitianta ná mar a cheapamar.

C. Is é luas an chóiméid an fáth a gceapann réalteolaithe gur réad idir-réaltach atá ann.

D. Taistealaíonn cóiméid as ár ngrianchóras féin amháin ar luasanna níos moille.

**47. San optaic, is ionann cró agus poll nó oscailt trína dtaistealaíonn solas. Is féidir méid an chró i lionsa fótagrafach a choigeartú leis an méid solais a shroicheann an braiteoir scannán nó íomhánna a rialú. Agus é ag obair le luasanna comhla éagsúla, rialóidh méid an chró a méid is a nochtar an scannán nó an braiteoir íomhánna don solas. Beidh cró níos mó de dhíth ó chomhla thapa de ghnáth le nochtadh leordhóthanach don solas a chinntiú, agus beidh cró níos lú ag teastáil ó chomhla mhall le nach mbeidh an iomarca nochta ann. Ach méid an chró a laghdú, tagann méadú ar dhoimhneacht an réimse. Míníonn sé seo a oiread agus a dhealraíonn sé go bhfuil an t-ábhar, atá ina luí níos gaire ná an plána fócais nó níos faide uaidh, i bhfócas. Go ginearálta, dá laghad an cró (dá mhéad an uimhir f), is mó an t-achar a d'fhéadfadh an t-ábhar a bheith ón bplána fócais agus é fós i bhfócas. (*Wikipedia*)**

A. Is é méid an chró a shocraíonn méid an tsolais a chinneann scannán nó braiteoir íomhánna.

B. Tá uimhreacha F ar lionsa i gcomhréir dhíreach le méid an chró.

C. Déanfaidh luas comhla tapa ag a bhfuil cró beag íomhá níos measa ná luas comhla mall ag a bhfuil cró mór.

D. Is é an cró a chinneann an méid d'íomhá atá i bhfócas.

**48. De réir mar a éiríonn an domhan níos teo, tiocfaidh ardú ar theocht na n-aigéan freisin – agus tuarann eolaithe go gcuirfidh an próiseas seo méadú ar dhéine hairicíní. Dá theo dromchla na farraige a bhfuil hairicín ag gluaiseacht os a chionn, is tréine a bheidh an stoirm, toisc go ngníomhaíonn fuinneamh teasa san uisce beagnach cosúil le breosla. Ina theannta sin, d'fhéadfadh níos mó damáiste tarlú de bharr stoirmeacha cósta mar gheall ar mhéaduithe ar leibhéal domhanda na mara – atá á spreagadh ag an athrú aeráide – i ngeall ar an mbaol níos mó go mbeidh borrthaí stoirme ann. Rachaidh sé sin in olcas toisc go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar bháisteach hairicín mar gheall ar an athrú aeráide. Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh hairicíní níos déine ann amach anseo, níl eolaithe cinnte an dtiocfaidh méadú nó laghdú ar mhinicíocht hairicíní mar gheall ar an athrú aeráide. (*Newsweek*)**

A. Ní féidir a rá go cinnte go dtiocfaidh méadú ar dhéine hairicíní de réir mar a éiríonn an domhan níos teo.

B. Tiocfaidh méadú ar líon na hairicíní mar gheall ar an athrú aeráide.

C. Tá hairicíní ag déanamh níos mó báistí anois ná mar a rinne siad san am atá caite.

D. Creideann eolaithe go mbeidh an t-ardú ar leibhéil dhomhanda na farraige ina chúis le hairicíní níos déine.

**49. Is ionann ISO agus socrú ceamara a dhéanfaidh grianghraf níos gile nó níos dorcha. De réir mar a mhéadaíonn tú d'uimhir ISO, éireoidh do ghrianghraf níos gile de réir a chéile. Ar an gcúis sin, is féidir le ISO cuidiú leat íomhánna a ghabháil i dtimpeallachtaí níos dorcha, nó a bheith níos solúbtha maidir le socruithe an chró agus luas na comhla. Baineann iarmhairtí le do ISO a ardú, áfach. Taispeánfar a lán gráinne, ar a dtugtar torann freisin, i ngrianghraf a ghlactar ar ISO ró-ard agus seans nach bhféadfaí é a úsáid. Mar sin, comhbhabhtáil a bhíonn i gceist i gcónaí le grianghraf a dhéanamh níos gile trí ISO a úsáid. Níor chóir duit do ISO a ardú ach amháin nuair nach bhfuil tú in ann an grianghraf a dhéanamh níos gile trí luas na comhla nó an cró a athrú (mar shampla, sa chás go bhfágfadh luas comhla níos faide go mbeadh an íomhá doiléir). Cé nár shainigh ISO ach íogaireacht scannáin amháin ar dtús, ghlac monaróirí ceamaraí digiteacha leis ina dhiaidh sin le leibhéil ghile den chineál céanna a fhaightear i scannán a choinneáil. (*photographylife.com*)**

A. Is ionann ISO agus an socrú a chinneann gile nó dorchacht grianghraif.

B. Beidh grianghraif a ghlactar ar leibhéil arda ISO róghráinneach le húsáid.

C. Ní féidir a rá gurb é ISO amháin a shocraíonn íogaireacht bhraiteoir an cheamara i leith an tsolais.

D. Chomh maith le híogaireacht i leith an tsolais, is féidir le ISO caighdeán íomhá a shocrú freisin.

**50. Is comhpháirt ghníomhach de phiobair shillí, a bhaineann leis an ngéineas Capsicum, í capsaicin. Is greannaitheoir do mhamaigh í, daoine san áireamh, agus cruthaíonn sí mothú dóite in aon fhíochán lena mbíonn sí i dteagmháil. Éin is mó a scaipeann síolta na bplandaí Capsicum: ní fhreagraíonn cainéal TRPV1 na n-éan do chapsaicin ná do cheimiceáin ghaolmhara (feictear éagsúlacht fheidhmiúil agus íogaireacht roghnaitheach idir TRPV1 éanúil agus TRPV1 mamach). Téann sé seo chun sochair don phlanda, mar go n-itheann éin síolta an phiobair shillí agus téann na síolta seo trí chonair an díleá agus d'fhéadfaidís péacadh ina dhiaidh sin. Tá cúlfhiacla ag mamaigh, áfach, a scriosann síolta dá leithéid agus cuireann siad cosc orthu péacadh. Dá réir sin, d'fhéadfadh roghnú nádúrtha a bheith ina chúis leis an méadú ar tháirgeadh capsaicine toisc go bhfágann sé go bhfuil seans níos lú ann go n-íosfaidh ainmhithe é, rud nach gcabhraíonn leis an bplanda scaipeadh. (*Wikipedia*)**

A. Is trí éin amháin a scaiptear síolta na bplandaí Capsicum, agus sin an fáth nach mór dóibh a bheith spíosrach.

B. An t-éan a oireann is fearr do scaipeadh síolta Capsicum toisc nach mbíonn sé in ann na síolta a chogaint.

C. Éabhlóid ba chúis leis an méadú ar chapsaicin i bpiobair.

D. Ní chruthaíonn capsaicin mothú dóite ach sna ainmhithe sin nach gcabhraíonn leis scaipeadh.

**51. Is ionann asma ceirde agus asma arb é múch cheimiceach, gáis, deannach nó substaintí eile a análú ar an láthair oibre is cúis leis. D'fhéadfadh asma ceirde teacht ort má nochtar thú do shubstaint a bhfuil íogaireacht agat ina leith – arb í is cúis le freagairt ailléirgeach nó imdhíoneolaíoch í – nó do shubstaint thocsaineach ghreannach. Cosúil le cineálacha eile asma, d'fhéadfadh asma ceirde a bheith ina chúis le ceangal ar an gcliabhrach, cársán agus gearranáil. Is mó seans go dtiocfaidh asma ceirde ar dhaoine ar a bhfuil ailléirgí, nó a bhfuil ailléirgí ina dteaghlach. Cuid thábhachtach den bhainistíocht is ea truicir cheirde a sheachaint. Seachas sin, tá cóireáil le haghaidh asma ceirde cosúil le cóireáil le haghaidh cineálacha eile asma agus bíonn ar dhuine cógais a ghlacadh le hairíonna a laghdú de ghnáth. Má tá asma ort cheana féin, tá cóir leighis in ann cuidiú leis ar uairibh, agus é a stopadh ó éirí níos measa san ionad oibre. Mura ndéantar é a dhiagnóisiú i gceart agus mura bhfuil cosaint agat, nó in ann nochtadh a sheachaint, is féidir asma ceirde a bheith ina chúis le damáiste scamhóg buan, míchumas nó bás. (*mayoclinic.org*)**

A. Ceann de na cúiseanna is mó le galair cheirde é asma ceirde.

B. Ní chaithfidh daoine a bheith íogaireach do shubstaintí ar leith le go dtiocfadh asma ceirde orthu.

C. Is iad na daoine ag a bhfuil togracht ghéiniteach chun asma na daoine a fhaigheann asma san ionad oibre freisin.

D. Ní fhaigheann ach daoine a oibríonn faoi chúinsí áirithe asma ceirde.

**52. Mar gheall ar an mbaghcat a dhéanann daoine i Learpholl ar The Sun, fuarthas amach i staidéar go bhfuil meonta níos dearfaí ag daoine in Merseyside i leith an Aontais Eorpaigh. Maítear i dtuarascáil a rinneadh ar thionchar na meán táblóideach ar mheonta i leith an AE gur tháinig laghdú níos mó ná deich faoin gcéad ar Eurosceipteachas sa chontae mar gheall ar an mbaghcat. Luadh freisin "éifeacht na hionadaíochta ar lucht léitheoireachta The Sun i dtreo nuachtáin a bhí báúil don AE", go háirithe an nuachtán táblóideach an Daily Mirror a bhíonn in iomaíocht le The Sun. Tá baghcat á dhéanamh in Merseyside ar The Sun ó 1989 i ngeall ar an tuairisciú a rinneadh sa nuachtán ar Thubaiste Hillsborough na bliana sin. Dúradh sa nuachtán gur iompair lucht leanúna Liverpool FC iad féin go gránna le linn an phlóid inar maraíodh 96 duine. Deirtear sa tuarascáil, a scríobh Florian Foos agus Daniel Bischof, gur tháinig laghdú ar Eurosceipteachas i measc an lucht oibre "neamhoilte" mar gheall ar an mbaghcat seanbhunaithe ar The Sun, "ar sciar mór de léitheoirí The Sun iad roimh an tubaiste". Dúradh sa tuarascáil "gur éirigh meonta i leith an AE i bhfad ní ba dhearfaí in Merseyside le linn an bhaghcait". (*pressgazette.co.uk*)**

A. Bhí tionchar ag an mbaghcat ar The Sun ar an vóta a caitheadh in Merseyside fanacht san AE sa reifreann.

B. Fuarthas amach go raibh daoine a sheachain na meáin thháblóideacha ní b'fheasaí ar chúrsaí reatha.

C. Roghnaigh tromlach na ndaoine a rinne baghcat ar The Sun an Daily Mirror ina áit.

D. Is féidir le gníomhaí aonair sna meáin leis féin tionchar suntasach a imirt ar thuairimí daoine ar ábhar ar leith.

**53. Fuair eolaithe in Ollscoil Dundee amach gur féidir leis an ocras athrú suntasach a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann daoine cinntí tábhachtacha agus gur féidir leis a bheith ina chúis le mífhoighne. Tugadh le fios sa staidéar go bhféadfadh an t-ocras roghanna daoine i leith cúitimh nach mbaineann le bia ar chor ar bith a athrú. Fuarthas amach go raibh tionchar aige freisin ar chineálacha eile cinntí amhail cinntí airgeadais nó cinntí idirphearsanta. Nuair a bhí ocras ar dhaoine, léirigh siad rogha níos láidre do chúiteamh hipitéiseach níos lú, ach é a bheith faighte láithreach, seachas cúiteamh níos substaintiúla nach bhfaighfear go dtí amach anseo é. Dúirt ceannaire an staidéir, Benjamin Vincent, go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil a fhios ag daoine gur féidir leis an ocras tionchar a imirt ar a gcuid roghanna. Creideann sé freisin gur baol é seo do dhaoine bochta a d'fhéadfadh cinntí a dhéanamh lena gcás a dhéanamh níos measa. "Abair go raibh coinne agat le comhairleoir pinsean nó morgáiste – má tá ocras ort i rith an chruinnithe, seans go mbeidh tú claonta i dtreo sásamh a fháil láithreach seachas dul i mbun idirbheartaíochta leis an margadh is fearr a fháil don fhadtéarma." (*Sky News*)**

A. Is dócha go mbíonn ocras ar dhaoine nuair nach bhféachann siad rompu i gceart agus cinntí á ndéanamh acu.

B. Ní bheidh daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht in ann éalú uaithi má bhíonn ocras orthu i gcónaí.

C Fuarthas amach gurb é an t-ocras ceann de na cúiseanna atá taobh thiar den bhochtaineacht.

D. Fuarthas amach go raibh tionchar diúltach ag an ocras ar fhoighne an duine.

**54. Cé go bhfuil na buntáistí don chomhshaol a bhuíochas leis an veigeatóireachas dobhréagnaithe agus cumhachtach, ní thuigtear i gceart go fóill na tionchair fhadtéarmacha ar an tsláinte a bhaineann le haiste bhia veigeatórach nó veigeánach. Agus iad ag féachaint leis an mbearna eolais sin a líonadh, rinne Tammy Tong agus a cuid comhghleacaithe in Ollscoil Oxford grúpáil ar 48,000 duine sa Ríocht Aontaithe de réir aiste bhia agus lean siad na daoine seo ar feadh 18 mbliana. Léiríodh sna torthaí go raibh an baol go dtiocfadh galar croí ar veigeatóirí 22 faoin gcéad ní b'ísle ná daoine a itheann feoil. Bíonn leibhéil cholaistéaróil níos ísle ag veigeatóirí de ghnáth, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina mhíniú ar an toradh sin, atá ag teacht le cuid den taighde atá déanta roimhe seo. Ach tháinig caveat amháin leis an anailís, áfach: bhí baint ag aistí bia veigeatóracha freisin le riosca 20 faoin gcéad ní b'airde maidir le stróc i gcomparáid leis an bhfigiúr dóibh siúd a itheann feoil. D'fhéadfadh sé gurb é an chaoi nach bhfaigheann veigeatóirí roinnt cothaitheach a fhaightear i bhfeoil amháin is cúis leis seo. Ach is féidir dul i ngleic leis an uireasa sin ach forlíontaí a ghlacadh, arsa Tong. (*New Scientist*)**

A. Is í an aiste bhia veigeánach an aiste bhia is sláintiúla tríd is tríd, tagann an aiste bhia veigeatórach sa dara háit ó thaobh na sláintiúlachta de, agus is í an aiste bhia ina n-itear feoil an aiste bhia is míshláintiúla.

B. Tá baol níos lú ann go bhfaighidh veigeáin galar croí i gcomparáid leo siúd a itheann feoil.

C. Tá baol níos mó ann go dtiocfaidh riocht tromchúiseach sláinte ar veigeatóirí i gcomparáid le daoine a itheann feoil.

D Fágann na leibhéil cholaistéaróil níos ísle a bhíonn acu siúd nach n-itheann feoil go bhfuil níos lú seans ann go bhfaighidh siad galar croí.

**55. Mhéadaigh líon na dtiománaithe agus na rothaithe a fuair cúiteamh as gortuithe agus as damáiste de bharr sclaigeanna ar phríomhbhóithre Londain faoi cheathair in imeacht bliana. Ghlac Transport for London le 281 éileamh san iomlán – 244 éileamh ó thiománaithe agus 37 éileamh ó rothaithe – in 2018. Íocadh beagnach £350,000**

**le rothaithe amháin in 2018 — agus chiallaigh sé seo go bhfuil £1.7 milliún íoctha le rothaithe le cúig bliana anuas. Tagann an méadú ar éilimh sna sála ar chinneadh conspóideach a rinne coimisinéir TfL, Mike Brown, le hoibreacha deisiúcháin bóthair nach raibh ríthábhachtach maidir le sábháilteacht a "chur ar sos" ar ghréasán an "bhealaigh dheirg" de chuid TfL ar feadh dhá bhliain le géarchéim airgid a mhaolú. Bhí líon na n-éileamh rathúil anuraidh breis agus ceithre huaire ní ba mhó ná na 68 éileamh a ndearna TfL íocaíocht ina leith in 2017, de réir figiúirí a fuair London Assembly. Rinneadh 571 éileamh in 2018, i gcomparáid le 342 éileamh an bhliain roimhe sin, agus d'éirigh le díreach faoi bhun leath acu. Ní raibh TfL in ann figiúr a sholáthar maidir leis an méid a íocadh le tiománaithe. (*Evening Standard*)**

A. Laghdaigh costais éileamh an méid airgid a d'fhéadfadh a bheith sábháilte ó oibrithe deisiúcháin a chur ar fionraí.

B. Tá méadú ag teacht ar chostais éileamh ós rud é go bhfuil níos mó fadhbanna ag baint leis na bóithre sa lá atá inniu ann.

C. D'éirigh le níos lú ná leath na n-éileamh a rinneadh in 2018.

D. Íocadh níos mó le rothaithe in éilimh in 2018 ná in aon cheann de na ceithre bliana roimhe sin.

**56. B'ionann ráta dífhostaíochta an limistéir euro (EA19) a bhí coigeartaithe de réir séasúir agus 7.4% i mí Lúnasa 2019, síos ó 7.5% i mí Iúil 2019 agus 8.0% i mí Lúnasa 2018. Is é seo an ráta is ísle sa limistéar euro ó mhí Bealtaine 2008. B'ionann ráta dífhostaíochta an AE28 agus 6.2% i mí Lúnasa 2019, síos ó 6.3% i mí Iúil 2019 agus 6.7% i mí Lúnasa 2018. Is é sin an ráta is ísle a taifeadadh san AE28 ó cuireadh tús le sraith mhíosúil dífhostaíochta an AE in Eanáir 2000. Measann Eurostat go raibh 15.432 milliún fear agus bean san AE28, a bhfuil 12.169 milliún díobh sa limistéar euro, dífhostaithe i mí Lúnasa 2019. I gcomparáid le mí Iúil 2019, tháinig laghdú 111,000 ar líon na ndaoine dífhostaithe san AE28 agus laghdú 115,000 ar líon na ndaoine dífhostaithe sa limistéar euro. I gcomparáid le mí Lúnasa 2018, tháinig laghdú 1.189 milliún ar an dífhostaíocht san AE28 agus tháinig laghdú 960,000 sa limistéar euro. (*Eurostat*)**

A. Tá ráta dífhostaíochta an Aontais Eorpaigh ag an ráta is ísle riamh.

B. Ó thaobh na dífhostaíochta de, tá an limistéar nach bhfuil i limistéar an euro ag feidhmiú níos fearr ná an limistéar euro féin.

C. Ó cuireadh tús leis na taifid sa bhliain 2000, is é seo an líon is ísle daoine dífhostaithe riamh san AE28.

D. Bhí líon na bhfear dífhostaithe ní b'airde ná líon na mban dífhostaithe san AE28.

**57. Tháinig laghdú 43% ar úsáid alcóil sa Rúis idir 2003 agus 2016, dar le tuarascáil de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS). Dúradh gurbh iad bearta rialaithe alcóil a cuireadh i bhfeidhm faoin iarUachtarán Dmitry Medvedev agus iarracht le stíleanna maireachtála sláintiúla a chothú ba chúis leis an laghdú. Dúirt an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go raibh nasc idir an laghdú ar úsáid alcóil agus méadú suntasach ar ionchas saoil. Luadh gur measadh roimhe seo go raibh an Rúis ar cheann de na tíortha ba mheasa ar domhan ó thaobh na pótaireachta de. "Aithníodh le fada go bhfuil úsáid alcóil ar cheann de na príomhchúiseanna leis an mbásmhaireacht i gCónaidhm na Rúise, go háirithe i measc na bhfear in aois oibre," a dúradh sa tuarascáil. Idir 2003 agus 2018, áfach, tháinig laghdú ar úsáid alcóil agus ar an mbásmhaireacht. Tharla na hathruithe ba shuntasaí ar chúiseanna báis a bhain le halcól. Sa bhliain 2018, bhain ionchas saoil sa Rúis buaic stairiúil amach; 68 bliain d'aois d'fhir agus 78 bliain d'aois do mhná. (*BBC News*)**

A. Bhíodh an Rúis chun cinn ar an gcuid eile den domhan maidir le hól alcóil.

B. Fir in aois oibre is mó a fuair bás mar gheall ar alcól.

C. Sa bhliain 2016, d'ól na Rúisigh ní ba lú alcóil ná mar a d'ól siad in 2003.

D. Tá ionchas saoil níos airde ag mná na Rúise toisc go n-ólann siad níos lú alcóil.

**58. Léiríodh i dtástálacha gur choilínigh pataiginí díobhálacha go tapa i ngoilí daoine a raibh cóir leighis á cur orthu ar feadh roinnt laethanta in aonad dianchúraim. Brúitear miocróib níos sláintiúla sa phutóg amach – agus d'fhéadfadh tionchair fhadtéarmacha a bheith ag an athrú seo ar dhuine nuair a scaoiltear amach as an ospidéal é. D'fhéadfadh úsáid throm antaibheathach speictrim leathain cur leis an éifeacht sin, chomh maith le daoine a bheathú trí fheadán agus aerálaí a úsáid le cuidiú leo análú, a dúirt an fhoireann a rinne an staidéar. "B'ait dúinn an méid sin a fháil amach," arsa Mark Pallen. "Bhí mé in amhras go raibh rud éigin cosúil leis seo ar siúl, ach bhain scála na n-athruithe siar asam." Le tionchar na cóireála dianchúraim ar mhicribhithóm na putóige a mheas, rianaigh an fhoireann 24 duine a tógadh isteach in Queen Elizabeth Hospital Birmingham, an Ríocht Aontaithe, thar thréimhse 10 mí. Tháinig laghdú suntasach ar an éagsúlacht mhiocróbach in dá thrian de na hothair ag am éigin**

**le linn dóibh a bheith san ospidéal. Bhain na hathruithe ba mhó leis an úsáid infhéitheach a baineadh as an antaibheathach, meiripeineim. (*New Scientist*)**

A. D'fhéadfadh seal san ospidéal scrios a dhéanamh ar bhaictéir na putóige.

B. D'fhéadfadh duine a bheith níos measa as agus é ag fágáil an ospidéil ná mar a bhí sé nuair a tógadh isteach san ospidéal é.

C. D'fhág dhá thrian de na hothair an t-ospidéal agus laghdú suntasach tagtha ar éagsúlacht mhiocróbach.

D. Toradh dosheachanta d'antaibheathaigh a úsáid is ea go laghdófar éagsúlacht mhicróbach sa phutóg.

**59. Tar éis suirbhé a dhéanamh ar níos mó ná 6,000 duine sna Stáit Aontaithe, sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe, fuair UBS, atá ina bhanc de chuid na hEilvéise, amach gur laghdaigh 21% de dhaoine líon na n-eitiltí a fuair siad le bliain anuas mar gheall ar imní faoin gcomhshaol. Ní dúirt ach 16% de fhreagróirí na Breataine go raibh siad ag gearradh siar ar eitilt, ach bhí 24% de thaistealaithe na Stát Aontaithe sách buartha lena gcuid nósanna eitilte a athrú. Measann an banc anois nach dtiocfaidh ach méadú 1.5% in aghaidh na bliana ar líon na n-eitiltí san AE, arb ionann é agus leath an ráta a bhfuil an déantóir eitleáin Airbus ag súil leis. Thuar an banc nach dtiocfadh ach 1.3% de mhéadú ar eitiltí Mheiriceá, i gcomparáid leis an 2.1% a rabhthas ag súil leis. D'fhéadfadh tionchar mór a bheith aige sin ar mhonaróirí aerárthaí. Measann UBS go bhféadfadh sé líon na n-eitleán níos lú a ordaíonn Airbus agus a iomaitheoir, Boeing, a laghdú faoi 110 gach bliain. Dúirt an banc go laghdódh sé sin ioncam Airbus, a bhfuil isteach is amach le 57% den mhargadh aige, faoi €2.8bn nó mar sin in aghaidh na bliana. (*BBC News*)**

A. Measann Airbus agus Boeing go bhféadfaidís 110 ordú d'eitleáin níos lú a chailleadh in aghaidh na bliana.

B. Ba mhó an imní a bhí ar fhreagróirí Mheiriceá faoin gcomhshaol ná freagróirí na Breataine.

C. Ba lú an seans go n-athródh freagróirí na Breataine a gcuid nósanna eitilte.

D. Tá monaróir aerárthaí níos dóchasaí ná banc maidir le líon na n-eitiltí a bheidh ann amach anseo san Aontas Eorpach.

**60. I dturgnamh sa Ghearmáin rinneadh an tomhas is cruinne fós ar uasmhais neoidríonónna – cáithníní fo-adamhacha éadroma atá chomh deacair sin a thomhas nach raibh fisiceoirí in ann ach uasteorainn a maise a mheas. Tugtar le fios sna chéad torthaí ó thurgnamh Karlsruhe Tritium Neutrino (KATRIN) in iardheisceart na Gearmáine go bhfuil meáchan 1.1 leictreonvolta (eV) i neoidríonónna ar a mhéad. Is feabhas dúbailte é an tomhas seo ar na tomhais cuimse uachtair 2 eV a rinneadh roimhe seo. Chuir Guido Drexlin, comhurlabhraí chomhfhiontar KATRIN, na torthaí i láthair ar an 13 Meán Fómhair ag comhdháil in Toyama, an tSeapáin. Tá neoidríonónna i measc na gcáithníní is flúirsí sa Chruinne. Is ionann iad agus na cáithníní is éadroime i measc na gcáithníní fo-adamhacha a bhfuil mais iontu atá ar eolas – meánn siad thart ar 500,000 uair níos lú ná leictreon. Ach trasnaíonn siad damhna gan fhios go minic, agus bíonn sé an-deacair tomhais dhíreacha a ghlacadh ar na cáithníní seo dá bharr sin. (*Nature*)**

A. Is ionann neoidríonónna agus na hábhair is éadroime sa chruinne.

B. Ní féidir le heolaithe éadroime neoidríonónna a mheas.

C. Is ionann neoidríonónna agus an chuid is mó de mhais na cruinne.

D. Tá sé deacair neoidríonónna a thomhas mar gheall ar a meáchan beag.

**61. Bhailigh Emma Garnett agus a comhghleacaithe in Ollscoil Cambridge sonraí faoi níos mó ná 94,000 béile a díoladh i dtrí cinn de chaifitéirí san ollscoil in 2017. Nuair a méadaíodh na roghanna gan feoil ó cheann amháin go péire as ceithre rogha, bhí díolachán ar an iomlán seasmhach, a bheag nó a mhór. Tháinig laghdú ar dhíolachán béilí a raibh feoil iontu, agus tháinig méadú 40–80% ar dhíolachán béilí veigeatóracha. Is ina measc siúd a raibh na rátaí bonnlíne tomhaltais roghanna veigeatóracha is ísle acu a raibh an méadú is mó i líon na mbéilí plandabhunaithe. Níor tháinig na taighdeoirí ar aon fhianaise gur lú béilí veigeatóracha a díoladh am dinnéir mar gur díoladh a lán béilí veigeatóracha ag am lóin. I measc na n-athróg eile ag a raibh tionchar ar roghanna bia, bhí praghsanna coibhneasta na roghanna veigeatóracha agus neamh-veigeatóracha, agus an teocht amuigh faoin aer. Tugann na húdair le fios go bhféadfadh méadú ar roghanna veigeatóracha spreagadh a thabhairt do thomhaltóirí imeacht ó aistí bia ina n-itear a lán feola, rud a d'fhéadfadh astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le bia a thagann ó ainmhithe a laghdú. (*Nature*)**

A. Seans go raibh béilí veigeatóracha ní ba tharraingtí do dhaoine mar gheall ar phraghas níos ísle a bheith orthu.

B. Ach béilí veigeatóracha ní ba bhlasta a chur ar fáil, chonacthas gur tháinig méadú ar an méid acu a itheadh.

C. Beidh tionchar dearfach ar an gcomhshaol ag an méadú atá ag teacht ar roghanna veigeatóracha.

D. Chonacthas gur díoladh beagnach a dhá oiread béilí veigeatóracha i gcaifitéirí a chuir an dara rogha veigeatórach ar fáil.

**62. Déanann déimeagrafaithe staidéar ar dhaonraí le méid agus comhdhéanamh na ndaonraí sin a dhéanamh amach agus leis na hathruithe is dócha a thiocfaidh ar na daonraí sna blianta amach romhainn a thuar. Tá an t-eolas seo ríthábhachtach i ngach tír le freastal ar riachtanais an daonra i láthair na huaire agus sa todhchaí, mar shampla, le cinntí a dhéanamh maidir le líon na naíonraí nua, nó scoileanna nó árais seanóirí a bheidh ag teastáil. Déanann déimeagrafaithe anailís ar shonraí a bhailíonn na hoifigí staidrimh náisiúnta agus eagraíonn siad suirbhéanna ar théamaí ar leith. Ní mór céim Mháistreachta a bheith agat sa déimeagrafaíocht lena bheith i do dhéimeagrafaí, nó i ndisciplín gaolmhar, mar shampla an tsocheolaíocht, staitisticí, an tíreolaíocht, an bhitheolaíocht etc. Is féidir leat staidéar a dhéanamh freisin le haghaidh PhD chun speisialtóireacht a dhéanamh i dtaighde nó leis an déimeagrafaíocht a theagasc ag leibhéal ollscoile. (*ined.fr*)**

A. Níor cheart do thír ar bith neamhaird a thabhairt ar a cuid déimeagrafaithe.

B. Tá a fhios ag déimeagrafaithe conas a athróidh daonraí sa todhchaí.

C. Tá céim sa déimeagrafaíocht ag an gcuid is mó de dhéimeagrafaithe.

D. Bailíonn déimeagrafaithe sonraí chun críocha staitistiúla.

**63. I staidéar nua, fuair taighdeoirí ó Ollscoil Penn State amach go raibh seans níos mó ann go mbeadh imní ar dhaoine a bhí níos íogaire d’athruithe ar mhothúchán diúltach – ag bogadh go tapa ó bheith ar a suaimhneas go dtí eagla a bheith orthu, mar shampla – agus iad á dtreorú trí chleachtaí scíthe. Dúirt Michelle Newman, ollamh le síceolaíocht, go bhféadfadh na torthaí cuidiú le daoine a dtagann imní orthu agus iad ag féachaint lena scíth a ligean, feiniméan a tharlaíonn nuair a bhíonn daoine níos imníche le linn oiliúint scíthe. “D’fhéadfadh sé go bhfanann daoine imníoch le nach dtiocfaidh imní mhór orthu in aon gheábh amháin, ach tá sé níos sláintiúla ligean do na hathruithe sin tarlú,” arsa Newman. “Dá mhéad a dhéanann tú é, is mó a thuigeann tú gur féidir leat é a dhéanamh agus bíonn sé níos fearr ligean duit féin a bheith ar do shuaimhneas uaireanta. Is féidir le hoiliúint aireachais agus idirghníomhaíochtaí eile cuidiú le daoine suaimhneas a ghlacadh agus a bheith beo san am i láthair." (*Ollscoil Penn State*)**

A. D’fhéadfadh daoine a bhfuil imní orthu cur go gníomhach in aghaidh iarrachtaí lena gcur ar a suaimhneas.

B. Ach cosc a chur ar dhaoine faoi strus a scíth a ligean, bíonn sé níos sláintiúla san fhadtéarma dóibh.

C. Is í oiliúint aireachais an bealach is fearr le déileáil le himní.

D. D’fhéadfadh athrú mór ar leibhéil imní a bheith díobhálach do dhaoine.

**64. Is staid pharadacsach é mallacht na n-acmhainní ina dtagann fás marbhánta eacnamaíoch nó cúngú eacnamaíoch fiú ar thíortha ina bhfuil flúirse acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite. Tarlaíonn mallacht na n-acmhainní de réir mar a dhíríonn tír na meáin táirgeachta ar fad ar thionscal amháin, amhail an mhianadóireacht, agus neamhaird a thabhairt ar infheistíocht a dhéanamh in earnálacha móra eile. Bíonn an tír ag brath an iomarca mar sin ar phraghas na dtráchtearraí, agus éiríonn an olltáirgeacht intíre fhoriomlán thar a bheith luaineach dá bharr sin. Ina theannta sin, is minic a bhíonn éilliú rialtais ann nuair nach gcuirtear cearta acmhainní cuí ar bun, nó creat le hioncam a dháileadh sa tsochaí, rud a fhágann go ndéantar rialáil éagórach ar an tionscal. Is minic a fheictear mallacht na n-acmhainní i margaí éiritheacha tar éis mórfhionnachtain acmhainní nádúrtha. (*Investopedia*)**

A. Cuireann mallacht na n-acmhainní isteach go mór ar thíortha nach bhfuil chomh daonlathach céanna le tíortha eile.

B. Bíonn ioncam ón mianadóireacht luaineach mar gheall ar luaineachtaí éilimh go príomha.

C. Má dhírítear ar acmhainn aonair is amhlaidh a bhíonn tír i mbaol luaineachtaí praghsanna.

D. Tá gá le héilliú rialtais le go dtarlóidh mallacht na n-acmhainní.

**65. Is ionfhabhtú é fiabhras Q arb é an baictéar Coxiella burnetii is cúis leis. Galar éadrom lena mbaineann airíonna mar a bheadh fliú atá i bhfiabhras Q de ghnáth. Ní bhíonn aon airíonna ar go leor daoine. Is féidir leis an ionfhabhtú teacht chun cinn arís blianta ina dhiaidh sin i roinnt bheag daoine. D’fhéadfadh an cineál seo d’fhiabhras Q atá níos tromchúisí damáiste a dhéanamh do do chroí, d’ae, d’inchinn agus do scamhóga. Tarchuirtear fiabhras Q chuig daoine trí ainmhithe – caoirigh, gabhair agus eallach den chuid is mó. Nuair a ionanálaíonn tú cáithníní deannaigh feirme atá éillithe ag ainmhithe ionfhabhtaithe, is féidir leis an ionfhabhtú teacht ort. Áirítear an fheirmeoireacht, tréidliacht agus taighde ar ainmhithe i measc na ngairmeacha ardriosca. Leigheastar cásanna éadroma den fhiabhras Q go tapa le**

**cóireáil antaibheathach. Má thagann fiabhras Q ort arís, áfach, b'fhéidir go mbeidh ort antaibheathaigh a ghlacadh ar feadh 18 mí ar a laghad. (*mayoclinic.org*)**

A. Is minic nach dtugtar ionfhabhtú atá ina chúis le damáiste inchinne faoi deara.

B. Amhail deilgneach, is minic nach mbíonn fiabhras Q contúirteach ach amháin an dara huair a thagann sé ort.

C. Is féidir le hantaibheathaigh déileáil go tapa le fiabhras Q.

D. Is iad caoirigh is dóichí a dhéanfaidh fiabhras Q a tharchur chuig daoine.

**66. Ligeann Cúiteamh Nochta do ghrianghrafadóirí na socruithe nochta atá roghnaithe ag méadar solais an cheamara a shárú, le híomhánna a dhorchú nó a ghealadh sula nglactar iad. Ós rud é go n-oibríonn méadair cheamara tríd an solas a fhrithchaitear ó shuibiachtaí a mheas agus go mbíonn siad caighdeánaithe ar liath meánach, aon uair a dhírítear ceamara ar rud éigin dorcha, oibreoidh an méadar an bealach eile tríd an nochtadh a ghealadh, ach an méadar a dhorchú i gcás suibiacht an-gheal. Déantar é seo le teacht a ghaire agus is féidir don liath meánach, ionas nach mbeidh an íomhá ródhorcha nó rógheal. Cé go n-oibríonn sé seo sách maith i bhformhór na gcásanna, d'fhéadfadh rónochtadh nó fonochtadh a bheith ann nuair atá na riochtaí solais níos dúshlánaí agus an nochtadh á athrú an-iomarca ag an méadar ceamara. Is sa chomhthéacs seo a bhaintear leas as an gCúiteamh Nochta sa mhéid is go rialaíonn an grianghrafadóir gile na híomhá, agus an ghile sin a shárú trí ghné an chúitimh nochta ar an gceamara a úsáid. (*photographylife.com*)**

A. Is socrú é an cúiteamh nochta ar fearr é a fhágáil faoi ghrianghrafadóirí a bhfuil taithí acu.

B. Níor chóir cúiteamh nochta a úsáid ach amháin nuair atá na riochtaí solais dúshlánach.

C. Úsáidtear cúiteamh nochta toisc nach féidir brath ar mhéadair sholais i gceamaraí go minic.

D. Is féidir le grianghrafadóirí dorchadas íomhá a ionramháil ach cúiteamh nochta a úsáid.

**67. Creideann lucht na heolaíochta go raibh i bhfad níos mó uisce ag Véineas am éigin san am atá caite ná mar a thugann a hatmaisféar tirim le fios sa lá atá inniu ann. De réir mar a d'éirigh an Ghrian ní ba theo agus ní ba ghile, áfach, d'ardaigh teochtaí dromchla ar Véineas agus, ar deireadh, galaíodh aon aigéan nó farraige dá bharr sin. Agus ní ba mhó galuisce ná riamh san atmaisféar, tháinig riocht ceaptha teasa ar an bpláinéad nach raibh sé in ann teacht as, agus níor éirigh leis teacht chuige féin ó shin. Ní fios ar fheidhmigh teicteonaic plátaí ar Véineas riamh. Tá uisce ríthábhachtach le gur féidir le teicteonaic plátaí feidhmiú, agus mhúchfadh iarmhairt ceaptha teasa a bhí imithe ó smacht an próiseas sin dá mbeadh sé ag feidhmiú ann. Níorbh ionann deireadh na teicteonaice plátaí, áfach, agus deireadh na gníomhaíochta geolaíche: Tá teas inmheánach suntasach ag an bpláinéad, agus lean sé air ag cruthú magma a shil amach ina shreafaí móra laibhe agus dromchla nua a chur ar an gcuid is mó den phláinéad ar an gcaoi sin. Tá dromchla Véineas thart ar 700 milliún bliain d'aois ar an meán – agus is cinnte go bhfuil sé sin an-sean, ach tá sé i bhfad níos óige ná dromchlaí Mars, Mhearcair nó na Gealaí atá na billiúin bliain d'aois. (*The Conversation*)**

A. Tá an dromchla is óige d'aon phláinéid sa ghrianchóras ag Véineas.

B. Tá Véineas i bhfad níos óige ná Mars, Mearcair nó an Ghealach.

C. Ní fios ar chuir galú uisce deireadh le teicteonaic plátaí ar Véineas.

D. De réir mar a d'éirigh an Ghrian ní ba theo agus na ba ghile, ghalaigh sé Véineas sa deireadh.

**68. Léiríodh i suirbhé de chuid an NHS inniu gur thit líon na leanaí a bhfuil toitíní caite acu go dtí an leibhéal ab ísle riamh. Dúirt 16 faoin gcéad de dhaltaí meánscoile gur bhain siad triail as toitíní anuraidh, síos ó 19 faoin gcéad dhá bhliain roimhe sin. Is é seo an leibhéal is ísle a taifeadadh riamh sa suirbhé débhliantúil, ar figiúr é atá ag titim ón mbliain 1996, nuair a dúirt 49 faoin gcéad go raibh triail bainte as toitíní acu. Bhí céatadán na ndaltaí a chaith tobac beagnach mar a chéile do bhuachaillí (16 faoin gcéad) agus do chailíní (17 faoin gcéad). Mhéadaigh an céatadán le haois, ó 2 faoin gcéad de leanaí 11 bhliain d'aois go dtí 31 faoin gcéad dóibh siúd atá 15 bliana d'aois. Caiteoirí rialta tobac a bhí i gcúig faoin gcéad de dhaoine a bhí 15 bliana d'aois. Bhí na rátaí ab ísle i Londain (trí faoin gcéad) agus bhí na rátaí ab airde in Yorkshire agus Humber, áit a mbíonn níos mó ná seacht faoin gcéad ag caitheamh. Dúirt an ceathrú cuid de na daltaí gur úsáid siad toitíní leictreonacha, an céatadán céanna le 2016. (E*vening Standard*)**

A. Thit líon na leanaí a chaith tobac go dtí an leibhéal bliantúil ab ísle ó cuireadh tús leis an suirbhé.

B. Ní féidir a rá gur mhó seans go gcaithfeadh buachaillí tobac i gcomparáid le cailíní.

C. Tá seans maith ann go dtiocfaidh laghdú ar

chaitheamh tobac i measc na n-óg mar gheall ar thoitíní leictreonacha.

D. Is titim ollmhór iad na figiúirí reatha ón uair a raibh formhór na ndaltaí meánscoile ag caitheamh tobac.

**69. Rinne taighdeoirí in Ollscoil Newcastle tástálacha ar mheaisíní níocháin lánscála le léiriú go scaoiltear thart ar 800,000 micreashnáithín níos mó i níochán fíneálta, a úsáideann a dhá oiread uisce le gnáthchiogal, i gcomparáid le ciogail nach n-úsáideann an oiread céanna uisce. "B'ábhar iontais iad na torthaí," a dúirt an tOllamh Grant Burgess. "Bheifeá ag súil go gcosnófaí éadach i níocháin fhíneálta agus nach scaoilfí an oiread céanna micreashnáithíní uathu, ach léiríodh sna staidéir chúramacha a rinneamar go raibh a mhalairt fíor. Má níonn tú do chuid éadaí ar chiogal fíneálta, scaoileann na héadaí i bhfad níos mó snáithíní plaisteacha. Is micreaphlaistigh iad seo, a dhéantar as poileistear. Níl siad in-bhithmhillte agus is féidir leo carnadh sa timpeallacht." Tugann an toradh dúshlán na barúla go scaoiltear níos mó snáithíní isteach i bhfuíolluisce i gciogail níocháin níos déine, ina n-úsáidtear níos lú uisce, ina n-athraítear treo níos minice agus a chasann ar luasanna níos airde. Ina ionad sin, fuarthas amach sa staidéar gur cosúil gurb é toirt an uisce a úsáidtear in aghaidh an níocháin an toisc is tábhachtaí maidir le snáithíní a scaoileadh as éadaí. (*The Guardian*)**

A. Fuarthas amach go scriosann níocháin fhíneálta éadaí níos minice ná gnáthchiogail.

B. Níor thástáil monaróirí meaisíní níocháin conas a oibríonn a gcuid meaisíní i gceart.

C. Tá gnáthchiogail níocháin níos fearr don chomhshaol ná ciogail fhíneálta.

D. Ba bheag an tionchar a bhí ag an méid uisce a úsáideadh ar líon na micreaphlaisteach a scaoileadh.

**70. Tugtar le fios i staidéar nua gur ionfhabhtuithe cluaise ba chúis le díothú na Néandartálach. Is féidir iad a chóireáil go héasca sa lá atá inniu ann ach cógais nua-aimseartha amhail antaibheathaigh a ghlacadh, ach tholg na Néandartálaigh go leor aimhréidheanna ó ionfhabhtuithe cluaise, lena n-áirítear ionfhabhtuithe riospráide, caillteanas éisteachta agus niúmóine. Fuarthas amach sa staidéar go raibh cluasa na Néandartálach cosúil le cluasa leanaí daonna agus nár athraigh siad le haois, mar a athraíonn cluasa leanaí. Cé go dtosaíonn an cruth a bhíonn ar chluas linbh ag athrú thart ar chúig bliana d'aois, rud a chiallaíonn gur lú seans go dtolgfaidh siad ionfhabhtuithe cluaise, níor tharla sé seo i gcás na Néandartálach. "Ní hé an bás an t-aon bhagairt a bhaineann le hionfhabhtú," a dúirt an tOllamh Samuel Marquez. "Má bhíonn tú tinn i gcónaí, ní bheifeá chomh haclaí agus chomh éifeachtach céanna le dul san iomaíocht le do ghaolta Homo sapiens do bhia agus d'acmhainní eile." Dúirt sé freisin: "Agus iad ag maireachtáil i ré nár tháinig slán ach iad siúd is láidre agus is oiriúnaí, ní haon iontas é gur éirigh le fear na nua-aimsire, seachas an Néandartálach, teacht slán." (*The Independent*)**

A. Is aimhréidheanna ó ionfhabhtuithe cluaise a mharaigh na Néandartálaigh.

B. Níl an cruth céanna ar chluasa dhaoine an lae inniu agus a bhí ar na Néandartálaigh.

C. Ní raibh ach teip i ndán do na Néandartálaigh mar nár éabhlóidigh siad.

D. Is cosúil go raibh togracht chun tinneas eile ag Néandartálaigh mar gheall ar a gcluasa.

**71. Tar éis tosca gaolmhara eile a chur san áireamh, tá sé tagtha chun solais i staidéar nua go bhfuil nasc idir a bheith i do chónaí i mbailte móra agus i gcathracha gar d'imeallbhord Shasana agus meabhairshláinte níos fearr i gcás na ndaoine siúd i dteaghlaigh níos boichte. Tá neamhoird mheabhairshláinte, amhail imní agus dúlagar, ar thart ar dhuine fásta amháin as gach seisear i Sasana agus is mó seans go gcuirfidh na neamhoird seo isteach ar dhaoine ó chúlraí níos boichte. Tugtar le fios sna torthaí go bhféadfadh rochtain ar an gcósta cuidiú leis na neamhionannais sláinte seo a laghdú i mbailte agus i gcathracha gar don fharraige. Úsáideadh sonraí ó Shuirbhé Sláinte Shasana sa taighde agus féachadh leis an nasc idir sláinte daoine agus a ngaireacht don chósta a fhiosrú; idir dhaoine a chónaíonn níos lú ná ciliméadar amháin ón gcósta agus daoine a chónaíonn níos mó ná 50 ciliméadar ón gcósta. Cuireann na torthaí leis an bhfianaise atá ag dul i méid maidir leis an gcaoi a bhféadfadh rochtain ar spásanna gorma — go háirithe timpeallachtaí cósta — sláinte agus folláine an duine a fheabhsú. (Ollscoil Exeter)**

A. Léiríodh sa staidéar go bhfuil buntáistí ag baint le leoithní farraige.

B. Bhí meabhairshláinte ní b'fhearr ag daoine bochta gar don chósta ná daoine saibhre istigh faoin tír.

C. Cuireann an staidéar leis an bhfianaise atá ag dul i méid ar na buntáistí a bhaineann le rochtain a bheith ag an duine ar spásanna glasa.

D. Ní féidir a rá go raibh nasc idir gaireacht don chósta agus meabhairshláinte ní b'fhearr don duine atá saibhir.

**72. Cheap eacnamaí an Chúlchiste Fheideárálaigh, Claudia Sahm, Riail Sahm chun tús cúluithe eacnamaíochta a thuar níos tapúla ná an próiseas reatha. Tá sé mar aidhm ag an riail freisin a bheith níos iontaofa ná roinnt de mhéadrachtaí an mhargaidh airgeadais a thugann comharthaí bréagacha uaireanta. Dúirt Sahm gur úsáidí i bhfad an ráta dífhostaíochta i gcomparáid leis na méadrachtaí eile sin. Staitistic shothuigthe atá inti a úsáidtear go forleathan agus léirítear tríthi an tábhacht a bhaineann le cúluithe eacnamaíochta. Nuair a thagann ardú leathphointe céatadáin os cionn ráta íseal na bliana roimhe sin ar an meánráta trí mhí dífhostaíochta, tá an geilleagar díreach tar éis tosú ag cúngú, nó tá tréimhse chúngaithe ar tí tosú. Dúirt Sahm go bhfuil sé seo tarlaithe gach bliain ó na 1970idí agus mhol sí go n-úsáidfí an riail mar bhealach le híocaíochtaí spreagtha a dhéanamh le teaghlaigh go huathoibríoch le cuidiú cúiteamh a dhéanamh ar dheacrachtaí na dífhostaíochta agus, seans, leis an gcúlú eacnamaíochta a ghiorrú gan bheith ag fanacht ar na polaiteoirí aitheantas a thabhairt do na sonraí agus vótáil ar son pacáiste spreagthaí. (*Reuters*)**

A. Glactar le Riail Sahm go forleathan agus is staitistic shothuigthe í.

B. Tá Riail Sahm beartaithe a bheith ina táscaire níos iontaofa maidir le cúlú eacnamaíochta atá le teacht.

C. Tá Riail Sahm níos iontaofa ná roinnt méadrachtaí a úsáidtear sa mhargadh airgeadais.

D. Úsáidfear Riail Sahm le híocaíochtaí spreagtha a dhéanamh le teaghlaigh go huathoibríoch.

**73. Díth codlata in éineacht le turais fhada is cúis le timpistí trucailí go minic. Tugtar le fios i dtuarascáil nua gur mó seans go gcuirfidh aipnia thoirmeascach chodlata (OSA) isteach ar thiománaithe trucailí ar fud na hEorpa toisc nach bhfaigheann siad dóthain codlata agus toisc go mbíonn stíl mhaireachtála neamhghníomhach acu ar an mbóthar. Is príomhthoisc riosca le OSA é an murtall. Tuairiscíodh go raibh níos mó ná 70% de na rannpháirtithe i staidéar a rinne Fondúireacht Scamhóige na hEorpa róthrom agus go raibh fadhbanna análaithe atá bainteach le codladh acu mar gheall air sin. Tuairiscíonn INTERSOM Köln, Ionad Codlata, Leighis agus Taighde, gur tiománaithe trucaile a thiteann ina gcodladh ar feadh nóiméid is cúis le thart ar 30-50% de thimpistí bóthair sa Ghearmáin. Is iad seo na timpistí is tromchúisí, dar le Hans-Günter Weess, mar "nach dtuigeann an tiománaí a bhfuil ag tarlú agus ní féidir leis frithghníomhú. Tarlaíonn timpistí mar gheall ar dhíth codlata sách minic — b'fhéidir dhá uair níos minice ná timpistí arb í tiomáint ar meisce is cúis leo." (*Deutsche Welle*)**

A. Ní féidir a rá gur tiománaithe trucaile ag titim ina gcodladh is cúis le formhór na dtimpistí bóthair sa Ghearmáin.

B. Is minic a tharlaíonn timpistí mar gheall ar thiománaithe a bheith ag titim ina gcodladh ach ní bhíonn siad chomh tromchúiseach céanna le timpistí arb iad tiománaithe ar meisce is cúis leo.

C. Is dócha go mbeidh daoine a bhfuil fadhbanna análaithe a bhaineann le codladh acu róthrom.

D. Ní féidir a rá gur tiománaithe a bhfuil díth codlata orthu atá ina gcúis le timpistí bóthair atá níos contúirtí ná tiománaithe ar meisce.

**74. Tugtar le fios i staidéar a rinneadh sa Chóiré go bhféadfadh daoine a éiríonn dearg san aghaidh tar éis alcól a ól a bheith níos leochailí do na tionchair dhíobhálacha a bhíonn ag alcól ar bhrú fola. Rinneadh comparáid sa staidéar idir an riosca ardbhrú fola i bhfir a éiríonn dearg san aghaidh tar éis alcól a ól, agus daoine nach n-éiríonn dearg san aghaidh. Fuarthas amach go méadaíonn an baol go dtiocfadh ardbhrú fola ar dhuine a éiríonn dearg san aghaidh go dtí leibhéal a d'fhéadfadh a bheith contúirteach nuair a bhíonn níos mó ná ceithre dheoch mheisciúla aige/aici sa tseachtain. Ní thagann méadú ar an mbaol seo i measc daoine nach n-éiríonn dearg san aghaidh ach amháin nuair a ólann siad níos mó ná ocht ndeoch mheisciúla in aghaidh na seachtaine. Thuairimigh taighdeoirí go bhféadfadh leagan lochtach de ghéin ALDH2 a bheith ag daoine a éiríonn dearg san aghaidh. Déanann an ghéin seo substaint in alcól ar a dtugtar aicéataildéad a bhriseadh síos. D'fhéadfadh sé freisin gur méideanna iomarcacha aicéataildéade is cúis leis an deargadh seo san aghaidh agus le hardbhrú fola. Níor cruthaíodh gaol cúisíoch idir an dá cheann go fóill, áfach. Bheadh sé contúirteach a mheas gur féidir le duine nach n-éiríonn dearg san aghaidh a bheith ag pótaireacht leis beag beann ar na himpleachtaí. (*An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte*)**

A. D'fhéadfadh daoine nach n-éiríonn dearg san aghaidh suas le hocht ndeoch mheisciúla a ól gan aon bhaol dá sláinte.

B. Ba mhó an baol a bhí ann do mhná a éiríonn dearg san aghaidh ná fir nach n-éiríonn dearg san aghaidh.

C. D'fhéadfadh riosca ardbhrú fola níos mó a bheith ann dóibh siúd nach bhfuil an cumas acu aicéataildéad a bhriseadh síos.

D. Méideanna iomarcacha aicéataildéid is cúis le deargadh san aghaidh agus le hardbhrú fola.

**75. Is cás hipitéiseach, ach réalaíoch ó thaobh na heolaíochta de, maidir le "meigeastoirm" é ARkStorm (Atmospheric River 1,000 Storm) a d'fhorbair agus a d'fhoilsigh an**

***Multi Hazards Demonstration Project* de chuid Shuirbhé Geolaíoch na Stát Aontaithe, bunaithe ar eachtraí stairiúla. Déanann sé cur síos ar stoirm mhór a d'fhéadfadh cuid mhór de California a scriosadh agus a bheith ina cúis le suas le $725 billiún i gcaillteanais (de bharr tuilte den chuid is mó), agus cur isteach ar an gceathrú cuid de thithe California. Bheadh an teagmhas cosúil le stoirmeacha fíordhian California a tharla idir mí na Nollag 1861 agus mí Eanáir 1862, inar thit beagnach 10 dtroithe báistí in áiteanna in California, thar thréimhse 43 lá. Ciallaíonn an t-ainm "ARkStorm" "Atmospheric River (AR) 1,000 (k)" mar gur tuaradh ar dtús go dtarlódh an stoirm uair amháin gach 1000 bliain. Tugtar le fios i sonraí geolaíocha níos déanaí, áfach, gur dócha go dtarlódh an teagmhas idir gach 100 agus 200 bliain. (*Wikipedia*)**

A. Tarlaíonn ARkStorms idir gach 100 agus 200 bliain nó mar sin.
B. Bheadh sé mícheart a rá gur teoiric áiféiseach iad ARkStorms.
C. Bheadh an chuid is mó de California faoi uisce mar gheall ar ARkStorm.
D. Is lú seans go dtarlóidh ARkStorm sa stát fásaigh in aice láimhe, Arizona.

**76. D'fhógair taighdeoirí gur dócha go bhfuil inchinní agus coirp atá dulta in aois roimh am ag daoine meánaosta a shiúlann go mall. Fuair siad amach go raibh baint ag luas siúil daoine a bhí 45 bliain d'aois le táscairí fisiciúla agus bitheolaíocha "an aosaithe bhrostaithe". Bhí luas siúil ina tháscaire aitheanta ar mhaolú feidhmiúil agus ar bhásmhaireacht i measc seandaoine cheana féin, ach is é seo an chéad staidéar a nascann le sláinte mheánaoise é. Dúirt an t-údar sinsearach, an tOllamh Terrie Moffitt: "Tá a fhios ag dochtúirí go bhfaigheann siúlóirí malla atá sna seachtóidí agus sna hochtóidí bás níos luaithe ná siúlóirí tapa ar comhaois de ghnáth. Fuarthas amach sa staidéar seo, áfach, gur táscaire fadhbanna sláinte an siúl mall blianta fada roimh an tseanaois." Fuarthas amach sa staidéar go bhfuil an tsláinte is fearr ag daoine atá 45 bliain d'aois a bhfuil an luas siúil is tapúla acu. Bhí toirt inchinne ní b'ísle agus tiús coirtéiseach ní b'ísle ar an meán ag na daoine ag a raibh na luasanna ba mhoille, ar táscairí iad sin do neamhoird néaraimheathlúcháin agus shíciatracha. (*Evening Standard*)**

A. Fuarthas amach go mbíonn neamhoird néaraimheathlúcháin agus shíciatracha ar shiúlóirí malla de ghnáth.
B. Tá baint inbhéartach idir luas siúil duine agus an chaoi a bhfuil siad ag aosú.
C. Is féidir le luas siúil linbh an chaoi a rachaidh siad in aois níos déanaí sa saol a shocrú.
D. Gheobhaidh siúlóirí malla sna seachtóidí agus sna hochtóidí bás níos luaithe ná siúlóirí tapa.

**77. Is minic a spreagann an teicneolaíocht défhiús ionainn: tá a fhios againn go bhfuil an iomarca ar eolas ag Facebook agus Google fúinn, ach úsáidimid a gcuid seirbhísí go fóill mar go bhfuil siad chomh háisiúil sin. Cothaíonn glórchúntóirí deighilt as an ngnáth idir daoine, áfach. I gcás daoine a cheapann go bhfuil glórchúntóirí mailíseach agus sáraitheach, síleann siad go bhfuil daoine atá an-tugtha dóibh ró-réchúiseach, ach maidir leo siúd a cheapann go bhfuil glórchúntóirí úsáideach agus neamhurchóideach, is teicneafóbaigh pharanóideacha na sceiptigh, dar leo. (*The Guardian*)**

A. Úsáideann daoine Facebook agus Google mar nach bhfuil siad buartha faoi phríobháideachas.
B. Tá tuairimí an-deighilte ag daoine maidir le glórchúntóirí toisc go bhfuil siad sáraitheach.
C. Is teicneafóbaigh iad na daoine a bhfuil amhras orthu faoi ghlórchúntóirí.
D. Tá deighilt ar leith ann idir daoine maidir le glórchúntóirí, agus tuairimí an-éagsúil acu maidir leo.

**78. Is riocht súl coitianta é glácóma ina ndéantar damáiste don néaróg optach, a cheanglaíonn an tsúil leis an inchinn. De ghnáth, is é is cúis leis seo ná carnadh sreabháin sa chuid tosaigh den tsúil, rud a chuireann leis an mbrú laistigh den tsúil. Is féidir le glácóma a bheith ina chúis le teip amhairc mura ndiagnóisítear é agus mura gcuirtear cóir leighis air go luath. Is féidir leis cur isteach ar dhaoine de gach aois, ach bíonn sé níos coitianta ina measc siúd atá sna seachtóidí agus sna hochtóidí. Ní bhaineann aon airíonna le glácóma ar dtús de ghnáth. Forbraíonn sé go mall i gcaitheamh na mblianta de ghnáth agus téann sé i bhfeidhm ar chiumhaiseanna an amhairc (amharc forimeallach) ar dtús. Ar an ábhar seo, ní thuigeann a lán daoine go bhfuil glácóma orthu, agus is minic nach n-aimsítear é ach ag gnáth-thástáil súl. Ó thaobh na n-airíonna de, d'fhéadfadh amharc doiléir a bheith agat, nó d'fhéadfá ciorcail dhea-dhathacha a fheiceáil timpeall soilse geala. Cuirtear isteach ar an dá shúil de ghnáth, cé go bhféadfadh sé a bheith níos measa i súil amháin. (*An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte*)**

A. Má bhaineann duine na nóchaidí amach gan glácóma a fháil, is dócha nach dtiocfaidh sé air ar chor ar bith.
B. A luaithe agus a théann glácóma i bhfeidhm ar amharc forimeallach, ní féidir aon rud a dhéanamh lena leigheas.

C. Carnadh sreabháin sa chuid tosaigh den tsúil is cúis le glácóma ó am go ham.

D. Is é an dainséar a bhaineann le glácóma ná nach dtuigeann go leor daoine go bhfuil sé ag teacht orthu.

**79. Is ionann hipirtheannas scamhógach agus ardbhrú fola sna fuileadáin a sholáthraíonn na scamhóga (artairí scamhógacha). Is riocht tromchúiseach é seo a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don taobh deas den chroí. Éiríonn ballaí na n-artairí scamhógacha tiubh agus righin, agus níltear in ann leathnú chomh maith sin le fuil a ligean tríothu. Bíonn sé níos deacra don taobh deas den chroí fuil a phumpáil trí na hartairí mar gheall ar an imshruthú fola laghdaithe. Má bhíonn ar an taobh deas den chroí oibriú go crua i gcónaí, is féidir leis éirí níos laige. Is féidir leis seo a bheith ina chúis le cliseadh croí. Is riocht neamhchoitianta é hipirtheannas scamhógach ar féidir leis teacht ar dhaoine de gach aois, ach tá sé níos coitianta i measc daoine a bhfuil riocht croí nó scamhóg eile orthu. (*An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte*)**

A. Hipirtheannas scamhógach is cúis le tuirse croí, agus d'fhéadfaí bás a fháil mar gheall air sin.

B. Ní féidir a rá go gcuireann hipirtheannas scamhógach isteach ar sheandaoine go príomha.

C. Is annamh a bhíonn hipirtheannas scamhógach ar dhuine gan riochtaí eile a bheith orthu freisin.

D. Bíonn tionchar ag hipirtheannas scamhógach ar an taobh deas den chroí go príomha.

**80. Tá sé léirithe ag eolaithe go bhfhéadfaí moill a chur ar mheath inchinne i ndaoine ag a bhfuil seans galar Alzheimer a tholgadh ach aclaíocht a dhéanamh ar feadh 30 nóiméad ceithre huaire sa tseachtain. Fuair taighdeoirí in Ollscoil Texas amach gur mheath daoine ag a raibh carnadh béite-phróitéin aimileoideach san inchinn − comhartha luath go bhfuil galar Alzheimer ag teacht − ní ba mhoille sa réigiún den inchinn atá ríthábhachtach do chuimhne má rinne siad aclaíocht rialta ar feadh bliana. Deir eolaithe go dtugtar le fios sna torthaí gur féidir le babhtaí traenála aeróbacha tionchair an ghalair a mhoilliú ar a laghad má dhéantar idirghabháil sna céimeanna luatha. "Cad ba chóir duit a dhéanamh má tá carnadh aimileoideach san inchinn agat? Ní féidir le dochtúirí rud ar bith a ordú duit faoi láthair," a dúirt an Dr Rong Zhang. "Más féidir na torthaí sin a athchruthú i dtriail níos mó, b'fhéidir go mbeidh dochtúirí ag insint d'othair ardriosca lá éigin tús a chur le plean aclaíochta. Ní haon dochar é a dhéanamh anois i ndáiríre." (*The Telegraph*)**

A. Ach aclaíocht a dhéanamh ar feadh 20 nóiméad sé huaire sa tseachtain, d'fhéadfaí moill a chur ar mheath inchinne.

B. Ní féidir a rá go bhfuair na taighdeoirí amach gur féidir leis an aclaíocht na tionchair a bhaineann le galar Alzheimer a mhoilliú.

C. Tá babhtaí traenála ard-déine níos éifeachtaí ná aclaíocht bhog.

D. Ní féidir a rá go gceapann na taighdeoirí go bhféadfadh aclaíocht a bheith ina cóireáil úsáideach do ghalar Alzheimer luath.

**81. "Nuair a bhíonn an ghealach íseal sa spéir," arsa an réalteolaí Bob Berman, "bíonn sí níos faide uait ná mar a bhíonn sí nuair a bhíonn sí díreach os do chionn. Mar gheall air seo, caithfidh an solas atá á fhrithchaitheamh ar an ngealach gar d'fhíor na spéire taisteal achar níos faide — agus trí níos mó cáithníní aeir — le do shúile a bhaint amach. Faoin am a thugaimid an solas seo faoi deara, tá na tonnfhaid solais níos giorra, na cinn 'ghorma', scaipthe ag an aer agus ní bhaineann ach na tonnfhaid níos faide, na cinn 'dhearga', ár súile amach dá bharr sin," a dúirt sé. "Mar sin, scagtar na dathanna scothghorma amach agus bíonn imir oráiste ar an ngealach!" "Ar an lámh eile, nuair a bhíonn an ghealach díreach os do chionn, ní bhíonn ar an solas taisteal tríd an oiread céanna cáithníní aeir le dul chomh fada linn toisc go bhfuil an ghealach níos gaire dúinn. Ní scaiptear an méid céanna solais mar gheall air sin. Cuireann sé seo ar chumas níos mó tonnfhaid ghorma ár súile a bhaint amach, agus tugann sé seo dath níos gile don ghealach agus gan an dath láidir oráiste a bheith uirthi. (*Newsweek*)**

A. Ní thaistealaíonn tonnfhaid níos giorra tríd an atmaisféar chomh maith le tonnfhaid níos faide.

B. Dealraíonn an ghealach níos mó ar fhíor na spéire mar gheall ar an gcaoi a scaiptear tonnta solais.

C. Ní féidir a rá go dtugtar dath na gealaí faoi deara ar bhealach níos cruinne nuair a bhíonn sí os do chionn.

D. Dealraíonn an ghealach níos lú nuair a bhíonn sí níos gaire duit mar gur féidir leat na tonnta solais níos giorra a fheiceáil.

**82. Tá comharthaí feicthe ag réalteolaithe a thugann le fios go bhfuil uisce ag titim i bhfoirm báistí in atmaisféar eiseapláinéid. K2-18 b an t-ainm atá ar an bpláinéad agus níl sé mórán níos mó ná an Domhan agus é suite 34 parsoic (110 solasbhliain) uainn. Bhain taighdeoirí barr cumais as spásteileascóip Hubble agus Spitzer le breathnú ar an gcaoi a ndeachaigh solas ó réalta K2-18 b trí atmaisféar an phláinéid, agus tháinig siad ar chomharthaí a léirigh go raibh galuisce ag comhdhlúthú ina uisce leachtach. Ar ndóigh, cé go bhféadfadh uisce a bheith san atmaisféar de phláinéad atá ar**

**cóimhéid leis an Domhan, níl sé le tuiscint uaidh sin go bhfuil neacha beo air freisin: féach ar Véineas, mar shampla. (*Nature*)**

A. Chonaic réalteolaithe braoiníní uisce ar eiseapláinéad i bhfad ar shiúl.

B. D'fhéadfadh sé go bhfuil níos mó uisce báistí ag pláinéad i bhfad ar shiúl ná mar atá ag an Domhan.

C. Mar atá amhlaidh i gcás Véineas, is beag seans go bhfuil aon neach beo ar an bpláinéad.

D. Caithfidh pláinéad a bheith chomh mór leis an Domhan le huisce a bheith aige ina atmaisféar.

**83. Tá cáil ar Framingham Heart Study 1992 i gcónaí as airde a chaighdeáin maidir le staidéir ar shláinte fhadtéarmach. Rinne an staidéar rianú ar oibrithe thar thréimhse 20 bliain. Fuarthas amach go raibh "seans 30% níos mó ag fir nach dtéann ar saoire go mbuailfeadh taom croí iad agus d'ardaigh an seans seo go 50% do mhná," de réir Brigid Schulte. Tá na huimhreacha sin iontaofa fiú tar éis do thaighdeoirí tosca sláinte eile a chur san áireamh, amhail diaibéiteas, caitheamh toitíní, leibhéil ioncaim agus murtall. Thacaigh conclúidí an staidéir le staidéir thaighde eile den chineál céanna. "Léiríonn sé conas a fhreagraíonn an corp don strus. Is fianaise cheart é seo go bhfuil laethanta saoire tábhachtach do do shláinte," a dúirt Elaine Eaker, comhúdar an staidéir, leis an New York Times. (*CNN Travel*)**

A. Is leor saoire bhliantúil le strus an duine a laghdú agus a shláinte a fheabhsú.

B. Ní féidir a rá gur cuireadh isteach ní ba mhó ar mhná nach dtéann ar saoire.

C. Bhí rátaí an riosca go mbuailfeadh taom croí duine mar an gcéanna fiú nuair a coigeartaíodh iad don aclaíocht.

D. Ní féidir a rá go gcuirtear isteach ar fhir agus ar mhná go cothrom nuair nach dtéann siad ar saoire.

**84. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar líon na gcásanna ina chuireann báisteach — gan trácht ar thíofúin, tuilte nó teas — stop le himirt cluichí spóirt mar go bhfuil teagmhais aimsire áirithe ag éirí níos déine mar gheall ar an athrú aeráide. I gcás stoirmeacha amhail Tíofún Hagibis, coinníonn atmaisféar níos teo níos mó galuisce, agus bíonn na stoirmeacha sin níos déine mar gheall air sin. Tharla níos mó tubaistí nádúrtha in 2018 ná aon bhliain chomh fada siar le 1980, de réir an athárachóra, Munich Re. Amach anseo, beidh seans níos mó go dtarlóidh stoirmeacha agus tuilte i réigiúin chósta, agus beidh tonnta teasa agus maidhmeanna tuilte i réigiúin intíre, dar le Piers Forster, ollamh le fisic aeráide. Fuarthas amach i staidéar in 2016 gur éirigh tíofúin na hÁise, amhail an tíofún a tharla sa tSeapáin, 50% níos láidre le 40 bliain anuas. Tá na stoirmeacha trópaiceacha atá ag tarlú i Meiriceá ag éirí níos láidre freisin. Maidir le himeachtaí spóirt, deir Forster "nach bhfuil áit ar bith sábháilte." (*The Economist*)**

A. Tá na tíofúin a tharlaíonn i dtíortha na hÁise níos láidre ná na stoirmeacha trópaiceacha a tharlaíonn i Meiriceá.

B. D'éirigh stoirmeacha, amhail an stoirm a tharla sa tSeapáin, leath chomh láidir le 40 bliain anuas.

C. D'éirigh tíofúin na hÁise ní ba láidre agus ní ba thapúla ná na stoirmeacha trópaiceacha a tharlaíonn i Meiriceá.

D. Ní féidir a rá go bhfuil gach teagmhas aimsire ag éirí níos déine mar gheall ar an athrú aeráide.

**85. Fuarthas amach i staidéar nua a foilsíodh in The Lancet Respiratory Medicine go bhféadfaí an damáiste a dhéantar do na scamhóga nuair nach gcaitear ach dornán toitíní in aghaidh an lae a bheith cosúil leis an damáiste a dhéantar nuair a chaitheann duine níos mó ná paca iomlán sa lá. Má chaitear níos lú ná cúig thoitín in aghaidh an lae, déantar thart ar dhá thrian den damáiste do na scamhóga agus a dhéantar dá gcaithfí 30 toitín nó níos mó in aghaidh an lae, de réir an staidéir. I bhfocail eile, d'fhéadfadh an duine nach gcaitheann mórán tobac an méid céanna d'fheidhmiú na scamhóg a chailleadh i mbliain amháin agus a chaillfeadh duine a chaitheann go leor tobac laistigh de naoi mí. Deir comhúdar an staidéir, an Dr Elizabeth Oelsner, gur chóir go gcuirfeadh na torthaí ina luí ar dhaoine gan tobac a chaitheamh ar chor ar bith — ach nár chóir go gcuirfidís stop le daoine an méid toitíní a chaitheann siad sa lá a laghdú. Ach é sin a dhéanamh, d'fhéadfadh sé a bheith ina chéim thábhachtach i dtreo éirí as caitheamh tobac go hiomlán, agus is féidir buntáistí suntasacha sláinte a bheith ag baint leis freisin. (*Time*)**

A. Fiú mura gcaitheann duine ach a leath oiread de na toitíní a chaitheann sé/sí go hiondúil, ní dhéanfadh sé mórán difir don bhaol atá ann go ndéanfaí damáiste do scamhóga an té a chaitheann go leor toitíní.

B. Fuarthas amach go ndearna toitíní an oiread céanna damáiste do scamhóga an duine nach gcaitheann mórán tobac is a dhéanann don duine a chaitheann go leor tobac.

C. Is mó seans go n-éireoidh daoine as caitheamh tobac go hiomlán ar deireadh má ghearrann siad siar ar an méid toitíní a chaitheann siad.

D. Dúirt dochtúirí nach mbaineann daoine mórán tairbhe as gearradh siar ar an méid toitíní a chaitheann siad.

**86. In ainneoin na laigí a bhaineann leo, tá tosca tionchair fós ina bpríomhbhealach trína ndéanann acadóirí "caighdeán na heolaíochta a mheas". Fo-iarmhairt amháin**

**a bhaineann leis na tosca tionchair is ea an spreagadh a thugann siad d'eagarthóirí iallach a chur ar údair luanna a úsáid a thagraíonn dá n-iris féin. Ní thagraíonn féinlua comhéigneach do na gnáth-threoracha maidir le lua a thugtar le linn próiseas piarmheasúnaithe agus a bhfuil sé mar aidhm aige alt acadúil a fheabhsú. Tagraíonn féinlua comhéigneach d'iarratais nach dtugann le fios nach raibh dóthain luanna sa lámhscríbhinn; nach dtugann aon mholadh maidir le hailt nó údair shonracha nó bailiúchán saothar faoi leith nach mór léirmheas a dhéanamh air; agus nach ndéanann ach treoir a thabhairt d'údair luanna ó iris an eagarthóra a chur isteach. Tarraingítear aird ar an bhfadhb sa mhéid seo a bhí le rá ag eagarthóir inar sonraíodh coinníoll foilsithe: "luann tú Leukemia [uair amháin i 42 tagairt]. Dá bharr sin, iarraimid ort tagairtí d'ailt a foilsíodh in Leukemia a chur le d'alt reatha". D'fhéadfaí teanga níos séimhe a úsáid, ach tá an teachtaireacht soiléir: Úsáid luanna nó b'fhéidir go ndiúltófar roimh d'alt. (*Science Magazine*)**

A. Ní bealach iontaofa iad tosca tionchair le caighdeán na heolaíochta a mheas.

B. Chonacthas go raibh luanna neamhriachtanacha le fáil ar bhonn rialta in ailt acadúla.

C. Tarlaíonn luanna comhéigneacha nuair a iarrann eagarthóirí irisí ar údair tuilleadh luanna a úsáid nó glacadh leis an riosca go bhféadfaí diúltú roimh an alt.

D. Seans gur ghá luanna iomarcacha a chur i roinnt alt acadúil le go bhfoilseofar iad.

**87. Fuarthas amach i staidéar nua "gur féidir le loingeán in ailt an duine é féin a dheisiú trí phróiseas atá cosúil leis an gceann a úsáideann ainmhithe, amhail salamandair agus éisc shéabracha, le géaga a athghiniúint". D'fhéadfadh na torthaí seo an bealach a réiteach do chóireálacha nua do ghortuithe agus galair na n-alt, amhail oisté-airtríteas agus b'fhéidir go mbeifí in ann géaga an duine féin a athghiniúint amach anseo. Tá a fhios ag eolaithe ar feadh na mblianta go bhfuil cumais áirithe athghiniúna ag an duine -- nuair a theasctar barra méar leanaí, is féidir leis an mbarr athghiniúint nuair a chuirtear cóireáil cheart air. Creidtear go forleathan, áfach, go bhfuil na cumais seo teoranta, agus nach raibh daoine in ann cur in aghaidh damáiste carnach dá n-ailt, dar leis an staidéar – ach tá sé sin bréagnaithe ag na torthaí nua seo anois. D'fhéadfadh impleachtaí ollmhóra a bheith aige seo do lúthchleasaithe nó do dhaoine a bhfuil gortuithe ailt orthu. Deirtear sa staidéar go bhféadfaí microRNA a instealladh sna hailt nó a fhorbairt ina chógais a chuireann cosc le hairtríteas nó a aisiompaíonn é. D'fhéadfadh sé fiú an bhunchloch a leagan d'athghiniúint ghéaga an duine sa todhchaí. (*CNN Health)***

A. Fuarthas amach sa staidéar go raibh cóireálacha nua ann le gortuithe ailt a dheisiú.

B. D'fhéadfaí géaga an duine a athghiniúint amach anseo mar gheall ar an staidéar seo.

C. Tá cumais theoranta athghiniúna ag an duine cheana féin.

D. Tá loingeán an duine in ann é féin a dheisiú ar an gcaoi chéanna a n-athghineann salamandair géaga.

**88. Fuair eolaithe amach go raibh oscailteacht do thaithí — tréith a bhaineann le fiosracht agus samhlaíocht níos fearr — ag scaradh polaiteoirí a bhuaigh toghcháin ó na daoine a chaill. Ba lú seans go mbuafadh iarrthóirí ní b'oscailte a suíochán, agus scóráil iarrthóirí a bhuaigh a suíochán 0.24 pointe ní b'ísle ar scála seacht bpointe na hoscailteachta. Cé go raibh baint ag oscailteacht do thaithí le seasamh i dtoghchán, ba lú an seans go mbuafadh iarrthóir a raibh an tréith seo ag baint leo. Cén fáth a mbeadh sé sin amhlaidh? Baineann an tréith seo le tuairimí de chuid na heite clé a bheith ag duine, agus d'fhéadfadh polaiteoirí a fhaigheann scór níos airde vótálaithe a bhfuil claonadh acu i dtreo na heite deise a choimhthiú — cé nár thug na taighdeoirí faoi deara go raibh an "pionós" a ghearrtar ar iarrthóirí atá níos oscailte níos measa i gceantair atá coimeádach go traidisiúnta. D'fhéadfadh sé freisin nach mbíonn daoine atá an-oscailte do smaointe nua chomh maith sin ag cloí lena dteachtaireachtaí polaitiúla féin — agus bíonn sé tábhachtach do vótálaithe teachtaireachtaí comhsheasmhacha a fháil. (*Cumann Síceolaithe na Breataine*)**

A. Bíonn tuairimí de chuid na heite clé ag daoine a bhfuil leibhéil níos airde oscailteachta i leith taithí acu.

B. Bíonn polaiteoirí nach bhfuil bua na samhlaíochta acu níos fearr ó thaobh toghcháin a bhuachan.

C. Bíonn sé deacair do dhaoine atá oscailte do thaithí cloí lena dteachtaireacht.

D. Dá laghad oscailteacht iarrthóra do thaithí nua, is mó seans atá ann go n-éireoidh leis/léi i dtoghchán.

**89. Tugtar le fios i staidéar nua gur lú an seans go n-úsáidfidh déagóirí cannabas in áiteanna a ndearnadh an druga dleathach. Cé gur tháinig méadú ar an úsáid a bhain an t-aos óg sna Stáit Aontaithe as cannabas idir 1993 agus 2017, tháinig laghdú beagnach 10% ar an seans go n-úsáidfeadh déagóirí é i stáit ina ndearnadh úsáid áineasa dleathach. Dúirt príomhúdar an staidéir, Mark Anderson, gur chóir go maolóidh an staidéar an imní atá ar dhaoine áirithe go dtiocfaidh méadú ar an úsáid a bhaintear as cannabas i measc déagóirí. Dúirt an Dr Anderson go mbíonn sé deacair do dhéagóirí de ghnáth cannabas a cheannach ó íoclanna ceadúnaithe –**

**ina mbíonn cruthúnas aoise ag teastáil – seachas ó mhangairí, agus d'fhéadfadh sé sin cuid den laghdú a mhíniú. Is minic a bhíonn cannabas a dhíoltar in íoclanna níos costasaí freisin. Dúirt an Dr Anderson nár aimsigh na taighdeoirí aon athrú nuair a rinneadh cannabas míochaine dleathach − ach chonaic siad athrú nuair a rinneadh an druga dleathach chun críocha áineasa. (*BBC News*)**

A. Is é cannabas áineasa, seachas cannabas míochaine, a dhéanamh dleathach a rinne an difear i measc déagóirí.

B. Bhí praghas an channabais ró-ard do dhéagóirí nuair a rinneadh dleathach é.

C. Ní féidir a rá gurb é cannabas a dhéanamh dleathach an réiteach le deireadh a chur leis an úsáid a bhaintear as i measc déagóirí.

D. Nuair a bhíonn cannabas dleathach, ní bhíonn sé chomh faiseanta céanna agus baintear níos lú úsáide as dá bharr sin.

**90. Sa réalteolaíocht, tugtar an baralár ar mhaislár dhá rinn nó níos mó a bhíonn ar fithis thart ar a chéile agus is ionann é agus an pointe a mbíonn na reanna ar fithis timpeall air. Má tá ceann amháin de dhá rinn atá ar fithis i bhfad níos ollmhó ná an ceann eile agus má tá na reanna réasúnta gar dá chéile, is laistigh den réad níos ollmhó de ghnáth a bheidh an baralár. Sa chás seo, seachas an dá rinn a bheith ar fithis ar phointe eatarthu, beidh an chuma ar an rinn níos lú go bhfuil sé ar fithis timpeall an rinn níos ollmhó, agus an seans ann go gceapfaí go bhfuil an rinn níos ollmhó ar creathadh beagán. Nuair a bhíonn mais an dá rinn cosúil lena chéile, beidh an baralár i lár báire eatarthu de ghnáth agus beidh an dá rinn ar fithis timpeall air. Nuair a bhíonn an réad níos lú i bhfad ar shiúl, d'fhéadfadh an baralár a bheith suite lasmuigh den réad níos ollmhó. (*Wikipedia*)**

A. Tá baralár fhithis Iúpatair lasmuigh den Ghrian.

B. Ciallaíonn baralár lasmuigh de réad neamhaí go bhfuil an t-achar ollmhór.

C. Ní féidir a rá go mbíonn réad ar fithis thart ar lár réada eile.

D. Fithis an Domhain is cúis le creathadh beag sa Ghrian.

**91. Áitíodh nár chóir tús a chur ar chor ar bith le misean idir-réaltach nach féidir a chríochnú laistigh de 50 bliain. Ina ionad sin, agus talamh slán a dhéanamh go bhfuil sibhialtacht ar chuar méadaitheach de threoluas an chórais tiomána fós agus nach bhfuil an teorainn bainte amach go fóill aici, ba cheart na hacmhainní a infheistiú i ndearadh córais tiomána níos fearr. Tá sé sin amhlaidh toisc gur dócha go scoithfeadh spásárthach a sheolfaí níos déanaí agus tiomáint níos forbartha aige (postaláid leanúnach na dífheidhmeachta) spásárthach mall. Ar an lámh eile, tá sé léirithe ag Andrew Kennedy má ríomhann duine achar an turais go dtí ceann scríbe áirithe de réir mar a mhéadaíonn ráta an luais taistil a dhíorthaítear ó fhás (fiú fás easpónantúil), go bhfuil íosmhéid soiléir ann san am iomlán go dtí an ceann scríbe sin ón bpointe seo. Déanfaidh aistir a fhágfaidh ag an íosmhéid na haistir a dtabharfar fúthu roimh an íosmhéid a scoitheadh, ach ní scoithfidh aistir a fhágfaidh tar éis an íosmhéid na haistir sin a fhágfaidh ag an íosmhéid go deo. (*Wikipedia*)**

A. Rachaidh spásárthach a sheolfar i gceann 25 bliain thar spásárthach a sheoltar inniu.

B. Glactar leis níos mó ná riamh nár cheart tús a chur le misin idir-réaltacha nach féidir a chur i gcrích laistigh de 50 bliain.

C. Níl dóthain acmhainní á gcaitheamh le córais tiomána a fheabhsú.

D. Fad is atá an teicneolaíocht ag feabhsú go tapa, d'fhéadfadh misin níos nuaí misin níos sine a scoitheadh.

**92. D'iarr taighdeoirí ar 76 fochéimí (bhí dúlagar ar leath na bhfochéimithe seo) éisteacht le gearrthóga éagsúla de cheol clasaiceach. Fuair na heolaithe amach gur léirigh rannpháirtithe a raibh dúlagar orthu gurbh fhearr leo éisteacht le ceol brónach seachas ceol sona, cosúil le staidéar a rinneadh in 2015. Ansin, thug na taighdeoirí gearrthóga nua de cheol sona agus brónach do na rannpháirtithe agus d'iarr siad orthu cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar mhothaigh siad. Arís, b'fhearr leis na rannpháirtithe a raibh dúlagar orthu an ceol brónach, ach dúirt siad freisin go raibh siad ní ba shona tar éis éisteacht leis an gceol brónach. "Bhí siad ag mothú níos fearr tar éis éisteacht leis an gceol brónach ná mar a mhothaigh siad roimh ré," arsa comhúdar an staidéir, Jonathan Rottenberg. Is cosúil gur chuir an ceol seo na rannpháirtithe ar a suaimhneas. Tugann an méid sin dúshlán faoin tuiscint choitianta go n-éisteann daoine brónacha le ceol brónach le go mothóidh siad níos measa nuair a d'fhéadfadh sé a bheith ina straitéis le déileáil le deacrachtaí an tsaoil. (*The Verge*)**

A. Ní bhíonn aon ról ag ceol sona i ndáil le mothúcháin daoine a fheabhsú.

B. Tá údar leis an tuairim go gcuireann ceol brónach feabhas ar ghiúmar daoine a bhfuil dúlagar orthu.

C. B’fhearr le daoine a bhfuil dúlagar orthu ceol brónach ós rud é nach dtabharfadh sé ardú croí dóibh.

D. Ní bhfuarthas amach go raibh na buntáistí céanna ag ceol brónach gutha is atá ag ceol uirlise.

**93. Tá na Stáit Aontaithe tar éis titim ar gcúl ar roinnt tíortha ar fud an domhain maidir le soghluaisteacht oideachais agus gnóthachtáil oideachais ar leibhéal na hollscoile. San am a chuaigh thart, sháraigh líon na ndaoine óga a bhí ag freastal ar an ollscoil agus a bhain céim amach líon na ndaoine a rinne amhlaidh sa ghlúin a chuaigh rompu. Ní bhíonn sé sin fíor i gcónaí sa lá atá inniu ann, áfach, agus tá líon na n-aosach óg a bhfuil ardoideachas á chur orthu ag dul i laghad i gcomparáid lena dtuismitheoirí. Tá roinnt tosca ag cur leis an treocht seo. Tá an costas ar cheann de na cúiseanna is mó go bhfuil níos lú daoine ag dul chun na hollscoile. Tháinig méadú mór ar chostais teagaisc na n-ollscoileanna poiblí le blianta beaga anuas, rud a fhágann nach mbíonn rochtain chothrom ag gach uile dhuine ar an oideachas. Léiríonn sé seo go mbíonn sé níos deacra do dhaoine ó aicmí socheacnamaíocha níos ísle íoc as agus freastal ar an ollscoil. (*worldatlas.com*)**

A. Ní féidir a rá go bhfuil an t-ardú ar na táillí teagaisc le brath go cothrom ar fud na sochaí.

B. Bhí na Stáit Aontaithe chun cinn ar fud an domhain roimhe seo maidir le gnóthachtáil an oideachais ollscoile.

C. Tá costas an teagaisc ar an gcúis is mó a bhfuil níos lú daoine ag freastal ar an ollscoil.

D. In ainneoin laghdú le déanaí, tá níos mó daoine ag dul chun na hollscoile sa lá atá inniu ann i gcomparáid le glúin a dtuismitheoirí.

**94. Is riocht é siondróm uathghrúdaireachta ina dtáirgtear eatánól trí choipeadh inghiniúil ag fungais nó baictéir sa chóras gastraistéigeach. Bíonn go leor comharthaí sóirt agus airíonna de chuid an mheisce alcóil ar othair a bhfuil siondróm uathghrúdaireachta orthu, ach séanann siad gur ól siad alcól agus is minic a thugann siad le fios go bhfuil aiste bhia lán siúcra, lán carbaihiodráití acu. Tarlaíonn táirgeadh an eatánóil inghiniúil i mionmhéideanna mar chuid den ghnáthdhíleá, ach nuair a éiríonn giosta nó baictéir atá ag coipeadh pataigineach, d’fhéadfadh leibhéil alcóil san fhuil ardú go mór. Bíonn siondróm uathghrúdaireachta níos coitianta i measc othar a bhfuil comhghalrachtaí orthu, amhail diaibéiteas, murtall agus galar Crohn, ach d’fhéadfadh sé teacht ar dhaoine atá folláin seachas sin freisin. Aithnítear roinnt tréithchineálacha de ghiostaí atá ag coipeadh agus de bhaictéir neamhchoitianta mar phataiginí. Cé gurb annamh a dhiagnóisítear siondróm uathghrúdaireachta, is dócha go dtearcdhiagnóisítear é. (*ncbi.nlm.nih.gov*)**

A. Is le diaibéiteas is mó a nasctar siondróm uathghrúdaireachta.

B. Táirgeann gach duine alcól ina c(h)óras mar ghnáthchuid den díleá.

C. Táirgeann daoine a bhfuil siondróm uathghrúdaireachta orthu meatánól ina gcóras díleá.

D. Tá siondróm uathghrúdaireachta míchaoithiúil, ach ní móide go bhfuil sé contúirteach.

**95. I staidéar a foilsíodh san iris Proceedings of the National Academy of Sciences, léirigh meitheal eolaithe gur féidir buntáiste socheacnamaíoch a mhapáil le fuíolluisce. Go sonrach, chonacthas go mbíonn leibhéil níos airde vitimíní, citris, agus snáithín san fhuíolluisce i bpobail níos saibhre ina mbíonn gnóthachtáil oideachais níos airde ag daoine, ach bíonn leibhéil níos airde pianmhúchán ar oideas agus cógais frithdhúlagráin san fhuíolluisce i bpobail níos boichte ina mbíonn níos lú oideachais ar dhaoine de ghnáth. “Cé gur úsáideadh [eipidéimeolaíocht bunaithe ar fhuíolluisce] go príomha le caitheamh drugaí a thomhas, léiríodh sna torthaí gur féidir í a úsáid le patrúin nó éagothromaíochtaí sochdhéimeagrafacha a bhaineann le caitheamh ceimiceán nó le comhpháirteanna bia áirithe a aithint,” a scríobh an fhoireann. (*inverse.com*)**

A. Ní féidir a rá go raibh baint ag gnóthachtáil oideachais ní b’airde le haiste bhia ní b’fhearr.

B. Is cosúil go bhfuil comhchoibhneas ann idir an úsáid a bhaintear as faoisitheoirí péine ar oideas agus níos lú oideachais.

C. Ghlac daoine frithdhúlagráin mar gheall ar a stádas socheacnamaíoch.

D. Ní féidir a rá gur féidir an staidéar ar fhuíolluisce a úsáid le patrúin i dtaca leis an ngnóthachtáil scoile a léiriú.

**96. Déanann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte cur síos ar neamhord cluichíochta mar phatrún iompraíochta cluichíochta a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcomharthaí sóirt aige: “smacht lagaithe ar an gcluichíocht, tús áite níos mó tugtha don chluichíocht seachas do ghníomhaíochtaí eile sa mhéid go mbíonn an lámh in uachtar ag an gcluichíocht ar chaithimh aimsire agus ar ghníomhaíochtaí laethúla eile, agus leanúint leis an gcluichíocht nó cur léi**

**in ainneoin na n-iarmhairtí diúltacha". Cháin gnólachtaí físchluichí an cinneadh leis an neamhord cluichíochta a rangú ina riocht meabhairshláinte den chéad uair go mór. D'áitigh siad nach raibh an cinneadh bunaithe ar fhianaise sách láidir agus gur chruthaigh sé riosca go ndéanfaí mídhiagnóisiú ar othair. Thug an t-eolaí néarchórais Nastasia Griffioen rabhadh le déanaí faoi na contúirtí a bhaineann le daoine a stiogmatú as ucht a bheith tugtha d'físchluichí. "Má dhéanfaimid stiogmatú ar dhaoine go bunúsach mar go bhfuil siad tugtha d'fhíschluichí, b'fhéidir go dtógfaimis na físchluichí sin uathu nuair a d'fhéadfaidís a bheith ag cuidiú leo déileáil le fadhb níos doimhne agus níos bunúsaí, amhail dúlagar nó imní", a dúirt sí. (*videogameschronicle.com*)**

A. Cuireann lucht déanta físchluichí in aghaidh neamhord cluichíochta a rangú mar gheall ar chaillteanas brabúis a d'fhéadfadh a bheith ann.

B. Cuidíonn físchluichí le daoine déileáil le bunfhadhbanna eile.

C. Bhí an cinneadh le neamhord cluichíochta a rangú ina chúis le conspóid mhór.

D. Seans nach bhfuil i riocht atá rangaithe ina riocht meabhairshláinte ach rud éigin a chabhraíonn le duine déileáil le cúrsaí an tsaoil.

**97. Is ionann teorainn Roche agus an t-achar ina ndíscaoilfidh rinn neimhe, atá á choinneáil le chéile lena fhórsa domhantarraingthe féin amháin, mar gheall ar fhórsaí taoide an dara rinn neimhe a bheith níos láidre ná féin-aomadh imtharraingteach na chéad rinne. Laistigh de theorainn Roche, scaipeann ábhar fithiseach agus déantar fáinní as, ach tá claonadh ag an ábhar lasmuigh den teorainn comhtháthú. De ghnáth, baineann teorainn Roche le satailít a dhíscaoileann mar gheall ar fhórsaí taoide arna spreagadh ag an rinn príomhúil, arb í an rinn a bhfithisíonn an tsatailít timpeall air. Aomann domhantarraingt ón rinn príomhúil codanna den tsatailít atá níos gaire don rinn príomhúil níos mó ná codanna atá níos faide uaithi; an éifeacht atá aige seo ná go dtarraingíonn an éagothroime seo na codanna i ngar is i gcéin ó chéile, agus má tá an éagothroime (in éineacht le haon éifeacht lártheifeach a bhaineann le casadh an réada) níos mó ná an fórsa domhantarraingthe a choinníonn an tsatailít le chéile, d'fhéadfadh sí an tsatailít a stróiceadh ó chéile. (*Wikipedia*)**

A. Chruthaigh gealach a thit taobh istigh de theorainn Roche fáinní Shatairn.

B. Is leor domhantarraingt pláinéid níos mó le satailít a stróiceadh ó chéile.

C. Is féidir le satailít fórsaí taoide a chruthú a réabfaidh ó chéile í.

D. Tá feidhm ag teorainn Roche nuair atá imtharraingt an réada féin níos laige ná fórsaí taoide.

**98. Tarlaíonn téamh taoide trí phróisis frithchuimilte taoidmhire: scaiptear fuinneamh fithiseach mar theas san aigéan dromchla nó taobh istigh de phláinéad nó de shatailít. Nuair a bhíonn réad i bhfithis éilipseach, bíonn na fórsaí taoide a ghníomhaíonn air níos láidre i ngaireacht do phearaipsis seachas i ngaireacht d'apaipsis. Dá réir sin, ní mar a chéile a bhíonn dífhoirmiú an choirp mar gheall ar fhórsaí taoide (i.e. an bolg taoide) i gcaitheamh na fithise, rud a ghineann frithchuimilt inmheánach a dhéanann an taobh istigh a théamh. Tagann an fuinneamh seo a fhaigheann an réad óna fhuinneamh imtharraingteach, agus mar sin, lobhann an fhithis éilipseach tosaigh ina fithis chiorclach (ciorclú taoide) le himeacht ama. Tarlaíonn téamh taoide marthanach nuair a chuirtear cosc ar an bhfithis éilipseach ciorclú mar gheall ar fhórsaí imtharraingthe breise ó reanna eile a tharraingíonn an réad ar ais i bhfithis éilipseach. Sa chóras níos casta seo, tá fuinneamh imtharraingteach fós á thiontú ina fhuinneamh teirmeach; chrapfadh ais leathmhór na fithise anois, áfach, seachas a héalárnacht. (*Wikipedia*)**

A. Tarlaíonn téamh taoide mar gheall ar nádúr taghdach fórsaí taoide.

B. Is féidir téamh taoide a chothú nuair a éiríonn fithis ciorclach.

C. Tá fithis éilipseach riachtanach do théamh taoide.

D. Is déine a bhíonn téamh taoide ag pearaipsis na fithise.

**99. Is riocht néareolaíoch í an tsinéistéise ina mbíonn spreagadh conaire céadfaí nó cognaíche (mar shampla, éisteacht) ina chúis le heachtraí uathoibríocha, neamhdheonacha i gconair chéadfach nó chognaíoch eile (amhail fís). I mbeagán focal, nuair a ghníomhachtaítear céadfa amháin, gníomhachtaítear céadfa neamhghaolmhar eile ag an am céanna. D'fhéadfaí, mar shampla, ceol a chloisteáil agus an fhuaim a bhrath mar ghuairneáin nó mar phatrúin dathanna ag an am céanna. Is í sinéistéise ghraiféime-datha an tsinéistéise is coitianta, ina nasctar litreacha agus uimhreacha aonair le dathanna ar leith agus, ar uairibh, le patrúin dhaite.**

**Tá cuid de na daoine a bhfuil sinéistéise orthu in ann uigeacht a bhrath mar fhreagairt ar radharc, fuaimeanna a chloisteáil mar fhreagairt ar bholaithe, nó nasc a dhéanamh idir cruthanna agus blasanna. Baineann níos mó ná cineál sinéistéise amháin le go leor acu sin a bhfuil sinéistéise orthu. Meastar go bhfuil cineál éigin sinéistéise ar idir 3 agus 5 faoin gcéad, nó mar sin, den daonra agus is féidir leis an riocht a bheith i mianach teaghlach. (*Psychology Today*)**

A. Is riocht néareolaíoch ó oidhreacht í an tsinéistéise.

B. Cé gur féidir le haon chéadfa í a spreagadh, ní bhíonn ach freagraí amhairc amháin mar thoradh ar shinéistéise.

C. Baineann an chuid is mó de chásanna na sinéistéise leis an radharc.

D. Cineál sinéistéise amháin is ea a bheith in ann fuaimeanna a bholú.

**100. I staidéar a rinneadh le déanaí, cheap 85% de na freagróirí gurbh fhearr lena máithreacha duine faoi leith de na siblíní. Tagann an toradh leis na blianta taighde atá déanta ar fhabhraíocht tuismitheoirí, agus fuarthas amach sa taighde seo go n-admhaíonn go leor tuismitheoirí gur fearr leo duine amháin dá leanaí. Ach má dhéantar tuilleadh iniúchta ar an scéal, feictear go mbaineann an fhabhraíocht le cosúlacht níos mó ná grá: deir na tuismitheoirí céanna go bhfuil an grá céanna acu dá leanaí ar fad, ach go bhfuil dáimh acu le pearsantacht linbh amháin níos mó ná na siblíní eile. (*The Guardian*)**

A. Cheap 85% de fhreagróirí an staidéir go raibh a dtuismitheoirí fabhrach do leanbh amháin.

B. Is féidir le tuismitheoirí fabhraíocht a thaispeáint i leith linbh fiú nuair a bhíonn an grá céanna acu dá leanaí ar fad.

C. Léirigh 85% de mháithreacha fabhraíocht i leith duine amháin dá leanaí.

D. Léiríodh i staidéir gur fearr leis an gcuid is mó de thuismitheoirí duine amháin faoi leith dá gcuid leanaí.

**101. Fuarthas amach i staidéar nua ó Ollscoil Northwestern go dtagann taomanna feirge níos minice agus níos déine ar lapadáin a bhfuil níos lú cainte acu i gcomparáid lena bpiaraí a bhfuil gnáthscileanna teanga acu. Is é seo an chéad staidéar ina nasctar stór focal moillithe lapadán le taomanna feirge diana, lena n-áirítear leanaí chomh hóg le 12 mhí d'aois. Tá sé seo i bhfad níos óige ná an aois ag a bhfuiltear in ann iompar trioblóideach a aithint go hiondúil, dar le go leor cliniceoirí. Ar an gcaoi chéanna, is tosca riosca iad cantal agus moilleanna teanga araon do neamhoird teanga agus foghlama ina dhiaidh sin, a dúirt an comh-phríomhthaighdeoir, Elizabeth Norton. Beidh fadhbanna teanga leanúnacha ag thart ar 40% acu siúd a mbíonn moill orthu ag caint agus d'fhéadfadh na fadhbanna seo cur isteach ar fheidhmíocht acadúil na ndaoine seo, arsa Norton. Sin an fáth go bhfuil buntáistí ag baint le measúnú teanga a dhéanamh ag an am céanna le meabhairshláinte sa mhéid is go bhféadfadh sé dlús a chur le haithint luath neamhoird luath-óige, agus le hidirghabháil dá bharr, mar go bhfuil seans níos mó ann go mbainfidh rioscaí níos airde le leanaí a bhfuil an dá riocht seo ag gabháil dóibh. (*news.northwestern.edu*)**

A. Beidh fadhbanna teanga leanúnacha ag leath de chainteoirí moillithe sa todhchaí.

B. Is mó an seans go mbeidh moill ar scileanna teanga na leanaí siúd a bhfuil rioscaí meabhairshláinte acu.

C. Rinneadh iniúchadh sa staidéar ar an nasc seanbhunaithe idir taomanna feirge agus caint mhoillithe.

D. Tá go leor cliniceoirí den tuairim nach féidir iompar trioblóideach a aithint i lapadáin óga.

**102. Léiríodh i staidéar den chéad uair gur mó seans go dtiocfaidh dúlagar ar leanaí a rugadh i rith an tsamhraidh i gcomparáid lena gcomhdhaltaí. Tá seans 30 faoin gcéad níos mó ann go dtiocfaidh fadhbanna meabhairshláinte ar na leanaí is óige sa scoilbhliain acadúil. Bhain eolaithe úsáid as ríomhthaifid de chuid dochtúirí ginearálta le haghaidh sampla de mhilliún leanbh atá in aois scoile sa Ríocht Aontaithe agus fuair siad amach go raibh seans 30% níos mó ann go mbeadh dúlagar ar leanaí a rugadh sna trí mhí dheiridh den scoilbhliain i gcomparáid leis na leanaí a rugadh sna chéad trí mhí. Dúirt an Dr Joseph Hayes, comhúdar an staidéir agus comhalta taighde comhairleach cliniciúil, in University College London: "Nuair atá tú i do leanbh agus tú á do chur féin i gcomparáid le duine atá díreach bliain níos sine ná tú, fiú maidir le rud chomh simplí le liathróid a chiceáil − is suntasach an difear idir leanbh ceithre bliana d'aois agus cúig bliana d'aois ó thaobh méide, agus tá an-seans ann gurb amhlaidh atá i dtaca le forbairt mheabhrach. Bíonn múinteoirí ag súil le hiompar ar leith chomh maith." (*The Telegraph*)**

A. Ní chuireann an dúlagar isteach ar leanaí a rugadh sa chéad trí mhí den scoilbhliain de ghnáth.

B. Tá roinnt buntáistí ann má bheirtear duine san fhómhar.

C. Ba chóir leanaí níos óige a choimeád siar bliain le feabhas a chur ar a bhfolláine mheabhrach.

D. Chonacthas go raibh fadhbanna meabhairshláinte ag na leanaí ab óige i scoilbhliain go minic.

**103. Níl sé soiléir an bhfuil sé sláintiúil nó míshláintiúil néal a chodladh i rith an lae. Fuarthas amach i roinnt staidéar a rinneadh roimhe seo go laghdaíonn sé an baol go mbeidh fadhbanna croí agus imshruthaithe ag duine, ach thángthas ar riosca ní b'airde i staidéir eile. Rinneadh staidéar ar 3,462 duine fásta san Eilvéis agus an aidhm a bhí leis fáil amach an bhféadfadh líon na néalta codlata sa tseachtain, agus an méid ama a chaitear i mbun codlata, na torthaí contrártha a mhíniú. Cé nár tháinig taighdeoirí ar aon nasc idir fad na néalta agus fadhbanna croí agus imshruthaithe, fuair siad amach go bhféadfadh néal nó dhó rioscaí a laghdú, ach nár laghdaíodh an riosca le níos mó ná néal nó dhó. Má chodlaíonn duine i rith an lae beagnach gach lá, gach seans go bhfuil fadhb shláinte aige, amhail aipnia chodlata a chuireann isteach ar chodladh na hoíche. *(An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte)***

A. D'fhéadfadh sé go bhfuil fadhbanna eile ag daoine a dhéanann néal a chodladh níos minice.

B. Má chodlaíonn duine go minic i rith an lae, d'fhéadfadh fadhb shláinte níos tromchúisí a bheith aige/aici.

C. Ní féidir a rá nach bhfuiltear ar aon intinn maidir lena shláintiúla atá sé néal a chodladh i rith an lae.

D. Chonacthas gur tháinig méadú ar rioscaí croí agus imshruthaithe nuair a chodail duine níos mó ná néal nó dhó sa tseachtain.

**104. Chuir taighdeoirí ceisteanna ar bhreis agus 450,000 duine fásta ó 10 dtír san Eoraip maidir leis na deochanna boga a ólann siad. Áiríodh deochanna súilíneacha siúcrúla agus deochanna súilíneacha atá milsithe go saorga, amhail cóla agus coirdial caolaithe, i measc na ndeochanna boga. Rinne na taighdeoirí teagmháil leis na rannpháirtithe ar feadh 16 bliana ar an meán agus fuair siad amach go raibh seans 17% níos mó ann go bhfuair daoine a d'ól 2 ghloine nó níos mó de dheoch bhog de chineál ar bith sa lá bás le linn an staidéir, i gcomparáid le daoine a d'ól níos lú ná deoch bhog amháin sa mhí. Bhí baint ag deochanna siúcrúla le básanna de bharr galair dhíleácha (amhail galar ae), agus bhí baint ag deochanna a bhí milsithe go saorga le básanna de bharr galair chardashoithíocha amhail galar croí. Cé go bhfuil an bhaint idir tomhailt siúcra agus fadhbanna sláinte cruthaithe le fada an lá, ní léir an fáth a bhféadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith ag deochanna atá milsithe go saorga ar an tsláinte. *(An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte)***

A. Dá fhad an tréimhse ama a bhí i gceist agus staidéar á dhéanamh ag taighdeoirí ar dhuine, ba mhó fadhbanna sláinte a bhí aige/aici.

B. Fuarthas amach go bhfuil deochanna atá milsithe go saorga chomh dona céanna le deochanna siúcrúla.

C. Cuireadh daoine a ólann deochanna boga go minic i gcomparáid le daoine a staonann uathu de ghnáth.

D. Fuarthas amach go bhfuil deochanna atá milsithe go saorga níos measa maidir le galair dhíleácha.

**105. Bhí Matthew Gallagher i gceannas ar staidéar inar scrúdaíodh ról an dóchais maidir le téarnamh a thuar i dtriail chliniciúil de 223 duine fásta i dteiripe chognaíoch iompraíoch (CBT) i dtaca le ceann amháin de cheithre neamhord imní choitianta: neamhord imní sóisialta, neamhord scaoill, neamhord imní ginearálta agus neamhord éigníoch dúghabhálach. "Nuair a rinneadh athbhreithniú ar an téarnamh a rinne na daoine éagsúla a bhí páirteach in CBT, ba ghné choitianta é an dóchas agus réamhtháscaire láidir maidir le téarnamh a bhí ann freisin," arsa Gallagher a thuairiscíonn go raibh méaduithe measartha go mór ar an dóchas agus athruithe ar an dóchas seasmhach ar fud na gcúig phrótacal cóireála CBT. Ó thaobh na síciteiripe de, léiríonn dóchas cumas na n-othar straitéisí nó conairí a aithint le spriocanna a bhaint amach agus an spreagadh leanúint do na conairí sin. Go suntasach, léirítear i dtorthaí an staidéir seo go n-éiríonn daoine níos dóchasaí le linn CBT, agus tháinig na méaduithe dóchais is mó i measc daoine a raibh cóireáil ghníomhach á cur orthu seachas daoine ar an liosta feithimh. (*uh.edu*)**

A. Bhí an t-éadóchas ní ba láidre i measc na ndaoine a raibh neamhord scaoill orthu.

B. Ní rabhthas ag súil go dtéarnódh othair nár tháinig athrú ar a leibhéil dóchais.

C. D'éirigh daoine a raibh neamhord scaoill orthu ní ba dhóchasaí nuair a cuireadh tús leis an gcóireáil.

D. Chonacthas gur tháinig méadú tapa ar dhóchas le linn teiripe chognaíoch iompraíoch.

**106. Tá seans 20 faoin gcéad níos mó ann go mbeadh pian ar dhaoine a bhfuil riochtaí sláinte fadtéarmacha orthu ar laethanta bogthaise agus gaofara le brú atmaisféarach íseal, de réir taighde nua ó eolaithe in Ollscoil Manchester. De réir an taighde, is í bogthaise choibhneasta ard an toisc is tábhachtaí a bhaineann le pian a bheith ag dul in olcas. Ach úsáid a bhaint as aip fóin chliste a d'fhorbair an comhlacht bogearraí cúraim sláinte uMotif, thaifead rannpháirtithe a n-airíonna laethúla féin agus baineadh úsáid as sonraí suímh a chuir GPS an fhóin chliste ar fáil leis an aimsir áitiúil a dhéanamh amach. Ba dhócha gur laethanta bogthaise ba phianmhaire, agus**

**ba lú an seans go mbeadh laethanta tirime pianmhar. Bhí baint ag brú íseal agus luas gaoithe níos airde le laethanta níos pianmhaire freisin, ach ní a oiread céanna le bogthaise. In ainneoin go gcreideann go leor daoine go mbíonn tionchar ag an teocht ar phian, níor tugadh aon cheangal faoi deara eatarthu ag breathnú ar an meán ar fud an daonra. D'fhéadfadh, ina dhiaidh sin féin, laethanta fuara a bhí tais agus gaofar freisin a bheith ní ba phianmhaire. Ní raibh baint idir an bháisteach agus pian. (*manchester.ac.uk*)**

A. Tá lá fuar agus gaofar níos measa do phian ná lá te le brú atmaisféarach íseal.

B. Bíonn níos mó péine ar dhaoine a bhfuil riochtaí sláinte fadtéarmacha orthu ar an gcuid is mó de laethanta fuara.

C. Bíonn níos lú péine ar dhaoine ar lá fuar, tirim ná mar a bhíonn ar lá te, tais.

D. Ní bheidh pian de bharr bogthaise ar othair ar laethanta tirime.

**107. Aithníodh i staidéar a rinneadh le déanaí marcóir nua le haghaidh an uathachais a d'fhéadfadh diagnóis níos luaithe a éascú. Is ionann an marcóir agus difear i gcumas na hinchinne uathaí maidir le hiomaíocht dhéshúileach, a dhéanann cur síos ar chumas na coirtéise radhairc le híomhá amháin a phróiseáil de réir a chéile nuair a chuirtear go leor íomhánna os a comhair ag an am céanna. Baineann éagumas na hinchinne le neamhaird a thabhairt ar cheann amháin de roinnt spreagthach iomaíoch leis an hipiríogaireacht i leith ionchur céadfach atá ina shaintréith den uathachas. Ní raibh rannpháirtithe a raibh uathachas orthu chomh hábalta céanna a bhfócas a scoránú idir an dá íomhá, i gcomparáid le rannpháirtithe néarathíopúla. Aisteach go leor, fuair na taighdeoirí amach go raibh ráta na hiomaíochta déshúilí a thomhais siad in ann déine airíonna an duine a thuar, agus bhí siad in ann uathachas a dhiagnóisiú i rannpháirtithe an staidéir le cruinneas 87% ach na sonraí a úsáid. Buntáiste soiléir a bhaineann leis an staidéar seo ná go bhfuil an marcóir neamhbhriathartha. Ciallaíonn sé seo gur féidir é a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar leanaí óga nár thosaigh ag caint go fóill agus ar dhaoine fásta neamhbhriathartha chomh maith. (*massivesci.com*)**

A. Fiú murab é an modh diagnóise is cruinne é, d'fhéadfadh buntáistí a bheith ag baint le hiomaíocht dhéshúileach.

B. Tá iomaíocht dhéshúileach níos fearr le huathachas a dhiagnóisiú ná measúnuithe ina n-úsáidtear teanga.

C. Léiríodh sa staidéar nach raibh iomaíocht dhéshúileach ar dhaoine nach raibh uathachas orthu.

D. Bhí baint inbhéartach ag ráta na hiomaíochta déshúilí le déine airíonna an duine.

**108. Rinneadh staidéar le scrúdú a dhéanamh ar an tionchar fadtéarmach a bhíonn ag an gcomhúdaracht le heolaithe aitheanta a luaitear go minic ar ghairmeacha taighdeoirí sóisearacha i gceithre dhisciplín eolaíochta. Ach anailís péirí comhoiriúnaithe a úsáid, fuarthas amach go mbíonn buntáiste iomaíoch leanúnach ar feadh an chuid eile dá ngairmeacha ag taighdeoirí sóisearacha a bhíonn ina gcomhúdair ar ailt acadúla leis na heolaithe is fearr, i gcomparáid le piaraí a bhfuil próifílí luathghairme den chineál céanna acu ach gan na comhúdair is fearr. Tá sé le tuar óna leithéid de chomhúdaracht luath go mbeidh dóchúlacht níos airde ann go ndéanfaí comhúdaracht arís agus arís eile leis na heolaithe is minice a luaitear, agus, sa deireadh, dóchúlacht níos airde go mbeadh an taighdeoir ina chomhúdar. Baineann taighdeoirí sóisearacha atá cleamhnaithe le hinstitiúidí nach bhfuil cáil mhór orthu an leas is mó as comhúdaracht le heolaí mór le rá. D'fhéadfaí a áitiú, mar thoradh air sin, go bhfuil neart cumais nach bhfuil leas bainte as fós ag na hinstitiúidí seo, a d'fhéadfaí a fhíorú ach rochtain ar na heolaithe is fearr a fheabhsú. (*Nature*)**

A. Fuarthas amach sa staidéar go bhfuil na daoine lena scríobhann tú níos tábhachtaí ná an méid a scríobhann tú.

B. Ní raibh comhúdaracht le heolaí seanbhunaithe chomh tábhachtach dóibh siúd sna hollscoileanna is fearr.

C. Bainfidh taighdeoirí sóisearacha a dhéanann comhúdaracht le hainmneacha mór le rá aitheantas amach dóibh féin sa todhchaí.

D. Bíonn buntáiste iomaíoch míchothrom ag roinnt taighdeoirí sóisearacha.

**109. Leagaimid ár lámha ar gach cineál ruda le linn an lae, agus ní bhíonn an deis againn i gcónaí iad a ní. Má itheann tú do chuid ingne, bíonn tú ag ionghabháil miocrorgánach i gcónaí agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith ag baint leis sin. Tagann slaghdáin, ionfhabhtuithe gastraistéigeacha agus gríos craicinn níos minice orthu siúd a itheann a gcuid ingne. D'fhéadfadh sé cur isteach ar do chuid fiacla agus ar chuas an bhéil freisin mar gur féidir le pataiginí fás iontu. Má chreimeann tú do chuid ingne thíos faoin mbeo, d'fhéadfá fuil a chur agus damáiste a dhéanamh do leaba na hiongan. D'fhéadfadh ionfhabhtú teacht ar chneácha ar do mhéara a bhíonn oscailte i gcónaí freisin. Ina theannta sin, is minic a chuirtear isteach ar dhaoine a itheann a gcuid ingne go síceolaíoch freisin. Braitheann siad go mbaineann stiogma leo agus cuireann siad a méara i bhfolach toisc go bhfuil náire orthu. Ceapann a lán daoine go léiríonn ingne ite go bhfuil duine lagintinneach agus nach bhfuil féinsmacht aige/aici. (*Deutsche Welle*)**

A. Tiocfaidh slaghdán nó ionfhabhtú gastraistéigeach ar dhuine a itheann a c(h)uid ingne.

B. Léiríonn ingne ite guaim lag agus easpa féinsmachta.

C. Ní féidir a rá go ndéantar stiogmatú orthu siúd a itheann a gcuid ingne mar gheall ar a n-iompar.

D. Is féidir le nós anacrach a bheith ina chúis le fadhbanna sa chóras díleá.

**110. Ar scála ó 0 ("gan bheith sásta ar chor ar bith") go dtí 10 ("an-sásta"), is ionann meánsásamh (meán) saoil chónaitheoirí an AE atá 16 bliana d'aois agus níos sine agus 7.3 in 2018, ar méadú é sin i gcomparáid le 7.0 in 2013. Ó bhí 2013 ann, tháinig méadú freisin ar mheánleibhéal sásaimh daoine i dtaca le cúrsaí airgeadais ina dteaghlaigh féin, ó 6.0 in 2013 go dtí 6.5 in 2018, agus d'fhan an meánsásamh maidir le caidreamh pearsanta beagnach seasmhach, 7.8 in 2013 agus 7.9 in 2018. In 2018, bhí difríochtaí móra idir an meánsásamh saoil i mBallstáit an AE. Bhí meán 8.1 ar an iomlán ag áitritheoirí na Fionlainne, rud a d'fhág gurb iad na daoine ba shásta lena saol san AE, agus sna sála orthu tháinig áitritheoirí na hOstaire (8.0), na Danmhairge, na Polainne agus na Sualainne (7.8 an ceann). Ar an taobh eile den scála, ba iad siúd atá ina gcónaí sa Bhulgáir (5.4) ba lú i bhfad a bhí sásta agus tháinig muintir na Cróite (6.3), na Gréige agus na Liotuáine (6.4 araon), na hUngáire (6.5), na Laitvia agus na Portaingéile (6.7 araon) ina ndiaidh. (*Eurostat*)**

A. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil comhghaol idir sásamh saoil san AE agus saibhreas tíre ar leith.

B. Tháinig méadú ar an sásamh saoil i ngach ballstát den AE idir 2013 agus 2018.

C. Fuarthas amach sa staidéar gurb iad áitritheoirí na Fionlainne na daoine is sona laistigh den AE.

D. Cé gur tháinig méadú ar mheánsásamh saoil san AE trí chéile, seans gur tháinig laghdú air i roinnt tíortha.

**111. Is gortú muiníl í fuiplasc a tharlaíonn mar go mbogtar an muineál siar is aniar go láidir agus go tapa, amhail pléasc a bhaint as fuip. Tarlaíonn fuiplasc is minice i dtimpistí bóthair ina imbhuailtear an fheithicil ón gcúl, ach d'fhéadfadh sí tarlú freisin mar gheall ar thimpiste spóirt, mí-úsáid chorpartha nó tráma eile. Tá pian sa mhuineál, righneas agus tinneas cinn i measc na gcomharthaí agus na n-airíonna coitianta a bhaineann le fuiplasc. Tagann an chuid is mó de dhaoine a bhfuil fuiplasc ag cur as dóibh ar ais chucu féin laistigh de chúpla seachtain ach plean cóireála a leanúint ina mbíonn ar an duine cógas a ghlacadh don phian agus aclaíocht a dhéanamh. Cuireann pian ainsealach sa mhuineál agus aimhréidheanna buana isteach ar roinnt daoine, áfach. D'fhéadfaí leonadh nó stangadh muiníl a thabhairt ar fhuiplasc, ach cuimsíonn na téarmaí seo cineálacha eile gortuithe muiníl freisin. (*Mayo Clinic*)**

A. Tarlaíonn fuiplasc nuair a chuirtear an muineál ag gluaiseacht go han-tobann i dtreo amháin.

B. Imbhuailtí ón gcúl i dtimpistí bóthair is cúis le fuiplasc den chuid is mó.

C. Is téarma eile é leonadh nó stangadh muiníl ar fhuiplasc.

D. Is féidir le himbhualadh ón gcúl i dtimpiste bhóthair a bheith ina chúis le pian a bheith ar dhuine ar feadh blianta.

**112. Víreas a tharchuirtear ó mhuiscítí is cúis le formhór na gcásanna d'ionfhabhtú na Níle Thiar. Ní thagann comharthaí ná airíonna ar an gcuid is mó de dhaoine a bhfuil ionfhabhtú víreas na Níle Thiar orthu nó ní bhíonn ach mionchomharthaí le brath orthu, cosúil le fiabhras agus tinneas cinn éadrom. Tagann tinneas a mbaineann baol báis leis ar roinnt daoine, áfach, agus áirítear leis sin athlasadh chorda an dromlaigh nó na hinchinne. Imíonn comharthaí agus airíonna éadroma ionfhabhtú víreas na Níle Thiar astu féin. Ní mór aird a thabhairt láithreach, áfach, ar chomharthaí agus airíonna tromchúiseacha — amhail drochthinneas cinn, fiabhras, mearbhall nó laige thobann. Má bhíonn teagmháil agat le muiscítí in áit a bhfuil víreas na Níle Thiar, méadaítear an riosca go dtolgfaidh tú an t-ionfhabhtú. Cosain tú féin ar mhuiscítí ach éarthach muiscítí a úsáid agus éadaí a chaitheamh a chlúdaíonn do chraiceann leis an riosca a laghdú. (*Mayo Clinic*)**

A. Ní bhíonn a fhios ag an gcuid is mó díobh siúd atá ionfhabhtaithe le víreas na Níle Thiar go bhfuil an víreas orthu.

B. Cosnófar ar an víreas thú ach éarthach muiscítí a úsáid agus do chraiceann a chlúdach le héadaí.

C. Víreas a tharchuirtear ó mhuiscítí is cúis le hionfhabhtú na Níle Thiar i gcónaí.

D. D'fhéadfadh sé nach bhfuil a fhios ag go leor daoine go bhfuil ionfhabhtú víreas na Níle Thiar orthu.

**113. Is dea-scéala do tháirgeadh an fhuinnimh in-athnuaite é an méadú atá tagtha ar luas na gaoithe le blianta beaga anuas. Bhí an meánluas domhanda gaoithe ag laghdú ó bhí 1978 ann, ach tá athrú tagtha ar an treocht sin le deich mbliana anuas. Fuair taighdeoirí amach gur tháinig méadú 17 faoin gcéad ar mheánluas domhanda na gaoithe os cionn na talún idir 2010 agus 2017 – ó 3.13 méadar sa soicind go dtí 3.30 méadar sa soicind. Roimhe sin, bhí laghdú 0.08 méadar sa soicind – nó dhá faoin gcéad – ag teacht ar luas na gaoithe gach deich mbliana idir**

**1978 agus 2010. Údar iontais a bhí san athrú sin, a deir Zeng. Measadh go raibh luas na gaoithe ag laghdú mar gheall ar níos mó uirbithe, ar cúis é sin le níos mó bacainní, amhail foirgnimh, a mhoillíonn gluaiseacht an aeir. Deir Zeng nach fios an fáth a bhfuil méadú tagtha ar mheánluas domhanda na gaoithe ó 2010, in ainneoin nár tháinig aon laghdú ar an bhforbairt uirbeach. (*New Scientist*)**

A. Táthar ag súil go leanfaidh luas na gaoithe ag méadú sna blianta amach romhainn.

B. Creidtear gur chuir an t-athrú aeráide leis an méadú ar luas na gaoithe.

C. Tugann an t-athrú ar luas domhanda na gaoithe dúshlán teoirice a bhí molta ag eolaithe.

D. In ainneoin an méid a cheap eolaithe, ní chuireann forbairt uirbeach isteach ar luas na gaoithe.

**114. Dúradh i dtuarascáil idirnáisiúnta go bhfuil leanaí ag fás aníos i ndomhan níos teo agus go mbeidh níos mó fadhbanna sláinte difriúla acu ná mar a bhí ag a dtuismitheoirí. "Beidh níos mó agus níos mó díobhálacha le sárú ag leanbh a bheirtear sa lá atá inniu ann de réir mar a rachaidh siad tríd an saol ná mar a bhí le sárú agamsa," a dúirt an Dr Renee Salas, comhúdar an staidéir. Dúradh sa tuarascáil go bhfuil méadú faoi dhó tagtha ón mbliain 1980 ar líon na laethanta ar a mbíonn cúinsí feiliúnach do scaipeadh na mbaictéar uisce-iompartha, Vibrio, atá ina bpríomhchúis le buinneach dhíblithe, agus tá an bhliain seo caite ar an dara bliain is airde dár taifeadadh riamh. Tá 29% níos mó d'imeallbhord na Stát Aontaithe i mbaol Vibrio mar gheall ar théamh na haeráide. Dúradh sa tuarascáil go raibh 9 gcinn de na 10 mbliana ab fheiliúnaí do thras-seoladh an fhiabhrais deinge againn ó 2000. Dúradh sa tuarascáil gur mhó a fhulaingíonn leanaí mar gheall ar na galair sin. (*AP News*)**

A. Ní féidir a rá go gcuirfidh an t-athrú aeráide bac ar scaipeadh galar.

B. Mhéadaigh líon na laethanta a bhí fabhrach do scaipeadh Vibrio gach bliain ó bhí 1980 ann.

C. Fásfaidh leanaí an lae inniu aníos i ndomhan níos fliche agus d'fhéadfadh níos mó fadhbanna sláinte a bheith acu dá bharr sin.

D. Beidh seans níos mó ag leanaí atá ag fás aníos sa lá atá inniu ann Vibrio nó fiabhras deinge a tholgadh.

**115. An fungas, Hymenoscyphus fraxineus, a tháinig ón Áise ó thús, is cúis le críonadh siar fuinseoige. Ní dhéanann sé mórán damáiste do chrainn ina raon dúchasach, ach nuair a rinne an fungas a bhealach chomh fada leis an Eoraip thart ar 30 bliain ó shin, rinneadh sé scrios forleathan. Tugtar le fios i meastacháin le déanaí gur féidir leis an ngalar suas le 70% d'fhuinseoga a mharú. Ciallaíonn sé seo go bhféadfaí 70 milliún crann a chailleadh sa Ríocht Aontaithe, rud a chosnódh £15bn ar an ngeilleagar, de réir anailíse a foilsíodh i mbliana. Le stop a chur leis an ngalar doshrianta seo, tá staidéar á dhéanamh ag eolaithe ar DNA na gcéadta fuinseog. Tá frithsheasmhacht nádúrtha in aghaidh chríonadh siar na fuinseoige le feiceáil i líon beag crann – agus d'aithin taighdeoirí codanna dá ngéanóm atá ag cuidiú leo cur ina choinne. "Thángamar ar thart ar 3,000 suíomh in DNA na bhfuinseog seo atá ag cuidiú leis an bhfrithsheasmhacht," a mhínigh an tOllamh Richard Buggs. (*BBC News*)**

A. Dá bhféadfaí teacht ar na cúiseanna le frithsheasmhacht fhuinseoga na hÁise, d'fhéadfadh sé cuidiú le fuinseoga na hEorpa.

B. D'fhéadfadh críonadh siar fuinseoige na fuinseoga ar fad san Eoraip a dhíothú.

C. Tá an-iarracht á déanamh ag eolaithe stop a chur le críonadh siar fuinseoige mar gheall ar na costais eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann.

D. Tá thart ar 100 milliún fuinseog sa Ríocht Aontaithe.

**116. Léirítear i dtaighde nua ó Ollscoil Bath gur lú strus a bhíonn ar fhir chéile nuair a thuilleann a mná céile suas le 40 faoin gcéad d'ioncam an teaghlaigh. Éiríonn siad níos míshuaimhní, áfach, nuair a théann pá an chéile thar an bpointe sin agus is mó strus a bhíonn orthu nuair a bhíonn siad go hiomlán spleách ó thaobh airgid de ar a bpáirtí. Léirítear i staidéar ar bhreis agus 6,000 lánúin heitrighnéasach i Meiriceá le 15 bliana anuas go mbíonn an imní is mó ar fhir chéile nuair is iad an t-aon saothraí sa teaghlach mar gur orthu atá an fhreagracht iomlán as cúrsaí airgid an teaghlaigh. Tagann laghdú ar leibhéil struis nuair a théann tuilleamh na mban céile i dtreo 40 faoin gcéad d'ioncam an teaghlaigh. Nuair a théann tuilleadh na mban thar an bpointe sin, áfach, léirítear sa staidéar go dtagann méadú ar strus na bhfear céile de réir a chéile. "Tugtar le fios sna torthaí sin go bhféadfadh noirm shóisialta maidir le saothrú na bhfear – agus gnásanna traidisiúnta maidir le fir ag tuilleamh níos mó airgid ná a mná céile – a bheith contúirteach do shláinte na bhfear. Léirítear iontu freisin a láidre agus a sheasmhaí atá noirm féiniúlachta inscne," a dúirt an Dr Joanna Syrda. (*bath.ac.uk*)**

A. Is fearr a dhéanann fir nuair is iad an t-aon saothraí sa teaghlach seachas nuair a bhíonn siad go hiomlán spleách ó thaobh airgid de.

B. Fuarthas amach sa staidéar gur fearr a dhéanann fir nuair is iad an príomhshaothraí sa teaghlach.

C. De réir an staidéir, is cuma má bhí an céile den inscne chéanna nó nach raibh.

D. Bhraith fir ní b'imníche nuair nach raibh noirm inscne thraidisiúnta á leanúint acu.

**117. Fuair taighdeoirí amach go raibh scileanna teanga níos measa ag leanaí a raibh siblín níos sine acu ná leanaí nach raibh, ar an meán. Bhí gnéas siblín níos sine tábhachtach, áfach: bhí scileanna teanga níos fearr ag leanaí a raibh deirfiúracha níos sine acu ná leanaí a raibh deartháireacha níos sine acu. I ndáiríre, léiríodh in anailís ina dhiaidh sin nach raibh difear idir scileanna teanga leanaí a raibh deirfiúr níos sine acu ná leanaí nach raibh siblín níos sine acu. Dar leis na taighdeoirí nach léir go fóill an fáth a n-éiríonn níos fearr le leanaí nuair a bhíonn deirfiúracha níos sine acu. D'fhéadfadh sé go mbíonn cumas teanga níos fearr ag deirfiúracha nó go mbíonn siad níos oiliúnaí ná deartháireacha — ach d'fhéadfadh sé freisin nach gcuireann deirfiúracha an oiread céanna éileamh ar a dtuismitheoirí i gcomparáid le deartháireacha, rud a fhágann nach dtarraingítear aird na dtuismitheoirí ó na siblíní níos óige. Is cuma an chúis, deir na húdair go bhféadfadh sé a bheith "níos cruinne smaoineamh ar thionchar diúltach seanbhunaithe an tsiblín níos sine mar thionchar an dearthár níos sine." (*British Psychological Society*)**

A. Foghlaimíonn cailíní níos tapúla ag aois níos óige, agus sin an chúis leis an difear i dtaca le scileanna teanga.

B. Is é an bealach a gcaitheann buachaillí lena dtuismitheoirí an fáth a mbíonn scileanna teanga níos measa ag a siblíní óga.

C. Bhí drochthionchar ag deartháireacha níos sine amháin ar scileanna teanga na siblíní óga.

D. Caitheann deartháireacha níos sine níos mó ama le siblíní níos óige agus coinníonn siad óna dtuismitheoirí níos mó iad.

**118. Fuarthas amach i staidéar nua go bhfuil níos mó agus níos mó Meiriceánach ag iarraidh meáchan a chailleadh, ach nach bhfuil ag éirí ach le roinnt bheag acu. De réir figiúirí a foilsíodh Dé Céadaoin san iris JAMA: Diabetes and Endocrinology, mhéadaigh céatadán na ndaoine fásta sna Stáit Aontaithe atá 20 bliain d'aois agus níos sine a bhain triail as réim cailliúna meáchain ó 34.3 faoin gcéad in 1999 go dtí 42.2 faoin gcéad in 2016. Thar an tréimhse chéanna, áfach, fuair taighdeoirí amach go raibh méaduithe ar mheáchan agus ar mhéid an mheáchain a cuireadh suas – rud a léiríonn go bhféadfadh sé gur iarrachtaí in aisce atá iontu. Thar thréimhse 18 mbliana, mhéadaigh meánmheáchan na rannpháirtithe ó thart ar 176 punt go dtí isteach is amach le 184 punt. Agus cé gur thuairiscigh duine as gach ceathrar go ndearna siad iarracht meáchan a chailleadh i ngach ceann de na tréimhsí dhá bhliain, ba chosúil nár éirigh leo. Mar shampla, i measc na ndaoine a rinne iarracht meáchan a chailleadh laistigh den tréimhse 2015-16, tuairiscíodh meánmhéadú meáchain d'ocht bpunt. (*UPI*)**

A. D'fhéadfaí a rá go ginearálta nach mbíonn comhghaol idir iarrachtaí na Meiriceánach meáchan a chailleadh agus fíorchailleadh meáchain.

B. Ar chúis éigin nach eol dúinn, ní raibh Meiriceánaigh in ann meáchan a chailleadh in ainneoin a gcuid iarrachtaí.

C. Fuarthas amach sa staidéar gur easpa féinsmachta ba chúis le go leor Meiriceánach gan bheith in ann meáchan a chailleadh.

D. Rinne an ceathrú cuid, ar a laghad, de na rannpháirtithe sa staidéar iarracht meáchan a chailleadh.

**119. Fuarthas amach i suirbhé náisiúnta ar 819 tuismitheoir a bhfuil leanbh amháin ar a laghad acu sa scoil mheánach, san ardscoil shóisearach nó san ardscoil go raibh aon trian díobh muiníneach go bhféadfaidís an dúlagar a aireachtáil ina gcuid leanaí, ach dúirt dhá thrian díobh go mbeadh sé deacair é sin a dhéanamh mar gheall ar rudaí áirithe. Dúirt thart ar 30 faoin gcéad de thuismitheoirí go bhfuil a leanbh go maith ag cur mothúcháin faoi cheilt agus dúirt 40 faoin gcéad go dtéann sé crua orthu dealú a dhéanamh idir gnáthghuagachtaí giúmair a linbh agus comharthaí dúlagair". "In go leor teaghlach, tarlaíonn athruithe móra ar iompar daoine óga agus ar an dinimic idir tuismitheoirí agus leanaí sna luathdhéaga agus sna déaga," arsa comhstiúrthóir an tsuirbhé, Sarah Clark. "D'fhéadfadh sé a bheith an-dúshlánach staid mhothúchánach leanaí a thuiscint agus a dhéanamh amach an bhfuil dúlagar orthu mar gheall ar na hathruithe seo," a dúirt sí freisin. "D'fhéadfadh rómheas a bheith ag roinnt tuismitheoirí ar a gcumas dúlagar a aithint i ngiúmar agus in iompar a linbh féin," arsa Clark. "B'fhéidir nach dtabharfadh tuismitheoir rómhuiníneach comharthaí caolchúiseacha go bhfuil rud éigin mícheart faoi deara." (*UPI*)**

A. Ba mhó an seans go dtabharfadh tuismitheoirí nach raibh chomh muiníneach sin comharthaí caolchúiseacha go raibh rud éigin mícheart faoi deara.

B. Ní raibh thart ar 70 faoin gcéad de thuismitheoirí in ann mothúcháin a gcuid leanaí a léirmhíniú go maith.

C. Ní raibh thart ar dhá thrian de thuismitheoirí muiníneach go mbeidís in ann dúlagar a aithint

ina gcuid leanaí.

D. Rinne beagnach aon trian de thuismitheoirí rómheas ar a gcumas dúlagar a aithint ina gcuid leanaí.

**120. Fuarthas amach i dtaighde nua go dtagann méadú 3 faoin gcéad ar an riosca go dtiocfaidh fibriliú aitriamach ar dhuine do gach orlach os cionn na meánairde de 5 throithe 7 n-orlach. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil baint idir géinte áirithe, atá nasctha le hairde, agus fibriliú aitriamach, arsa an príomhthaighdeoir, an Dr Michael Levin, comhalta cairdeolaíochta i Scoil Leighis Perelman, Ollscoil Pennsylvania. Is ionann fibriliú aitriamach agus buille croí neamhrialta nó creathánach a mhéadaíonn faoi chúig an baol go mbuailfidh stróc duine. Méadaíonn sé an baol chomh maith go dtiocfaidh téachtáin fola, cliseadh croí agus galair eile a bhaineann leis an gcroí ar dhuine, dar leis an American Heart Association. Ach fios a bheith ag daoine go bhfuil baol níos mó ann go dtiocfaidh fibriliú aitriamach ar dhaoine arda, d'fhéadfaí básanna agus galar a bhaineann leis an riocht croí a chosc, arsa Levin. "Cé nach féidir linn d'airde a athrú, b'fhéidir go mbeimis in ann tosca riosca eile maidir le fibriliú aitriamach a mhionathrú i ndaoine níos airde agus rialú níos déine a dhéanamh ar bhrú fola nó diaibéiteas nó colaistéaról," arsa Levin. (*UPI*)**

A. Tagann méadú ar an mbaol go dtiocfaidh fibriliú aitriamach ar dhaoine arda mar go n-oibríonn a gcroí níos déine.

B. De réir an staidéir, dá airde an duine, is mó an baol go mbuailfidh stróc é.

C. Méadaíonn fibriliú aitriamach an baol go mbuailfidh stróc duine mar go méadaíonn sé an baol go dtiocfaidh teachtáin fola ar dhuine.

D. Ach brú fola agus diaibéiteas a rialú ar bhonn ionsaitheach, d'fhéadfaí an riosca stróic i ndaoine arda a laghdú go dtí gnáthleibhéil.

**121. Tá go leor scéalta gan bhunús ag baint le smaointe cráiteacha nach bhfáiltíonn an duine rompu. Ceann de na scéalta is uafásaí is ea go gciallaíonn smaointe dá leithéid go dteastaíonn uait go neamh-chomhfhiosach na rudaí a ritheann leat a dhéanamh. Níl sé sin fíor ar chor ar bith agus is amhlaidh go bhfuil a mhalairt fíor. Fanann an smaoineamh le daoine agus tagann sé ar ais mar gheall ar an iarracht a dhéanann siad dul i ngleic leis an smaoineamh sin. Téann daoine i ngleic le smaointe mar go gceapann siad go bhfuil siad coimhthíoch agus doghlactha, agus nach bhfuil siad ag réiteach le meon an duine féin. Mar sin, is daoine séimhe iad daoine ag a bhfuil smaointe cráiteacha, foréigneacha nach bhfuil uathu. Maidir le daoine a bhíonn cráite ag smaointe faoi lámh a chur ina mbás féin, is breá leo an saol. Is mór ag daoine a smaoiníonn ar dhiamhasla a dhéanamh sa séipéal an saol reiligiúnach atá acu. Scéal gan bhunús eile is ea gur fiú scrúdú a dhéanamh ar gach smaoineamh a ritheann linn. Leis an bhfírinne a rá, ní hionann na smaointe seo agus teachtaireachtaí, bratacha dearga, comharthaí nó rabhaidh in ainneoin conas a bhraitheann siad. (*Anxiety and Depression Association of America*)**

A. Tá an chuid is mó den eolas coiteann maidir le smaointe cráiteacha mícheart.

B. Mura dtéitear i ngleic le smaoineamh cráiteach, gníomhóidh an duine de réir na smaointe.

C. Má ritheann smaoineamh cráiteach le duine, tá an fo-chomhfhios ag tabhairt an méid a theastaíonn ón duine a dhéanamh i ndáiríre le fios.

D. Ait go leor, ach dul i ngleic le smaointe cráiteacha, éiríonn siad níos láidre.

**122. Cén fáth a n-éiríonn daoine tuirseach nuair a thaistealaíonn siad achair fhada i bhfeithiclí áirithe? Nuair a bhíonn tú ag taisteal ar bhóthar, luasghéaraíonn/luasmhoillíonn an carr/bus go mion minic mar gheall ar shruth nádúrtha an tráchta. Ina theannta sin, is iomaí casadh a thógfaidh an fheithicil agus bogfaidh tú ó thaobh go taobh arís agus arís eile dá bharr sin. Chomh maith leis an iliomad castaí, an bogadh ó thaobh go taobh agus athruithe leanúnacha ar an luas, bíonn cúpla toisc eile i gceist freisin, amhail bail an ghluaisteáin, suíocháin na bpaisinéirí agus caighdeán na mbóithre fiú. Cuireann na tosca seo ar fad isteach ar chompord na bpaisinéirí. Ní aithníonn tú go gníomhach é, ach fanann tú i do shuí díreach mar gheall ar an mbogadh leanúnach agus na hathruithe ar an luas. Coinníonn d'inchinn na matáin ag obair de réir mar a ghluaiseann an fheithicil lena chinntiú go bhfuil staidiúir cheart agat. Bíonn do mhatáin ag obair go leanúnach mar gheall ar na gluaiseachtaí beaga seo, agus éiríonn siad tuirseach thar thuras fada dá bharr sin. (*scienceabc.com*)**

A. Bíonn turais fhada i seanghluaisteáin níos tuirsiúla de ghnáth ná turais i ngluaisteáin nua.

B. Bíonn sé níos tuirsiúla de ghnáth taisteal i ngluaisteáin ná ar an traein.

C. Éiríonn daoine tuirseach mar gheall ar thurais fhada i ngluaisteáin ós rud é go mbíonn a matáin á n-úsáid acu i rith an turais.

D. Ní bhíonn sé chomh tuirsiúil céanna tiomáint ar bhóthar díreach i gcomparáid le tiomáint ar bhóthar casta.

**123. B'fhéidir go gceapfá go bhfuil sé seo an-soiléir, ach nuair a sheasann tú go socair, ní sheasann tú go hiomlán socair. Bíonn**

**claonadh ag an gcorp luascadh beagán (bogtar meáchan an choirp ó chos go cos dá réir sin) beagnach i gcónaí. Le do choinneáil i do sheasamh, caithfidh matáin áirithe sna cosa, go háirithe sna colpaí, oiriúnuithe beaga a dhéanamh i gcónaí. I gcodarsnacht leis sin, bíonn níos mó matán sa dá chos ag obair agus tú ag siúl. Ina theannta sin, faigheann siad cúnamh ó mhatáin na cabhlach a choinníonn do choisíocht socair. Tá sé seo ar cheann de na príomhchúiseanna nach mbíonn siúl chomh pianmhar sin i gcomparáid le bheith i do sheasamh ar feadh na tréimhsí céanna ama. Agus duine ag siúl, iompraíonn cos amháin nó an chos eile meáchan an choirp. Ar an mbealach seo, is féidir leis an dá chos a scíth a ligean go minic, fiú mura mhaireann an scíth sin ach soicind. (*scienceabc.com*)**

A. Éiríonn matáin áirithe sna cosa pianmhar níos minice ná matáin eile mar gheall ar an úsáid níos mó a bhaintear astu.

B. Ní bhíonn siúl chomh pianmhar céanna le seasamh mar gheall ar mhatáin na cabhlach.

C. Ach úsáid a bhaint as níos lú matán, bíonn gníomhaíocht níos pianmhaire ná gníomhaíocht ina n-úsáidtear níos mó matán.

D. Ní bhíonn siúl chomh pianmhar céanna le seasamh toisc go mbíonn an dá chos i gceist leis, rud nach bhfuil fíor i gcás seasaimh.

**124. Is lú seans go bhfaighidh iad siúd atá ina gcónaí i limistéir uirbeacha ach atá i ngaireacht do spásanna glasa bás roimh a n-ionchas saoil, de réir torthaí staidéir nua. Is áiteanna iontacha iad spásanna glasa amhail páirceanna le haghaidh aclaíochta, ar gníomhaíocht eile í sin a chuireann le do shláinte, arsa David Rojas-Rueda. D'fhéadfadh fásra a bheith ina chosaint idir áitritheoirí agus raic challánach na cathrach, fiú mura bhfuil ann ach sráid a bhfuil crainn ar gach taobh di. Cabhraíonn plandaí freisin le teocht agus déine timpeallachtaí a rialú, rud a mhaolaíonn éifeachtaí an athraithe aeráide, a deir sé Tá tuilleadh taighde ag teastáil leis an tairbhe is follasaí a bhaineann le spásanna uirbeacha glasa a dhéanamh amach. Tugadh achoimre i staidéir níos cúinge roimhe seo ar roinnt feabhsuithe suntasacha. Leag údair an staidéir sin mionsonraí amach: Bhí ráta báis 41% ní b'ísle i dtaca le galar duáin ag mná a raibh cónaí orthu in aice le duilliúr méith, ráta báis 34% ní b'ísle i dtaca le galar riospráide (ceapann duilleoga na gcrann truailleáin aeir) agus ráta báis 13% ní b'ísle i dtaca le hailse. (*CNN*)**

A. Bainfidh áitritheoirí uirbeacha a bhfuil cónaí orthu gar do spásanna glasa deireadh a n-ionchais saoil amach.

B. Fuarthas amach sa staidéar go mbaineann daoine tairbhe as díreach roinnt duilliúir a bheith ina láthair.

C. Is é an buntáiste is mó a bhaineann le spásanna glasa ná an chaoi a méadaíonn siad ionchas saoil daoine.

D. Tháinig laghdú ní ba mhó ar an ráta báis i dtaca le galar duáin seachas galar riospráide i measc daoine a raibh cónaí orthu in aice le duilliúr méith.

**125. Ní féidir le daoine a bhfuil éadulaingt ar lachtós acu an siúcra (lachtós) i mbainne a dhíleá go hiomlán. Bíonn buinneach orthu, bíonn siad ag broimneach agus bíonn siad ata tar éis táirgí déiríochta a ithe nó a ól. Bíonn an riocht, ar a dtugtar mí-ionsú lachtóis freisin, neamhdhíobhálach de ghnáth ach d'fhéadfadh na hairíonna a bheith míchompordach. Easpa lachtáise — einsím a tháirgtear sa stéig bheag — is cúis le héadulaingt ar lachtós de ghnáth. Bíonn leibhéil ísle lachtáise ag go leor daoine ach is féidir leo táirgí bainne a dhíleá gan aon fhadhb. Má tá éadulaingt ar lachtós agat, áfach, tagann airíonna ort tar éis duit bianna déiríochta a ithe mar gheall ar an easpa lachtáise. Is féidir leis an gcuid is mó de dhaoine a bhfuil éadulaingt ar lachtós acu an riocht a bhainistiú agus ní bhíonn orthu éirí as gach bia déiríochta. (*Mayo Clinic*)**

A. Easpa lachtáise is cúis le mí-ionsú lachtóise sa chuid is mó de chásanna.

B. Má tá éadulaingt ar lachtós ag duine, caithfidh siad bianna déiríochta a sheachaint.

C. Tarlaíonn éadulaingt ar lachtós nuair a tháirgeann daoine leibhéil ísle lachtáise.

D. D'fhéadfadh éadulaingt ar lachtós a bheith sách contúirteach i gcásanna áirithe, cé go mbíonn sé neamhdhíobhálach de ghnáth.

**126. Sna nóiméid tar éis do stoirm sneachta teacht chun críche, agus an tírdhreach faoi bhrat bán, tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil an saol amuigh faoin spéir i bhfad níos ciúine. Mar a tharlaíonn sé, tá cúis eolaíoch leis an gciúnas suaimhneach agus bíonn ról tábhachtach ag saintréithe an tsneachta féin maidir leis an gcaoi a ngluaiseann fuaim. Nuair a charnann sneachta éadrom, bog ar an talamh, feidhmíonn sé mar mhaolaire fuaime a mhúchann fuaimthonnta amhail táirgí tráchtála a ionsúnn fuaim. De réir mar a athraíonn struchtúr an tsneachta, áfach, d'fhéadfadh an méid torainn sa timpeallacht máguaird méadú. Nuair a leánn agus a reonn dromchla an tsneachta an athuair, is féidir leis éirí crua agus fuaimthonnta a fhrithchaitheamh. Gluaiseann fuaimeanna níos faide agus bíonn siad níos soiléire dá bharr sin, de réir an Ionaid Náisiúnta um**

**Shonraí Sneachta agus Oighir. (*Accuweather*)**

A. Bíonn sé go hiomlán ciúin tar éis do shneachta titim mar go n-ionsúnn an sneachta fuaim.

B. Ní bhíonn sneachta athreoite ach leath chomh héifeachtach maidir le fuaim a ionsú i gcomparáid le sneachta úr.

C. Dá dhoimhneacht an sneachta, is ciúine a bhíonn sé.

D. D'fhéadfadh sé a bheith níos callánaí mar gheall ar thitim sneachta mhór.

**127. Is ionann grianspotaí agus áiteanna níos dorcha, níos fionnuaire ar dhromchla na gréine i réigiún ar a dtugtar an fótaisféar. Tá teocht 5,800 céim ceilvin ag an bhfótaisféar. Bíonn teochtaí de thart ar 3,800 céim ceilvin ag grianspotaí. Ní bhíonn cuma dhorcha orthu ach amháin nuair a chuirtear i gcomparáid leis na réigiúin níos gile agus níos teo san fhótaisféar timpeall orthu. D'fhéadfadh grianspotaí a bheith an-mhór, suas le 50,000 ciliméadar ar trastomhas. Idirghníomhaíochtaí le réimse maighnéadach na Gréine, nach dtuigtear go hiomlán iad, is cúis le grianspotaí. Tá grianspota beagáinín cosúil leis an gclaibín ar bhuidéal sóide: d'fhéadfadh sé brúchtadh má chroitheann tú é. Faightear grianspotaí i réigiúin ina mbíonn gníomhaíocht mhaighnéadach dhian, agus nuair a scaoiltear an fuinneamh sin, pléascann grianbhladhmanna agus stoirmeacha móra, ar a dtugtar eisteilgin maise corónaí, ó ghrianspotaí. (*space.com*)**

A. In ainneoin cuma, ní hionann grianspotaí agus áiteanna dorcha ar dhromchla na gréine.

B. Is spotaí dorcha agus fuara ar dhromchla na gréine i limistéar ar a dtugtar an fótaisféar iad grianspotaí.

C. Is ionann grianspotaí agus áiteanna níos fionnuaire ar dhromchla na gréine, a bhíonn beagáinín níos mó ná méid an Domhain de ghnáth.

D. Ní féidir grianbhladhmanna agus eisteilgin maise corónaí a lainseáil ach amháin ó ghrianspotaí.

**128. Is ionann sprideanna dearga agus scairdeanna gorma agus splancacha solais a tharlaíonn os cionn stoirmeacha toirní agus a bhaineann le gnáth-thintreach sa spéir thoirní thíos fúthu. Ní fios na cúiseanna leis an dá fheiniméan. Is minic a fhorbraíonn sprideanna dearga beagnach láithreach thar réigiún leathan idir 40km agus 90km ar airde. Clúdaíonn an réigiún seo an chuid is mó den mhéisisféar, an réigiún den atmaisféar atá idir 50km agus 80km ar airde agus a fhorluíonn cuid mhór de réigiún ianaisféarach D (idir 70km agus 90km ar airde). Bíonn dath scothdhearg ar sprideanna dearga ar thaifid teilifíse ísealsolais agus chonacthas teannóga gorma ag sraoilleadh thíos fúthu. Scaipeann scairdeanna gorma amach as spéartha toirní ar threoluasanna ísle (thart ar 100 km sa soicind) i bhfoirm cóin chaola solais a bhfuil dath gorm orthu. Tá taighde gníomhach á dhéanamh ar an dá fheiniméan. (*britannica.com*)**

A. Is féidir le scairdeanna gorma airdí níos mó a bhaint amach ná sprideanna dearga.

B. Bíonn teannóga gorma ag sraoilleadh ar thart ar 100 km sa soicind.

C. Tarlaíonn feiniméan gan mhíniú i réigiún ianaisféarach D.

D. Ní fhorbraíonn sprideanna dearga ach amháin sa chuid sin den atmaisféar ar a dtugtar an méisisféar.

**129. Déantar oighearshruthanna nuair a athchriostalaíonn sneachta nó frasaíocht sholadach eile nach leánn go mór, fiú le linn an tséasúir leá. Comhbhrúnn an sneachta a thiteann thar thréimhse blianta (ar ráta a bhraitheann ar theocht agus ar fhliche) ina oighear. D'fhéadfadh oighearshruth éirí níos mó freisin má reonn leá-uisce ag a bhun arís. Cé gurb é titim sneachta is mó is cúis le hoighearshruthanna, d'fhéadfaidís fás freisin mar gheall ar reo báistí, clocha sneachta, sioc liath, agus cuisne; d'fhéadfadh maidhmeanna sneachta sneachta a chur ar fáil d'oighearshruth freisin. Faightear oighearshruthanna i gceantair Artacha, san Antartach, agus ar shléibhte arda i réigiúin ina bhfuil aeráidí measartha agus trópaiceacha fiú. Tugtar oighearchlúideacha ar oighearshruthanna a leathann i mbrait leanúnacha agus a chlúdaíonn mórchríoch mhór, amhail an tAntartach nó an Ghraonlainn. Má tá siad cosúil leo ach níos lú, tugtar oighearchaidhpeanna orthu. (*britannica.com*)**

A. Ní coinníoll riachtanach airde le go bhforbródh oighearshruthanna.

B. Ní féidir a rá gur féidir le hoighearshruthanna a bheith ann ag gach domhanleithead ar Domhan.

C. Is féidir teacht ar na hoighearshruthanna is mó sna réigiúin Artacha agus Antartacha.

D. Is tapúla a fhorbraíonn oighearshruthanna sna ceantair is fuaire.

**130. Fuair saineolaithe amach go bhféadfaí an baol go mbuailfeadh taom croí nó stróc duine a laghdú ach dhá úll sa lá a ithe. Nuair a d'ith 40 duine a bhfuil colaistéaról beagán ard acu dhá úll mhóra sa lá ar feadh ocht seachtaine, laghdaíodh leibhéil an "droch-cholaistéaróil" faoi bheagnach ceithre faoin**

**gcéad. D'fhéadfadh sé sin an baol go bhfaighidh duine stróc nó taom croí, a bhféadfadh colaistéaról a chruann na hartairí a bheith ina chúis leo, a laghdú. Tá isteach is amach leis an gceathrú cuid de shnáithín cothaitheach molta laethúil an duine le fáil in dhá úlla mhóra, agus faightear cineál snáithín iontu freisin a spreagann baictéir sa phutóg a d'fhéadfadh colaistéaról a laghdú. D'fhéadfadh sé seo an chomhairle thraidisiúnta a mhíniú: "coinníonn úll sa lá an dochtúir ar shiúl". Fuair taighdeoirí amach freisin go raibh fuileadáin níos sláintiúla, níos scaoilte ag daoine tar éis dóibh úlla a ithe gach lá. Tá sé seo cosúil le héifeacht a chonacthas i mbianna eile ina bhfaightear comhdhúile nádúrtha ar a dtugtar polaifeanóil, amhail fíon dearg agus tae. (*Daily Mail*)**

A. Tháinig laghdú faoi cheathair ar leibhéil an cholaistéaróil oilc nuair a d'ith daoine dhá úll mhóra sa lá ar feadh ocht seachtaine.

B. Tá cineál snáithín in úlla a spreagann baictéir sa phutóg a laghdaíonn colaistéaról.

C. Tá fíon dearg nó tae a ól chomh maith duit le húlla a ithe.

D. D'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag dhá úll a ithe sa lá ar do leibhéil cholaistéaróil.

**131. Cé gur léiríodh i dtaighde le déanaí go bhféadfadh dlíthe maidir le rochtain ar channabas an úsáid a bhaintear as ópóidigh ar oideas a laghdú, ní thuigtear go maith tionchar na ndlíthe seo ar úsáid ópóideach maidir le gach gné úsáide agus maidir le daonra na Stát Aontaithe i gcoitinne. Agus anailís á déanamh ar thacar sonraí de bhreis agus 1.5 billiún oidis d'ópóidigh aonair idir 2011 agus 2018, a tiomsaíodh de réir leibhéal an tsoláthraí aonair bliana, fuarthas amach gur tháinig laghdú 11.8 agus 4.2 faoin gcéad, faoi seach, ar líon na gcoibhéisí milleagraim moirfín ar oideas gach bliain mar gheall ar dhlíthe rochtana ar channabas áineasa agus míochaine. Faoi na dlíthe seo, laghdaíodh freisin líon iomlán na laethanta soláthair le haghaidh na n-ópóideach ar oideas, líon iomlán na n-othar a fhaigheann ópóidigh, agus an dóchúlacht go n-ordódh soláthraí ópóidigh glan d'éifeacht fritháirimh ar bith. Ina theannta sin, thángthas ar fhianaise chomhsheasmhach sa staidéar go mbíonn tionchair dhifriúla ag dlíthe rochtana ar channabas i measc na gcineálacha soláthraithe, speisialtachtaí lia, agus íocóirí. (*sciencedirect.com*)**

A. Tar éis an taighde seo, maolóidh níos mó stát sna Stáit Aontaithe a gcuid srianta i dtaca le cannabas.

B. Níor cuireadh aon chinnteacht ar fáil maidir le héifeachtaí na ndlíthe maidir le rochtain ar channabas tar éis anailís a dhéanamh ar thacar sonraí de bhreis agus 1.5 billiún taifead.

C. Tá sé cruthaithe go dtagann laghdú ar an úsáid a bhaintear as ópóidigh ar oideas mar gheall ar dhlíthe a cheadaíonn rochtain ar channabas.

D. Fuarthas amach go raibh an tionchar céanna ag dlíthe cannabais ar úsáid ópóideach ar oideas.

**132. Bíonn baint ag alcól le thart ar 84% d'ócáidí sóisialta oifigiúla san ionad oibre, de réir taighde a rinneadh don Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt. Le linn shéasúr chóisirí na Nollag, deir 40% de ghnólachtaí a bhfuil imeacht don Nollaig á phleanáil acu go mbeidh alcól ar fáil go héasca agus go n-íocfaidh an comhlacht as, agus deir 39% go mbeidh alcól ar fáil lena cheannach gan teorainn. D'fhéadfadh an tionchar a bheith dearfach agus diúltach. Dúirt ceathrar as 10 bainisteoirí acmhainní daonna gur féidir le halcól a bheith ina cúis le fadhbanna ag an obair. Dúirt 50% de bhainisteoirí, áfach, go mbíonn tionchar dearfach ag cúpla deoch a ól ag ócáidí sóisialta ar mheanma agus ar dhlúthchaidreamh a chothú i measc foirne. (*BBC News*)**

A. Óltar an iomarca alcóil go minic ag imeachtaí sóisialta ag a bhfuil fáil ar alcól.

B. Ní féidir a rá gur cheap mionlach de bhainisteoirí acmhainní daonna go raibh tionchair dhearfacha ag deochanna ag imeachtaí sóisialta.

C. Tá an chuma ar an scéal nach minic a gcuirtear teorainn leis an méid alcóil a óltar ag ócáidí sóisialta san ionad oibre.

D. Cothaítear níos mó fadhbanna ag imeachtaí Nollag ag a mbíonn alcól saor in aisce ná imeachtaí ag a n-íocann fostaithe as.

**133. Tá trian de na tíortha is boichte ar domhan ag déileáil le leibhéil arda mhurtaill chomh maith le gannchothú, agus bíonn daoine róthanaí dá bharr sin, de réir tuarascála in The Lancet. Deirtear gurb iad rochtain dhomhanda ar bhianna sárphróiseáilte agus an chaoi a bhfuil níos lú aclaíochta á déanamh ag daoine is cúis leis an bhfadhb. Meastar sa tuarascáil go bhfuil beagnach 2.3 billiún leanbh agus duine fásta ar domhan róthrom, agus cuireann fás cranda isteach ar bhreis agus 150 milliún leanbh. Tá aghaidh á tabhairt ag go leor tíortha ísealioncaim agus meánioncaim ar an dá shaincheist seo ag an am céanna – tugtar "ualach dúbailte an mhíchothaithe" air seo. Ciallaíonn sé seo go bhfuil 20% de dhaoine róthrom, nach bhfuil 30% de leanaí faoi bhun ceithre bliana d'aois ag fás i gceart, agus go rangaítear 20% de mhná ina mná tanaí. Deirtear sa tuarascáil go bhféadfadh an dá chineál míchothaithe cur isteach ar phobail agus ar theaghlaigh, chomh maith le daoine aonair ag pointí ar**

**leith ina saol. De réir na tuarascála, chuir an t-ualach isteach ar 45 tír as 123 sna 1990idí, agus chuir sé isteach ar 48 tír as 126 sna 2010idí. (*BBC News*)**

A. Is iad bianna sárphróiseáilte an phríomhchúis a bhfuil daoine i dtíortha bochta ag éirí níos murtallaí.

B. Tá duine in ann a bheith róthrom agus ag fás go cranda ag an am céanna.

C. Bíonn daoine róthanaí mar gheall ar chomhéifeachtaí an mhurtaill agus an ghannchothaithe.

D. Tháinig méadú suntasach ar líon na dtíortha atá thíos leis an ualach dúbailte.

**134. Bhailigh foireann gruaig ó roinnt speicis mhamacha, an duine daonna san áireamh, agus tharraing siad na ribí go dtí gur bhris siad. Scrúdaigh na taighdeoirí na ribí briste le leictreonmhicreascópacht scanacháin. Fuair siad amach go mbriseann gruaig thanaí, amhail gruaig an duine, ina scoilteanna fada go minic agus scoitheann na snáithíní ceiritine aonair. Briseann gruaig níos tibhe, amhail fionnadh eilifinte, glan trasna de ghnáth. Go frithiomasach, fuair taighdeoirí amach go mbíonn gruaig thanaí níos láidre ná gruaig thiubh de ghnáth — agus tugann siad le fios go bhféadfadh baint a bheith ag an bhfeiniméan seo le méid agus líon na bhfabhtanna sa ribe gruaige. Eisceacht amháin ba ea fionnadh an chapabára. Tá mant i lár a ribí siúd agus creidtear go gcabhraíonn sé le fáil réidh le huisce. Theip ar an ngruaig sin feadh na lárlíne go minic, agus bhí neart teanntachta ní b'ísle aici ná mar a bhíothas ag súil leis dá bharr sin. (*cen.acs.org*)**

A. Bíonn gruaig thiubh níos laige de ghnáth toisc go mbíonn níos mó fabhtanna aici.

B. Fuair taighdeoirí amach go raibh neart na gruaige i gcomhréir inbhéartach leis an tiús.

C. Is eisceacht ar an riail go mbíonn gruaig níos tanaí níos láidre é fionnadh an chapabára.

D. Bhí gruaig an duine i measc na gcineálacha gruaige ba láidre.

**135. Tá córais éagsúla a dearadh le tiomáint a dhéanamh níos sábháilte agus níos éasca ag cur tiománaithe i mbaol, de réir staidéar nua. Éiríonn tiománaithe neamhairdeallach uaireanta mar gheall ar luasrialú oiriúnaitheach agus teicneolaíochtaí a chabhraíonn leo fanacht i lána agus bíonn baol níos mó ann go mbeidh timpiste acu dá bharr sin. Nuair a úsáidtear i gceart iad, is féidir leis na teicneolaíochtaí daoine a dhéanamh níos sábháilte. Cuireann a lán tiománaithe an iomarca muiníne sna córais, de réir an staidéir, áfach. Tá an fhianaise ag dul i méid nach n-úsáideann nó nach dtuigeann tiománaithe córais pháirt-uathoibrithe i gceart. Thángthas ar an gconclúid sa staidéar AAA go bhfuil a dhá oiread seans ann go dtarraingeofar aird an tiománaí ón mbóthar mar gheall ar an dá chóras sin i gcomparáid le tiománaithe nach n-úsáideann na córais sin. D'fhéadfadh sé go bhfuil seans níos lú ann, go frithiomasach, go gcuirfidh na córais seo isteach ar thiománaithe nach bhfuil cur amach chomh maith sin acu orthu, de réir an AAA. (*USA Today*)**

A. Ceapann an AAA gur chóir cur i gcoinne an dá chóras a mhéadaíonn an baol tuairteanna.

B. Bíonn an tiomáint níos contúirtí mar gheall ar luasrialú oiriúnaitheach agus teicneolaíochtaí a chabhraíonn le tiománaithe fanacht i lána.

C. Fuarthas amach go bhféadfadh teicneolaíochtaí a chabhraíonn le daoine tiomáint rioscaí tiomána a mhéadú.

D. Nuair a úsáideann tiománaithe an dá theicneolaíocht, tá a dhá oiread seans ann, beagnach, nach dtabharfaidh siad an méid céanna airde.

**136. Cuirtear i leith ollscoileanna go dtacaíonn siad leis an eite chlé agus nach gcuireann siad fáilte roimh ollúna coimeádacha ná ollúna de chuid na heite deise. Is beag atá ar eolas againn faoi chlaonadh polaitiúil ollúna i gcomparáid le gairmithe eile, áfach. Is iad seo an grúpa comparáide ceart más maith linn a fháil amach an bhféadfadh ollscoileanna a bheith ina dtimpeallachtaí naimhdeacha do choimeádaigh. Agus scrúdú á dhéanamh ar chlaontaí polaitiúla san Eoraip atá dírithe ar an gcultúr agus ar an ngeilleagar, léiríodh go mbíonn ollúna níos liobrálaí agus go mbíonn claonadh i dtreo na heite clé acu i gcomparáid le gairmithe eile. Níl aon aonchineálacht níos mó ann ó thaobh claontaí polaitiúla de i measc ollúna i gcomparáid le gairmeacha sonracha eile, áfach, rud a thugann le fios go bhfuil éagsúlacht tuairimí ann atá cosúil leis sin a bheadh le fáil i measc gairmithe i slite beatha eile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil an difear idir ollúna agus gairmithe eile chomh soiléir sin i measc céimithe de chuid na n-eolaíochtaí sóisialta, ach go n-éiríonn an difear níos soiléire i measc céimithe a bhfuil céim leighis, STEM, eacnamaíochta nó dlí acu. (*wiley.com*)**

A. Fuarthas amach go mbíonn ollúna sna Stáit Aontaithe níos liobrálaí agus go mbíonn claonadh i dtreo na heite clé acu i gcomparáid le gairmithe eile.

B. Fuarthas amach sa staidéar go raibh ollscoileanna san Eoraip naimhdeach i leith daoine a raibh luachanna coimeádacha acu.

C. Thángthas ar easpa ilchineálachta i dtuairimí ollúna i gcomparáid le gairmithe eile.

D. Chonacthas go mbíonn tuairimí polaitiúla atá níos cosúla le chéile ag ollúna agus ag gairmithe eile a bhfuil céimeanna san eolaíocht shóisialta acu seachas céimeanna leighis.

**137. Fuarthas amach i staidéar nua go raibh claonadh ag daoine ar tugadh staitisticí cruinne dóibh ar shaincheist chonspóideach gan bheith in ann cuimhneamh go cruinn ar na huimhreacha sin nuair nár fheil na figiúirí sin do thuairimí a chreidtear go forleathan. Mar shampla, nuair a thaispeántar do dhaoine gur tháinig laghdú ar líon na n-inimirceach de chuid Mheicsiceo sna Stáit Aontaithe le déanaí – rud atá fíor ach a thagann salach ar thuairimí go leor daoine – cuimhníonn siad ar a mhalairt de ghnáth. Nuair a thugann daoine an mhífhaisnéis seo a chruthaigh siad do dhaoine eile, d'fhéadfadh na huimhreacha dul níos faide agus níos faide ón bhfírinne. "Is féidir le daoine a mífhaisnéis féin a chruthú. Ní thagann an mhífhaisnéis ar fad ó fhoinsí seachtracha," a dúirt Jason Coronel. "B'fhéidir nach bhfuil sé á dhéanamh acu d'aon turas, ach d'fhéadfadh a gcuid claontachtaí féin iad a chur ar strae. Éiríonn an fhadhb níos measa nuair a roinneann siad an mhífhaisnéis a chruthaigh siad le daoine eile." (*news.osu.edu*)**

A. Fuarthas amach sa staidéar go gcruthaíonn daoine a gcuid bréagnuachta féin go minic.

B. Tabharfaidh daoine neamhaird ar an bhfírinne má thagann sí salach ar a gcuid tuairimí.

C. Dá mhéad faisnéise a chuirtear ar fáil, is mó a chuirtear as a riocht í.

D. Fuarthas amach gur chuir daoine an fhírinne as a riocht d'aon ghnó le go mbeadh sí ag teacht lena chreid siad féin.

**138. Fuarthas amach in anailís nua go mbíonn daoine a bhfuil a n-aird tarraingthe ag an bhfón póca ag tuisliú, ag titim agus ag gortú a gcloigne agus a muiníl níos minice, agus tá ardú "géar" ag teacht ar na gortuithe sin le 20 bliain anuas. Dúirt na húdair go raibh formhór na gcásanna éadrom, ach bhí stolltaí aghaidhe agus gortuithe inchinne trámacha i gceist le cuid acu a bhféadfadh a bheith ina gcúis le hiarmhairtí fadtéarmacha. Creidtear gurb é seo an chéad staidéar ina ndéantar iniúchadh ar ról na bhfón cliste i ngortuithe do na baill seo den chorp. Fuarthas amach i staidéir a rinneadh roimhe seo go bhfuil ardú ag teacht ar gach cineál gortaithe arb é "siúl ar seachrán" is cúis leo. Is annamh a tharla gortuithe cloiginn agus muiníl a bhain le húsáid na bhfón póca go dtí gur tháinig méadú mór orthu in 2007, an bhliain a cuireadh an chéad iPhone amach. Tharla méadú ní ba mhó ina dhiaidh sin agus bhain sé an bhuaic amach in 2016. B'ionann beagnach 40 faoin gcéad de na hothair agus úsáideoirí fóin póca idir 13 agus 29 bliain d'aois, agus tharla an chuid is mó de na gortuithe de thoradh aird duine a bheith bainte de rud san aoisghrúpa seo. (*NBC News*)**

A. Tháinig méadú mór ar ghortuithe tromchúiseacha cinn agus muiníl toisc go mbíonn aird daoine bainte de rud mar gheall ar an bhfón póca.

B. Fuarthas amach go raibh rátaí níos airde gortuithe i measc seandaoine mar gur baineadh a n-aird de rud mar go raibh fón póca in úsáid acu.

C. Chuir teacht na bhfón cliste le fadhbanna leighis.

D. Tháinig méadú ar ghortuithe mar go bhfuiltear in ann brabhsáil ar an idirlíon nó cluichí a imirt ar fhóin chliste.

**139. Thug Centers for Disease Control and Prevention sna Stáit Aontaithe rabhadh go bhfuil an chosúlacht air gur tharchuir coileáin i siopaí peataí frídín contúirteach atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach agus gur éirigh 30 duine i 13 stát tinn mar gheall air. Dúirt an ghníomhaireacht gur athraitheach de Champalabaictéar jejuni an t-ionfhabhtú seo atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí. Go dtí seo, dúirt 21 othar as 24 ar ar chuir an CDC agallamh – 88 faoin gcéad − gur leag siad a lámh ar choileán le déanaí. "Cuireadh ceathrar san ospidéal," a dúirt an CDC, cé "nár tuairiscíodh aon bhás. De réir agallamh le daoine breoite chomh maith le fianaise shaotharlainne, léirítear gur teagmháil le coileáin, go háirithe leo siúd ó shiopaí peataí, is cúis leis an ráig seo. Féadann coileáin agus madraí frídíní Campalabaictéir a dhéanann daoine tinne a iompar, fiú agus cuma na sláinte agus na glaineachta orthu," a dúirt an CDC. Mar sin de, "ba chóir do dhaoine a bhfuil coileáin nó madraí acu, a oibríonn leo nó a thagann i dteagmháil leo céimeanna a ghlacadh le fanacht sláintiúil." (*upi.com*)**

A. Is dócha go mbeidh frídín atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach á iompar ag coileán a cheannaítear ó shiopa peataí.

B. In ainneoin cuma shláintiúil agus ghlan a bheith orthu, iompraíonn coileáin agus madraí réimse éagsúil frídíní.

C. Ba dhóchúla go n-iompródh coileáin a díoladh i siopaí peataí an frídín Campalabaictéar.

D. Thuairiscigh an CDC gur tháinig tinneas ar fhormhór na ndaoine siúd a theagmhaigh le coileáin.

**140. Seans nach dtiocfaidh foraoiseacha trópaiceacha a bhfuil lománaíocht dhian déanta orthu -- a glanadh agus a athchuireadh arís agus arís -- chucu féin choíche. De réir staidéar nua, ídíonn lománaíocht leanúnach foraoiseacha**

**trópaiceacha an taisce cothaitheach beo san ithir, rud a laghdaíonn an seans go mbeidh an fhoraois in ann téarnamh san fhadtéarma. "Foraoiseacha a bhí mar an gcéanna leis na milliúin bliain, tá buanathrú ag teacht orthusan anois de bharr lománaíocht leantach," a deir Tom Swinfield, príomhúdar an staidéir. Nuair a rinne eolaithe suirbhé ar fholláine na gcrann i bhforaoiseacha a leagadh cheana ar oileán Bhoirneo, tháinig sé chun solais go raibh na duilleoga ní ba thibhe agus go raibh níos lú tiúchan nítrigine agus fosfair iontu. Tá cothaithigh ithreach bunriachtanach don fhásra folláin. Nuair a fhaigheann crainn bás agus nuair a lobhann siad go nádúrtha, tugtar na cothaithigh ar ais chun na hithreach. Nuair a leagtar foraoiseacha, tógtar na cothaithigh in éineacht leis na crainn. Méadaíonn lománaíocht creimeadh ithreach chomh maith, rud a dhéanann an líon nítrigine agus fosfair sa talamh a ídiú tuilleadh. Tá eolaithe den tuairim go gcailltear suas le 30 faoin gcéad d'fhosfar iomlán foraoise nuair a leagtar í. (*upi.com*)**

A. Níl aon bhunús leis an tuairim gur féidir le bainistíocht foraoise níos fearr an t-éiceachóras a bhí ann cheana a aisghabháil.

B. Ní bheadh sé cruinn a rá go ndéanann lománaíocht leantach díobháil.

C. Ní dócha go mbeidh na hiarmhairtí a bhíonn le feiceáil i bhforaoiseacha trópaiceacha chomh tromchúiseach lena macasamhail i bhforaoiseacha measartha.

D. Tá lománaíocht leantach in ann a bheith díobhálach, ach ní dhéanfaidh aon bhabhta amháin de mórán díobhála i ndáiríre.

**141.** **Tá sé tagtha chun solais i staidéar nua gur lú an seans go dtiocfaidh an fliú ort má tá slaghdán ort cheana féin, agus a mhalairt. Cé go bhfuil an nasc seo idir slaghdáin agus an fliú tugtha faoi deara, bhí staidéar nua sách mór chun fianaise láidir a sholáthar gurb amhlaidh atá, de réir údair an staidéir. Rinne na taighdeoirí 11 chineál víreas riospráide a thástáil i mbreis agus 44,000 sampla a bailíodh ó bhreis agus 36,000 daoine a raibh tinneas géar riospráide orthu. Ar na daoine sin, fuair 35 faoin gcéad acu toradh dearfach ar a dtástáil le haghaidh víris. Orthu sin, bhí níos mó ná aon chineál amháin víris ar 8 faoin gcéad acu. Ba é an t-imoibriú ba shuntasaí an t-imoibriú idir víris fliú A agus rinivíris, ar cúis amháin é sin leis an slaghdán. Thug samhaltú ar ríomhaire le fios go raibh imoibrithe idir an dá cheann acu a chuir srian le hionfhabhtú i ndaoine aonair agus i measc an phobail trí chéile. Léiríodh sa staidéar chomh maith go raibh an dóchúlacht go dtiocfadh rinivíreas ar othair a raibh fliú A orthu 70 faoin gcéad níos ísle le hais othair a raibh cineálacha eile víris orthu. (*upi.com*)**

A. Léiríodh sa staidéar go bhféadfaí an slaghdán a úsáid mar vacsaín leis an bhfliú a chosc.

B. Fuarthas amach go raibh imdhíonacht ag daoine ar tháinig an fliú orthu ar an rinivíreas, agus a mhalairt.

C. D'fhéadfaí forbairt vacsaíne slaghdáin a éascú a bhuíochas le tusicint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn na hionfhabhtuithe víreasacha seo.

D. Feidhmíonn víreas amháin a tholgadh mar a bheadh vacsaín shealadach ann leis an riosca go bhfaigheadh duine an cineál eile víris a laghdú.

**142.** **Rinne taighdeoirí staidéar ar fhás Mediaset, ar craoltóir Iodálach é, agus fuair siad amach go raibh na daoine siúd a chaith sciar mór ama agus iad ina leanaí ag féachaint ar a gcartúin, sobaldrámaí agus cláir tráth na gceist beagnach 10% ní ba dhóchúla tacú le pobalóirí, de bharr gur fhág scileanna cognaíocha ní ba laige gurbh fhusa do pholaiteoirí ag a raibh argóintí simplíocha á gcur chun cinn dul i bhfeidhm orthu. Ba lú an éifeacht a bhí ar leanaí a raibh cónaí orthu i mbailte mar a raibh sé ní ba dheacra comhartha Mediaset a fháil ná mar a bhí ar a bpiaraí. Ba é an toradh a bhí air go raibh scileanna cognaíocha ní ba laige ag tomhaltóirí a chaith go leor ama ag féachaint ar chláir Mediaset, agus claonadh ní ba lú i dtreo shaol an tsaoránaigh, agus gur chruthaigh siad ní ba mheasa i dtástálacha matamaitice agus litearthachta chomh maith. Fós féin, tá sé ríthábhachtach a thuiscint nach dtagann a leithéid seo de "dhúire" ar dhaoine de bharr go gcuireann droch-chláir theilifíse galar dúire ar dhuine. Is é an deischostas atá i gceist: is ionann gach uair a chaitheann tú i do shuí os comhair cartún seafóideach agus uair nach bhfuil tú ag léamh, ag taiscéaladh an domhain fhisiciúil, nó ag breathnú ar chláir oideachasúla. (*The Guardian*)**

A. Le tionchar diúltach a bheith ag droch-chláir theilifíse, ní chaithfidh siad ach teacht in áit rud éigin níos fearr.

B. Na daoine a bhreathnaigh ar ní ba lú clár teilifíse, b'amhlaidh ba lú an seans go dtacóidís le pobalóirí.

C. Fuarthas amach sa staidéar go raibh sé furasta do chláir theilifíse dul i bhfeidhm ar Iodálaigh go háirithe.

D. Is cinnte go mbeidh daoine níos tacúla le pobalóirí de bharr breathnú ar chláir theilifíse ar chaighdeán íseal.

**143.** **De réir staidéir a rinneadh in Ollscoil Mhanchain, tá seans ann go bhfuil dul amú orainn maidir le scagairí gormsholais. Deartar scagairí gormsholais, nó mód oíche mar a thugtar orthu freisin, ar ár ngléasanna le cuidiú linn codladh níos fearr a dhéanamh san oíche i riocht is nach gcuirfear isteach ar ár rithim laethúil. Is cosúil go bhféadfadh sé go bhfuil a mhalairt ghlan á déanamh ag an bhfeidhm seo. Agus úsáid a bhaint as soilsiú a dearadh go sainiúil le dath-theocht a choigeartú gan an ghile a athrú,**

**nocht an mheitheal lucha do dhathanna éagsúla agus scrúdaigh siad na héifeachtaí a bhí leo. De réir na dtorthaí, tugadh le fios go raibh ní ba lú éifeachtaí ag solas gorm ar chlog inmheánach na luch ná mar a bhí ag solas buí. Deir na taighdeoirí go bhfuil ciall leis seo de bharr go mbíonn solas an tráthnóna níos laige agus níos goirme ná solas an lae, agus go mbraitheann an corp go mór ar an dá aitheantóir seo le hamanna cuí codalta agus dúiseachta a shocrú. D'fhéadfadh sé a bheith níos éifeachtaí úsáid a bhaint as soilse ní ba laige, ní b'fhionnuaire sa tráthnóna agus úsáid a bhaint as soilse ní ba theolaí sa lá le cuidiú le timthriall nádúrtha na colainne a bhainistiú. (*androidauthority.com*)**

A. Is é dath an tsolais agus ní gile an tsolais a raibh tionchar aige ar chumas na luch dul a chodladh.

B. D'fhéadfadh éifeachtaí nach bhfuil beartaithe leo a bheith i gceist leis na scagairí soilse oíche a bhíonn ar ár ngléasanna leictreonacha.

C. Is fearr dár bpatrúin chodalta iad soilse níos laige, níos teolaí a úsáid sa tráthnóna ná soilse níos fionnuaire, níos gile.

D. Fuarthas amach sa staidéar gur dhócha go gcoinneodh soilse buí daoine ina ndúiseacht ní ba mhoille san oíche.

**144. Deir eolaithe go bhfuil siad tar éis teacht ar bhunchúis fhéideartha leis an neamhord néareolaíoch, mar atá galar néarón luadrach (GNL). Deir foireann taighde Ollscoil Exeter go bhfuil siad tar éis teacht ar fhianaise go bhfuil ceangal ag GNL le héagothromaíocht cholaistéaróil agus saillte eile i gcealla. Deir siad go bhféadfaí go mbeadh diagnóisí ní ba chruinne agus cóireálacha leighis nua mar thoradh ar an taighde. Tá GNL ag gabháil do thuairim is 5,000 duine sa Ríocht Aontaithe agus is é is cúis le 2,000 bás in aghaidh na bliana. Deir eolaithe na hollscoile gur bhuail splanc thuisceana iad nuair a thuig siad go raibh baint dhíreach ag 13 ghéin − géinte, dá n-athrófaí iad, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an bhfadhb shláinte féin − le colaistéaról a phróiseáil. Deir siad go bhféadfadh a dteoiric a bheith ina cuidiú le cúrsa agus géire an ghalair in othair a thuar agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht drugaí nua féideartha. Dúirt an príomhúdar, an tOllamh Andrew Crosby: "Tá a fhios againn le blianta go bhfuil líon mór géinte bainteach le galar néarón luadrach, ach go dtí seo níorbh fhollasach go raibh bunchonair choitianta a cheanglaíonn le chéile iad." (*BBC News*)**

A. Tháinig na heolaithe ar fhianaise go bhfuil nasc idir leibhéil arda cholaistéaróil agus galar néarón luadrach.

B. D'fhéadfaí go mbeadh tuiscint ní b'fhearr ar an ngalar mar thoradh ar theacht ar an gcaoi a ndéanann géinte colaistéaról a phróiseáil.

C. Más féidir na 13 ghéin a athrú siar, is amhlaidh gur féidir iad a stopadh ó bheith ina gcúis leis an ngalar.

D. Ní raibh na taighdeoirí ag súil go mbeadh níos mó ná aon ghéin éalangach amháin i gceist le GNL.

**145. I staideár a rinneadh le deireanas, taispeánadh gur dhóchúla go léireodh leanaí a fágadh gan chosaint ar chaitheamh tobac sna chéad cheithre bliana dá saol airíonna hipirghníomhaíochta agus fadhbanna iompair. Fuarthas amach sa staidéar gur mhair an ceangal sin fiú tar éis rialú a dhéanamh i ndáil le leibhéal bochtanais an teaghlaigh, oideachas tuismitheora, stair na dtuismitheoirí maidir le neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde, naimhdeas, dúlagar, sainuimhir éirime an chúramóra, agus castachtaí cnáimhseachais. Bhí 1,096 leanbh i gceist leis an staidéar agus ba thoradh na héifeachtaí a scrúdaíodh sa staidéar ar an dáileogacht nicitín ar fágadh na leanaí gan chosaint uirthi, arna cainníochtú ag an bhfotháirge meitibileach, cóitinín, ina gcuid seile. Tá na torthaí ag teacht le múnlaí ainmhithe a léiríonn go bhfuil tionchar ag nicitín ar fhorbairt leanúnach intinne i réigiúin a bhaineann le hipirghníomhaíocht agus le ríogacht. "Tá an-bhéim ar an mbaol a bhaineann le caitheamh tobac le linn toirchis, ach tugtar le fios sa staidéar seo go leantar le leochaileacht leanaí do na héifeachtaí a bhaineann le bheith fágtha gan chosaint ar nicitín le linn chéad bhlianta an tsaoil," a dúirt príomhúdar an staidéir, Lisa Gatzke-Kopp. (*eurekalert.org*)**

A. Is minic gurb é nochtadh do chaitheamh tobac is cúis le hipirghníomhaíocht i leanaí sa chéad 4 bliana den saol.

B. Níl an oiread sin tuisceana ar nochtadh do chaitheamh tobac i measc leanaí sna luathbhlianta agus atá ar chaitheamh tobac le linn toirchis.

C. D'fhéadfadh sé gur nochtadh leanbh a léiríonn hipirghníomhaíocht do nicitín agus iad óg.

D. Meastar gurb í an chóitinín sna toitíní a dhéanann dochar do leanaí.

**146. Taifeadadh teocht thar oíche "shuntasach", mar a bhí 16.8°C, i dTuaisceart na hAlban go luath ar maidin an 30 Nollaig, an teocht ab airde riamh don tráth sin bliana. Tá réamhaisnéiseoirí den tuairim gur patrún a dtugtar Éifeacht Foehn air atá taobh thiar den aimsir the antráthúil. Tagann sí i gceist i gceantair shléibhtiúla, áit a gcruthaítear aimsir fhliuch fhuar ar thaobh amháin sléibhe agus aimsir the thirim ar an taobh eile. Tarlaíonn an feiniméan nuair a**

**bhrúitear aer brothallach thar thalamh ard de bharr gaotha láidre. De réir mar a ardaíonn an t-aer lán taise, fuaraítear agus comhdhlúthaítear é, agus bíonn scamaill agus báisteach mar thoradh air. Scaoiltear aer tirim dá bharr sin, agus gluaiseann sé síos an taobh eile den sliabh, agus é á théamh agus teochtaí leibhéal na talún á n-ardú aige de réir mar a thaistealaíonn sé. Tharla an éifeacht i gcomhthráth le séideáin aeir the ón Atlantach theas, a raibh de thoradh orthu an Bhreatain a bheith níos teo ná an Aithin nó an Róimh. (*The Guardian*)**

A. Tarlaíonn Éifeacht Foehn nuair a bhuaileann aer sliabh agus go gcuirtear ar atreo é.

B. Ar an 30 Nollaig, d'ardaigh Éifeacht Foehn an teocht faoi 16.8°C.

C. Tá ról chomh mór céanna ag aer fliuch fuar in Éifeacht Foehn is atá ag aer te tirim.

D. Ba dhíol suntais an teocht 16.8°C mar gur tharla sí san oíche.

**147. Iompraíonn Feacht an Atlantaigh Thuaidh uisce bogthe ó Mhurascaill Mheicsiceo i dtreo na hEorpa, agus aeráid sách séimh ag sciar maith d'iarthuaisceart na hEorpa mar gheall air. Mar sin féin, measann eolaithe go bhféadfadh leá-uisce ón nGraonlainn agus barraíocht báistí teacht salach ar an bhfeacht aigéin seo. Tá ionsamhlúcháin déanta ag eolaithe ó Ollscoil Groningen agus Ollscoil Utrecht a thugann le fios nach dócha go dtiocfaidh stop iomlán leis an bhfeacht, de bharr athruithe beaga sciobtha ar fhrasaíocht os cionn an Atlantaigh Thuaidh. Mar sin féin, tá dóchúlacht 15 faoin gcéad ann go dtiocfaidh athrú sealadach ar an bhfeacht sa chéad bhliain eile amach romhainn. Tá iompar neamhlíneach le sonrú ar an bhfeacht, rud a chiallaíonn gur féidir éifeachtaí móra a bheith ag athruithe beaga. D'fhéadfadh na haistrithe sealadacha sin a bheith ina gcúis le fuarthréimhsí san Atlantach Thuaidh, cé gur gá é sin a fhíorú i staidéir bhreise. (*eurekalert.org*)**

A. D'fhéadfadh tionchair mhóra a bheith ag athrú beag ar fheacht aigéin.

B. Tá aeráid the ag cuid mhór d'iarthuaisceart na hEorpa mar gheall ar Fheacht an Atlantaigh Thuaidh.

C. Má dhéantar tuilleadh staidéar, is dócha go dtiocfaidh sé chun solais go mbeidh athruithe sealadacha ina gcúis le tréimhsí fuara san Atlantach Thuaidh.

D. Ní féidir a rá go bhfuil an fhéidearthacht ann go ndéanfar athrú neamhbhuan ar an bhfeacht.

**148. Is neamhord forbartha é neamhord de chuid speictream an uathachais (ASD) a théann i bhfeidhm ar an gcaoi a n-iompraíonn duine é/í féin, a ndéanann sé/sí caidreamh le daoine eile agus a bhfoghlaimíonn sé/sí. Fuarthas amach i staidéir a rinneadh cheana go bhfuil seans an-mhór ann, nuair a bhíonn neamhord de chuid speictream an uathachais ar dhuine de chúpla comhionann, go mbeidh sé ar an duine eile den chúpla chomh maith. I staidéar nua rinneadh anailís ar shonraí ó thrí staidéar a rinneadh cheana inar cuimsíodh 366 cúpla comhionann a raibh neamhord de chuid speictream an uathachais ar chuid acu agus nach raibh ar chuid eile. Rinneadh géire tréithe agus airíonna an uathachais a bhí ar na cúplaí a thomhas trí mheasúnú cliniceora nó trí rátáil tuisimitheoirí ar cheistneoir caighdeánaithe. Diagnóisíodh roinnt cásanna leis an dá mhodh. Rinne na taighdeoirí amach má bhíonn neamhord de chuid speictream an uathachais ar dhuine amháin de chúpla, tá seans 96% ann go bhfuil sé ar an duine eile chomh maith. Mar sin féin, bhí éagsúlacht mhór sna scóir airíonna idir cúplaí a diagnóisíodh go raibh neamhord de chuid speictream an uathachais orthu. Mheas na taighdeoirí nach raibh tosca géiniteacha faoi deara ach do 9% den chúis le héagsúlacht tréithe i measc na gcúplaí. Os a choinne sin, bhí na scóir tréithe an-chosúil i measc cúplaí comhionanna nach raibh neamhord de chuid speictream an uathachais orthu. (*eurekalert.org*)**

A. Fiú má bhí neamhord de chuid speictream an uathachais ar an mbeirt de chúpla, d'fhéadfadh an ghéire a bheith an-éagsúil.

B. Más rud é nach bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais ar dhuine de chúpla, is amhlaidh nach mbeidh an neamhord ar cheachtar acu.

C. Ba iad tosca géiniteacha an phríomhchúis aonair le leibhéil éagsúla ghéire i gcúplaí a raibh neamhord de chuid speictream an uathachais orthu.

D. Fuarthas amach go raibh na tréithe a bhaineann le neamhord de chuid speictream an uathachais i measc cúplaí comhionanna ní ba chosúla ná mar a bhí i gcás cúplaí nár chúplaí comhionanna iad.

**149. Tá an platapas ar an mbeagán mamach beo a tháirgeann nimh. Tá péire spor ar ghéaga deiridh an phlatapais fhirinn a thálann nimh nach mbíonn gníomhach ach le linn shéasúr na cúplála, rud a thacaíonn leis an hipitéis gur don iomaíocht do chéilí, agus ní don chosaint, a bhaintear úsáid as nimh. Cé go mbíonn an spor ann i gcónaí ar mhaithe leis an gcosaint, bíonn easnamh táil ar fhaireog nimhe an phlatapais lasmuigh de shéasúr na cúplála. Cé go dtuairiscítear go bhfuil éifeachtaí na nimhe damanta pianmhar, níl sí marfach don duine. Tá spoir thairseacha chosúla ag grúpaí mamach ársa go leor, agus ceaptar mar sin go bhfuair an platapas an tréith seo le hoidhreacht ó na hainmhithe a chuaigh roimhe, seachas an tréith seo a fhorbairt go huathúil. Seachas caitheamh leis an bplatapas mar eisceacht uathúil, is é an platapas an sampla deiridh atá fágtha a léiríonn tréith**

**a bhíodh coitianta i measc mamach tráth, agus is féidir úsáid a bhaint as mar shamhail do mhamaigh neamh-theireacha agus do sheachadadh agus saintréithe a nimhe. (*Wikipedia*)**

A. Cé gurb annamh sa lá atá inniu go mbíonn mamaigh in ann nimh a tháirgeadh, bhí sé forleathan tráth i measc mamach.

B. Níl nimh an phlatapais marfach d'ainmhithe eile, bíodh is go bhfuil sí an-phianmhar go deo.

C. Is é an platapas an sampla deiridh de mhamaigh a tháirgeann nimh. Bhíodh ainmhithe mar sin coitianta tráth den saol.

D. Ní féidir a rá go bhfuil nimh an mhamaigh bhaininn níos pianmhaire ná nimh an mhamaigh fhirinn.

**150. Tá eolaithe in amhras anois go bhfuil "an-rómheas ar fad" déanta ar acmhainn na limistéar athfhásta de chuid fhoraois bháistí na hAmasóine dé-ocsaíd charbóin a tharraingt ón atmaisfeár agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Is slogaide ollmhór charbóin í an fhoraois a dhéanann an gás ceaptha teasa a tharraingt ón atmaisfeár. Tugtar foraois thánaisteach ar limistéir a leagadh cheana féin agus a athchuireadh, agus féachadh orthu siúd mar ghníomh ríthábhachtach le dul i gcoinne athrú aeráide, a deir taighdeoirí in Ollscoil Lancaster. Mar sin féin, fuarthas amach i staidéar nua nár choinnigh na limistéir sin ach díreach 40 faoin gcéad de dhé-ocsaíd charbóin le hais limistéir iargúlta den Amasóin nár theagmhaigh an duine daonna leo, rud a chaitheann amhras ar a gcumas an ghéarchéim a mhaolú. Ag an am céanna, ba chosúil go raibh an téamh domhanda ag cur bac ar athfhás na foraoise tánaistí. Rinne eolaithe monatóireacht ar athfhás foraoise thar thréimhse 20 bliain agus léiríodh an chaoi a ndeachaigh tréimhsí triomaigh i bhfeidhm ar an Amasóin. Le linn tréimhsí a mbíonn "easnamh uisce" ann, ionsúnn foraoiseacha athfhásta níos lú carbóin ón atmaisfeár. (*The Independent*)**

A. Fuarthas amach nach bhfuil aon éifeacht ag foraoiseacha tánaisteacha maidir le carbón a ghabháil ón atmaisfeár.

B. Bíonn éifeacht bhuan ag limistéir a ghlanadh san Amasóin fiú nuair a athchuirtear crainn níos déanaí.

C. Bíonn foraoiseacha báistí níos éifeachtaí chuig carbón a ghabháil ná cineálacha eile foraoise.

D. Fuarthas amach nach raibh foraoiseacha a mbíonn timthriallacha athchurtha acu chomh hábalta carbón a ionsú.

# FREAGRAÍ

## 1. C

A. Ní féidir a rá. Cé go mbíonn "togracht chun gach galar tógálach eile ag leanaí ar feadh cúpla bliain" mar gheall ar an mbruitíneach, ní deirtear sa sliocht go dtiocfaidh galair eile ar dhaoine a tholgann an bhruitíneach.

B. Ní féidir a rá. Tugtar le fios sa sliocht seo *gur dócha* gurb é sin an cás, ach níl sé sin cinnte.

C. Fíor. Deirtear sa sliocht gur "tugadh le fios i staidéir roimhe seo go ... scriosann an bhruitíneach cosaint imdhíonachta ar ghalair eile".

D. Ní féidir a rá. Cé nach dtagraítear ach do mhoncaithe sa sliocht, ní chuirtear daoine as an áireamh, rud a thugann le fios go bhféadfaí feidhm a bheith aige seo leo siúd freisin.

## 2. A

A. Fíor. Cé go bhfaighidh cáis cosaint ó shraith chosanta taobh amuigh, is amhlaidh a éireoidh an cháis neamhchóireáilte istigh, lofa a luaithe is a bhrisfear an tsraith sin, fiú sa chuisneoir.

B. Ní féidir a rá. Cé go luaitear sa sliocht go bhfuil caonach inite ar an taobh amuigh de brie, ní luaitear cineálacha do-ite ann.

C. Bréagach. "Cuimlítear sailíne go rialta ar chéadar le nach bhfásfaidh caonach air".

D. Ní féidir a rá. Ní phléitear sa sliocht an é go mbeidh an cháis leasaithe go brách má tá an craiceann slán.

## 3. D

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht go gcreidtear é seo go forleathan nó nach gcreidtear, ach díreach go bhféadfadh an t-ainm é a thabhairt le fios.

B. Bréagach. Deirtear sa sliocht gur daoine níos sine a bhfuil fadhbanna sláinte eile acu a bhíonn thíos le géarghortú duánach *de ghnáth*, ach ciallaíonn sin go mbíonn daoine níos óige thíos leis freisin, bíodh is nach mbíonn chomh minic céanna.

C. Ní féidir a rá. Gan scagdhealú, *d'fhéadfadh* an bás a bheith mar thoradh ar chliseadh na nduán. Mar a luaitear sa sliocht, áfach, d'fhéadfadh nach mbeadh ach caillteanas beag maidir le feidhm na nduán mar thoradh ar ghéarghortú duánach, agus ní bheadh sé sin marfach.

D. Fíor. Is FÉIDIR é sin a rá. Is ionann géarghortú duánach agus nuair a stopann do dhuáin ag feidhmiú i gceart go tobann, agus d'fhéadfadh "caillteanas beag" maidir le feidhm na nduán a bheith san áireamh leis sin.

## 4. B

A. Bréagach. Baineadh úsáid as daoine a oibríonn i réimse na n-acmhainní daonna mar gurb é dualgas an phoist sin a bheith in ann daoine eile a thuiscint.

B. Fíor. Deirtear linn sa sliocht gurb ionann síceapataigh agus "daoine a bhfuil tréithe dorcha acu". Fuarthas amach sa staidéar a rinneadh ar phearsanra acmhainní daonna "nach bhfuil easpa cumais le hionbhá a léiriú" ag daoine a bhfuil tréithe dorcha acu. Ciallaíonn sé seo GUR féidir leo ionbhá a léiriú, ach go bhfaigheann siad scór íseal maidir lena gclaonadh an cumas seo a úsáid.

C. Ní féidir a rá. Maidir leo siúd nach léiríonn ionbhá le daoine eile, d'fhéadfaidís a bheith in ann é a déanamh nó gan bheith in ann é a dhéanamh, agus níl aon eolas ann maidir leis na sciartha coibhneasta sa phobal i gcoitinne.

D. Bréagach. Tá fianaise láidir ann ón taighde nach bhfuil claonadh iontu siúd a bhfuil an triad dorcha ag baint leo iad féin a iompar ar bhealach báúil.

## 5. C

A. Ní féidir a rá. Níl aon mheasúnú comparáideach ann ar scileanna uisciúcháin na nAisiriach agus na nÉigipteach.

B. Bréagach. Bhí tionchar ní ba thromchúisí ag na mórthriomaigh ar na hAisiriaigh ná mar a bhí orthu siúd a raibh cónaí orthu níos faide síos i dtreo bhéal na habhann mar go raibh abhainn na Tígrise i dtuaisceart na hIaráice "gearrtha amach chomh domhain sin sa tírdhreach máguaird" gur chuir sí cosc le huisciú mórscála.

C. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, bunaíodh an impireacht tráth a raibh tréimhsí báistí troime ann agus fómhair fhairsinge, rud a d'fhág gur tháinig deireadh leis an impireacht nuair a tháinig deireadh leis na dálaí aimsire siúd. Cé nach ndeirtear gur "aimhrialtacht chlíomeolaíochta" a bhí ann, ní chuirtear as an áireamh í ach an oiread, rud a fhágann go bhféadfadh sé a bheith fíor.

D. Ní féidir a rá. Deirtear linn gur dhócha gur "shraith tréimhsí diantriomaigh ba chúis le cliseadh na himpireachta" agus go raibh "na hAisirigh i bhfad níos leochailí d'impleachtaí diantriomaigh a mhair i bhfad ná daoine a bhí ag cur fúthu níos faide síos i dtreo bhéal na habhann". Mar sin féin, ní chiallaíonn an méid sin nach mbeadh an impireacht tite an tráth ar thit sí dá mba rud é go raibh sí lonnaithe níos faide síos an abhainn. D'fhéadfadh, cuir i gcás, deireadh a bheith curtha léi de bharr ionraidh.

## 6. B

A. Bréagach. Fuarthas amach sa staidéar nár chuidigh an druga le rannpháirtithe titim ina gcodladh níos sciobtha.

B. Fíor. Fuarthas amach sa staidéar gur mhair tréimhsí codlata níos faide agus gur chaith daoine níos lú ama ina ndúiseacht i lár na hoíche nuair a úsáideadh an druga.

C. Ní féidir a rá. Ní luaitear sa sliocht sonraí sainiúla maidir leis an gceist arbh é tromlach nó mionlach na rannpháirtithe a raibh tuirse orthu an lá tar éis dóibh cannabas a chaitheamh le cuidiú leo dul a chodladh.

D. Ní féidir a rá. Ní phléitear sa sliocht cé chomh héifeachtach nó cé chomh neamhéifeachtach agus a bhí an alcól mar uirlis chodalta.

## 7. C

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go bhfuil fíon dearg níos fearr do do mhicribhithóm ná cineálacha eile alcóil, ní hé go ndeirtear go bhfuil cineálacha eile alcóil go maith.

B. Ní féidir a rá. Ba leor fíon dearg a ól uair gach coicís le héifeacht a thabhairt faoi deara, ach ní insítear dúinn an bhféadfaí an méid seo a mhéadú trí ól níos minice ná sin.

C. Fíor. Ní leor fíon a ól ann féin le bheith tairbheach do bhaictéir phutóige, ní mór don fhíon a bheith dearg.

D. Ní féidir a rá. Tagraítear sa sliocht do roinnt tairbhí folláine féideartha a bhaineann le fíon dearg a ól ach ní phléitear ann an dtiocfaidh feabhas ar do shláinte mar gheall ar fhíon dearg a ól, beag beann ar an líon fíona a ólann tú, nó ar a mhinice a óltar é.

## 8. B

A. Ní féidir a rá. Níor scrúdaíodh sa staidéar ach daoine "sa 98ú peircintíl éirime nó os a cionn", agus ní hiad siúd go léir atá "os cionn an mheáin".

B. Fíor. De réir an tsleachta, "bíonn ró-infhloscthachtaí i réimsí éagsúla ag daoine a bhfuil cumas ard éirime (hipir-inchinn) iontu, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh tolgacht chun neamhoird shíceolaíocha áirithe acu".

C. Ní féidir a rá. Luaitear sa sliocht seo go mbíonn rátaí níos airde ailléirge bia i measc daoine ardéirmiúla, ach ní luaitear cnónna go sonrach ann.

D. Ní féidir a rá. Ní thugtar sa sliocht ach rátaí sainiúla a bhaineann le daoine rí-éirimiúla.

## 9. B

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht an mbíonn tarraingt fola gan phian i gcásanna áirithe nó nach mbíonn, ní deirtear ach nach raibh sé baileach chomh pianmhar nuair a bhí an té a bhí ag tarraingt na fola cúirtéiseach.

B. Fíor. Fuarthas amach sa staidéar go bhfuil "tionchar níos mó ar an bpian a mhothaíonn tú ag dearcadh na ndaoine a chuireann cóir leighis ort" ná mar a bhíonn ag líon na bpriocadh snáthaide, a raibh éifeacht bheag aige.

C. Bréagach. Tagraíonn an figiúr do dhaoine a bheith 390% níos dóchúla a rá go raibh an phian faoi smacht, ní deirtear gur laghdaíodh an phian faoi 390%.

D. Ní féidir a rá. Luaitear gur bealach amháin é seo le cuidiú le leibhéil na péine a laghdú, ach ní luaitear an é an bealach *is fearr* é.

## 10. C

A. Bréagach. Is míniú féideartha an t-eolas nua seo atá tagtha chun solais, ach ní deirtear sa sliocht go ndéanann sé mínithe féideartha a bhí ann cheana a bhréagnú.

B. Ní féidir a rá. Tá an méid seo curtha chun cinn mar mhíniú, ach ní phléitear a dhóchúlacht sa sliocht.

C. Fíor. De réir an tsleachta, d'fhéadfadh sé go mbeadh rioscaí níos airde i leith na scitsifréine agus an neamhoird dhépholaigh ag leanaí a bheirtear san fhómhar agus sa gheimhreadh nuair a bhíonn rátaí cortasóil níos airde ag mná torracha.

D. Ní féidir a rá. Cé go bpléitear sa sliocht forleithne neamhord dá leithéid i mí Eanáir, ní deirtear ann ach go bhfuil "na neamhoird sin níos coitianta i ndaoine a rugadh le linn mhíonna an gheimhridh", seachas gurb í mí Eanáir an bhuaicmhí.

## 11. B

A. Ní féidir a rá. Cé gurb í an vápáil "an bealach is mó a bhfuil tóir air agus an bealach is éifeachtaí le héirí as an tobac", ní insítear dúinn cé mhéad bealaí atá ann, nó tábhacht na vápála mar sciar de na bealaí céanna. Ní insítear dúinn ach an oiread an tábhacht choibhneasta a bhaineann le gan tosú ar an gcaitheamh tobac sa chéad áit.

B. Fíor. Cé nár cuireadh stop ach le caitheamh tobac taobh istigh mar gheall ar an gcosc ar chaitheamh tobac faoi dhian, tháinig laghdú ar líon na gcaiteoirí tobac agus na dtoitíní a caitheadh i ndiaidh dó teacht i bhfeidhm.

C. Bréagach. Is féidir an méid sin a rá go cinnte, mar go bhfuil laghdú tagtha ar líon na dtoitíní a chaitheann caiteoirí tobac in aghaidh an lae le himeacht ama.

D. Ní féidir a rá. Cé go bhfuil an-ardú tagtha le déanaí ar nós na vápála agus caitheamh toitíní ag dul i laghad, ní insítear dúinn céatadán na ndaoine fásta atá ag vápáil, nó go deimhin an leanfaidh treochtaí mar atá san am i láthair ar aghaidh.

## 12. A

A. Fíor. Fuarthas amach sa staidéar go raibh rátaí níos airde fadbhanna fiacla ag lúthchleasaithe in ainneoin a gcuid fiacla a bheith á scuabadh acu faoi dhó in aghaidh an lae.

B. Bréagach. De réir an tsleachta, d'fhéadfadh athruithe ar sheile "cur leis an damáiste", ach ní hé seo is príomhchúis leis.

C. Ní féidir a rá. Níl rud ar bith sa sliocht a thugann le fios an raibh sláinte níos fearr ná níos measa ag lúthchleasaithe na Breataine seachas lúthchleasaithe nárbh as an mBreatain dóibh.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go gcreideann na taighdeoirí gurb amhlaidh an scéal é, ach ní deirtear ann gur cruthaíodh an méid sin.

## 13. D

A. Ní féidir a rá. Síleann eolaithe go bhféadfadh sé seo a bheith amhlaidh ach ní deirtear sa sliocht gurb eol an méid sin go cinnte.

B. Ní féidir a rá. Ní luaitear sa sliocht an ról a bhí ag an aclaíocht maidir le meáchan a chailleadh, má bhí ról ar bith aici.

C. Ní féidir a rá. Rinneadh an taighde ar éifeachtaí troscaidh gach re lá in Ollscoil Graz ach níl rud ar bith sa sliocht maidir leis an té a chuir úsáid na haiste bia féin chun cinn an chéad uair.

D. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, an chúis a bhfuil an chuma air gur rogha fholláin í an troscadh gach re lá is ea a chosúla is atá sé leis an gcaoi ar ith daoine daonna na mílte bliain ó shin.

## 14. C

A. Bréagach. Is é gur tháinig méadú ar thrácht ríomhphoist nuair a athraíodh leagan amach oifigí go plean oscailte.

B. Ní féidir a rá. Scrúdaíodh sa staidéar an tionchar comparáideach ar leaganacha amach plean oscailte agus cubhachail ar an gcumarsáid, seachas ar an tionchar ar bhisiúlacht.

C. Fíor. Fuarthas amach sa staidéar go raibh níos lú seans ann go ndéanfadh daoine teagmháil phearsanta duine le duine in oifigí plean oscailte agus gur aimsigh siad bealaí nua lena gcuid príobháideachais a chaomhnú.

D. Ní féidir a rá. Ní phléitear coigilteas costais sa sliocht.

## 15. D

A. Ní féidir a rá. Cé go "go méadaíonn an seans go n-úsáidfidh duine ópóidigh go mór nuair a bhíonn oideas ag duine eile den teaghlach", ní insítear dúinn an dtagann *tromlach na n-úsáideoirí nua* óna leithéid de theaghlaigh nó nach dtagann.

B. Ní féidir a rá. Ní luaitear an éascaíocht chomparáideach rochtana i measc teaghlaigh ardioncaim agus ísealioncaim.

C. Bréagach. Bheadh sé ceart an méid sin a rá. De bhrí "go bhfaigheann othair níos mó piollairí de ghnáth ná mar a bhíonn de dhíth orthu" is amhlaidh a bhíonn an cathú ann i measc gaolta "triail a bhaint as na piollairí atá fágtha sa chófra cógas".

D. Fíor. Fuarthas amach sa staidéar *gur féidir* an tionchar a thomhas: "tagann méadú faoi 19 faoin gcéad go dtí os cionn 100 faoin gcéad ar an seans go bhfaighidh gaol oideas ópóideach tar éis do ghaol lena gcónaíonn siad ceann a fháil iad féin, ag brath ar chúinsí teaghlaigh".

## 16. C

A. Ní féidir a rá. Rinneadh an tástáil ar phríomhaigh neamhdhaonna, mar sin ní heol an oibreodh sí ar dhaoine nó nach n-oibreodh.

B. Bréagach. Deirtear sa sliocht *gurbh fhéidir* go ngabhfadh an imní a thagann chun cinn le linn ógántachta i bhfeidhm ar dhaoine ar feadh a saoil, ní deirtear go ngabhfaidh.

C. Fíor. De réir an tsleachta, údar dóchais atá sa toradh seo go mbeifí in ann teacht ar straitéisí nua atá dírithe ar idirghábháil a dhéanamh luath sa saol d'fhonn cóireáil a chur ar dhaoine atá i mbaol neamhoird imní.

D. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear nach n-oibríonn cóireálacha reatha ach d'fho-thacar daoine agus gur minic nach ndéanann siad ach maolú páirteach ar airíonna, ní heol dúinn méid an fho-thacair nó cén céatadán atá i gceist le "páirteach" go baileach.

## 17. A

A. Fíor. De réir an tsleachta, d'fhéadfadh úsáid toitíní leictreonacha a bheith ina údar do mhéadú ar líon na daoine atá tugtha don nicitín.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil "fás tapa ag teacht ar an úsáid a bhaintear astu in go leor tíortha", ach d'fhéadfadh sé go bhfuil an méid sin teoranta do réigiúin faoi leith den domhan.

C. Ní féidir a rá. Ní phléitear an inghlacthacht shóisialta le toitíní leictreonacha sa sliocht.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur féidir go mbeidh mar thoradh ar thoitíní leictreonacha "nochtadh níos mó acu do dháileoga nicitín i gcomparáid le daoine a chaitheann toitíní traidisiúnta", ach ba é an t-údar a bhí leis seo "go n-úsáidtear toitíní leictreonacha in amanna agus in áiteanna ina mbíonn cosc ar chaitheamh tobac." Ní luaitear na méideanna inchomparáide nicitín i dtoitíní traidisiúnta agus i dtoitíní leictreonacha.

## 18. A

A. Fíor. De réir an tsleachta, is mó seans go ngníomhóidh daoine le linn géarchéime nuair nach bhfuil ach líon beag finnéithe i láthair nó nuair nach bhfuil aon fhinné eile ann.

B. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht nach dtarlaíonn neamhghníomh an tslua ach i sochaithe áirithe.

C. Bréagach. Dá mhéad daoine atá i láthair, is ea is lú an seans go ndéanfaidh duine idirghabháil, rud a chiallaíonn gur comhréir inbhéartach atá i gceist.

D. Ní féidir a rá. Cé go bhfuil dealramh leis an ráiteas sin, níl rud ar bith sa sliocht a thugann le fios gur ráiteas bailí é.

## 19. D

A. Ní féidir a rá. Cé "go ndéanann daoine óga go háirithe éilimh níos airde orthu féin", ní deirtear rud ar bith maidir leis na héifeachtaí ar dhaoine níos sine.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go gcuireann mílaoisigh iad féin i mbaol galar meabhrach agus tinneas fisiciúil, ach ní thugtar ann tuilleadh sonraí maidir lena gcuid iompair.

C. Ní féidir a rá. Tugtar leid sa sliocht gurbh fhéidir gur toisc thábhachtach iad íomhánna sna meáin ach ní dhéantar a dtionchar a mheas go follasach.

D. Fíor. Is é seo príomhthéama an téacs.

## 20. C

A. Bréagach. Fuair taighdeoirí amach "go ndeachaigh táscairí in olcas ar bhonn forleathan, go háirithe sa dara leath de thréimhse an staidéir".

B. Ní féidir a rá. Cuireann na húdair in iúl go gcreideann siad gurb amhlaidh an cás ach ní luann siad go bhfuil sé cinnte.

C. Fíor. Cé go dtugtar le fios sa sliocht gurb amhlaidh an scéal é, ní deirtear gurb amhlaidh go cinnte é mar sin féin.

D. Ní féidir a rá. Ní thugtar sonraí inchomparáide i gcás daoine nach mic léinn iad san aoisghrúpa céanna.

## 21. C

A. Ní féidir a rá. De réir an tsleachta, is iadsan an peata is fearr, ach tá ainmhithe eile ann nach n-airítear ina bpeataí iad a d'fhéadfadh a bheith ní b'fhearr.

B. Ní féidir a rá. Ní luaitear sa sliocht ach go méadaíonn madraí braistint folláine, ach ní luaitear nach mbíonn an éifeacht chéanna ag ainmhithe eile ach an oiread.

C. Fíor. De réir an tsleachta, tá an chosúlacht ar an scéal gurb é an tionchar is mó a imríonn madraí ar a n-úinéirí go n-éilíonn siad orthu a bheith gníomhach ar bhonn fisiciúil.

D. Bréagach. De réir an tsleachta, ní bhfuair na taighdeoirí amach gur leor madra a bheith ag duine lena chosaint ar ghalar cardashoithíoch.

## 22. A

A. Fíor. Deirtear sa sliocht nach bhfuil muinín ag an ngnáthMheiriceánach ach as idir deichniúr agus scór duine, agus go bhféadfadh an uimhir sin a bheith ag dul i laghad.

B. Bréagach. De réir an tsleachta, measadh i staidéar go raibh 121 duine i ngrúpa cairde an ghnáthdhuine. Tagraíonn 250 go 5,500 duine do mhéid an líonra shóisialta a bhíonn ag duine.

C. Ní féidir a rá. Cé gur úsáideadh é seo sa staidéar, ní chiallaíonn sé sin gur bealach iontach atá ann, ach amháin gur measadh go raibh sé oiriúnach chun críocha an staidéir.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil nasc idir caidrimh shóisialta láidre agus maireachtáil níos faide, ach ní luaitear gur tháinig laghdú ar thréimhsí saoil an duine.

## 23. A

A. Fíor. Fuarthas amach sa staideár go bhfuil roinnt tosca ann a fhágann go bhfuil sé níos deacra gan meáchan a chur suas sa lá atá inniu ann ná mar a bhí san am a caitheadh i ngeall ar nochtadh do cheimiceáin, méadú ar úsáid drugaí ar oideas agus athruithe ar mhicribhithóim daoine.

B. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go bhfuil sé níos deacra *gan* meáchan a chur suas sa lá inniu ná mar a bhí 20-30 bliain ó shin, ní deirtear gur deacra meáchan a *chailleadh*.

C. Ní féidir a rá. Bheadh innéacs corpmhaise (ICM) 2.3 pointe ní b'airde ag duine sa bhliain 2006 i gcomparáid leis sin a bheadh ag duine sa bhliain 1988, ag déanamh talamh slán de go bhfuiltear ar comhaois, an aiste bhia chéanna á hithe agus an méid céanna aclaíochta á déanamh. Mar sin féin, ní insítear dúinn ar ith daoine níos mó nó níos lú nó an ndearna siad níos mó nó níos lú aclaíochta *ar an meán* in 2006 i gcomparáid le 1998, agus mar sin ní féidir a rá cén ICM a bhí ann ar an meán.

D. Ní féidir a rá. Luaitear mar thosca féideartha iad sa sliocht, ach níl sa mhéid sin ach hipitéis.

## 24. B

A. Bréagach. De réir an tsleachta, tá argóintí ann faoina bhfuil an teicneolaíocht go maith nó go dona d'fhorbairt leanaí.

B. Fíor. Fuarthas amach sa staidéar go gcuirtear isteach ar shamhlaíocht leanaí de réir mar a úsáideann siad níos mó gléasanna cliste agus teilifíseáin.

C. Bréagach. Dúradh "beagnach" dhá thrian, ní dúradh níos mó ná dhá thrian.

D. Bréagach. Tagraíonn an frása "níos lú ná leath" do chéatadán na n-oibrithe naíonra a dúirt go raibh cairde samhailteacha ag na leanaí ina naíonra siadsan.

## 25. A

A. Fíor. Rinneadh an suirbhé in 2017 agus tharla an doirteadh ola in 2010 agus fuarthas amach sa suirbhé go raibh "flúirse den ... phortán dearg domhainmhara Atlantach".

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-ainmhithe ó rinneadh suirbhé dhá mhí tar éis an doirte, ach ní thugtar aon eolas faoin líon ainmhithe a bhí ann *roimh* an doirteadh.

C. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear go ndearnadh díobháil ar an limistéar de bharr an doirte ola, ní deirtear sa sliocht ar tháinig athrú *dochúlaithe* air nó nár tháinig.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur tharla athrú, ach ní deirtear gur athrú buan nó sealadach atá ann.

## 26. B

A. Bréagach. Is cuid de shaolré cineálacha áirithe foraoiseacha tinte, ach ní gach cineál foraoise, amhail foraoiseacha báistí.

B. Fíor. I gcásanna áirithe, an toradh atá ar thinte beaga a chosc go gcarntar níos mó breosla do thine rud a fhágann gur measa i bhfad an tine nuair a tharlaíonn sí ná mar a bheadh murach sin.

C. Bréagach. Uaireanta bíonn tinte diana de dhíth le seanchrainn agus crainn ghalracha a ídiú, gnáthóga nua a chruthú, agus athnuachan éiceolaíoch líon na gcrann a chinntiú.

D. Ní féidir a rá. Cé go bhféadfadh sé gur míniú féideartha air an méid sin, ní luaitear sa sliocht é.

## 27. C

*A.* Ní féidir a rá. Fuair taighdeoirí amach gur léirigh daoine "tiomantas níos fearr do spriocanna" nuair a roinn siad a gcuid spriocanna le duine a raibh stádas ní b'airde acu, dar leo. Ní deirtear linn cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh *comhairle níos fearr* orthu.

B. Ní féidir a rá. Ní thugtar tuilleadh sonraí sa sliocht faoi na rátaí ag a mbaintear amach spriocanna i measc daoine nach roinneann le daoine eile iad.

C. Fíor. De réir an tsleachta, ní háil le daoine meas níos lú a bheith acu siúd a bhfuil stádas níos airde acu, dar leo, orthu, rud a bhí ina spreagadh acu le sprioc a bhaint amach i ndiaidh dóibh an sprioc sin a nochtadh do dhuine a bhfuil stádas níos airde aige/aici.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht nach raibh tuairimí na ndaoine siúd a raibh stádas ní b'ísle acu tairbheach maidir le daoine a spreagadh le sprioc a bhaint amach, ach ní deirtear cibé an cuma faoi thuairimí na ndaoine siúd a raibh stádas ní b'ísle acu nó nach cuma.

## 28. D

A. Bréagach. Deirtear sa sliocht gur féidir taomanna scaoill a theacht ort gan aon chúis fhollasach.

B. Ní féidir a rá. Is í an mhinicíocht is airde a luaitear sa sliocht roinnt taomanna scaoill in aghaidh na seachtaine, ach ní deirtear nach féidir go dtarlóidh siad níos minice ná sin.

C. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear gur mhair roinnt taomanna scaoill suas le huair an chloig, ní deirtear nach féidir leo maireachtáil níos faide ná uair an chloig.

D. Fíor. Mar a luaitear sa sliocht, d'fhéadfadh an chuid is mó de na hairíonna a bhaineann le taom scaoill a bheith i gceist le riochtaí nó fadhbanna eile freisin.

## 29. A

A. Fíor. Fuair arm na Stát Aontaithe amach go raibh 90 faoin gcéad de chógais fós sách éifeachtach roinnt blianta i ndiaidh an dáta éaga.

B. Ní féidir a rá. Bíodh is go mbainfidh sé "barr a nirt agus a shábháilteachta amach" nuair a úsáidtear cógas laistigh den tseilfré, ní thugtar aon eolas a thabharfadh le fios an mbaineann an baol is mó le laghdú ar neart nó ar shábháilteacht an chógais ina dhiaidh sin.

C. Bréagach. Deirtear sa sliocht nach raibh "an chuid is mó de chógais tocsaineach nuair a chuaigh siad in éag", agus ciallaíonn sé seo go mbíonn cuid acu tocsaineach.

D. Ní féidir a rá. Cé go bhfuair staidéar de chuid arm na Stát Aontaithe amach gurbh amhlaidh an scéal do bhreis agus 100 cógas a thástáil siad, níl sé le tuiscint uaidh sin gurb amhlaidh an scéal do GACH cógas.

## 30. D

A. Ní féidir a rá. Déantar comparáid sa sliocht idir na seansanna go n-éireoidh leis na mná is mó agus is lú atá dearfach, agus leis na fir is mó agus is lú atá dearfa 85 bliain d'aois a bhaint amach. Ní dhéantar comparáid ann idir fir agus mná.

B. Ní féidir a rá. Cé *go bhféadfadh sé* a bheith amhlaidh, ní dheimhnítear sa sliocht go bhfuil staidéar amháin níos cruinne ná an ceann eile.

C. Bréagach. Rinneadh riochtaí agus iompair shláinte a rialú sna staidéir le nach mbeadh tionchar acu seo ar na torthaí.

D. Fíor. Mhair na mná ba dhearfaí 14.9% ní b'fhaide ná a bpiaraí, ach níor mhair na fir ach 10.9% ní b'fhaide.

## 31. A

A. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, tá dul amú ar dhaoine ar a bhfuil siondróm an phasadóra nuair a chreideann siad gur ádh is cúis lena gcuid rathúlachta, nó go bhfuil dallamullóg curtha acu ar dhaoine eile.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur díríodh ar mhná i dtaighde luath, ach ní deirtear gur creideadh nach mbíonn siondróm an phasadóra ar fhir.

C. Bréagach. Déantar cur síos ar shiondróm an phasadóra mar "phatrún síceolaíoch", agus ní mar mheabhairghalar.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go gceapann daoine ar a bhfuil siondróm an phasadóra "gur éirigh leo díreach mar go raibh an t-ádh leo", ach ní thagraítear don chaoi a mothóidh daoine ar éirigh leo *i ndáiríre* mar go raibh an t-ádh leo.

## 32. C

A. Bréagach. Deirtear sa sliocht gur gnách go mbíonn an siondróm sa teaghlach féin, rud a chiallaíonn nach amhlaidh an scéal é i gcónaí.

B. Bréagach. Deirtear sa sliocht gur *minic* gurb amhlaidh an scéal é, rud a chiallaíonn freisin nach amhlaidh an scéal é *i gcónaí*.

C. Fíor. Is minic a dhéantar beag is fiú de na comharthaí a bhaineann le briseadh síocóiseach atá ar tí tarlú amhail is gur airíonna de ghnáthiompair ógánta iad.

D. Ní féidir a rá. Níl aon fhaisnéis sa téacs maidir le cibé an féidir nó nach féidir briseadh síocóiseach a chosc má aithnítear na comharthaí rabhaidh in am.

## 33. C

A. Ní féidir a rá. Insítear dúinn sa sliocht go bhfuil airíonna de chuid Neamhoird Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde (NHEA) ar 11 faoin gcéad

d'ógánaigh a raibh imní ar a máithreacha, i gcomparáid le 5 faoin gcéad d'ógánaigh trí chéile. Mar sin féin ní insítear dúinn cén coibhneas de mháithreacha GO LÉIR a mbíonn imní orthu. D'fhéadfadh sé go saolaítear formhór na leanaí ar a bhfuil NHEA do mháithreacha nach bhfuil imní orthu.

B. Ní féidir a rá. Creideann eolaithe go bhféadfadh sé sin a bheith fíor, ach deir siad nach bhfuil siad cinnte de.

C. Fíor. Fuarthas amach sa staidéar gurb ionann an ráta NHEA i measc leanaí agus 11% dóibh siúd a bhfuil máithreacha imníocha acu, agus díreach 5% dóibh siúd nach bhfuil máithreacha imníocha acu.

D. Ní féidir a rá. Tagraíonn an sliocht go sonrach do Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde. Ní luaitear Neamhord Easnaimh Airde.

## 34. C

A. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear sa sliocht gur tháinig laghdú 0.8% ar ól alcóil ó 2017, ní luaitear méadú ar dhíolachán dlíthiúil cannabais mar údar leis seo go díreach. D'fhéadfadh tosca eile a bheith i gceist.

B. Ní féidir a rá. Tugann an IWSR an rabhadh go gcaithfidh gnólachtaí a bheith ag súil le héilimh athraitheacha, ach ní insítear dúinn an raibh siad "drogallach" déanamh amhlaidh go dtí seo nó nach raibh.

C. Fíor. Insítear an dá fhíric seo dúinn sa sliocht.

D. Ní féidir a rá. Caitheann suas le 40% de dhaoine fásta cannabas i stáit mar a bhfuil sé dlithiúil ach ní insítear dúinn an cion a ólann alcól.

## 35. D

A. Ní féidir a rá. Cé go n-insítear dúinn go bhfuil laghdú 97% tagtha ar iompórtálacha de bheoir Sheapánach sa Chóiré Theas, rud a dhéanann gur tátal le dealramh é seo, ní thugtar sa téacs aon fhaisnéis faoi scála na n-iompórtálacha de bheoir Sheapánach i dtíortha eile.

B. Ní féidir a rá. Tugtar le fios sa sliocht nach bhfuil daoine sa Chóiré Theas ag ceannach beoracha Seapánacha mar agóid, ach ní luaitear aon rud faoi tharaifí.

C. Ní féidir a rá. Cé go luaitear sa sliocht go bhfuil grúdaire de chuid na Cóiré Theas ag baint tairbhe as, ní insítear dúinn arb é méadú ar an méid beorach de chuid na Cóiré Theas a óltar ba chuspóir leis an mbaghcat, seachas beoracha ar bith eile neamhSheapánacha.

D. Fíor. Agus laghdú 97% i Lúnasa na bliana roimhe sin, tá sé an-réasúnta a chreidiúint go bhféadfadh sé a bheith fíor nach bhfuil an sciar is mó de mhargadh beorach allmhairithe na Cóiré Theas ag beoracha na Seapáine a thuilleadh, fiú mura n-insítear an méid sin dúinn go deimhneach.

## 36. A

A. Fíor. Tarlaíonn beagnach 75 faoin gcéad de chreathanna talún feadh teorainneacha plátaí teicteonacha.

*B.* Ní féidir a rá. Ós rud é go dtarlaíonn 75 faoin gcéad de chreathanna talún feadh teorainneacha plátaí teicteonacha, caithfidh 25 faoin gcéad tarlú in áiteanna eile. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, gur féidir leo tarlú *áit ar bith*.

C. Ní féidir a rá. Luaitear sa sliocht go dtarlaíonn crith talún in *California Theas* beagnach gach trí nóiméad, ach ní deirtear rud ar bith faoi chreathanna talún in *South Carolina*.

D. Ní féidir a rá. Insítear dúinn "go bhfuil seans 100 faoin gcéad ann go mbeidh crith talún in áit éigin ar domhan gach lá" agus go dtarlaíonn beagnach 75 faoin gcéad de chreathanna talún feadh plátaí teicteonacha. Mar sin féin, ní fhágann sé sin nach féidir laethanta a bheith ann nach dtarlóidh creathanna talún ach in áiteanna NACH BHFUIL ar na plátaí teicteonacha.

## 37. B

A. Ní féidir a rá. Insíonn an sliocht dúinn gur féidir go mbeidh fithis éilipseacha an Domhain ina cúis le téamh, ach ní thagraítear dó mar thoisc i dtéamh domhanda reatha.

B. Fíor. Tá eolaithe tar éis a fháil amach gur éalárnacht i bhfithis an Domhain timpeall na gréine ba chúis leis an Uasmhéid Teirmeach Paileícéineach-Eoicéineach.

C. Bréagach. Bíonn sealanna ann ina mbíonn fithis an Domhain timpeall na gréine níos ciorclaí ná a mhalairt agus sealanna eile ina mbíonn sí níos éilipsí ná a mhalairt.

D. Ní féidir a rá. Le 100 milliún bliain anuas, ba theo an Domhan 56 milliún bliain ó shin, ach d'fhéadfadh sé go raibh sé ní ba theo roimhe sin.

## 38. C

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht gur tháinig dúbailt ar sciar Samsung den mhargadh nó nár tháinig, ní deirtear ach go raibh a dhá oiread sciar den mhargadh aige le macasamhail an iomaitheora ba chóngaraí dó.

B. Ní féidir a rá. Cé go n-insítear dúinn go dtairgeann Samsung fóin chliste atá

"inchurtha" le cinn eile ní luaitear an costas atá ar a gceannach in aon chor.

C. Fíor. Cé nár tháinig "mórán athruithe ar mhargadh na bhfón cliste trí chéile i Lár agus in Oirthear na hEorpa" bhain Samsung sciar den mhargadh arbh fhiú 40% amach, a bhí a dhá oiread ní ba mhó ná Huawei, an t-iomaitheoir ba chóngaraí dó, rud a fhágann gurb é Samsung an rannpháirtí is mó sa mhargadh.

D. Ní féidir a rá. Cé go n-insítear dúinn sa sliocht gurbh é an A-series athnuaite "scoth-tháirge" Samsung, d'fhéadfadh sé gurbh iad tosca eile amhail trádbhac SAM, margaíocht nó praghsáil ba shiocair lena leithéid d'fhás.

## 39. A

A. Fíor. Sa samhradh bíonn "meascán leathan bolaithe ann", agus nuair a bhíonn an aimsir níos fionnuaire agus níos tirime "is minic a sheasann bolaithe ar leith amach níos mó".

B. Bréagach. Bíonn sé níos éasca bolaithe a aithint ós rud é nach mbíonn an oiread céanna acu ann agus a bhíonn sa samhradh.

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go gcuireann aer *te agus meirbh* ar chumas móilíní bolaidh gluaiseacht tríd an atmaisféar ar bhonn níos sciobtha. Mar sin féin, ní thagraítear sa cheist ach do theocht an aeir, seachas má tá sé meirbh chomh maith. De bhrí nach n-insítear dúinn an chaoi a ngluaiseann bolaithe i gcoinníollacha atá *te ach tirim*, ní féidir linn a rá go cinnte.

D. Ní féidir a rá. Ní phléitear an tábhacht choibhneasta a bhaineann le teocht agus bogthaise.

## 40. B

A. Ní féidir a rá. Déantar cur síos sa sliocht ar éifeacht an spotsolais mar rud a théann i bhfeidhm ar gach duine agus ní phléitear an chaoi a mbíonn sí difriúil do chineálacha éagsúla daoine.

B. Fíor. An "claonadh atá againn tuairimí daoine eile a neadú inár dtuairimí féin", agus gan dearcadh féideartha duine eile a mheas go cruinn, is ea is bunchúis le héifeacht an spotsolais.

C. Bréagach. "Téann éifeacht an spotsolais i bhfeidhm orainn ar fad go minic sa ghnáthshaol."

D. Bréagach. An fáth a n-airímid éifeacht an spotsolais is ea *gur gnách linn gan* dearcthaí eile a mheas, ní hé nach féidir linn.

## 41. D

A. Ní féidir a rá. D'fhéadfadh sé go slogfaí pláinéid a théann róghar, ach ní insítear dúinn go cinnte an mbaineann sé seo le haon phláinéad a bhíonn "gar" nuair a mhéadaíonn an réalta agus í ag dul in aois.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur féidir le pláinéad réalta a dhéanamh níos gile, ach ní luaitear go bhfuil sé in ann an réalta a dhéanamh níos mó.

C. Bréagach. D'fhéadfadh sé go gcasfadh an réalta róthapa i gcás mar seo, ach ní cinnte go gcasfadh.

D. Fíor. Faoi mar thugtar le fios go soiléir sa sliocht, is cinnte go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ar an réalta dá bharr sin, amhail a bheith cionsiocair le réabadh na réalta óna chéile í féin.

## 42. B

A. Ní féidir a rá. Insítear dúinn "gur chlis ar na céadta bialann bheag neamhspleách agus ar shraitheanna móra", ach ní féidir linn a rá ar thréig na custaiméirí na sraitheanna bialann i bhfábhar na mbialann neamhspleách, nó *vice versa*.

B. Fíor. De réir an tsleachta, tá an sciar seo den mhargadh róphlúchta agus níos mó soláthair ná éilimh ann.

C. Ní féidir a rá. Insítear dúinn go ndeirtear gur tosca a bhaineann leis na dócmhainneachtaí iad "go bhfuil gearrtha siar ag tomhaltóirí ar a gcaiteachas mar gheall ar imní faoin mBreatimeacht" agus "an méadú atá ag teacht ar chostais i ngeall ar an titim ghéar a tháinig ar luach an phuint", ach ní thugtar le fios go bhfuil aon bhaint dhíreach ag an imní faoin mBreatimeacht le luach an phuint.

D. Ní féidir a rá. Insítear dúinn sa sliocht gur éirigh 1,412 bialann dócmhainneach sa bhliain go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2019 agus gur theip ar "na céadta" bialann bheag neamhspleách. Mar sin féin, d'uireasa figiúirí níos beaichte, ní féidir linn a dhéanamh amach arb ionann "na céadta" bialann agus tromlach nó mionlach na mbialann a dúnadh.

## 43. C

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go gcuireann muintir na hEorpa níos mó béime ar "chineálacha fuaraithe nach bhfuil chomh dian sin ar fhuinneamh". D'fhéadfadh cúiseanna eile a bheith leis seo, amhail costas.

B. Ní féidir a rá. Is ag an tSeapáin atá an ráta is airde a luaitear sa téacs, ach d'fhéadfadh rátaí glactha ní b'airde a bheith ag tíortha eile.

C. Fíor. Níl aerchóiriú ach ag 20% de theaghlaigh na hEorpa, ach is iad díolacháin i dtíortha i mbéal forbartha is mó a spreagfaidh méadú ar dhíolachán dhomhanda.

D. Bréagach. De réir an tsleachta, díolfar níos mó córais aerchóirithe san Eoraip de réir mar a bhogann níos mó daoine chuig na cathracha.

## 44. C

A. Bréagach. Tháinig *méadú* ar an mboilsciú in dhá Bhallstát déag.

B. Ní féidir a rá. Pléitear dhá thacar rátaí boilscithe éagsúla sa sliocht, ceann amháin don Aontas Eorpach ina iomláine agus ceann eile do limistéar an euro amháin. Tá an ráiteas fíor maidir le ráta boilscithe bliantúil limistéar an euro, ach ní insítear dúinn an raibh sé seo fíor freisin maidir leis an ráta boilscithe don AE ina iomláine.

C. Fíor. Bhí ráta boilscithe bliantúil diúltach 0.1% ag an bPortaingéil le linn na tréimhse a scrúdaíodh.

D. Bréagach. B'ionann an boilsciú taobh istigh de limistéar an euro agus 1.0% go díreach, seachas os a chionn.

## 45. B

A. Bréagach. Bhí táirgeadh an limistéir euro in earnáil na tógála i mí Iúil 2019 1.1% ní b'airde ná mar a bhí i mí Iúil 2018. Mí ar mhí, is é sin á chur i gcomparáid le Meitheamh 2019, tháinig laghdú 0.7% air.

B. Fíor. "I mí an Mheithimh 2019, tháinig méadú 0.6% ar tháirgeadh in earnáil na tógála i limistéar an euro agus méadú 0.1% san AE28." Fágann sin gurbh éigean gur lú an méadú a tháinig ar tháirgeadh tógála, nó gur dócha gur tháinig laghdú air, sna tíortha neamh-euro.

C. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach gur san Ungáir a bhí an méadú céatadáin ba mhó in earnáil na tógála, ní an méadú ba mhó in earnáil na tógála trí chéile.

D. Ní féidir a rá. Is iad an Fhrainc, an tSlóvaic agus an Pholainn an t-aon trí thír, *a raibh sonraí ar fáil dóibh*, ina raibh laghduithe, ach níl sé le tuiscint uaidh sin nach raibh laghduithe ann i dtíortha eile chomh maith.

## 46. C

A. Ní féidir a rá. De réir an tsleachta, fágann luas an chóiméid "gur dócha gur tháinig" an cóiméid ó áit taobh amuigh dár ngrianchóras, rud a fhágann gur dócha é ach nach féidir é a rá go cinnte.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht "go bhféadfadh sé" go bhfuil a leithéid de chóiméid "níos coitianta ná a ceapadh roimhe sin", ach ní deirtear go bhfuil siad go cinnte.

C. Fíor. Dúirt réalteolaithe go raibh luas an chóiméid chomh tapa sin gur dócha gur tháinig sé ó áit taobh amuigh dár ngrianchóras.

D. Ní féidir a rá. Tá sé le tuiscint ón sliocht go mbíonn cóiméid ónár ngrianchóras féin níos moille ná iad siúd ar de bhunadh idir-réaltach iad, ach ní deirtear nach ngluaiseann siad ach ar luasanna níos moille AMHÁIN.

## 47. D

A. Bréagach. Ní chinneann an cró é seo ach i bpáirt, in éineacht le luas comhla.

B. Bréagach. Mar a deirtear sa sliocht, dá laghad an cró, is ea is mó an f-uimhir, rud a fhágann go bhfuil siad i gcomhréir inbhéartach lena chéile.

C. Ní féidir a rá. Ní phléitear éifeachtaí na dteaglamaí áirithe seo de mhéid an chró agus luas an chomhla.

D. Fíor. Is é an cró a chinneann doimhneacht réimse íomhá, nó méid na híomhá atá i bhfócas.

## 48. A

A. Fíor. "Tuarann" eolaithe é seo, ach ní fhágann sin go bhfuil sé ar eolas go cinnte.

B. Ní féidir a rá. "Níl eolaithe cinnte an dtiocfaidh méadú nó laghdú ar a minicíocht mar gheall ar an athrú aeráide".

C. Ní féidir a rá. Cé "go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar bháisteach hairicín mar gheall ar an athrú aeráide", níl rud ar bith sa téacs a thugann le fios go bhfuil a leithéid ar siúl cheana féin.

D. Bréagach. Creideann eolaithe go mbeidh de thoradh ar an ardú ar leibhéil mhara dhomhanda go mbeidh níos mó damáiste de bharr stoirmeacha cósta mar gheall ar rioscaí méadaithe ó bhorrtha stoirme, ach ní ó hairicíní níos déine.

## 49. D.

A. Bréagach. Tá ISO ar CHEANN AMHÁIN de na socruithe, i dteannta leis an gcró agus le luas comhla, a chinneann gile grianghraif.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur féidearthacht an méid sin, agus ní cinnteacht.

C. Bréagach. Is é ISO a chinneann íogaireacht bhraiteoir an cheamara i leith an tsolais.

D. Fíor. Faoi mar a deirtear sa sliocht, "taispeánfar a lán gráinne, ar a dtugtar torann freisin, i ngrianghraf a ghlactar ar ISO ró-ard agus seans nach bhféadfaí é a úsáid".

## 50. B

A. Bréagach. Deirtear sa sliocht "gur éin is mó a scaipeann" síolta na bplandaí Capsicum, agus ciallaíonn sé sin go scaiptear síolta ar bhealaí eile nó go scaipeann ainmhithe eile iad.

B. Fíor. Tá cúlfhiacla ag mamaigh a scriosann na síolta, agus cuireann sé seo cosc orthu péacadh, ach téann na síolta trí chonair

díleá éan go sábháilte.

C. Ní féidir a rá. Ní hé ach teoiric é "go bhféadfadh roghnú nádúrtha a bheith ina chúis" le méadú ar tháirgeadh capsaicine. Ní chiallaíonn sé sin gur chinnte go raibh sé seo amhlaidh.

D. Ní féidir a rá. Ní luaitear ach éin agus mamaigh sa sliocht, agus ní dhéantar tagairt do reiptílí, mar shampla.

## 51. B

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach gur féidir go mbeidh asma ceirde ina chúis le raon tinneas, ach ní deirtear gur *príomhchúis* leo é.

B. Fíor. Faoi mar a deirtear sa sliocht, cé go bhféadfadh asma ceirde teacht ort "má nochtar thú do shubstaint a bhfuil íogaireacht agat ina leith", d'fhéadfadh sé teacht ort freisin má nochtar "do shubstaint thocsaineach ghreannach thú".

C. Bréagach. Is dóchúla go dtiocfaidh asma ceirde orthu siúd a bhfuil sé ag gabháil dá muintir, rud a chiallaíonn NACH BHFUIL togracht ghéiniteach ag roinnt daoine ar a dtagann sé.

D. Ní féidir a rá. Cé go bhféadfadh sé gur dócha go bhfuil poist áirithe faoi ndeara asma ceirde ná poist eile, ní deirtear sa sliocht go mbíonn sé ag gabháil do dhaoine i mbun cineálacha sainiúla oibre AMHÁIN.

## 52. D

A. Ní féidir a rá. Ní thugtar le fios sa sliocht an chaoi ar vótáil daoine in Merseyside sa reifreann.

B. Ní féidir a rá. Ní phléitear sa sliocht seachaint na meán táblóideach ar an iomlán, nó a mhéad agus a bhí daoine ar an eolas faoin ábhar.

C. Ní féidir a rá. Cé go ndeachaigh "éifeacht na hionadaíochta" chun leas an táblóidigh The Daily Mirror, níl a fhios againn arbh é sin an "rogha ba mhó a raibh tóir uirthi" ina measc siúd a mbíodh The Sun á léamh acu. Seans gur éirigh go leor daoine as nuachtán AR BITH a léamh.

D. Fíor. Deirtear sa tuairisc gur "laghdaíodh ar Eoraisceipteachas sa chontae faoi bhreis is deich faoin gcéad" de bharr baghcat ar nuachtán Eoraisceipteach ar chúis nach raibh aon bhaint aici leis.

## 53. D

A. Ní féidir a rá. Cé gur féidir a rá, bunaithe ar an sliocht, gur féidir go bhfuil ocras orthu, ní féidir linn a rá go bhfuil sé dóchúil.

B. Ní féidir a rá. Dúirt Benjamin Vincent go bhfuil sé "tábhachtach go bhfuil a fhios ag daoine gur féidir leis an ocras tionchar a imirt ar a gcuid roghanna" mar gheall gur "baol" é seo dóibh cinntí a dhéanamh a chuirfidh lena mbochtaineacht. Cé gur baol é seo ní fhágann sin go dtarlóidh sé i gcónaí.

C. Ní féidir a rá. Ní phléitear in aon chor sa sliocht seo an fáth a mbíonn daoine bocht, ní deirtear ach gurbh fhéidir go mbeadh tionchar diúltach ag an ocras ar a gcumas éalú as an mbochtaineacht féin.

D. Fíor. Fuair taighdeoirí amach "go bhféadfadh an t-ocras ... a bheith ina chúis le mífhoighne".

## 54. C

A. Ní féidir a rá. Ní thugtar dúinn ach sonraí inchomparáide do dhá fhadhb shláinte, mar atá stróc agus galar croí, agus ní chuirtear i gcomparáid lena chéile ach veigeatóirí agus iteoirí feola.

B. Ní féidir a rá. D'fhéadfadh sé go bhfuil cuma an tátail shláin loighciúil ar an méid sin, de bhrí gur lú an baol i leith galar croí i measc veigeatóirí ná mar atá i measc iteoirí feola. Ach ní luaitear an baol i leith galar croí i measc veigeán, agus d'fhéadfadh sé go bhfuil tosca breise ann, amhail gnéithe a bheith ar lár san aiste bhia veigeánach, a mhéadaíonn na seansanna go bhfaighidh duine galar croí, seachas iad a laghdú.

C. Fíor. Tá baint ag aistí bia veigeatóracha le baol stróc atá 20 faoin gcéad níos airde ná mar atá i gcás iteoirí feola.

D. Ní féidir a rá. Is lú an baol go bhfaighidh veigeatóirí galar croí le hais iteoirí feola, ach cé go bhféadfadh sé a bheith ina mhíniú air sin "go mbíonn leibhéil cholaistéaróil níos ísle ag veigeatóirí", ní luaitear go sonrach gur cúis agus éifeacht atá i gceist ann.

## 55. A

A. Fíor. Cé nach n-insítear dúinn sa sliocht an méid airgid a sábháladh, déanann an tsuim a íocadh amach de bhun éileamh gur lú an tsuim a sábháladh de bharr obair dheisiúcháin a chur ar fionraí ná mar a ceapadh nuair a glacadh leis an gcur chuige seo ar dtús.

B. Ní féidir a rá. Cé gur dhócha é, d'fhéadfadh sé freisin go bhfuil daoine níos cumasaí chuig éilimh a dhéanamh anois nó go bhfuil tuilleadh éileamh á ndéanamh.

C. Ní féidir a rá. Deirtear linn go ndearnadh 571 éileamh sa bhliain 2018 agus go raibh líon na n-éileamh rathúil in 2018 "breis agus ceithre huaire ní ba mhó ná na 68 éileamh a ndearna TfL íocaíocht ina leith in 2017". Is ionann ceathair faoi 68 agus 272, agus sin níos lú ná leath de na 571 éileamh a rinneadh. Ós rud é go raibh líon na n-éileamh rathúil "breis agus ceithre huaire ní ba mhó" ná 68, áfach, ní féidir linn a rá go dearfach go raibh líon na

na n-éileamh rathúil ní ba lú ná leath de na 571 éileamh san iomlán.

D. Ní féidir a rá. Deirtear linn gur íocadh £1.7 milliún le rothaithe le 5 bliana anuas, ar íocadh beagnach £350,000 den fhigiúr sin in 2018. Ciallaíonn sé sin gur íocadh £1,350,000 ar a laghad sna 4 bliana eile in éineacht. *D'fhéadfadh sé* gur íocadh an figiúr sin go cothrom, rud a chiallaíonn nár íocadh níos mó ná £350,000 in aon bhliain eile (níl i méanfhigiúr £1,350,000 thar 4 bliana ach £337,500), ach d'fhéadfadh figiúr níos airde ná an £350,000 a íocadh in 2018 a bheith íoctha roimhe sin.

## 56. B

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht nach raibh an ráta dífhostaíochta san AE28 chomh híseal ó thús na sraithe míosúla dífhostaíochta AE i mí Eanáir 2000 ach níl sé le tuiscint ón ráiteas nach raibh rátaí níos lú ann roimhe sin.

B. Fíor. Cé nach dtugtar figiúirí sainiúla le haghaidh an limistéir neamhAE dúinn, ó tharla go bhfuil ag éirí níos measa le limistéar an euro le hais an AE ar an iomlán, is amhlaidh atá an limistéar neamhAE ag cruthú níos fearr ná mar atá limistéar an euro.

C. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go raibh *an ráta dífhostaíochta* ag an ráta ba lú ó tosaíodh ar thaifid a choinneáil sa bhliain 2000, ní deirtear go raibh *líon na ndaoine dífhostaithe* ag an ráta ba lú. Más rud é gur mhéadaigh an fórsa oibre ón mbliain 2000, d'fhéadfadh an ráta dífhostaíochta a bheith laghdaithe ag an am céanna is a tháinig ardú ar líon na ndaoine dífhostaithe.

D. Ní féidir a rá. Ní thugtar sonraí faoi líon na bhfear ná na mban dífhostaithe sa sliocht, ní thugtar ach an méid iomlán in éineacht.

## 57. B

A. Ní féidir a rá. Áiríodh an Rúis "ar cheann" de na tíortha is mó pótaireachta roimhe seo, ach ní fhágann sin gurb í AN tír ba mhó pótaireachta í.

B. Fíor. De réir an WHO, aithníodh le fada go bhfuil úsáid alcóil ar cheann de na príomhchúiseanna leis an mbásmhaireacht i gCónaidhm na Rúise, go háirithe i measc na bhfear in aois oibre.

C. Bréagach. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar an ólachán sa Rúis, ní 43% den fhigiúr a bhí ann in 2003 atá ann, ach 43% níos lú, rud a fhágann go bhfuil sé níos mó ná a leath den fhigiúr a bhí ann roimhe sin i gcónaí.

D. Ní féidir a rá. Cé gur dócha go bhfuil sé seo fíor, ní deirtear sa sliocht é.

## 58. A

A. Fíor. Tháinig laghdú suntasach ar an éagsúlacht mhiocróbach in dhá thrian de na hothair ag am éigin le linn dóibh a bheith san ospidéal.

B. Ní féidir a rá. Cé go bhféadfadh tionchair fhadtéarmacha cur isteach ar dhuine nuair a scaoiltear amach as an ospidéal é/í, ní hionann é sin agus a rá go mbeidh sé/sí "níos measa as" ná mar a bhí sé/sí nuair a tógadh isteach san ospidéal é/í. Tógtar othair isteach san ospidéal le cóir leighis a chur ar riocht eile.

C. Ní féidir a rá. Luaitear sa sliocht gur "tháinig laghdú suntasach ar an éagsúlacht mhiocróbach in dhá thrian de na hothair ag am éigin le linn dóibh a bheith san ospidéal". Níl curtha as an áireamh aige sin an fhéidearthacht nach bhfágann roinnt othar ach tar éis dá n-éagsúlacht mhiocróbach a bheith ar ais ag an ngnáthleibhéal arís.

D. Ní féidir a rá. Cé go bhféadfadh "úsáid throm antaibheathach speictrim leathain" cion a dhéanamh chun éagsúlacht mhiocróbach a laghdú sa phutóg, ní fhágann sin go mbeadh an éifeacht chéanna ag AON úsáid a bhaintear as antaibheathaigh.

## 59. D

A. Ní féidir a rá. Siúd é an rud a d'fhéadfadh tarlú de réir mheastóireacht UBS, ach ní insítear dúinn an rud a bhfuil Airbus agus Boeing ag súil leis.

B. Ní féidir a rá. Cé go ndúirt 24% de thaistealaithe na Stát Aontaithe go n-athróidís a gcuid nósanna eitilte mar gheall ar imní faoin gcomhshaol i gcomparáid le 16% de fhreagróirí na Breataine, déanann sé sin toilteanas daoine athrú a dhéanamh ar nósanna eitilte a thomhas, seachas imní faoin gcomhshaol. D'fhéadfadh tosca eile a bheith i gceist: mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca do fhreagróirí Mheiriceá modhanna iompair eile a úsáid in áit na heitilte.

C. Ní féidir a rá. Ós rud é nach bhfuil na figiúirí do fhreagróirí na Fraince agus na Gearmáine againn, ní féidir a rá gurb amhlaidh an cás nó nach amhlaidh.

D. Fíor. Tá UBS, atá, deirtear linn, ina bhanc de chuid na hEilvéise, ag súil nach dtiocfadh ach ardú 1.5% ar eitiltí san AE in aghaidh na bliana. Ag an am céanna, deirtear linn gur déantóir eitleán é Airbus agus go bhfuil ráta níos dearfaí á thuar aige atá a dhá oiread níos mó.

## 60. B

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear linn ach gurb ionann neoidríonónna agus "na cáithníní is éadroime i measc na gcáithníní fo-adamhacha atá ar eolas".

B. Fíor. Ní raibh eolaithe in ann ach uasteorainn a maise a thomhas, ach ní an íosteorainn.

C. Ní féidir a rá. Cé go bhfuil neoidríonónna "i measc na gcáithníní is flúirsí sa Chruinne", deirtear linn freisin gurb ionann iad agus na cáithníní is éadroime i measc na gcáithníní fo-adamhacha atá ar eolas. Ní féidir linn a dhéanamh amach, mar sin, gurb ionann iad agus an chuid is mó de mhais na cruinne.

D. Bréagach. Tá sé deacair neoidríonónna a thomhas mar go bhfuil claonadh acu damhna a thrasnú gan fhios go minic.

## 61. A

A. Fíor. Cé nach ndeirtear gur fíric é seo go cinnte, tugtar le fios sa sliocht go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag praghsanna coibhneasta na roghanna veigeatóracha agus neamh-veigeatóracha ar an mbia a roghnaíodh. Ciallaíonn sé seo go "bhféadfadh" an praghas a bheith ina thoisc.

B. Ní féidir a rá. Ní thugtar faisnéis sa sliocht faoi bhlas na mbéilí, tugtar eolas faoi mhéid na mbéilí amháin.

C. Ní féidir a rá. Is féidearthacht é sin, mar a luaitear sa sliocht, ach níl sé cinnte.

D. Bréagach. Tháinig méadú 40–80% ar líon na mbéilí veigeatóracha a díoladh.

## 62. A

A. Fíor. Mar a luaitear sa sliocht, tá an t-eolas a chuireann déimeagrafaithe ar fáil i ngach tír ríthábhachtach le freastal ar riachtanais an daonra i láthair na huaire agus amach anseo.

B. Bréagach. *Tuarann* déimeagrafaithe na hathruithe is dócha a thiocfaidh ar dhaonraí; ní chiallaíonn sé seo go bhfuil *a fhios* acu conas a athróidh siad.

C. Ní féidir a rá. Ní luaitear sa sliocht céatadán na ndaoine atá ina ndéimeagrafaithe a bhfuil céim sa déimeagrafaíocht acu, agus ní féidir linn a rá mar gheall air sin.

D. Bréagach. De réir an tsleachta, déanann déimeagrafaithe anailís ar shonraí atá bailithe ag oifigí staidrimh náisiúnta.

## 63. A

A. Fíor. Deir an tOllamh Newman go bhféadfadh sé go bhfanann roinnt daoine imníoch, agus gan a scíth a ligean, le nach dtiocfaidh athrú mór ar an imní atá orthu sa todhchaí.

B. Bréagach. Tá sé níos fearr taithí a fháil ar athruithe ar leibhéil struis agus deis a thabhairt duit féin do scíth a ligean uaireanta.

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur féidir le hoiliúint aireachais *agus idirghníomhaíochtaí eile* cuidiú le daoine suaimhneas a ghlacadh agus a bheith beo san am i láthair. Ní luaitear an idirghníomhaíocht is fearr.

D. Bréagach. Deirtear sa sliocht go bhfuil sé "níos sláintiúla ligean do na hathruithe sin tarlú".

## 64. C

A. Ní féidir a rá. Luaitear éilliú rialtais sa sliocht ach ní luaitear a dhaonlathaí nó a neamhdhaonlathaí is atá tír.

B. Ní féidir a rá. Cé go n-éiríonn olltáirgeacht intíre (OTI) an-luaineach mar gheall ar róspleáchas ar phraghas na dtráchtearraí, ní insítear dúinn arb é luaineachtaí éilimh is mó a imríonn tionchar ar an bpraghas nó tosca eile, amhail luaineachtaí táirgthe ó mhianaigh na tíre.

C. Fíor. Mar a luaitear sa sliocht, nuair a dhíríonn tír ar thionscal amháin, éiríonn an olltáirgeacht intíre fhoriomlán luaineach. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil praghas na hacmhainne ar a bhfuiltear ag díriú seasmhach. Ós rud é nach bhfuil praghas na hacmhainne ar a bhfuil an tír ag brath rómhór seasmhach, d'fhéadfadh luaineachtaí praghais tarlú dá bharr sin.

D. Ní féidir a rá. Ní thugtar tuilleadh sonraí sa sliocht faoi seo bealach amháin nó bealach eile, cé go bhféadfadh ról a bheith aige.

## 65. A

A. Fíor. Ina riocht níos marfaí, is féidir go ndéanfaidh fiabhras Q díobháil do d'intinn ach ní bhíonn airíonna ar bith ar go leor daoine a bhfuil an cineál níos éadroime orthu, agus ní bhíonn a fhios acu mar sin go bhfuil sé orthu.

B. Ní féidir a rá. Ní thugtar eolas sa sliocht faoin uair a bhíonn deilgneach contúirteach nó nach mbíonn.

C. Bréagach. Deirtear sa sliocht: "má thagann fiabhras Q ort arís, áfach, b'fhéidir go mbeidh ort antaibheathaigh a ghlacadh ar feadh 18 mí ar a laghad".

D. Ní féidir a rá. Tarchuireann ainmhithe, "caoirigh, gabhair agus eallach den chuid is mó ", fiabhras Q chuig daoine, ach ní insítear dúinn cé acu is dóichí a tharchuirfidh an fiabhras chuig daoine.

## 66. D

A. Ní féidir a rá. Ní phléitear sa sliocht seo ach an úsáid a bhaineann grianghrafadóirí as go ginearálta, agus ní dhéantar aon tagairt do thaithí na ngrianghrafadóirí.

B. Bréagach. Mar gur sárú lámhoibrithe ar fheidhm uathoibrithe atá i gceist, is féidir úsáid a bhaint as nuair is áil le grianghrafadóir go mbeidh grianghraf níos gile nó níos dorcha ná mar a cheadódh méadar an cheamara murach sin.

C. Bréagach. Mar a luaitear sa sliocht, is féidir brath ar mhéadair cheamara de ghnáth, ach amháin nuair atá riochtaí solais dúshlánacha ann.

D. Fíor. Ligeann cúiteamh nochta don ghrianghrafadóir féin an cinneadh a dhéanamh maidir le chomh geal nó chomh dorcha a bheidh grianghraf.

## 67. C

A. Ní féidir a rá. Cé go n-insítear dúinn go bhfuil dromchla níos óige ag Véineas ná Mearcair nó Mars, níl sé le tuiscint as sin nach bhféadfadh pláinéid eile a bheith níos óige.

B. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go bhfuil dromchlaí Mars, Mhearcair agus na Gealaí i bhfad níos óige ná dromchla Véineas, agus ní thugtar eolas faoi aois an phláinéid féin.

C. Fíor. Mar nach bhfuil a fhios ag eolaithe an raibh teicteonaic plátaí ag Véineas ó thús, níl a fhios acu arb é galú uisce an phláinéid a chuir deireadh le teicteonaic plátaí nó nach ea.

D. Bréagach. Níor ghalaigh an Ghrian Véineas, níor ghalaigh sí ach an t-uisce dromchla ar an bpláinéad.

## 68. B

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gurb é seo an leibhéal is ísle a taifeadadh riamh sa suirbhé *a dhéantar gach dhá bhliain* agus d’fhéadfadh sé go raibh leibhéil ní b’ísle ann sna blianta idir an dá linn.

B. Fíor. De réir an tsleachta, chaith 16 faoin gcéad de bhuachaillí tobac, i gcomparáid le 17 faoin gcéad de chailíní. Dá bhrí sin, is FÉIDIR a rá gur mó seans go gcaithfeadh buachaillí tobac i gcomparáid le cailíní.

C. Ní féidir a rá. Is é an t-aon eolas a chuirtear ar fáil maidir le húsáid toitíní leictreonacha ná gur fhan líon na ndaoine a chaith toitíní leictreonacha seasmhach.

D. Ní féidir a rá. Ba é 49 faoin gcéad an sciar ab airde de chaiteoirí tobac a cláraíodh sa suirbhé seo, in 1996, figiúr a bhí díreach faoi bhun tromlach na bhfreagróirí. Mar sin féin, níl aon fhaisnéis ann maidir leis an gceist ar chaith tromlach leanaí am ar bith roimh 1996 nó nár chaith.

## 69. C

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go scaoiltear níos mó micreaphlaisteach i gciogail fhíneálta ná mar a scaoiltear i ngnáthchiogail, ní deirtear gur minice a scrios siad éadaí (is é sin le rá gur fágadh dochaite iad).

B. Ní féidir a rá. Ní deirtear aon rud sa sliocht faoin ábhar seo.

C. Fíor. D’ainneoinn a mbeifí ag súil leis, scaoiltear níos mó snáithíní plaisteacha isteach sa timpeallacht i gciogail níocháin fhíneálta ná mar a scaoiltear i ngnáthchiogail.

D. Bréagach. Mar a deirtear sa sliocht, is cosúil gurb é méid an uisce an toisc is tábhachtaí maidir le snáithíní a bhogadh as éadaí.

## 70. D

A. Ní féidir a rá. Maíonn eolaithe gurbh fhéidir gurb amhlaidh an scéal é, ní mhaíonn siad go bhfuiltear cinnte faoi.

B. Bréagach. De réir an tsleachta, bhí “cluasa na Néandartálach cosúil le cluasa leanaí daonna”. Níor athraigh siad le haois, áfach, mar a athraíonn cluasa leanaí.

C. Ní féidir a rá. Ní phléitear an chaoi nár éabhlóidigh na Néandartálaigh sa sliocht agus seans go raibh baint ag tosca eile lena ndíothú.

D. Fíor. Fuair eolaithe amach go raibh cluasa na Néandartálach cosúil le cluasa leanaí, rud a d'fhág go raibh siad níos soghabhálaí i leith ionfhabhtuithe agus aimhréidheanna cluaise.

## 71. D

A. Ní féidir a rá. Ní luaitear leoithní farraige go sonrach sa sliocht, ní luaitear ach cóngaracht don chósta, mar sin d’fhéadfadh sé gur rud eile atá tairbheach i ndáiríre.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur mó seans go gcuirfidh neamhoird mheabhairshláinte isteach ar dhaoine ó chúlraí níos boichte. Insítear dúinn freisin, áfach, go bhfuil nasc idir cóngaracht don chósta agus meabhairshláinte níos fearr i measc daoine bochta. Is féidir, mar sin, go bhfuil meabhairshláinte níos fearr ag an ngrúpa sainiúil seo i measc na mbocht ná mar atá ag daoine níos saibhre istigh faoin tír.

C. Bréagach. Luaitear go sonrach sa sliocht rochtain ar spásanna gorma, ní luaitear spásanna glasa.

D. Fíor. Cé gur féidir é go bhfuil cóngaracht don chósta go maith do mheabhairshláinte na ndaoine níos saibhre, ní deirtear sa sliocht ach gurb amhlaidh an scéal é i gcás na ndaoine siúd sna teaghlaigh is lú tuilleamh.

## 72. B

*A.* Bréagach. Is riail í Riail Sahm le staitisticí dífhostaíochta *a léirmhíniú*, ach ní staitistic an riail féin.

B. Fíor. Cheap Claudia Sahm í le cúluithe eacnamaíochta a thuar agus is é is cuspóir leis an riail a bheith níos iontaofa ná na méadrachtaí atá in úsáid sa mhargadh airgeadais faoi láthair.

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil *i gceist* ag Riail Sahm a bheith níos iontaofa, ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuil sí níos iontaofa.

D. Ní féidir a rá. Déanann Sahm í féin cás ar son an chur chuige sin, ach níl aon chomhartha ann cibé an dtarlódh sé i ndáiríre nó nach dtarlóidh.

## 73. A

A. Fíor. Tiománaithe trucaile ar thit codladh orthu is cúis le 30-50% de thimpistí bóthair sa Ghearmáin, nó níos lú ná formhór na dtimpistí.

B. Bréagach. Is iad na timpistí is tromchúisí na cinn sin arb é tiománaithe trucaile "a thiteann ina gcodladh ar feadh nóiméid...na timpistí is tromchúisí".

C. Ní féidir a rá. Deirtear linn sa sliocht go bhféadfadh fadhbanna análaithe a bhaineann le codladh a bheith ag duine má bhíonn sé/sí róthrom. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, gur dócha go bhfuil duine róthrom má tá fadhbanna codlata aige/aici. D'fhéadfadh go leor cúiseanna eile a bheith le fadhbanna codlata.

D. Bréagach. De réir an tsleachta, "tarlaíonn timpistí mar gheall ar dhíth codlata sách minic — b'fhéidir dhá oiread níos minice ná timpistí arb í tiomáint ar meisce is cúis leo".

## 74. C

A. Ní féidir a rá. Cé gur féidir le daoine nach n-éiríonn dearg san aghaidh suas le hocht ndeoch a ól sa tseachtain gan an baol ó ardbhrú fola a mhéadú, ní insítear dúinn an mbaineann rioscaí sláinte eile le níos mó deochanna ná seo a ól.

B. Ní féidir a rá. Ní chuimsítear mná sa staidéar, agus ní luaitear aon rud ar an ábhar seo dá bharr sin.

C. Fíor. De réir an tsleachta, d'fhéadfadh sé go mbeadh idir dheargadh aghaidhe agus ardbhrú fola mar thoradh ar bharraíocht aicéataildéid, agus de bharr go bhfuarthas amach gur mó an baol go mbeidh ardbhrú fola acu siúd a éiríonn dearg san aghaidh, d'fhéadfadh sé gurb é aicéataildéad is cionsiocair leis.

D. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach gurbh fhéidir gurb amhlaidh atá sé seo, ní deirtear gurb amhlaidh, agus "nár cruthaíodh gaol cúisíoch idir an dá cheann go fóill".

## 75. B

A. Bréagach. Tugtar le fios i sonraí eile atá tagtha chun solais le gairid gur "dócha" gurb amhlaidh an atá an scéal, ní hé go bhfuil an méid sin ar eolas go cinnte.

B. Fíor. Faoi mar a deirtear sa sliocht, tá siad hipitéiseach ach réalaíoch ar bhonn eolaíoch, agus luaitear ann na stoirmeacha a bhain do California in 1861-1862.

C. Bréagach. Deirtear sa sliocht go bhféadfadh sé cur isteach ar an gceathrú cuid de thithe California, agus ciallaíonn sé sin nach gcuirfí isteach ar thrí cheathrú de na tithe. Is féidir linn teacht ar an gconclúid, mar sin, NACH mbeadh an chuid is mó de California faoi uisce.

D. Ní féidir a rá. Ní thugtar aon eolas sa sliocht faoi na tosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le stoirmeacha dá leithéid nó cibé an bhfuil níos mó seans ann go dtarlóidís in Arizona seachas in California.

## 76. B

A. Bréagach. Deirtear sa sliocht go léiríonn na siúlóirí is moille, seachas gach siúlóir mall, comharthaí de neamhoird néaraimheathlúcháin agus shíciatracha, agus ní hionann comharthaí de ghalar a léiriú agus an galar sin a bheith agat.

B. Fíor. Fuair dochtúirí amach go raibh siúlóirí malla ag dul in aois ní ba thapúla.

C. Ní féidir a rá. Pléitear daoine meánaosta agus seandaoine sa sliocht, ach ní luaitear leanaí.

D. Ní féidir a rá. Faigheann siúlóirí malla sna seachtóidí agus sna hochtóidí bás níos luaithe de ghnáth, ach ní hionann é sin agus a rá gurb amhlaidh an cás i gcónaí.

## 77. D

A. Bréagach. De réir an tsleachta, úsáideann daoine Facebook agus Google mar go bhfuil siad an-áisiúil, cé go bhfuil a fhios againn go bhfuil an iomarca ar eolas acu fúinn.

B. Ní féidir a rá. Cuirtear an tuairim seo i láthair sa sliocht, ach cuirtear tuairim chontrártha in iúl ina dhiaidh sin.

C. Ní féidir a rá. Sin tuairim na ndaoine a cheapann go bhfuil a leithéid de sheirbhísí úsáideach agus neamhurchóideach de na sceiptigh, ach ní fhágann sin gurb ea.

D. Fíor. Faoi mar a deirtear sa sliocht, bíonn glórchúntóirí "deighilteach ar bhonn neamhghnách".

## 78. D

A. Ní féidir a rá. Deirtear go bhfuil sé níos coitianta

i measc daoine sna seachtóidí agus sna hochtóidí, ach deirtear freisin go bhféadfadh sé cur isteach ar dhaoine de gach aois.

B. Bréagach. Is é cailleadh an amhairc fhorimeallaigh an chéad chomhartha de ghlácóma, agus is féidir cóir leighis a chur air ag an bpointe seo fós.

C. Bréagach. Carnadh sreabháin sa chuid tosaigh den tsúil is cúis le glácóma DE GHNÁTH, seachas ó am go ham.

D. Fíor. Mar go bhfuil claonadh ag glácóma forbairt go mall i gcaitheamh na mblianta, i.e. de réir a chéile, is minic nach dtuigeann a lán daoine go bhfuil sé orthu.

## 79. A

A. Fíor. Ach na matáin ar an taobh deas de chroí a thraochadh, éiríonn siad lag agus d'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le cliseadh croí.

B. Ní féidir a rá. D'fhéadfadh sé "cur isteach ar dhaoine de gach aois" ach ní luaitear sa sliocht an gcuireann sé isteach níos mó ar aoisghrúpaí áirithe.

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur "riocht neamhchoitianta" é hipirtheannas scamhógach agus go bhfuil sé "níos coitianta i measc daoine a bhfuil riocht croí nó scamhóg eile orthu". Ní chiallaíonn sé sin, áfach, gur annamh nach mbíonn riochtaí eile ar dhaoine a bhfuil hipirtheannas scamhógach orthu.

D. Bréagach. Cuireann hipirtheannas scamhógach isteach ar an taobh deas den chroí AMHÁIN.

## 80. B

A. Ní féidir a rá. Tá na torthaí bunaithe ar aclaíocht a dhéanamh ar feadh 30 nóiméad ceithre huaire sa tseachtain. Cé gurb ionann é seo agus 20 nóiméad d'aclaíocht sé huaire sa tseachtain, níl a fhios againn an bhféadfadh *minicíocht* nó *fad gach seisiúin* a bheith ina dtosca ábhartha freisin.

B. Fíor. Dúirt taighdeoirí go bhféadfadh sé a bheith éifeachtach, ach go gcaithfear níos mó taighde a dhéanamh i dtriail níos mó.

C. Ní féidir a rá. Cuirtear an méid a fuarthas amach sa taighde faoi rialtacht aclaíochta in iúl, ach ní luaitear déine na haclaíochta.

D. Bréagach. Ceapann dochtúirí go bhféadfadh aclaíocht a bheith ina chóireáil úsáideach, nó ina leigheas fiú amháin, le haghaidh galar Alzheimer luath: tugtar le fios "sna torthaí gur féidir le babhtaí traenála aeróbacha tionchair an ghalair a mhoilliú ar a laghad má dhéantar idirghabháil sna céimeanna luatha".

## 81. A

A. Fíor. Insítear dúinn sa sliocht go scaipeann an t-atmaisféar tonnfhaid níos giorra nó "gorma", murab ionann is tonnfhaid níos faide.

B. Ní féidir a rá. Ní luaitear sa sliocht ach an chaoi a dtéann scaipeadh na dtonnta solais i bhfeidhm ar dhath dealraitheach na gealaí, seachas a méid dealraitheach.

C. Bréagach. Is lú mar a scaiptear an solas a thagann chomh fada linn nuair a bhíonn an ghealach os ár gcionn, mar sin is lú mar a chuirtear a cuma as riocht.

D. Ní féidir a rá. Ní thugtar aon eolas faoin gcaoi a gcuireann tonnta solais níos giorra nó níos faide isteach ar chomh mór agus a bhreathnaíonn an ghealach.

## 82. B

A. Bréagach. Ní fhaca eolaithe braoiníní uisce, ach chonaic siad go raibh solas á scagadh ar bhealach ina bhféadfaí go mbeadh comhdhlúthú galuisce ina uisce leachtach mar chúis leis.

B. Fíor. Is pláinéad i bhfad ar shiúl é K2-18 b agus chonaic réalteolaithe "comharthaí a thugann le fios go bhfuil uisce ag titim i bhfoirm báistí san atmaisféar". Níl aon chomhartha ann faoi *mhéid* an uisce báistí a d'fhéadfadh a bheith ann, mar sin d'fhéadfadh sé go bhfuil níos mó ann ná mar atá ar an Domhan.

C. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach nach ionann uisce a bheith san atmaisféar agus beatha a bheith ann, ach ní deirtear gur dóchúil nó nach dóchúil é.

D. Ní féidir a rá. Ní luaitear sa sliocht go mbaineann tábhacht le méid pláinéid maidir le huisce a bheith san atmaisféar.

## 83. D

A. Ní féidir a rá. Pléitear sa sliocht na tionchair thairbheacha a bhaineann le dul ar saoire, ach ní deirtear an leor saoire *bhliantúil*.

B. Bréagach. Mar a luadh sa staidéar, tháinig méadú 50% ar an mbaol go mbuailfeadh taom croí bean nuair nach ndeachaigh sí ar saoire, i gcomparáid le méadú 30% d'fhir.

C. Ní féidir a rá. Cé gur cuireadh san áireamh sa staidéar tosca folláine amhail diaibéiteas, caitheamh tobac, leibhéil ioncaim agus murtall, ní luaitear an ndearnadh rialú ar an aclaíocht freisin, mar sin ní féidir linn a rá.

D. Fíor. Cuireadh isteach ní ba mhó ar mhná, seachas fir, mura ndeachaigh siad ar saoire.

## 84. D

A. Ní féidir a rá. Ní luaitear sa sliocht cé acu is láidre ná a chéile, tíofúin na hÁise nó stoirmeacha trópaiceacha Mheiriceá.

B. Bréagach. Tá stoirmeacha éirithe 50% níos láidre, agus is ionann sin agus a 1.5 oiread níos mó ná a láidreacht roimhe sin, ní leath chomh láidir.

C. Ní féidir a rá. Ní chuirtear ráta ar fáil sa sliocht maidir lena mhéad agus atá na stoirmeacha a thagann go Meiriceá éirithe níos láidre, mar sin ní féidir linn a rá.

D. Fíor. De réir an tsleachta, bíonn ROINNT teagmhas aimsire níos déine mar gheall ar athrú aeráide, rud a chiallaíonn freisin nach amhlaidh an scéal é i gcás GACH teagmhas aimsire.

## 85. A

A. Fíor. De réir an tsleachta, mura gcaitheann duine ach 5 thoitín in aghaidh an lae, déantar dhá thrian den dochar do na scamhóga is a dhéanfadh 30 toitín in aghaidh an lae, rud a chiallaíonn nach ndéanfaí mórán difir dá ngearrfadh duine siar ó 30 go 15 toitín.

B. Bréagach. Ba é caitheamh éadrom tobac ba chionsiocair le dhá thrian den dochar a dhéanann caitheamh trom tobac.

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhféadfadh an gearradh siar ar úsáid laethúil toitíní a bheith "ina chéim thábhachtach i dtreo éirí as caitheamh tobac go hiomlán", ach ní deirtear go bhfuil níos mó seans ann go n-éireoidh na daoine sin a ghearrann siar ar thoitíní ar dtús as ar fad i gcomparáid leo siúd nach ngearrann siar.

D. Bréagach. Ós rud é gur féidir go mbeidh an gearradh siar ina chéim thábhachtach i dtreo éirí as ar fad, d'fhéadfaí go mbeadh buntáistí suntasacha sláinte ag baint leis fós.

## 86. D

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go mbaineann "laigí" leo, ach d'fhéadfadh ciall ar bith a bheith leis sin idir a bheith go dona nó a bheith go maith ach go bhfuil roinnt feabhsaithe ag teastáil.

B. Ní féidir a rá. Ní thugtar le fios go soiléir sa sliocht an dtarlaíonn sé seo de ghnáth nó an é nach dtarlaíonn sé ach i mionlach irisí.

C. Bréagach. Tarlaíonn luanna comhéigneacha nuair a iarrann eagarthóir tuilleadh luanna *dá (h)iris féin*, ach ní nuair a iarrann eagarthóir go gcuirfí luanna isteach le páipéar a fheabhsú.

D. Fíor. Mar a thugtar le fios go soiléir sa sliocht, i roinnt cásanna ní féidir alt a fhoilsiú mura n-áirítear ann luanna neamhriachtanacha ag tagairt siar don iris ina bhfuil an aiste á foilsiú.

## 87. C

A. Bréagach. Leagtar 'bunchloch' faoi chomhair cóireálacha nua le haghaidh gortuithe ailt sa staidéar, ach níor eascair aon cóireáil nua as an staidéar féin.

B. Ní féidir a rá. Cé go leagtar 'bunchloch' do chóireálacha nua le haghaidh gortuithe ailt a chneasú sa staidéar, ar an gceann is fearr de féadtar a rá gurb fhéidir go bhfuil athghiniúint géag daonna níos indéanta dá bharr, rud nach bhfuil an-chinnte ann féin.

C. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, is féidir le leanaí barra a méar a athghiniúint nuair a chuirtear cóireáil cheart orthu.

D. Bréagach. Tá an próiseas cosúil leis sin, ach ní hionann é.

## 88. B

A. Bréagach. Cé go samhlaítear an tréith 'leo siúd a bhfuil tuairimí de chuid na heite clé acu," ní chuirtear as an áireamh sa mhéid sin go bhfuil tuairimí éagsúla ag daoine eile.

B. Fíor. Fuarthas amach gur lú an dóchúlacht go mbeadh an bua ag polaiteoirí a léirigh oscailteacht do thaithí, "tréith a bhaineann le fiosracht agus samhlaíocht níos fearr".

C. Ní féidir a rá. Luaitear é seo mar fhéidearthacht, ach ní deirtear gurb amhlaidh go cinnte é.

D. Ní féidir a rá. Níl in oscailteacht do thaithí ach ceann amháin den iomad tosca is siocair le haon toradh amháin, mar sin de ní féidir linn a rá gur toisc chinntitheach í nó nárbh ea.

## 89. A

A. Fíor. Ní raibh athrú ar bith ann tar éis d'úsáid mhíochaine a dhéanamh dleathach, ach in ainneoin roinnt údar imní, chuaigh úsáid i measc déagóirí i laghad faoi bheagnach 10% i stáit ina ndearnadh úsáid áineasa dleathach.

B. Ní féidir a rá. Ní chuirtear an méid seo i láthair sa sliocht ach mar fhéidearthacht amháin.

C. Ní féidir a rá. Tá fianaise ann go dtéann úsáid i measc déagóirí i laghad nuair a dhéantar cannabas dleathach, ach ní deirtear sa sliocht an réiteach a bheadh sa mhéid sin nó nach hea.

D. Ní féidir a rá. Ní thugtar tuilleadh sonraí faoi seo sa sliocht.

## 90. C

A. Ní féidir a rá. Is cosúil gur féidearthacht é an méid sin, ach ní phléitear Iúpatar agus an Ghrian sa sliocht.

B. Ní féidir a rá. Is féidir gur fad is cúis le baralár a bheith suite taobh amuigh de réad neamhaí, nó is féidir gurb é méid chosúil na réad is cúis leis.

C. Fíor. Fiú nuair a bhíonn difear ann ó thaobh méide de, ní hé an baralár lár cruinn an réada níos mó.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa téacs nuair atá rinn nach bhfuil chomh hollmhór sin ag gluaiseacht ar fithis reanna eile atá níos ollmhó fós gurb amhlaidh "go gceapfaí go bhfuil an rinn níos mó ar creathadh beagán". Mar sin féin ní insítear dúinn an dtarlaíonn an méid sin i gcás an Domhain agus na Gréine.

## 91. D

A. Ní féidir a rá. Ní phléitear an fhéidearthacht shainiúil seo sa sliocht.

B. Ní féidir a rá. Cé "gur áitíodh" nár chóir tús a chur lena leithéid de mhisin, níl aon chomhartha ann "go bhfuiltear ag glacadh leis seo níos mó ná riamh".

C. Ní féidir a rá. Cuirtear i láthair mar thuairim é seo, ní mar fhíric.

D. Fíor. Tarraingítear aird sa sliocht ar an mbaol go scoithfidh misean nua seanmhisean.

## 92. B

A. Ní féidir a rá. Ní thugtar tuilleadh sonraí faoi na héifeachtaí a bhaineann le ceol áthasach sa sliocht.

B. Fíor. Fuarthas amach in dhá staidéar gur airigh daoine a raibh an dúlagar orthu ní b'fhearr tar éis dóibh éisteacht le ceol brónach.

C. Bréagach. Fuarthas amach gur airigh daoine a raibh an dúlagar orthu ní b'fhearr tar éis dóibh éisteacht le ceol brónach.

D. Ní féidir a rá. Ní phléitear ceol gutha sa sliocht, díreach ceol uirlise.

## 93. A

A. Fíor. Is suntasaí mar atá an t-ardú ar tháillí teagaisc tar éis dul i bhfeidhm orthu siúd d'aicmí socheacnamaíocha níos ísle.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil na Stáit Aontaithe tar éis titim ar gcúl, ach ní chiallaíonn sin go raibh siad ar thús cadhnaíochta roimhe sin.

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil sé *ar cheann* de na cúiseanna is mó, ach ní deirtear gurb é *an chúis* is mó.

D. Bréagach: "Tá líon na n-aosach óg a bhfuil ardoideachas á chur orthu ag dul i laghad i gcomparáid lena dtuismitheoirí".

## 94. B

A. Ní féidir a rá. Insítear dúinn sa sliocht go bhfuil an siondróm "níos coitianta i measc othar a bhfuil comhghalrachtaí orthu, amhail diaibéiteas, murtall agus galar Crohn, ach d'fhéadfadh sé teacht ar dhaoine atá folláin seachas sin". Mar sin féin, ní thugtar aon eolas maidir le minicíocht choibhneasta dhóchúil aon cheann de na comhghalrachtaí sin mar sin d'fhéadfadh an nasc is coitianta a bheith ag an siondróm le diaibéiteas, ach ní féidir a rá go cinnte.

B. Fíor. Táirgeann colainn gach duine alcól, ach bíonn na méideanna bídeach i bhformhór na ndaoine.

C. Bréagach. Deirtear sa sliocht go dtáirgeann a leithéid de dhaoine eatánól, seachas meatánól.

D. Bréagach. Mar go bhfuil leibhéil alcóil as cuimse san fhuil in ann a bheith mar thoradh ar shiondróim uathghrúdaireachta, is riocht sláinte é a d'fhéadfadh a bheith an-chontúirteach.

## 95. B

A. Bréagach. Fuarthas amach sa staidéar go mbíonn aiste bhia níos fearr ag daoine ó phobail níos saibhre.

B. Fíor. Fuarthas amach go raibh rátaí ní b'airde maidir le húsáid pianmhúchán ar oideas i measc pobal ní ba bhoichte mar a raibh ní ba lú oideachais ar dhaoine.

C. Ní féidir a rá. Ní thugtar tuilleadh sonraí faoi seo sa sliocht.

*D.* Bréagach. Sin é go díreach *a fuarthas amach* sa staidéar
.

## 96. D

A. Ní féidir a rá. Bíodh is *go bhféadfadh* caillteanas brabúis a bheith ina údar imní dóibh, ní deirtear a leithéid sa sliocht agus thagair déantóirí na bhfíschluichí féin d'údair imní eile.

B. Ní féidir a rá. Cé go maíonn néareolaí gurbh fhéidir gurb amhlaidh an scéala, ní luaitear mar fhíric dhearfa é.

C. Ní féidir a rá. Is é earnáil an fhíschluiche an t-aon ghrúpa a luaitear mar dhream atá in éadan an rangaithe seo, mar sin níl a fhios againn a fhorleithne agus a bhí an chonspóid.

D. Fíor. Tá neamhord cluichíochta rangaithe mar riocht meabhairshláinte ag an WHO, ach tá néareolaí den tuairim gur bealach atá ann déileáil le fadhb níos doimhne agus níos bunúsaí ná sin.

## 97. D

A. Ní féidir a rá. Ní luaitear Satarn ná a chuid fáinní sa sliocht.

B. Bréagach. Mar a deirtear sa sliocht, bíonn fórsaí lártheifeacha ag teastáil le satailít a réabadh óna chéile, rud a chiallaíonn

nach leor domhantarraingt pláinéid níos mó.

C. Bréagach. Ní hiad na fórsaí taoide a chruthaíonn an tsatailít atá i gceist, ach na cinn siúd a tháirgeann an réad a mbíonn an tsatailít ar fithis thart air.

D. Fíor. Nuair a bhíonn na fórsaí taoide a bhrúitear ar phláinéad níos mó ná a fhéin-imtharraingt, is ansin a bheidh teorainn Roche i bhfeidhm agus díscaoilfear é.

## 98. C

A. Ní féidir a rá. Cé go bhféadfadh fórsaí taoide éagsúla a bheith i bhfeidhm ag brath ar an bhfad ón réad a bhfuiltear ag dul ar fithis air, ní deirtear sa sliocht go bhfuil siad taghdach.

B. Bréagach. "Tarlaíonn téamh taoide marthanach nuair a chuirtear cosc ar an bhfithis éilipseach ciorclú."

C. Fíor. Is é an difear idir fórsaí taoide de bharr fithis éilipseach is siocair le téamh taoide.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil fórsaí taoide "níos láidre agus iad ar tí pearaipsise", ach ní fhágann sin gur déine ar fad téamh taoide le linn pearaipsise. D'fhéadfadh, cuir i gcás, freagairt mhoillithe a bheith ann.

## 99. D

A. Bréagach. Cé go *bhféadfadh* sé a bheith sa teaghlach ní fhágann sin go mbíonn sé ann i gcónaí.

B. Bréagach. Is féidir go spreagfar céadfaí eile de bharr sinéistéise seachas amharc na súl.

C. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear gur cineál sainiúil sinéistéise amhairc (sinéistéise datha graiféime) an cineál is coitianta, fós féin d'fhéadfadh cineálacha eile in éineacht a bheith i bhformhór na gcásanna.

D. Fíor. Nuair a airíonn duine rud éigin agus céadfa eile a bheith gníomhachtaithe mar thoradh air chomh maith, is sinéistéise é sin.

## 100. B

A. Bréagach. Chreid ochtú cúig faoin gcéad d'fhreagróirí go raibh rogha linbh ag a *máthair*, ní ag an mbeirt tuismitheoirí.

B. Fíor. Dúirt roinnt tuismitheoirí go raibh an grá céanna acu dá gcuid leanaí, ach gurbh fhéidir gurbh fhearr mar a réitíonn siad le leanbh amháin go háirithe.

C. Ní féidir a rá. Cheap ochtú cúig faoin gcéad de fhreagróirí an staidéir go raibh rogha linbh ag a máithreacha, ach níl a fhios againn céatadán na máithreacha i ndáiríre.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go n-admhaíonn GO LEOR tuisimitheoirí go bhfuil rogha linbh acu, rud a fhágann go bhféadfadh rogha linbh a bheith ag an gcuid IS MÓ acu, ach ní gá gurb amhlaidh é sin ach an oiread.

## 101. D

A. Bréagach. Deirtear sa sliocht go mbíonn fadhbanna dianseasmhacha teanga ag 40% acu siúd a mbíonn moill orthu ag caint, ar figiúr é sin atá níos lú ná a leath díobh.

B. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach gur féidir gur ualach trom é don duine a bheith i mbaol meabhairshláinte chomh maith le moill a bheith ar scileanna teanga, ach ní deirtear gur ceann amháin is cionsiocair leis an gceann eile.

C. Bréagach. Ba é seo an chéad staideár a rinne nasc idir an dá rud, mar sin ní fhéadfadh an nasc a bheith cruthaithe roimhe sin.

D. Fíor. Rinneadh iniúchadh sa staidéar ar an gceangal idir foclóir moillithe naíonán agus taomanna feirge diana, leanaí chomh hóg le 12 mhí san áireamh, ar aois í sin "atá i bhfad níos óige ná an aois ag a bhfuiltear in ann iompar trioblóideach a aithint go hiondúil, dar le go leor cliniceoirí".

## 102. B

A. Ní féidir a rá. Ní insítear dúinn ach go raibh dóchúlacht 30% ní b'airde ann go dtiocfaidh an dúlagar orthu siúd a rugadh sna trí mhí dheiridh den scoilbhliain i gcomparáid leis na leanaí a rugadh sna chéad trí mhí. Níl aon fhaisnéis ann faoina *dhóchúla is atá sé i ndáiríre* go dtiocfaidh an dúlagar ar dhuine ar bith de na leanaí seo.

B. Fíor. Aithnítear sa sliocht gurb iad na leanaí a bheirtear sa samhradh na leanaí is óige ina scoilbhliain agus insítear dúinn "go raibh seans 30% níos mó ann go mbeadh dúlagar ar leanaí a rugadh sna trí mhí dheiridh den scoilbhliain i gcomparáid leis na leanaí a rugadh sna chéad trí mhí", i.e. iad siúd a rugadh san fhómhar.

C. Ní féidir a rá. Luaitear sa sliocht an chaoi arbh fhéidir le leanaí níos óige a bheith i mbaol fadhbanna meabhairshláinte, ach ní thugtar aon réiteach ná aon mholadh maidir leis an gcaoi lena seachaint.

D. Ní féidir a rá. Bhí 30% níos mó de sheans ann go mbeadh fadhbanna meabhairshláinte ag na leanaí ab óige, ach mar gheall nach bhfuil an fhíormhinicíocht ar eolas againn ní féidir linn a rá má tá 30% rialta nó neamhchoitianta.

## 103. A

A. Fíor. De réir an tsleachta, d'fhéadfadh sé gur comhartha ar fhadhb shláinte é codladh i rith an lae mórán gach lá.

B. Ní féidir a rá. Tugtar le fios sa sliocht gurbh fhéidir gurb amhlaidh an scéal, ach ní thugtar le fios go bhfuil an méid sin dearfa.

C. Bréagach. Go deimhin féin tá easpa comhaontaithe ann faoina shláintiúla is atá néal codlata i gcaitheamh an lae, agus tá tátail chontrártha bainte amach i staidéir éagsúla.

D. Bréagach. De réir an tsleachta, "ní laghdaítear" na rioscaí mar go mbíonn níos mó ná 1 ná 2 néal codalta ag an duine.

## 104. C

A. Ní féidir a rá. Seans gurb amhlaidh an scéal é de réir loighce, ach ní thugtar tuilleadh sonraí faoi seo san alt.

B. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear go mbíonn cineálacha éagsúla fadhbanna sláinte ann de bharr siúcraí agus milseoirí saorga araon, ní dhéantar aon mheasúnú ar cé acu de na fadhbanna ba mheasa.

C. Fíor. Chuir na taighdeoirí daoine a d'ól 2 ghloine nó níos mó de dheoch bhog in aghaidh an lae i gcomparáid leo siúd a d'ól ní ba lú ná 1 ghloine in aghaidh na míosa, i.e. cuireadh iad siúd a d'ól go minic iad i gcomparáid leo siúd a d'ól go hannamh iad.

D. Bréagach. Rinneadh nasc idir deochanna siúcrúla agus galair dhíleá, agus nascadh deochanna a milsíodh go saorga le galair chardashoithíocha.

## 105. C

A. Ní féidir a rá. Bhí neamhord scaoill ar cheann de na "ceithre neamhord imní choitianta" a ndearnadh staidéar orthu, ach níl aon mheasúnú ann ar cé acu de na ceithre cinn ar bhain na mothúcháin éadóchais ba láidre leo.

B. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear gur táscaire dearfach é dóchas breise a bheith ag duine i gcomhthéacs téarnaimh, ní deirtear sa sliocht NACH rabhthas ag súil go mbeadh téarnamh in ann do na daoine siúd nár tháinig athrú ar a leibhéil dóchais.

C. Fíor. Breathnaíodh sa staidéar ar úsáid CBT le haghaidh ceithre neamhord imní choitianta, lena n-áiríodh neamhord scaoill, agus rinneadh amach gur "gné choitianta" an dóchas i gcás an téarnaimh a tháinig ar dhaoine i gcás gach cineál neamhoird agus "gur tháinig na méaduithe dóchais is mó i measc daoine a raibh cóireáil ghníomhach á cur orthu seachas daoine ar an liosta feithimh".

D. Bréagach. De réir an tsleachta, ba de réir a chéile a tháinig méadú ar an dóchas, ní go sciobtha.

## 106. C

A. Ní féidir a rá. Níor tugadh faoi deara aon bhaint le teocht ach amháin i gcás laethanta fuara a bhí tais agus gaofar freisin, agus mar sin ní bhaineann an teocht le hábhar sa chás seo. Tá baint ag gaoth agus brú atmaisféarach íseal le "laethanta níos pianmhaire" ach ní insítear dúinn cé acu ceann is suntasaí.

B. Ní féidir a rá. Is féidir go bhfulaingeoidh daoine níos mó péine ar laethanta fuara má tá an lá tais agus gaofar freisin, agus níl a fhios againn an bhfuil an chuid is mó de laethanta fuara i gceist leis an méid sin.

C. Fíor. Ní dhéanann an fuacht aon difear mura bhfuil taise ina theannta agus "is í an bhogthaise choibhneasta ard an toisc is tábhachtaí a bhaineann le pian a bheith ag dul in olcas". Beidh níos lú péine ar dhaoine, mar sin, ar lá fuar tirim i gcomparáid le lá te tais.

D. Bréagach. Deirtear sa sliocht "gur lú an seans" go mbeidh pian ar dhaoine ar laethanta tirime, rud a chiallaíonn go bhféadfadh pian a bheith orthu mar sin féin.

## 107. A

A. Fíor. Ní thugtar le fios sa sliocht an mbeidh nó nach mbeidh iomaíocht dhéshúileach ar an modh diagnóise is cruinne, ach insítear dúinn go bhféadfadh sí "diagnóis níos luaithe a éascú", ar buntáiste é sin.

B. Ní féidir a rá. Cé gur buntáiste den iomaíocht dhéshúileach gur "féidir é a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar leanaí óga nár thosaigh ag caint go fóill agus ar dhaoine fásta neamhbhriathartha chomh maith", ní deirtear an bhfuil sí níos fearr ar an iomlán nó nach bhfuil. Seans go mbeidh an measúnú briathartha, cuir i gcás, níos cruinne nuair atá a bhformhór de dhaoine fásta á mheas.

C. Ní féidir a rá. Cé gur thuar ar dhéine na n-airíonna é ráta na hiomaíochta déshúilí, agus go raibh sé le tuiscint ó na sonraí gurbh fhéidir uathachas a dhiagnóisiú le 87% cruinneas, ní fhágann sin nach raibh iomaíocht dhéshúileach riamh ar dhaoine nach bhfuil uathachas orthu. D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh gur daoine le huathachas ach gan iomaíocht dhéshúileach a bheith orthu a bhí i nGACH CEANN de na cásanna nach raibh sa 87%; a dhála sin, d'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh gur daoine le hiomaíocht dhéshúileach, ach gan uathachas a bheith orthu, a bhí i nGACH CEANN acu nó i gCUID acu.

D. Bréagach. Fuarthas amach go raibh gaol díreach, seachas gaol inbhéartach, ag an ráta leis.

## 108. B

A. Ní féidir a rá. Cé go mbíonn "buntáiste iomaíoch" ag taighdeoirí sóisearacha a bhíonn ina gcomhúdar le heolaithe aitheanta a luaitear go minic, ní phléitear an tábhacht

chomparáideach a bhaineann le feabhas a gcuid oibre.

B. Fíor. “Baineann taighdeoirí sóisearacha atá cleamhnaithe le hinstitiúidí nach bhfuil cáil mhór orthu an leas is mó as comhúdaracht le heolaí mór le rá.”

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur toradh féideartha an méid sin, ach nach bhfuil sé cinnte.

D. Ní féidir a rá. Cé go bhfuil buntáiste iomaíoch ag roinnt taighdeoirí sóisearacha “i gcomparáid le piaraí ag a bhfuil próifíl luathghairme den chineál céanna acu ach gan na comhúdair is fearr”, ní dhéantar an cheist, mar atá, an cothrom an méid sin nó nach cothrom a mheas san alt. Má bhí próifílí luathghairme den chineál céanna ag na taighdeoirí a ndearnadh staidéar orthu, agus iad chomh cáilithe lena chéile mar sin, ní gá go mbeadh an chaoi ar roghnaíodh iad le halt a scríobh le comhúdar mór le rá éagothrom.

## 109. D

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go n-airíonn daoine a itheann a gcuid ingne go minic go bhfuil daoine anuas orthu, ach ní deirtear go bhfuil i ndáiríre.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go gceapann “go leor daoine” gur fíor sin, ach ní deirtear an fíor nó nach fíor é.

C. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go n-airíonn daoine a itheann a gcuid ingne go mbaineann stiogma leo go minic, ach ní deirtear go mbaineann i ndáiríre.

D. Fíor. “Is minic a chuirtear isteach go síceolaíoch” ar dhaoine a itheann a gcuid ingne, mar sin is nós anacrach é, agus bíonn ionfhabhtuithe gastraistéigeacha orthu níos minice.

## 110. D

A. Ní féidir a rá. Ní phléitear aon chomhchoibhneas dá leithéid seo sa sliocht.

B. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go ndeachaigh an meánsásamh saoil i méid, ach ní fhágann sé sin nach bhféadfaidh sé a bheith tite i roinnt ballstát.

C. Ní féidir a rá. Sásamh saoil, agus ní áthas, is ábhar don sliocht.

D. Fíor. Ní deirtear sa sliocht ar tháinig laghdú ar shásamh saoil i roinnt tíortha nó nár tháinig, mar sin d’fhéadfadh sé a bheith fíor.

## 111. D

A. Bréagach. Tarlaíonn an fhuiplasc mar “go mbogtar an muineál siar is aniar go láidir agus go tapa”, seachas in aon treo amháin.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa téacs gur le linn timpiste ghluaisteáin ina mbuailtear cúl an ghluaisteáin “is minice” a tharlaíonn an fhuiplasc, ach ní fhágann sin gurb é is cúis léi “go príomha”.

C. Bréagach. Níl san fhuiplasc ach *cineál* leonta nó stangtha muiníl, ar an gcaoi chéanna gur dronuilleog cearnóg ach nach cearnóg dronuilleog.

D. Fíor. D'fhéadfadh an fhuiplasc a bheith mar thoradh ar thimpiste ghluaisteáin ina mbuailtear cúl an ghluaisteáin agus d’fhéadfadh pian ainsealach droma agus aimhréidheanna fadtéarmacha eile a bheith mar thoradh uirthi freisin.

## 112. D

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht nach mbíonn airíonna ar bith, nó nach mbíonn ach mionairíonna, ar fhormhór na ndaoine atá ionfhabhtaithe. NÍ deirtear ann, áfach, cén sciar de na ndaoine sin a bhfuil a fhios acu go bhfuil an víreas orthu i ndáiríre, mar sin ní fhéadaimid a bheith siúráilte de go bhfuil a fhios ag daoine go bhfuil sé orthu nó nach bhfuil.

B. Bréagach. Níl ann ach go laghdófar do riosca má úsáideann tú éarthach muiscítí agus má chlúdaíonn tú do chraiceann le héadaí.

C. Bréagach. Víreas a scaiptear de bharr muiscítí is cionsiocair le “formhór” na gcásanna de víreas na Níle Thiar, rud a chiallaíonn go bhfuil siocracha eile le roinnt cásanna.

D. Fíor. De bhrí nach dtagann comharthaí nó airíonna ar fhormhór na ndaoine a bhfuil víreas na Níle Thiar orthu, nó nach bhfuil ach mionchomharthaí nó mionairíonna orthu, d'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh nach bhfuil a fhios ag go leor daoine go bhfuil siad ionfhabhtaithe.

## 113. C

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil luas na gaoithe ag dul i méid le blianta beaga anuas, ach ní deirtear go leanfar den treocht seo nó nach leanfar.

B. Ní féidir a rá. Ní luaitear an t-athrú aeráide.

C. Fíor. Chreid eolaithe go raibh luas na gaoithe ag titim mar go bhfuil tuilleadh bacanna á gcur ar aer gluaiste de bharr an borradh atá tagtha ar uirbiú ach, in ainneoin an uirbithe leanúnaigh, tá méadú tagtha ar luas na gaoithe le blianta beaga anuas. Is dúshlán don teoiric a bhí ann roimhe sin an méid sin.

D. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear gur cheap eolaithe gurb é an fhorbairt uirbeach ba chúis leis an laghdú a tháinig ar luas na gaoithe, ní deirtear sa sliocht go raibh an méid sin contráilte. Fágann sé sin go bhfuil an fhéidearthacht ann go moillítear luas na gaoithe de bharr forbairt uirbeach ach go bhfuil tosca eile is cúis le luas na gaoithe a mhéadú tar éis dul i gcoinne an mhéid sin le deireanas.

## 114.A

A. Fíor. De réir an tsleachta, in áit an t-athrú aeráide a bheith ag cur bac ar scaipeadh galar, éascófar é.

B. Bréagach. Clúdaítear an tréimhse ó 1980 ar aghaidh sna sonraí. Dá bhrí sin, má bhí an bhliain seo caite ar an dara ceann is airde ar taifead, ag pointe éigin sa tréimhse is éigean go raibh bliain amháin ann ina raibh níos mó laethanta dá leithéid, rud a fhágann nach ndeachaigh líon na laethanta i méid gach bliain.

C. Ní féidir a rá. Ní phléitear sa sliocht ach na tionchair shláinte a bhíonn ag dálaí aimsire níos teo, agus ní dálaí níos fliche, mar sin níl a fhios againn an mbeidh dálaí aimsire níos fliche faoi deara fadhbanna sláinte nó nach mbeidh.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur mó an nochtadh a bheidh ag daoine don ghalar, agus ní hionann é sin agus a rá go dtolgfaidh siad ag ráta níos airde é. D'fhéadfadh leanaí éirí níos frithsheasmhaí, nó drugaí a forbraíodh chun cosaint in aghaidh an ghalair a tholg.

## 115.D

A. Ní féidir a rá. Cé go bhfuil dealramh leis seo, ní deirtear sa sliocht go bhfuiltear á dhéanamh seo, ná fiú go bhfuil sé indéanta.

B. Bréagach. De réir na meastachán reatha, deirtear go bhféadfadh sé suas le 70% d'fhuinseoga na hEorpa a mharú dá bharr, agus bíodh gur sciar ollmhór é sin, níltear á mbánú ar fad.

C. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht an bhfuil eolaithe ag tabhairt faoin gceann is fearr a fháil ar chríonadh siar na fuinseoige de bharr na gcostas eacnamaíoch nó díreach le crainn a tharrtháil.

D. Fíor. Más féidir leis an bhfungas suas le 70% d'fhuinseoga a mharú, agus go bhféadfaí go gcaillfí suas le 70 milliún crann sa Ríocht Aontaithe, fágann sin go bhfuil tuairim is 100 milliún fuinseog sa Ríocht Aontaithe.

## 116.B

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go mbíonn *an strus is mó* ar fhir nuair a bhíonn siad go hiomlán i dtuilleamaí a bpáirtí, ach ansin deirtear go mbíonn *an imní is mó* ar fhir chéile nuair is iad atá ag saothrú don teaghlach ina n-aonar, mar sin ní féidir linn a rá.

B. Fíor. De réir an tsleachta, bhí an strus ba lú ar fhir nuair a thuill a gcéile 40% den ioncam teaghlaigh iomlán, rud a d'fhág gurbh iadsan an príomhshaothraí.

C. Bréagach. Níor pléadh ach le lánúin heitrighnéasacha sa staidéar, agus dá bhrí sin ba bhréagach a rá go bhfuarthas amach sa staidéar gur cuma faoi inscne.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go dtugtar le fios sa staideár gurb amhlaidh an scéal é, ach ní deirtear go bhfuil an méid sin ar eolas go dearfa. D'fhéadfadh sé go spreagtar imní fear de bharr tosca eacnamaíocha nó de bharr na ndeacrachtaí a bhaineann le dhá ghairm bheatha a láimhseáil.

## 117. C

A. Ní féidir a rá. Ní luaitear rud ar bith sa sliocht faoi chailíní a bheith ag foghlaim níos tapúla ag aois níos óige, ní luaitear ach nach n-imrítear tionchar ar scileanna teanga an tsiblín níos óige nuair atá deirfiúr níos sine aici/aige.

B. Ní féidir a rá. Luaitear an méid sin mar fhéidearthacht sa sliocht, ach ní luaitear é mar rud atá fíor go dearfa.

C. Fíor. De réir an tsleachta, ní raibh difríocht ag baint le scileanna teanga leanaí a raibh deirfiúr níos sine acu le hais leanaí nach raibh siblín níos sine acu.

D. Bréagach. De réir an tsleachta, glacann deartháireacha atá níos sine níos mó ama ar a dtuismitheoirí, ní hé go gcaitheann siad níos mó ama lena siblíní níos óige.

## 118. A

A. Fíor. Faoi mar a deirtear sa sliocht, ní éiríonn ach le céatadán beag acu siúd a dhéanann iarracht meáchan a chailleadh, agus ba é go ndeachaigh meánmheáchan na ndaoine siúd a ndearnadh staidéar orthu i méid.

B. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht an raibh cúis anaithnid leis an méadú ar a meáchan nó nach raibh. Is féidir go bhfuil an chúis ar eolas ach díreach nach dtugtar anseo í.

C. Ní féidir a rá. Cé gur dócha gur toisc é an féinsmacht, ní luaitear sa sliocht é bealach amháin nó bealach eile.

D. Ní féidir a rá. Insítear dúinn gur "thuairiscigh duine as gach ceathrar go ndearna siad iarracht meáchan a chailleadh i ngach ceann de na tréimhsí dhá bhliain". Mar sin féin níl a fhios againn an tacair éagsúla rannpháirtithe a bhí iontu siúd nó an ndearnadh suirbhé ar chuid de na daoine céanna sa dá thréimhse araon. Más é an dara rogha atá fíor, d'fhéadfadh sé gur thug ní ba lú ná ceathrú de na rannpháirtithe GO LÉIR faoi mheáchan a chailleadh.

## 119. C

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach gurbh fhéidir nach dtabharfaí tuismitheoirí a bhfuil an iomarca muiníne acu comharthaí caolchúiseacha faoi deara, ní deirtear an rud a d'fhéadfadh tuismitheoirí nach bhfuil chomh muiníneach sin a dhéanamh.

B. Ní féidir a rá. Insítear dúinn go ndúirt "30 faoin gcéad de thuismitheoirí go bhfuil a leanbh go maith ag cur mothúcháin faoi cheilt agus dúirt 40 faoin gcéad go dtéann sé crua orthu

idirdhealú a dhéanamh idir gnáthghuagacht giúmair a linbh agus comharthaí dúlagair". NÍ insítear dúinn, áfach, an bhfuil trasnaíl idir an dá fho-thacar tuismitheoirí sin, agus roinnt acu sa dá ghrúpa, mar sin ní féidir an dá fhigiúr a shuimiú le chéile.

C. Fíor. De réir an tsleachta, ní dúirt ach trian de thuismitheoirí go raibh siad muiníneach go bhféadfaidís an dúlagar a aithint ina leanaí.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go raibh "aon trian díobh muiníneach as go bhféadfaidís an dúlagar a aireachtáil ina gcuid leanaí" ach ní insítear dúinn an sciar díobh siúd a d'fhéadfadh rómheas a dhéanamh ar a gcumas an dúlagar a aithint.

## 120. B

A. Bréagach. De réir an tsleachta, is cosúil go mbíonn an baol méadaithe ann mar go mbíonn baint ag na géinte a bhaineann le hairde le fibriliú aitriamach freisin.

B. Fíor. De bhrí gur mó an baol go mbeidh fibriliú aitriamach ag gabháil do dhaoine níos airde, agus de bhrí go méadaítear an baol go bhfaighidh duine stróc de bharr fibriliú aitriamach, is amhlaidh gur mó mar atá daoine níos airde i mbaol stróc.

C. Ní féidir a rá. Ní sé soiléir ón sliocht an bhfuil gaol idir an dá rud nó an comhtharlú atá ann.

D. Ní féidir a rá. Cé gurbh fhéidir go laghdófaí an baol de bharr diansmacht ar bhrú fola agus ar dhiaibéiteas, ní insítear dúinn an bhféadfaí an méid sin a laghdú go gnáthleibhéil nó nach bhféadfaí.

## 121. D

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil go leor scéalta gan bhunús, ach ní deirtear an bhfuil formhór an eolais choitinn fúthu contráilte nó nach bhfuil.

B. Bréagach. De réir an tsleachta, mura dtéann tú i ngleic le smaoineamh cráiteach, imeoidh sé leis féin.

C. Bréagach. De réir an tsleachta, is é a mhalairt atá fíor.

D. Fíor. Seachas an ruaig a chur le smaointe cráiteacha, is í an iarracht a dhéanann daoine leis an smaoineamh a chur díobh a choinníonn beo é, agus is é is cúis lena theacht ar ais.

## 122. C

A. Ní féidir a rá. Ní luaitear aois chairr mar thoisc, ach ní chuirtear as an áireamh í ach an oiread.

B. Ní féidir a rá. Pléitear carranna sa sliocht seo ach ní dhéantar aon tagairt do thraenacha.

C. Fíor. Bíonn matáin an duine in úsáid i gcaitheamh turas fada cairr lena staidiúir a choinneáil i gceart.

D. Ní féidir a rá. Cé go dtagraítear do chastaí mar thoisc amháin, tá tosca eile i gceist, amhail riocht an chairr agus a mhinice agus a bhrúitear ar na coscáin. Ar bhóthar díreach d'fhéadfadh sé gur mó an tionchar atá ag na tosca seo ná na buntáistí a bhaineann le heaspa castaí.

## 123. C

A. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear sa sliocht gur mó an straidhn ar níos lú matán, na colpaí go háirithe, de bharr a bheith ar seasamh, ní deirtear bealach amháin nó bealach eile an bhfuil tairseach péine níos ísle i gceist leo ná matáin eile.

B. Bréagach. Gortaíonn sé níos lú a bheith ag siúl seachas i do sheasamh mar gheall ar mhatáin na cabhlach, ach ní hiad an t-aon chúis atá leis sin.

C. Fíor. Insítear dúinn "go mbíonn níos mó matán sa dá chos ag obair agus tú ag siúl" agus insítear dúinn freisin "nach mbíonn siúl chomh pianmhar sin i gcomparáid le bheith i do sheasamh". Mar sin, is gníomhaíocht an seasamh ina mbaintear úsáid as níos lú matán ná gníomhaíocht eile, an siúl, ar lú an phian atá ag baint léi.

D. Bréagach. Ní bhaineann an phian chéanna le siúl mar go n-athraítear an t-ualach ó chos go cos go minic ach, bíodh is go bhfuil an dá chos i gceist le seasamh, bíonn ualach á iompar ag gach cos ar feadh tréimhsí níos faide.

## 124. B

A. Bréagach. Deirtear sa sliocht gur "lú seans" go bhfaighidh siad bás sula dtiocfaidh siad chomh fada le deireadh a n-ionchais saoil, rud a fhágann go bhfaighidh roinnt acu bás roimhe sin.

B. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, baineann daoine leas fiú as sráideanna a bhfuil crainn ar gach taobh díobh.

C. Ní féidir a rá. Mar a deirtear sa téacs: "tá tuilleadh taighde ag teastáil leis an tairbhe is follasaí a bhaineann le spásanna uirbeacha glasa a dhéanamh amach".

D. Ní féidir a rá. Cé gur fíor an méid sin maidir le mná, ní chuirtear ar fáil na figiúirí le haghaidh na bhfear agus d'fhéadfadh na figiúirí sin a bheith sách difriúil leis an toradh foriomlán a athrú.

## 125. A

A. Fíor. Insítear dúinn sa sliocht gur ainm eile ar mhí-ionsú lachtóis é éadulaingt ar lachtós, agus gurb uireasa *lachtáise* is cúis le héadulaingt ar *lachtós* de ghnáth.

B. Bréagach. De réir an tsleachta, is féidir le formhór na ndaoine a bhfuil éadulaingt ar lachtós acu

an riocht a láimhseáil gan éirí as gach táirge déiríochta.

C. Bréagach. Is féidir le roinnt daoine a bhfuil leibhéil ísle lachtáise acu táirgí déiríochta a dhíleá gan stró. Is éard is éadulaingt ar lachtós ann nuair a thagann airíonna chun cinn tar éis bianna déiríochta a ithe de bharr na leibhéal íseal seo.

D. Ní féidir a rá. Cé go ndeirtear ann go mbíonn go mbíonn éadulaingt ar lachtós neamhurchóideach i gcoitinne, ní deirtear sa téacs bealach amháin nó bealach eile an féidir go mbíonn sé sách contúirteach nó nach féidir.

## 126. D

A. Bréagach. Cé go n-ionsúnn sneachta fuaim, deirtear sa téacs go n-éiríonn sé níos ciúine, seachas go hiomlán ciúin.

B. Ní féidir a rá. Insítear dúinn nuair a reoitear sneachta an athuair, gur "féidir leis éirí crua agus fuaimthonnta a fhrithchaitheamh. Gluaiseann fuaimeanna níos faide agus bíonn siad níos soiléire dá bharr sin". Mar sin féin, ní dhéantar an éifeacht a chainníochtú.

C. Ní féidir a rá. Cé go bhfuil an chuma ar an scéal gur dócha go bhfuil gaol éigin dá leithéid ann, ní thagraítear do ghaol ar bith sa sliocht.

D. Fíor. Feidhmíonn sneachta bog mar mhaolaire fuaime, ach "de réir mar a athraíonn struchtúr an tsneachta, áfach, d'fhéadfadh an méid torainn sa timpeallacht máguaird méadú.

## 127. A

A. Fíor. "Ní bhíonn cuma dhorcha ar ghrianspotaí ach amháin nuair a chuirtear i gcomparáid leis na réigiúin níos gile agus níos teo san fhótaisféar timpeall orthu.

B. Bréagach. Cé go mbíonn grianspotaí níos fionnuaire i dtéarmaí coibhneasta, tá siad thart ar 3,800 céim Ceilvin (3,527 céim Celsius), agus ní féidir a rá go bhfuil sé sin fuar.

C. Ní féidir a rá. Ní insítear dúinn ach gur féidir leo "a bheith an-mhór, suas le 50,000 ciliméadar ar trastomhas", agus ní insítear aon rud dúinn mar gheall ar an gcomparáid idir a ngnáthmhéid agus méid an Domhain.

D. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur féidir le grianspotaí grianbhladhmanna agus eisteilgin mhaise a scaoileadh, ach ní deirtear ar grianspotaí amháin a bhíonn i gceist leis na cineálacha brúchta seo nó nach ea.

## 128. C

A. Ní féidir a rá. Tarlaíonn an dá cheann acu os cionn stoirmeacha toirní, ach ní thugtar dúinn sonraí ar bith maidir le cé acu ceann ar féidir leo na hairdí is airde a bhaint amach.

B. Ní féidir a rá. Insítear dúinn go scaiptear *scairdeanna gorma* ó bharr na spéartha toirní ar ráta thart ar 100km in aghaidh an tsoicind ach níl aon fhaisnéis ann maidir le luas na *dteannóg gorm*, a bhíonn ag sraoilleadh faoi bhun sprideanna dearga.

C. Fíor. Cruthaítear sprideanna dearga ag airde idir 40km agus 90km agus áirítear leis sin an réigiún ianaisféarach D, atá ag airde idir 70km agus 90km. Níl na siocracha le sprideanna dearga agus scairdeanna gorma ar eolas, mar sin ní thugtar míniú orthu.

D. Bréagach. Cruthaítear sprideanna dearga "thar réigiún leathan idir 40km agus 90km ar airde" agus mar gheall go bhfuil an méisisféar "idir 50km agus 80km ar airde", ciallaíonn an méid sin gur féidir go gcruthófar iad taobh amuigh den mhéisisféar.

## 129. A

A. Fíor. Cruthaítear oighearshruthanna nuair a chriostalaíonn, nó reonn, uisce an athuair, rud a fhágann gur teochtaí fuara atá riachtanach. Má tá an teocht sách fuar, ní dhéanann airde aon difear.

B. Bréagach. De réir an tsleachta, d'fhéadfadh oighearshruthanna a bheith ar shléibhte arda, agus fiú i réigiúin a bhfuil aeráid thrópaiceach iontu.

C. Ní féidir a rá. Cé gur féidir go bhfuil dealramh leis seo, ní deirtear go follasach sa sliocht cá háit a bhfuil na hoighearshruthanna is mó.

D. Ní féidir a rá. De réir an tsleachta, tá teocht ar cheann amháin de na tosca a shocraíonn ráta cruthaithe oighearshrutha, toisc eile is ea fliche.

## 130. D

A. Bréagach. Íslíodh droch-cholaistéaról faoi cheithre faoin gcéad dá bharr.

B. Ní féidir a rá. Is cothú do bhaictéir phutóige *arbh fhéidir leo colaistéaról a laghdú* é an snáithín, mar sin níl sé ar eolas go dearfa.

C. Ní féidir a rá. Ní thagraítear sa sliocht ach do "fuileadáin níos folláine, níos scaoilte" mar thairbhe a éiríonn as úlla a ithe agus fíon dearg nó tae a ól; ní phléitear aon tairbhí eile a d'fhéadfadh a bheith acu, ná a luach coibhneasta.

D. Fíor. De réir an tsleachta, íslíodh leibhéil "droch-cholaistéaróil" i measc an ghrúpa a ndearnadh staidéar orthu de bharr dhá úll a ithe in aghaidh an lae, agus is cothú do bhaictéir phutóige arbh fhéidir colaistéaról a laghdú é an snáithín san úll.

## 131. B

A. Ní féidir a rá. Ní phléitear sa sliocht ach

torthaí an taighde, ní phléitear an éifeacht fhéideartha ar bheartas poiblí.

B. Fíor. Cé go bhfuil le tuiscint as an tacar sonraí de bhreis is 1.5 billiún oideas d'ópóidigh go bhfuil comhchoibhneas ann idir rochtain níos fusa ar chanabas agus níos lú oideas d'ópóidigh, "ní thuigtear go maith tionchar na ndlíthe seo ar úsáid ópóideach maidir le gach gné úsáide agus maidir le daonra na Stát Aontaithe i gcoitinne".

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil údar maith ann lena cheapadh gurb amhlaidh an scéal é, ach fós féin ní thuigtear go maith é faoi láthair.

D. Bréagach. Faoi mar a deirtear sa sliocht, "bíonn tionchair dhifriúla ag dlíthe rochtana ar channabas i measc na gcineálacha soláthraithe, speisialtachtaí lia, agus íocóirí".

## 132. C

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach gur gné choitianta d'imeachtaí sóisialta san ionad oibre é ól alcóil, ach ní luaitear an iomarca alcóil a ól.

B. Bréagach. De réir an tsleachta, bhí "beagnach" 50% den tuairim go raibh éifeachtaí dearfacha ann, ar figiúr atá níos lú ná a leath é sin, agus mionlach mar sin.

C. Fíor. Má tá fáil go héasca ar alcól ag 40% d'imeachtaí agus má tá sé ar fáil le ceannach gan teorainn ag 39% díobh, fágann sé sin nach bhfuil ach cineál éigin teorann le hól alcóil ag 21% d'imeachtaí, ar mionlach é sin.

D. Ní féidir a rá. D'fhéadfadh dealramh a bheith leis sin, ach ní dhéantar an chomparáid sa téacs.

## 133. B

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gurb iad "rochtain dhomhanda ar bhianna sárphróiseáilte agus an chaoi a bhfuil níos lú aclaíochta á déanamh ag daoine is cúis leis an bhfadhb", mar sin ní féidir linn a bheith cinnte den *phríomh*chúis.

B. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, is féidir an dá chineál míchothaithe a bheith ar dhaoine aonair ag tréimhsí éagsúla ina saol.

C. Bréagach. An chiall atá le murtall a bheith i bhfad róthrom, mar sin, de réir an tsainmhínithe sin, ní féidir le duine murtallach a bheith róthanaí ag an am céanna.

D. Bréagach. Bhain sé do 45 tír sna 1990í agus do 48 tír sna 2010í, mar sin tarlaíonn go bhfuil an figiúr sách seasta.

## 134. A

A. Fíor. De réir an tsleachta, is gnách go mbíonn gruaig thanaí níos láidre ná gruaig thiubh, rud a bhaineann le méid agus cainníocht na bhfabhtanna sa ribe gruaige.

B. Ní féidir a rá. Cé go bhfuarthas amach go raibh gruaig thanaí ní ba láidre ná gruaig thiubh, ní insítear dúinn an raibh an gaol eatarthu i gcomhréir inbhéartach lena chéile nó nach raibh.

C. Ní féidir a rá. Cé gur "eisceacht amháin" í gruaig chapabára maidir le gruaig thanaí a bheith níos láidre ná gruaig thiubh, ní insítear dúinn arbh í "an t-aon eisceacht" í, i.e. an tAON eisceacht AMHÁIN.

D. Ní féidir a rá. Cé gur sampla de ghruaig thanaí í gruaig dhaonna, ní chuirtear as an áireamh sa mhéid sin an fhéidearthacht go bhfuil an iomad cineálacha de ghruaig níos tanaí ann atá níos láidre.

## 135. C

A. Ní féidir a rá. Fuarthas amach i staidéar an AAA go mbíonn "baol níos mó ann go mbeidh timpiste ag tiománaithe" de bharr an úsáid a bhaineann siad as luasrialú oiriúnaitheach agus as teicneolaíochtaí a chabhraíonn leo fanacht i lána, ach ní thugtar le fios ann go bhfuil an AAA den tuairim gur chóir cur ina n-aghaidh nó nár chóir.

B. Bréagach. De réir an tsleachta, "nuair a úsáidtear i gceart iad, is féidir leis na teicneolaíochtaí daoine a dhéanamh níos sábháilte".

C. Fíor. De réir an staidéir, bhí claonadh i measc roinnt tiománaithe dul i muinín na dteicneolaíochtaí tiomána seo an iomarca agus ní thabharfaidís an oiread airde ar an mbóthar is a thabharfaidís dá n-uireasa.

D. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go mbíonn tiománaithe thart ar dhá oiread níos dóchúla tiomáint gan dóthain airde acu ar a bhfuil ag tarlú ina dtimpeall de bharr an dá chóras úd, ach ní shonraítear an bhfuiltear ag tagairt do cheann amháin a úsáid san am nó an dá cheann go comhuaineach.

## 136. D

A. Ní féidir a rá. Deirtear an méid sin sa sliocht i ndáil le hollúna *na hEorpa* amháin.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil an méid sin á chur i leith ollscoileanna, agus go bhfuil ollúna níos liobrálaí agus níos claonta i dtreo na heite clé ná gairmithe eile, ach ní féidir an méid sin a ionnanú le hollscoileanna a bheith naimhdeach le luachanna coimeádacha.

C. Bréagach. Deirtear sa sliocht nach raibh aon aonchineálacht níos mó ann, i.e. nár lú an ilchineálacht, i measc ollúna i gcomparáid le gairmeacha sonracha eile.

D. Fíor. De réir an tsleachta, ní raibh na difir idir ollúna agus gairmithe eile a raibh céim le heolaíocht shóisialta acu chomh soiléir le réimsí eile, amhail an leigheas, ETIM, an eacnamaíocht, agus an dlí.

## 137. A

A. Fíor. Rinne daoine a raibh faisnéis chruinn faighte acu an fhaisnéis sin a athrú gan chuimhneamh le go dtiocfaidh sí níos mó lena gcuid tuairimí féin nuair a chuir siad ar aghaidh chuig daoine eile í.

B. Ní féidir a rá. Ní deirtear an méid sin sa sliocht riamh, agus ní thugtar le tuiscint ann ach nach neamhaird d'aon turas ar an bhfírinne í an mhíchuimhne.

C. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach nuair a chuireann duine mífhaisnéis ar aghaidh gurb amhlaidh go bhféadfadh "na huimhreacha dul níos faide agus níos faide ón bhfírinne", ach níl sé le tuiscint uaidh sin go dtarlóidh sé i gcónaí.

D. Ní féidir a rá. Dar le húdar an staidéir, d'fhéadfadh sé nach "d'aon turas" atá daoine á dhéanamh.

## 138. C

A. Bréagach. Cé go bhfuil méadú mór tar éis teacht ar ghortuithe cloiginn agus muiníl i ngeall ar dhaoine a bheith curtha ar seachrán ag fóin phóca, "bhí formhór na gcásanna éadrom".

B. Bréagach. De réir an tsleachta, bhain formhór na ngortuithe dóibh siúd a idir 13 agus 29 bliain d'aois.

C. Fíor. Is fadhbanna leighis iad gortuithe cloiginn agus muiníl agus fuarthas amach sa staidéar gur "annamh a tharla gortuithe cloiginn agus muiníl a bhain le húsáid na bhfón póca go dtí gur tháinig méadú mór orthu in 2007, an bhliain ar cuireadh an chéad iPhone amach".

D. Ní féidir a rá. Cé gur dócha gurb amhlaidh an scéal é, ní deirtear gurb amhlaidh sa sliocht.

## 139. C.

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil "an chosúlacht air gur tharchuir coileáin i siopaí peataí frídín contúirteach atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach", ach ní deirtear gur dócha gur iompróir atá in aon choileán faoi leith.

B. Ní féidir a rá. Cé gur dócha gurb amhlaidh an scéal é, ní luaitear go sonrach sa sliocht ach Campalabaictéir.

C. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, tá sé le tuiscint ó fhianaise shaotharlainne gurb í teagmhail le coileáin, *go háirithe leo siúd ó shiopaí peataí*, is cúis leis an ráig

D. Bréagach. Thuairiscigh an CDC gur theagmhaigh a bhformhór de na daoine ar tháinig tinneas orthu le coileáin. NÍOR thuairiscigh sé gur tháinig tinneas ar a bhformhór de na daoine a theagmhaigh le coileáin.

## 140. A

A. Fíor. Tá athrú buan ag teacht ar sheanfhoraoiseacha trópaiceacha nár tháinig athrú orthu leis na milliúin bliain de bharr lománaíocht leantach.

B. Bréagach. Mínítear sa sliocht an fáth a mbeadh sé CEART a mhaíomh go ndéantar damáiste dá bharr.

C. Ní féidir a rá. Ní dhéantar an chomparáid seo sa sliocht.

D. Ní féidir a rá. Dírítear sa sliocht ar an damáiste a dhéantar de bharr "lománaíocht leanúnach" a dhéanamh ar fhoraoiseacha trópaiceacha ach ní phléitear go follasach an méid damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh de bharr aon bhabhta lománaíochta amháin.

## 141. D

A. Bréagach. Ní deirtear sa sliocht ach gur laghdaíodh ar an seans víreas eile a tholgadh de bharr aon ionfhabhtú víris amháin, ach ní luaitear an úsáid ar féidir a bhaint as mar vacsaín.

B. Bréagach. D'fhéadfadh daoine an dá víreas a tholgadh i gcónaí, cé gur lú i bhfad an seans go dtolgfaidís ceann amháin dá mbeadh an ceann eile orthu cheana féin.

C. Ní féidir a rá. Seans gur féidearthacht an méid seo, ach ní luaitear sa sliocht é.

D. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, ba lú i bhfad an dóchúlacht go bhfaigheadh daoine víreas den chineál eile sa chás go raibh víreas amháin acu cheana féin.

## 142. A

A. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, "is ionann gach uair a chaitheann tú i do shuí os comhair cartún seafóideach agus uair nach bhfuil tú ag léamh, ag taiscéal an domhain fhisiciúil, nó ag breathnú ar chláir oideachasúla".

B. Ní féidir a rá. Tagraíodh go sainiúil do chláir theilifíse ar chaighdeán íseal sa staidéar, seachas do chláir theilifíse ar an iomlán.

C. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ar mhó nó ar lú mar a d'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar Iodálaigh, ní deirtear ach go ndearnadh an staidéar san Iodáil.

D. Bréagach. Deirtear sa sliocht go raibh daoine a bhreathnaigh ar chláir theilifíse ar chaighdeán íseal "beagnach 10% ní ba dhóchúla tacú le pobalóirí", ní go dtacóidh siad leo go dearfa.

## 143. B

A. Ní féidir a rá. Ní dhearnadh ach tástáil ar dhath, "gan an ghile a athrú" sa staidéar, mar

sin níor cuireadh ar fáil ann torthaí maidir le tionchar na gile.

B. Fíor. Deirtear sa sliocht "go ndeartar na scagairí gormsholais ar ár ngléasanna le cuidiú linn codladh níos fearr" ach ina ionad sin "go bhféadfadh sé go bhfuil a mhalairt ghlan á déanamh".

C. Ní féidir a rá. Tugtar le tuiscint sa staidéar go bhféadfadh sé go mbeadh "soilse ní ba laige agus ní b'fhionnuaire sa tráthnóna" ní b'fhearr dár bpatrúin chodalta ach ní thugtar aon chomhartha ann ar cé acu de na roghanna ab'fhearr, mar atá "ní ba laige, ní ba theolaí" nó "ní b'fhionnuaire, ní ba ghile".

D. Bréagach. Ó rinneadh an staidéar ar lucha, ní fhéadfadh sé torthaí a bhaint amach a bheadh ábhartha don duine daonna.

## 144. B

A. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht gur aimsigh na heolaithe "fianaise go bhfuil ceangal ag GNL le héagothromaíocht cholaistéaróil agus saillte eile i gcealla" ach ní insítear dúinn an ionann tagairt do leibhéil "airde" agus "éagothromaíocht" nó nach ionann.

B. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, b'ionann an "splanc thuisceana" sa taighde agus a thuiscint go bhféadfaí go mbeadh 13 ghéin, dá n-athrófaí iad, a bheith mar chúis leis an riocht.

C. Ní féidir a rá. Cé go bhfuil an chuma ar an méid sin gur féidearthacht loighiciúil é, ní luaitear sa sliocht é.

D. Bréagach. "Tá a fhios againn le blianta go bhfuil líon mór géinte bainteach le galar néarón luadrach".

## 145. C

A. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach "gur dóchúla" go mbeidh leanaí a fágadh gan chosaint ar chaitheamh tobac hipirghníomhach.

B. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht "go bhfuil an-bhéim" ar an mbaol a bhaineann le caitheamh tobac le linn toirchis, ach ní deirtear an bhfuil an oiread tuisceana ar na himpleachtaí do leanaí óga a fhágtar gan chosaint ar nicitín.

C. Fíor. De bhrí go bhfuarthas amach gur dhóchúla go léireodh leanaí a fágadh gan chosaint ar nicitín sna chéad cheithre bliana dá saol airíonna hipirghníomhaíochta, d'fhéadfadh sé a bheith fíor gur fágadh leanbh hipirghníomhach gan chosaint do nicitín i mblianta luatha a saoil.

D. Bréagach. Ceaptar gurb é an nicitín is cúis leis an dochar, agus ní an chóitinín, ar fotháirge meitibileach de chuid an nicitín sa tseile é a úsáidtear le dáileogacht an nicitín a chainníochtú.

## 146. C

A. Bréagach. Ní chuirtear an t-aer ar mhalairt slí le hÉifeacht Foehn, téann sé thar shliabh sula leanann sé ar aghaidh sa treo céanna.

B. Ní féidir a rá. D'ardaigh sí an teacht GO, agus ní FAOI, 16.8°C, ach níl a fhios againn cén teocht a bheadh ann murach Éifeacht Foehn.

C. Fíor. Tá aer fuar fliuch ar thaobh gaoithe an tsléibhe, faoi mar atá an t-aer teolaí tirim ar thaobh na fothana.

D. Bréagach. Deirtear sa sliocht gur díol suntais an teocht mar go raibh sí ann an tráth úd den bhliain, ní go raibh sí ann san oíche.

## 147. A

A. Fíor. Is é is ábhar don sliocht Feacht an Atlantaigh Thuaidh agus tá "iompar neamhlíneach le sonrú ar an bhfeacht, rud a chiallaíonn gur féidir éifeachtaí móra a bheith ag athruithe beaga".

B. Bréagach. "Sách séimh" a deirtear sa sliocht, agus ní "teolaí". Is féidir go gciallóidh "sách séimh" "fuar" mar sin féin, ach ní chomh fuar agus a bheadh sí seachas sin.

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go bhfuil gá le tuilleadh staidéar leis an teoiric seo a dheimhniú, ní *go ndeimhneoidh* siad í.

D. Bréagach. Tá seans 15 faoin gcéad go mbeidh athrú sealadach ann, mar sin de IS FÉIDIR é a rá.

## 148. A

A. Fíor. De réir an tsleachta, bhí an-éagsúlacht le sonrú ar na scóir airíonna i measc cúplaí a ndiagnóisíodh go raibh neamhord de chuid speictream an uathachais orthu.

B. Bréagach. Cé go bhfuil sé rídhóchúil (seans 96%) go mbeidh neamhord de chuid speictream an uathachais ar dhuine den chúpla más amhlaidh atá sé ar an duine eile, ciallaíonn an méid sin chomh maith go bhfuil cásanna ann nuair nach bhfuil sé ach ar dhuine amháin den chúpla.

C. Ní féidir a rá. De réir an tsleachta, ní raibh baint ag tosca géiniteacha ach le 9% den chúis le héagsúlacht tréithe i measc na gcúplaí sin, rud a chiallaíonn gur dócha nach amhlaidh an scéal é. Mar sin féin is féidir go raibh go leor tosca beaga eile ann ba chúis léi, ach nach raibh ceann ar bith acu chomh mór le 9%.

D. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach go raibh na scóir tréithe an-chosúil lena macasamhail do chúplaí comhionanna nach bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu, ach ní luaitear ann méid na cosúlachta dóibh siúd a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu, nó do chúplaí nár chúplaí comhionanna iad a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu.

## 149. D

A. Ní féidir a rá. Cé go n-insítear dúinn go bhfuil spoir tharsacha atá cosúil le macasamhail an phlatapais ag go leor grúpaí mamach ársa, ní fhágann sin go raibh formhór na mamach nimhneach, mar sin ní féidir linn a rá.

B. Ní féidir a rá. Ní deirtear sa sliocht ach nach bhfuil nimh an phlatapais marfach don duine daonna, ach d'fhéadfadh sé go bhfuil sé marfach d'ainmhithe eile fós.

C. Bréagach. Mar a deirtear sa chéad líne, tá an platapas "ar an mbeagán mamach beo" a tháirgeann nimh.

D. Fíor. De bharr gur ag na fireannaigh amháin a bhíonn spoir ar a ngéaga deiridh a thálann an nimh, ní féidir le platapais bhaineanna nimh phianmhar a tháirgeadh.

## 150. B

A. Bréagach. Gabhann limistéir athchurtha carbón ón atmaisféar i gcónaí, ach ní dhéantar é chomh héifeachtach céanna le limistéir nár cuireadh isteach orthu riamh.

B. Fíor. Mar a deirtear sa sliocht, níl crainn athchurtha chomh héifeachtach ag ionsú carbóin is atá foraoiseacha nár cuireadh isteach orthu riamh.

C. Ní féidir a rá. Deirtear sa sliocht go ngabhann foraoiseacha báistí nár cuireadh isteach orthu riamh níos mó carbóin ná foraoiseacha tánaisteacha, ach ní sholáthraítear ann aon fhaisnéis faoi chineálacha foraoise eile.

D. Ní féidir a rá. Ní thugtar sa sliocht aon fhaisnéis maidir leis an gceist, mar atá, an ndeachaigh babhtaí leantacha athchuir, i gcomparáid le haon athchur ámhain, i bhfeidhm ar ionsú carbóin nó nach ndeachaigh.